Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

# DRÉACHTBHUISÉAD 2022

# DRAFT BUDGET 2022

## TABLE OF CONTENTS

Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ........ 12
Tuarascálacha Rannáin lena n-áirítear Tuarascáil Bhliantúil ar an Dul chun Cinn maidir le Plean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2020 – 2024 ........ 24
Spriocanna Straitéiseacha ........ 24
Tithíocht agus Forbairt Eacnamaíochta, Tuaithe agus Pobail ........ 26
AN tAONAD SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA - Ag Soláthar Tithe ∞ Ag Cur le Pobail ........ 26
Plean Gníomhaíochta de chuid Atógála Éireann do Thithíocht agus Easpa Dídine agus Tithíocht do Chách ........ 26
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ........ 26
Sealbhú Tithíochta in 2021: ........ 27
Tograí do 2022: ........ 28
Plean Straitéiseach Bainistíochta agus Forbartha do Thailte Tithíochta ........ 29
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ........ 29
Tograí do 2022: ........ 29
Tithíocht Dheonach ........ 30
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ........ 30
An Scéim Cúnaimh Chaipitiúil (CAS) ........ 30
Tugadh tionscadal, le maoiniú CAS, chun críche i rith na bliana 2021: ........ 30
Tionscadail eile CAS atá ag dul chun cinn: ........ 30
Áis Léasaithe agus Airleacain Chaipitil (CALF) & Morgáiste go Cíos (MTR) ........ 31
Tograí do 2022: ........ 31
An Scéim um Léasú Fadtéarmach ........ 31
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ........ 32
Tograí do 2022: ........ 32
Tithe Cónaithe Folmha ........ 32
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ........ 32
Tograí do 2022: ........ 33
An Scéim Deisiúcháin agus Léasúcháin ........ 33
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2021: ........ 33
Tograí do 2022: ........ 34
Deontais Tithíochta ........ 34
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ........ 34
Tograí do 2022: ........ 34
Iasachtaí do Cheannach Tí (Iasachtaí Ceannaigh Príobháideacha & Tionónta) ........ 35
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ........ 35

Tograí do 2022: ... 35
Caighdeáin Léasúcháin ... 35
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ... 35
Tograí do 2022: ... 36
Riachtanas Tithíocht Shóisialta ... 36
Aonad na n-Iarratas ... 36
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ... 36
Tograí do 2022: ... 37
Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (HAP) ... 37
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ... 37
Tograí do 2022: ... 37
An Scéim maidir le Cóiríocht ar Cíos (RAS) & Léasáil ... 38
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ... 38
Tograí do 2022: ... 38
Daoine gan Dídean ... 38
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ... 38
Tograí do 2022: ... 39
Seirbhís Faighte Ionaid do Dhaoine Gan Dídean HAP ... 40
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021 ... 40
Tograí do 2022: ... 40
Straitéis Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas ... 40
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ... 40
Tograí do 2022: ... 41
Clár Cóiríochta don Lucht Siúil. ... 41
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ... 41
Tograí do 2022: ... 42
Bainistíocht ar Stoc Tithíochta Údaráis Áitiúil ... 42
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ... 42
Tograí do 2022: ... 43
Bainistiú Eastát agus Tionónachta ... 44
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ... 44
Tograí do 2022: ... 44
An Scéim Cheannaigh ag Tionóntaí ... 45
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ... 45
Tograí do 2022: ... 45
Cíosanna Tithíochta ... 45
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ... 45

Tograí do 2022: 45
Rialú Capall 46
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: 46
Tograí do 2022: 46
Coistí um Beartas Straitéiseach 46
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: 46
Tograí do 2022: 46
FORBAIRT GHEILLEAGRACH, TUAITHE AGUS POBAIL 47
An Earnáil Bia 47
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: 47
Tograí do 2022: 48
Earnálacha Cruthaitheacha & Cultúir 48
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: 48
Tograí do 2022: 49
Turasóireacht 49
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: 49
Turasóireacht a chur chun cinn: 49
Diaspóra: 50
Líonraí Turasóireachta: 50
Tionscadail Forbartha Turasóireachta 51
Féilte agus Imeachtaí: 52
Tograí do 2022: 53
Dorchla Geilleagrach an Atlantaigh 53
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: 53
Tograí do 2022: 54
Forbairt agus Tacaíochtaí do Mhoil Oibre 54
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: 54
Tograí do 2022: 54
Tionscnaimh agus Straitéis Ghinearálta i leith Forbairt Gheilleagrach 55
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: 55
Moltaí don bhlain 2022: 55
Déanta i nGaillimh – Tacaíochtaí do Ghnónna Áitiúla Bia, Ceardaíochta & Miondíola 56
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: 56
Tograí do 2022: 56
Scéim Maoinithe Tuaithe 57
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: 57
Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte 57

CLÁR ... 59
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ... 59
Bailte & Sráidbhailte – Scéim Náisiúnta Sráid-dreacha ... 60
Tograí do 2022: ... 60
An Scéim Bonneagair don Chaitheamh Aimsire Lasmuigh (ORIS) ... 60
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ... 61
Beart 1 Maoiniú a fuarthas do na Tionscadail a Leanas -2021 ... 61
Curtha isteach faoi Bhearta 2 & 3 ... 62
Tograí do 2022: ... 63
Forbairt Pobail agus Ionchuimsiú Sóisialta ... 64
Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (LCDC) ... 64
Tograí do 2022: ... 65
Clár Aoisbháúil ... 65
Tograí do 2022: ... 65
Comhairle na nÓg ... 66
Tograí do 2022: ... 66
Grúpa Idirghníomhaireachta don Lucht Siúil ... 67
Tograí do 2022: ... 67
Líonra Rannpháirtíochta Pobail (PPN) ... 67
I measc príomhghníomhaíochtaí na bliana 2021, tá: ... 67
Tograí do 2022: ... 68
Scéimeanna Tacaíochta Pobail agus Maoiniú um Ionchuimsiú Sóisialta ... 68
Tograí do 2022: ... 69
Dámhachtainí Pobail ... 69
Tograí do 2022: ... 70
Gníomhaíocht Ealaíon & Cultúir a chur chun cinn agus a fhorbairt ... 70
Gníomhaíochtaí Táscacha don bhliain 2021: ... 70
Tograí do 2022: ... 72
Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt ... 75
Gníomhaíochtaí Táscacha don bhliain 2021: ... 75
Tograí do 2022: ... 77
Aonad Fiontraíochta Áitiúil (LEO) ... 79
Gníomhaíochtaí Táscacha sa bhliain 2021: ... 79
Tograí do 2022: ... 79
An tAonad Bonneagair & Oibríochtaí ... 80
Rannóg B - Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht ... 80
Cothabháil agus Obair Fheabhsúacháin ar Bhóithre Náisiúnta ... 80

Bóithre Náisiúnta - Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021 ... 81
Bóithre Náisiúnta - Tograí do 2022: ... 83
Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla Oibreacha Cothabhála agus Feabhsúcháin ... 84
Athchóiriúchán Feabhsúcháin (RI) - Léiriú Gníomhaíochtaí in 2021 ... 85
Feabhsúchán Athchóiriúcháin (RI) - Tograí do 2022 ... 86
Cothabháil Athchóiriúchán (RM) - Gníomhaíochtaí Táscacha in 2021 ... 86
Cothabháil Athchóiriúcháin (RM) - Tograí do 2022 ... 87
Scéimeanna Rannpháirtíochta Pobail ... 87
Deisiúcháin ar Bhóithre Treasacha (DG) ... 87
Athshlánú agus Deisiú Droichid ... 87
Deontais Feabhsúcháin Shonracha (SIG) ... 89
Deontais Straitéiseacha do Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla ... 89
Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla ... 90
Bóithre Neamhnáisiúnta - Ár nAcmhainní Féin ... 90
Athrú Aeráide ... 90
Soilsiú Poiblí ... 91
Bainistiú Tráchta ... 91
Beartais Feabhsúcháin Tráchta ... 91
Feabhsúchán ar Innealtóireacht Sábháilteachta ar Bhóithre ... 92
Beartas Leigheasachán ar Chostas Íseal ... 92
Feabhsúcháin Innealtóireachta Eile ... 94
Cur Chun Cinn agus Oideachas Sábháilteacht ar Bhóithre ... 95
Páirceáil Carranna ... 95
Tacaíocht do Clár Caipitil na mBóithre ... 95
Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí is Féidir a Fhorchúiteamh ... 95
Eastáit Tithíochta atá gan a gCríochnú. ... 96
Tograí don bhliain 2022 ... 96
Seirbhísí Gníomhaireachta agus Seirbhísí is Féidir a Fhorchúiteamh ... 97
An Scéim Fostaíochta Pobail ... 97
Costais Draenála Talún ... 97
Cothabháil ar Cheantair Draenála Talún ... 97
Draenáil Artaireach ... 97
Oibreacha agus Staidéir chun Tuilte a Laghdú ... 97
Oibriú agus Cothabháil Céibheanna agus Calafoirt ... 97
Oibriú Céibheanna agus Calafoirt ... 98
Seirbhísí Uisce ... 99
Clár Infheistíochta Caipitil ... 99

Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2021: ... 99
Tograí do 2022: ... 100
Bainistiú agus cothabháil Scéimeanna Uisce agus Dramhuisce ... 100
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2021: ... 100
Tograí do 2022: ... 100
Caomhnú Uisce ... 101
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2021: ... 101
Tograí do 2022: ... 101
An Clár Uisce Tuaithe ... 101
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2021: ... 102
Tograí do 2022: ... 102
PLEANÁIL & FORBAIRT INMHARTHANA AGUS SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDE ... 102
Pleanáil don Fhorbairt Inmharthana: ... 102
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021 ... 102
Tograí do 2022 ... 103
Rialáil Foirgníochta ... 105
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ... 105
Tograí do 2022: ... 105
Bearta Forfheidhmiúcháin ... 105
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ... 105
Tograí: ... 105
Oidhreacht ... 106
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ... 106
Tograí do 2022: ... 111
Caomhnúchán ... 112
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ... 112
Tograí do 2022: ... 113
Seirbhísí Leabharlannaíochta ... 114
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ... 114
Tograí do 2022: ... 117
Saoráidí Áineasa, Taitneamhachta & Súgartha/Fóillíocht faoin aer & Sábháilteacht uisce: ... 118
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ... 118
Tograí do 2022: ... 118
Páirceanna, Páirceanna Imeartha, Spásanna Oscailte agus Ionaid Súgartha: ... 119
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ... 119
Páirceanna imeartha / cúrsa reatha / Ionaid Fóilíochta agus Ionaid Snámha ... 119
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ... 119

Tograí do 2022: 120
Ionaid Fóillíochta – Tuaim agus Béal Átha na Sluaighe 120
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021 120
Tograí do 2022: 120
Áiseanna de chuid na comhairle ar mhaithe le leas eacnamaíochta & pobail na hÁite / Áiseanna oidhreachta / léirmhíniúcháin 121
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: 121
Tograí do 2022: 121
Seirbhís na Maor Pobail 121
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: 121
Tograí do 2022: 122
Gníomh maidir le Daoine faoi Mhíchumas 122
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: 122
Tograí do 2022: 122
An Ghaeilge a chur chun cinn 122
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: 122
Tograí do 2022: 123
Bainistíocht Saoráidí – Áitribh na Comhairle / Sláinte & Sábháilteacht 123
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: 123
Tograí do 2022: 124
Bainistíocht ar Thaifid & cartlannaíocht 125
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: 125
Tograí do 2022: 126
Clár na dToghthóirí 126
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: 126
Tograí do 2022: 127
Pleanáil Corparáide & tacaíocht / ionadaíocht áitiúil / ceannaireacht shibhialta 127
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: 127
Seirbhísí maidir le Cruinnithe iomlánacha na Comhairle agus do na Comhaltaí 127
Fónamh don Chomhchoiste Póilíneachta 128
Seirbhísí a chuireann seirbhísí corparáide ar fáil don eagraíocht 128
Tograí do 2022: 129
Cosaint Sonraí 129
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: 130
Tograí do 2022: 131
Saoráil Faisnéise/Teacht ar Eolas faoin Timpeallacht 132
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: 132

Saoráil Faisnéise Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ..... 132
Teacht ar eolas faoin timpeallacht Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ..... 132
Seirbhís don Chustaiméir ..... 132
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ..... 133
Deasc na Seirbhísí don Chustaiméir agus an Lárionad Cumarsáide ..... 133
Cúrsaí cumarsáide agus na meáin shóisialta ..... 134
Tograí do 2022: ..... 134
Margaí & Corrthrádáil agus iarratais maidir le scannánaíocht a dhéanamh sa chontae ..... 135
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ..... 135
Tograí do 2022: ..... 135
Iniúchóireacht Inmheánach ..... 135
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ..... 136
Tograí do 2022: ..... 136
Seirbhísí comhairle Dlí ..... 136
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ..... 136
Tograí do 2022: ..... 137
An Comhshaol, Athrú Aeráide, Tine & Seirbhísí Móréigeandála, Acmhainní Daonna, Teicheolaíocht & Cumarsáid Faisnéise ..... 138
An Bonneagar Bainistithe Dramhaíola ..... 138
Gníomhaíochtaí i rith na bliana 2021 ..... 138
Tograí do 2022: ..... 138
Faireachán Comhshaoil agus Bearta Forfheidhmiúcháin ..... 139
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ..... 139
Faireachán Comhshaoil agus Bearta Forfheidhmiúcháin ..... 140
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ..... 140
Tograí do 2022: ..... 140
Láithreáin Thréigthe agus Déanmhais Chontúirteacha ..... 140
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ..... 140
Tograí do 2022: ..... 142
Reiligí ..... 142
Gníomhaíochtaí i rith na bliana 2021 ..... 142
Tograí do 2022: ..... 142
Feasacht agus Oideachas faoin gComhshaol ..... 143
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: ..... 143
Tograí do 2022: ..... 144
Fuinneamh & Aeráid ..... 144
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2021: ..... 144

Réamh-mheastachán don bhliain 2022: 145
Rialú agus Leas Ainmhithe 145
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: 146
Tograí do 2022: 148
Sábháilteacht Bia 149
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: 149
Tograí do 2022: 150
Bainistíocht Móréigeandála (MEM) 151
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: 151
Tograí do 2022: 153
Cláir Sábháilteachta Dóiteáin Pobail agus Oideachais 153
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: 153
Tograí do 2022: 154
Oibríochtaí Dóiteáin - Pobail a Choinneáil Sábháilte (KCS) 155
Creat maidir le Sábháilteacht Dóiteáin in Éirinn 155
Oibríochtaí Dóiteáin - Pobail a Choinneáil Sábháilte (KCS) 156
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021 (bunaithe ar shonraí 2020): 156
Figiúr 1 Limistéir Reatha Stáisiún Dóiteáin 157
Figiúr 2 Stair Glaonna Amach 2010 - 2020 158
Fíor 3 Briseadh síos ar Ghlaonna Amach de réir an Stáisiúin in 2020 159
Tábla 1 Céatadán Amanna Freastail Chathair agus Contae na Gaillimhe 2020 159
Tograí do 2022: 160
Cúrsaí Oibríochtúla 160
Ionad Cumarsáide Réigiúnach an Iarthair (WRCC) 161
Tionscadal Réigiúnach maidir le Bainistíocht ar an Strus a leanann Teagmhais Chriticiúla (CISM) 161
Sábháilteacht Dóiteáin / Cosc Dóiteáin 162
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021 (bunaithe ar shonraí 2020): 162
Léaráid 4 An Obair ar an Deimhniú Sábháilteachta Dóiteáin (FSC) 2008-2019 162
Léaráid 5 An Obair ar an Deimhniú maidir le hÁisiúlacht do Dhaoine faoi Mhíchumas 2010-2019 163
Tograí do 2022: 163
Cosaint Shibhialta na Gaillimhe 164
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith na bliana 2021: 164
Tograí do 2022: 165
Gníomhaíocht Acmhainní Daonna 167
Pleanáil maidir le hEarcaíocht agus Lucht Saothair: 167
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2021: 167
Oiliúint agus Forbairt Foirne 167

Leas Foirne ..... 168
Seirbhísí eile atá ar fáil don fhoireann: ..... 168
Dul ar Scor ..... 169
Tograí do 2022: ..... 169
Córais Teicneolaíochta Faisnéise ..... 169
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2021: ..... 170
Tograí do 2022: ..... 170
Airgeadas agus Mótarcháin ..... 171
Airgeadas ..... 171
Luach ar Airgead, Seirbhísí Comhroinnte agus Soláthar Poiblí: ..... 171
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2021: ..... 171
Tograí do 2022: ..... 172
Urscaoileadh Íocaíochtaí ..... 173
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2021: ..... 173
Tograí do 2022: ..... 173
Córais Bainistíochta Airgeadais ..... 175
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2021: ..... 175
Tograí do 2022: ..... 175
Bailiú Ioncaim ..... 175
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2021: ..... 175
Tograí do 2022: ..... 177
Córais Mhótarchánach agus Ceadúnais Tiomána ..... 178
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2021: ..... 178
Tograí do 2022: ..... 178
Rialú Riosca ..... 178
Gníomhaíochtaí Táscacha i rith 2021: ..... 178
Tograí do 2022: ..... 179
AN CLÁR CAIPITIL 3 BLIANA 2021 – 2023 ..... 179
FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA, TUAITHE AGUS POBAIL AGUS TITHÍOCHT ..... 179
RRDF Bhaile Átha an Rí ..... 179
Scéim sráid-dreach Bhéal átha na sluaighe ..... 179
RRDF an Chlocháin ..... 180
An Gort ..... 180
Cinn Mhara ..... 180
Baile Locha Riach RRDF ..... 180
RRDF Phort Omna ..... 180
RRDP Theach Cúirte Phort Omna ..... 181

Tuaim ..... 181
Tithíocht ..... 181
Scéimeanna ar láithreán (2021) ..... 183
Iasachtaí chun Teach a Cheannach: ..... 185
Infheistíocht Chaipitiúil i Stoc Tithíochta Údaráis Áitiúil ..... 185
Clár Cothabhála Pleanáilte: ..... 185
CLÁR IARFHEISTITHE ÉIFEACHTÚLACHTA FUINNiMH: ..... 186
Bonneagar agus Iompar ..... 186
BÓITHRE NÁISIÚNTA ..... 187
GLÉASRA A FHÁIL/A ATHNUACHAN & CLÁIR COTHABHÁLA GEIMHRIDH: ..... 188
CLÁR NA gCÉANNA AGUS NA gCUANTA STRAITÉISEACHA ..... 189
CLÁR NA gCUANTA IASCAIREACHTA AGUS AN BONNEAGAR LE CÓSTA ..... 190
TAISTEAL NÍOS CLISTE: ..... 191
AN PLEAN NÁISIÚNTA LEATHANBHANDA & STRAITÉIS DHIGITEACH ..... 193
Seirbhís Dóiteáin & Tarrthála na Gaillimhe (GFRS) ..... 195
Fearais Dóiteáin ..... 195
Stáisiúin Dóiteáin ..... 195
Stáisiún Dóiteáin Thuama ..... 196
Stáisiún Dóiteáin Bhaile Átha an Rí ..... 196
Stáisiún Dóiteáin Bhaile Locha Riach ..... 196
Stáisiún Dóiteáin Béal Átha na Sluaighe ..... 196
Stáisiún Dóiteáin / Ceanncheathrú i gCathair na Gaillimhe ..... 196
Ceardlann Meicneoireachta na Briogáide ..... 197
Tionscadail Chaipitiúla Bheaga Eile ..... 197
Pleanáil & Forbairt Inbhuanaithe agus Seirbhísí Corparáideacha ..... 198
URDF an gharráin (Stáisiún Traenach Órán Mór) ..... 198
Seirbhísí Corparáideacha, Bainistiú Saoráidí & Infheistíochtaí in Éifeachtúlacht Fuinnimh ..... 198
Áineas agus Taitneamhacht ..... 199

# TUARASCÁIL AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

**CHUIG GACH COMHALTA DEN CHOMHAIRLE**

**DRÉACHTBHUISÉAD DON BHLIAIN AIRGEADAIS DAR CHRÍOCH AN 31 NOLLAIG, 2022**

**Chuig: Cathaoirleach agus Comhaltaí uile Chomhairle Chontae na Gaillimhe**

**Réamhrá:**

De réir na forála in Alt 102 agus 103 den Acht um Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú) cuirim faoi iamh, le tabhairt faoi do mheas, an Dréachtbhuiséad don bhliain 2022 mar aon le tuarascáil ar ghníomhaíochtaí feidhme ó gach aon Stiúrthóir Seirbhíse a chuirtear faoi bhráid mar thuarascáil bhliantúil ar an dul chun cinn maidir leis an bPlean Corparáide.

De réir mar a bhíothas i mbun an Dréachtbhuiséad a ullmhú chuaigh mé i mbun comhairliúcháin leis an nGrúpa Beartais Chorparáidigh ag cruinnithe a tionóladh ar an 13 Deireadh Fómhair, 2021 agus an 16 Samhain, 2021.

Ceanglaítear le hAlt 102 (4A) (a) den Acht um Rialtais Áitiúil 2001 (arna leasú) dréachtphlean buiséadach a ullmhú do gach Ceantar Bardasach agus ní mór do chomhaltaí na gCeantar Bardasach teacht le chéile chun sin a bhreithniú tráth nach déanaí ná 21 lá roimh chruinniú buiséid an Údaráis Áitiúil. Ina thaobh sin, tionóladh cruinnithe Ceantair Bhardasacha idir an 1 agus an 5 Samhain 2021 do gach Ceantar Bardasach. Níor cheadaigh ceachtar díobh an dréachtphlean buiséadach dá gceantar féin.

Tá sé de rogha ag an gcomhairle agus an dréachtbhuiséad á bhreithniú an dréacht a leasú, ach ní mór an buiséad a ghlacadh fara leasú nó gan leasú agus ní mór don chomhairle an ráta bliantúil ar an luacháil atá le tobhach a shocrú.

Tá ceangailte ar an gComhairle an próiseas reachtúil a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse 14 lá. Is féidir, dá réir sin, an cruinniú reachtúil atá leagtha amach lena thionól ar an 29 Samhain 2021 a chur ar atráth más gá ach ní mór an próiseas a bheith tugtha chun críche faoin 11 Nollaig 2021.

**An Cháin Mhaoine Áitiúil:**

Tá an cháin mhaoine áitiúil ar cheann den bheagán foinsí ina bhfuil sé de rogha ag an gcomhairle ioncam tábhachtach a shocraítear go hÁitiúil a réadú. Ar an 26 Iúil 2021, bhreithnigh an Chomhairle an Cháin Mhaoine Áitiúil agus cibé ar cheart di Fachtóir Coigeartaithe Áitiúil a chur i bhfeidhm don bhliain 2022 nó nár cheart. I mo thuarascáil agus i mo mholadh chuig an gComhairle, an cháin mhaoine iomlán a choigeartú faoi 15%, a bhféadfadh €2.2m ioncam breise a bheith mar thoradh air, chuir mé meastachán ar an gcaiteachas agus ar an ioncam ar fáil a thug barrachas ioncaim thar caiteachas €4.5M le fios.

I ndeireadh na dála rinneadh cinneadh gan Ráta na Cánach Maoine Áitiúla a choigeartú. Gan amhras, tá tionchar mór ag an gcinneadh sin ar an dréachtbhuiséad trí shrian a chur ar an ioncam a bheidh ar fáil chun gealltanais chaiteachais a chomhlíonadh. Mar sin, beidh maoiniú na bliana 2022 ón gCáin Mhaoine Áitiúil mar a chéile le maoiniú na bliana 2021 agus is iad seo a leanas na sonraí;

| | € |
|---|---:|
| LPT 100% | 14,737,000 |
| LPT 20% i dtreo comhionannú | 2,947,400 |
| | |
| Bunlíne 2022 | 14,517,890 |
| LPT Coinnithe go háitiúil 80% | 11,789,600 |
| Easnamh 2022 | -2,728,290 |
| | |
| Leithdháileadh an mhaoinithe Comhionannaithe | 2,728,290 |
| Maoiniú LPT iomlán le soláthar in 2022 | 14,517,890 |

D'ainneoin méaduithe ar chostais agus méadú ar éilimh seirbhíse bliain ar bhliain i réimsí gníomhaíochta na Comhairle is ar éigean a bhfuil athrú tagtha ar an maoiniú atá ar fáil don Chomhairle don bhliain 2022 maidir leis an gCáin Mhaoine Áitiúil ón mbliain 2014, an bhliain ar tugadh isteach an Cháin. Fad atá buiséad 2022 á chur i dtoll a chéile againn tá orainn aghaidh a thabhairt ar iliomad caiteachais ar thaobh amháin agus ar bhun ioncaim atá ina stad go ginearálta ar an taobh eile. I ndáiríre, tá teorainn ar an méid atá ar fáil le caitheamh ar sheirbhísí pobail sa bhliain 2022 mar gheal ar an ioncam atá ar fáil agus ní mar gheall ar an méid atá ag

teastáil in aon réimse seirbhíse. Tríd an deis a dhiúltú acmhainneacht ó fhoinsí ioncaim a shocraítear go háitiúil a réadú, tarlóidh sé go mbeidh seirbhísí poiblí siar leis dá bharr.

**Rátaí Tráchtála:**

Is ionann na rátaí tráchtála agus an phríomhfhoinse eile a bhfuil sé de rogha ag an gcomhairle ioncam breise tábhachtach a shocraítear go háitiúil a réadú. Is ionann an Ráta Tráchtála i gContae na Gaillimhe agus 66.59 agus níl athrú tagtha air sin ón mbliain 2009. Níl sé inbhuanaithe na rátaí tráchtála a fhágáil gan athrú fad a dtagann ardú ar na fíorchostais a bhaineann le seirbhísí poiblí a sholáthar. Tá an buiséad dréachtaithe agam bunaithe ar ardú 6% chuig an ráta bliantúil ar an luacháil a mbeidh ioncam €1.073m mar thoradh air. Ag an am céanna, táim ag tabhairt Scéim Dreasachta Íocaíochta Rátaí dea-mhéine ar aghaidh a bheidh mar chuidiú do ghnólachtaí níos lú agus a fheabhsóidh tionchar an mhéaduithe atá beartaithe.

Tá an scéim dreasachta dírithe ar ghnólachtaí beaga arb ionann an t-éileamh rátaí atá orthu in 2022 agus níos lú ná €10,000, i ndiaidh an mhéaduithe atá beartaithe a chur i bhfeidhm. Bheadh sé mar choinníoll faoin scéim go nglanfaí gach riaráiste. Mar sin, thiocfadh méadú go €7,420 ar éileamh sa bhliain 2022 do ghnólacht a bhfuil ráta éilimh €7,000 acu, ach i gcur i bhfeidhm faoin scéim bheadh an t-áititheoir i dteideal lascaine 6% a fháil ar éileamh na bliana 2022 a mbeadh glanmhuirear €6,975 mar thoradh air. Meastar go mbeadh 88% d'íocóirí rátaí incháilithe faoin Scéim Dreasachta.

Tuigim go maith an tionchar a bhí ag an bpaindéim ar an tsochaí go forleathan, agus ar ghnólachtaí. Ní raibh an tionchar sin roinnte go cothrom agus d'éirigh go dona le cuid de na daoine fad a bhí ag éirí go maith le daoine eile. Tá sé den tábhacht aitheantas a thabhairt don fhaoiseamh a chuir ranna Rialtais ar fáil do ghnólachtaí trí Chomhairle Chontae na Gaillimhe faoin scéim um tharscaoileadh do rátaí tráchtála sa bhliain 2020 agus 2021 agus chomh maith leis na tacaíochtaí fóirdheontais pá agus na deontais atosaithe a cuireadh i bhfeidhm chun tacú le gnólachtaí le linn na paindéime. Go dtí seo, tá €17M ar an iomlán íoctha le 3,433 gnólacht faoin scéim deontais atosaithe agus €601,000 le cois íoctha le 276 gnólacht faoin Scéim Cúnaimh do Ghnólachtaí Beaga maidir le COVID-19.

**Príomhchoigeartuithe Buiséid**

Is léir ó na táblaí buiséid gur ionann Dréachtbhuiséad na bliana 2022 agus €143,295,409 i gcomórtas le €136,485,759 sa bhliain 2021. Cé go bhfuil roinnt mhaith coigeartuithe déanta ar fud ioncaim agus caiteachais araon, seo a leanas liosta de roinnt de na hathruithe móra atá i nDréachtbhuiséad 2022.

| | |
|---|---|
| Méadú ar chíos Tithíochta | 300,000 |
| Méadú ar dheontais do bhóithre | 2,400,000 |
| Laghdú ar dheontas €1M Speisialta don bhliain 2021 | 1,000,000 |
| Méadú ar chostais phárolla | 2,359,000 |
| Méadú ar aisghabháil FEMPI | 865,500 |
| Méadú ar chostais párolla Comhairleoirí | 370,000 |
| Aisghabháil costais párolla Comhairleoirí | 370,000 |
| Méadú ar Phinsin agus Aiscí | 762,152 |
| Laghdú ar Díbhinn IPB | 380,000 |
| Méadú ar ioncam Rátaí | 1,743,528 |
| Méadú ar sholáthar maoine folmha | 250,000 |
| Méadú ar sholáthar do scéim lacáiste | 420,000 |
| Méadú ar mhaoiniú do bhóithre áitiúla | 100,000 |
| Méadú ar mhaoiniú do Ghlanadh Sráide | 70,000 |
| Laghdú ar Réamhordú | 721,500 |

Ní liosta uileghabhálach é an liosta seo níl ann ach na hathruithe is mó. Tá sé tábhachtach tagairt a dhéanamh do na táblaí reachtúla maidir le caiteachas agus ioncam faoi na ceannteidil seirbhíse ar fad.

**Soláthar Foirne:**

Tá soláthar foirne Chomhairle Chontae na Gaillimhe, ar cheann de na soláthar foirne is ísle sa tír in aghaidh an daonra. Tá tionchar diúltach leanúnach aige sin ar ár gcumas seirbhísí a chur ar fáil. Le cúpla mí anuas, tá athbhreithniú déanta agam ar acmhainní foirne i ngach aonad chun pointí fáiscthe a aithint i dtaobh seachadadh seirbhíse san eagraíocht. Mar a cuireadh in iúl roimhe seo,

tá tús curtha againn le haghaidh a thabhairt ar an easnamh criticiúil foirne agus muid ag díriú go gníomhach ar Phleanáil agus Forfheidhmiú Dramhaíola, struchtúr na gCeantar Bardasach, ag déanamh beart maidir le héilimh Athraithe Aeráide & Éifeachtúlacht Fuinnimh, tacú le Cóiríocht an Lucht Siúil & Cláir Caipitiúil Tithíochta agus réimsí eile amhail taisteal gníomhach, Glasbhealaigh, clár ciste maidir le hathghiniúint Uirbeach agus Tuaithe.

Mar a tugadh le fios sa tábla thuas beidh soláthar le déanamh do chostas breise párolla ach táim sásta nár mhór dúinn foireann a earcú chun seirbhísí reatha a choinneáil mar atá agus chun ár n-oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh, agus sin amháin. Dáiltear costais phárolla ar fud na réimsí seirbhíse ar fad sna táblaí buiséid agus is ionann iad agus cuntas ar mhórchuid na méaduithe maidir le soláthar na bliana anuraidh. D'ainneoin an earcú teoranta seo táimid fós go maith faoi bhun na leibhéil foirne a theastaíonn chun an leibhéal seirbhíse atá uainn a chur ar fáil in iomaí réimsí.

**Clár Oibre:**

Cé, dar liom, go bhfuil i bhfad níos lú ann ná mar a theastaíonn do chontae den mhéid agus den scála seo is mór an rannchuidiú é an dréachtbhuiséad €143.29M chun cur le geilleagar Chontae na Gaillimhe agus beifear ábalta príomhsheirbhísí poiblí a sholáthar thar réimse clár.

Sa réimse Tithíochta cheadaigh an Chomhairle maoiniú chun 244 aonad tithíochta sóisialaí a sholáthar agus tá 158 breise a n-ullmhú lena mbreithniú ag an Roinn. Leanfaidh an Chomhairle den leas is fearr a bhaint as na scéimeanna éagsúla chun na spriocanna uaillmhianacha a chomhlíonadh maidir le tithíocht shóisialta a sholáthar faoin gClár Tithíocht do Chách. Go dtí seo tá 401 tionóntacht nua éascaithe againn i dtithíocht shóisialta agus trínár gcothabháil tithíochta agus bainistiú eastáit leanfaimid de thacaíocht a thabhairt dár 2,771 tionónta reatha. Níl athrú tagtha ar an soláthar do chothabháil tithíochta ón mbliain 2021.

Leanfaidh ár nAonad Bonneagair & Oibríochtaí de phríomhthionscadail a sholáthar chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú agus chun tacú le forbairt eacnamaíochta an Chontae. Táthar ar súil go dtiocfaidh cinneadh fabhrach ón mBord Pleanála ar an 19 Samhain maidir le Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe a bhfuil ríthábhacht ag baint leis chun fadhbanna iompair sa Chathair agus sa Chontae a réiteach. Tá obair ar tí tosú ar sheachbhóthar Mhaigh Cuilinn agus nuair a bheidh sin tugtha chun críche cuirfidh sé go mór leis an uasghrádú suntasach atá tugtha chun críche idir an Teach Dóite agus Bun an Choill.

Leanfaimid de thacú le bearta taistil ghníomhaigh ar fud an Chontae trí leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh ar Ghlasbhealach Chonamara agus tríd an mbealach is fearr atá ag teacht chun cinn do Rotharbhealach ó Ghaillimh go Baile Átha Luain a fhoilsiú go ríghairid.

Tá leibhéal na n-acmhainní atá ar fáil do chothabháil agus d'fheabhsúcháin bóithre ag brath go mór ar mhaoiniú deontais. Ar an dea-uair, tá ardú tagtha ar dheontais ó bhliain go bliain, agus tá buiséadú déanta againn sa bhliain 2022  don mhéid céanna a fuarthas sa bhliain 2021. Ar an drochuair, tá acmhainn rannchuidithe na Comhairle i dtaobh cothabháil bóithre an-teoranta agus cé go bhfuil €100,000 breise churtha ar fáil agam do chothabháil bóithre áitiúla agus €70,00 do chothabháil bailte & Sráidbhailte, ní raibh mé ábalta aon sholáthar a dhéanamh ar Réamhordú 2022 na gComhairleoirí.

Tá sé beartaithe leanúint den fhlít atá ag éirí sean a thabhairt suas chun dáta agus ceannófar leoraithe breise in 2022 le cur in ionaid feithiclí costasacha agus neamhéifeachtúla. Tá sé beartaithe freisin aonad mearphaisteála breise a cheannach chun go mbeidh ceann ar fáil i ngach limistéar ceantar bardasach. Chomh maith leis sin tá sé i gceist tús a chur le nuachóiriú a dhéanamh ar an gcóras páirceála íoctha, a thosóidh i dTuaim agus i mBaile Locha Riach le meaisíní níos nuaí chun seirbhís páirceála gan airgead tirim a éascú. Tá sé beartaithe go gcuirfear clár iarfheistithe fuinnimh ar fáil do shoilsiú poiblí a tharlóidh sa chéad ráithe den bhliain 2022.

Leanann ár nAonad Forbartha Eacnamaíochta, Tuaithe agus Pobail de thacaíocht a thabhairt do thionscadail eacnamaíochta, shóisialta, chultúir agus timpeallachta ar fud an Chontae.  Chuir an Chomhairle tacaíocht ar fáil do ghnólachtaí bia agus don earnáil fáilteachais tríd an scéim um shuíocháin agus oiriúintí lasmuigh le 324 iarratas ar éirigh go maith leo.

D'ainneoin an teorainn atá ar na hacmhainní atá ar fáil tá sé ríthábhachtach go leanfadh muid d'fhorbairt eacnamaíochta agus pobail a thacú trí fhéilte, bailte slachtmhara, uilechuimsitheacht shóisialta, an Óige, Spórt, na hEalaíne, Turasóireacht Oidhreachta agus an Ghaeilge a mhaoiniú. Tá éirithe leis an gcomhairle maoiniú a fháil faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, faoin Scéim Fheabhsú Sráid-dreacha, CLÁR agus faoin Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh. Chun cloí lenár dtacaíocht d'obair luachmhar a dhéanann pobail áitiúla tá beartaithe agam sa dréachtbhuiséad go gcoinneofaí na deontais agus an cuidiú do na grúpaí sin faoi réimse ceannteideal ag an leibhéal céanna le ceann na bliana anuraidh.

Beidh comhaltaí ar an eolas go bhfuil Dréachtphlean Forbartha an Chontae á athbhreithniú i láthair na huaire. Déantar 2,877 aighneacht a bhreithniú thar shraith cruinnithe de chuid na

Comhairle i mí na Nollag 2021 agus i mí Eanáir 2022 agus ansin cuirfear na hathruithe ábhartha ar an dréacht ar taispeáint go poiblí agus glacfar leis an bPlean ina dhiaidh sin in 2022. Tá an próiseas pleanála, in éineacht le hardú i líon na n-iarratas pleanála, atá ag 1,996 go dtí seo sa bhliain 2021, chomh maith leis an méadú i líon na ngearán forfheidhmithe ag cur brú nach beag ar acmhainní foirne. Mar a tugadh le fios níos luaithe sa tuarascáil, tá sé den ríthábhacht ball foirne breise a chur ar fáil don aonad pleanála agus tá sin ar bun.

Chun aghaidh a thabhairt ar an mbainistiú leanúnach ar dhumpáil mhídhleathach sa Chontae, agus chun aghaidh a thabhairt ar ábhair imní atá ardaithe ag na comhaltaí, neartaíodh an líon foirne chun dul i ngleic le forfheidhmiú dramhaíola in 2021. Tá oifigí tiomanta forfheidhmithe dramhaíola anois ann atá á mbainistiú ag ceannaire forfheidhmithe agus atá á dtacú ag tacaíocht riaracháin tiomanta. Tá an éifeacht atá ag an bhfoireann sin ar an láthair le brath againn cheana féin agus imeachtaí cúirte ar bun le cúpla seachtain anuas ar éirigh leo. Leanfar den chur chuige seo in 2022 agus níos faide ar aghaidh, agus nuair a chuirfear sin i bhfeidhm le reachtaíocht atá ag teacht chun tacú le húsáid CCTV i bhforfheidhmiú maidir le cúrsaí timpeallachta déanfar dul chun cinn suntasach maidir le haghaidh a thabhairt ar gcrá a bhaineann le dumpáil mhídhleathach.

Táthar i mbun Plean Náisiúnta um Bainistiú Dramhaíola a fhorbairt in 2022 don Gheilleagar Ciorclach tríd na struchtúir réigiúnacha maidir le bainistiú dramhaíola. Tá Contae na Gaillimhe mar chuid de Réigiún Chonnacht Uladh agus tá gach údarás áitiúil ag cur ó thaobh airgeadais de leis an bplean a fhorbairt in 2022. Is ionann ranníocaíocht Chomhairle Chontae na Gaillimhe na bliana 2022 agus €33,504.

Leanfar den obair ar an gclár bainistithe agus forbartha reiligí in 2022 chun tionscadail ag Quansboro, Brookodge, An Chríoch, Baile Chláir, Eanach Dhúin, An Mhainistir, Baile Conaola, Cill Bheanáin agus Leitir Móir, faoi réir suíomhanna a fháil ag áiteanna éagsúla.

Tá soláthar €50,000 déanta chun Oifigeach Biúró Fuinnimh a cheapadh don Chomhairle in 2022 mar chuid den tsamhail Biúró Fuinnimh Réigiúnach. Rinneadh an tsamhail sin a fhorbairt i gcomhpháirtíocht leis an Oifig Réigiúnach maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus an SEAI. Táthar ag súil go mbeidh an t-oifigeach sa phost i R1 2022.

Ta an tseirbhís leabharlainne don Chathair agus don Chontae á feidhmiú ag an gComhairle Chontae ar bhonn seirbhísí comhroinnte. Is é an caiteachas in aghaidh an duine ar seirbhísí

leabharlainne an ceann is ísle sa tír, ach mar sin féin, tá an tseirbhís atá á cur ar fáil ag an bhfoireann ar an gcaighdeán is airde in ainneoin iad a bheith gann ar acmhainní. Bhí gá soláthar breise €80,000 a chur san áireamh d'acmhainní ar líne, seirbhísí dáileacháin agus córas bainistithe leabharlainne chomh maith le €40,000 i dreo ár dtiomantas don Chlár *My Open Library* i mBéal Átha na Sluaighe agus Órán Mór. Ar an drochuair, ní rabhthas ábalta aon mhaoiniú breise a chur a fáil do chiste na leabhar.

Táim sásta a thuairisciú go bhfuil na hionaid fóillíochta i dTuaim agus i mBéal Átha na Sluaighe ag oibriú agus, mar aon le gnólachtaí eile, bhí tacaíocht faighte acu ó fhóirdheontais pá an rialtais. Sa gcás gur dócha go leanfaidh an téarnamh ar an timpeallacht oibriúcháin sa bhliain 2022 tá an tacaíocht airgeadais d'ionaid fóillíochta laghdaithe agam sa dréachtbhuiséad.

Sa bhliain 2021, mar fhreagra ar an bpatrún saoire athraithe, rinne an Chomhairle Clár Réidh don Samhradh a fhorbairt lena n-áirítear síneadh a chur le huaireanta na n-gardaí tarrthála agus áiseanna leasa breise a chur ag tránna a mbíonn an-tóir orthu. Mar fhreagra ar iarrataí ó na comhaltaí tá soláthar €35,000 déanta chun leanúint de na huaireanta sínithe do ghardaí tarrthála ar thránna a éascú chomh maith le soláthar €64,000 do shaoráidí ag na tránna.

Mar chuid d'fhorbairt agus nuachóiriú TFC leanúnach beimid ag déanamh tuilleadh infheistíochta i mbearta cibearshlándála chun na córais a thacaíonn le hoibríochtaí ar fad na Comhairle a chosaint. Ní raibh mé ábalta soláthar a dhéanamh sa dréachtbhuiséad do chruinnithe Comhairle a shruthú, ach leanfar de bhreithniú a dhéanamh ar an ábhar. Tabharfar tús áite in 2022 do thionscadal ríomhPhleanála a chur i bhfeidhm a bhfuil an Chomhairle mar cheann de na láithreáin phíolótacha ina leith. Éascófar leis sin úsáid i bhfad níos mó a bhaint as seirbhísí ar líne chun iarratais phleanála a dhéanamh.

Beidh comhaltaí ar eolas faoi na pleananna chun cé nua a fhorbairt ar Inis Oírr agus tá dul chun cinn á dhéanamh ar an bpleanáil ina leith sin. De bharr méadú mór i líon na gcuairteoirí agus ar mhaithe le sábháilteacht gach duine a úsáideann an ché tabharfar fodhlíthe cé isteach in 2022 chun an ché a bhainistiú agus a oibriú. Tá soláthar €50,000 áirithe sa bhuiséad ina leith sin agus chun máistir cuain a fhostú. Tá soláthar €100,000 áirithe chomh maith mar ranníocaíocht meaitseála i dtreo tacaíocht deontais féideartha do chlár na gcéanna agus na gcuanta ach is ionann sin agus laghdú €50,000 ar sholáthar na bliana 2021.

**Tograí caiteachais**

Tugtar achoimre sna táblaí a leanas ar an gcaiteachas atá beartaithe ar fud na ngrúpaí cláir éagsúla agus na foinsí ioncaim.

| **Caiteachas de réir Ghrúpaí Cláir** | **2021 Buiséad** | **2021 Toradh Measta** | **2022 Dréacht-Bhuiséad Measta** |
|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | **€** |
| Tithíocht agus Foirgníocht | 16838751 | 16,176,239 | 17,169,147 |
| Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht | 48,326,205 | 52,654,144 | 50,660,920 |
| Seirbhísí Uisce | 13,199,669 | 14,669,651 | 15,520,745 |
| Bainistíocht i ndáil le Forbairt | 13,518,641 | 15,319,196 | 12,991,922 |
| Seirbhísí Comhshaoil | 19,754,542 | 19,741,242 | 20,649,048 |
| Áineas agus Taitneamhacht | 9,301,593 | 9,167,354 | 9,595,544 |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas | 2,781,631 | 2,748,889 | 2,667,814 |
| Seirbhísí Ilghnéitheacha | 12,834,727 | 19,109,118 | 14,040,269 |
| Iomlán | 136,555,759 | 149,585,833 | 143,295,409 |

| **Ioncam Measta** | **2021** | | **2022** | |
|---|---|---|---|---|
| | **€** | **%** | **€** | **%** |
| Cáin Mhaoine Áitiúil / Asbhaint i ndáil le Pinsean | 14,517,890 | 11 | 14,517,890 | 10 |
| NPPR | 300,000 | 0 | 300,000 | 0 |
| Deontais agus Fóirdheontais Stáit | 55,646,649 | 41 | 60,115,945 | 42 |
| Ioncam ó Uisce Éireann | 9,213,000 | 7 | 9,564,500 | 7 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| Ioncam a Shocraítear go hÁitiúil | 39,955,900 | 29 | 42,019,428 | 29 |
| Ioncam Eile | 16,922,320 | 12 | 16,777,646 | 12 |
| | 136,555,759 | 100 | 143,295,409 | 100 |

**Conclúid agus Moladh**

Tá an córas maoinithe do rialtas áitiúil casta agus bainimid ioncam as réimse foinsí lena n-áirítear rátaí tráchtála, táillí d'earraí agus seirbhísí, agus cháin mhaoine áitiúil agus deontais ón Rialtas Láir. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag brath go mór mór ar mhaoiniú deontais, a bhaineann go sonrach, den chuid is mó, le cláir, amhail bóithre nó tithíocht, lena mbaineann nádúr sách lánroghnach. Tacófar le 42% dár mbuiséad ioncaim in 2022 le deontais agus fóirdheontais ar fiú €60.11 M in iomlán iad.

Is faoi Chomhairle Chontae na Gaillimhe é breithniú a dhéanamh ar conas mar a bhféadfaidh sí an méid is mó a bhaint as foinsí ioncaim áitiúil amhail ráta na Cánach Maoine Áitiúil agus an ráta bliantúil ar luacháil do rátaí tráchtála a athrú. Tá na foinsí sin, a dhéanann suas 29% dár mbuiséad ioncaim ríthábhachtach chun na hacmhainní airgeadais atá de dhíth chun an costas ó lá go lá a bhaineann le soláthar seirbhísí poiblí a sholáthar. Shocraigh an Chomhairle gan an ráta ar cháin mhaoine áitiúil a athrú don bhliain 2022 ar an dóigh sin ag diúltú an deis €2.2 M i maoiniú lánroghnach.

Bhí an t-ioncam ó rátaí ar mhaoin tráchtála riamh ina fhoinse bhunúsach maoinithe don chóras rialtais láir. Níor mhéadaigh ráta an luachála i gContae na Gaillimhe ó 2009 agus níl sin inbhuanaithe, go háirithe ó tharla go bhfuil ardú tagtha ar an gcostas a bhaineann le seirbhísí poiblí a chur ar fáil bliain ar bhliain. Ní féidir linn ligeann orainn féin nach mbeidh seirbhísí poiblí siar leis nuair a ardaíonn costais seirbhíse ach tá an t-ioncam atá ar fáil gan athrú. Mar sin, tá sé riachtanach, i mo thuairimse, tús a chur le haghaidh a thabhairt air sin leis an ardú ráta atá beartaithe agus leis an mbeart faoisimh tacaíochta.

Beidh a fhios ag comhaltaí go bhfuil bunlaige struchtúrtha ag an gcomhairle maidir lena bunlíne maoinithe le tamall maith. Ar fud réimse leathan táscairí, níl Comhairle Chontae na Gaillimhe chomh maith le húdaráis eile a bhfuil saintréithe den chineál céanna acu ach a mbaineann leas as leibhéil maoinithe comhionannaithe i bhfad níos airde. Tá comhaltaí na Comhairle, comhaltaí an Oireachtais agus an Feidhmeannach ag déanamh cás láidir gach deis a fhaigheann siad an bunlíne a chur ina ceart agus ní mór dúinn leanúint de sin a dhéanamh chun go n-éireoidh linn toradh a bhaint amach. Níl aon dabht faoi ach nár chuidigh drogall na comhairle í féin ioncam a fhaightear go háitiúil ó cháin mhaoine áitiúil agus rátaí tráchtála a réadú. Cé nach bhfuil súil agam le maoiniú comhionannaithe breise in 2022, áfach, táim dóchasach fós go dtiocfaidh téarnamh sa bhliain 2023 mar chuid den athbhreithniú ar an cháin mhaoine áitiúil agus an tsamhail comhionannaithe.

Bhí dua ar leith ag baint leis an dréachtbhuiséad a ullmhú don bhliain 2022. Mar sin féin, is ionann an buiséad ioncaim molta €143M mar aon leis an gcaiteachas caipitil thart ar €65M agus infheistiú suntasach i bhforbairt an chontae agus i seirbhísí poiblí a sheachadadh.

Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis na comhaltaí ar fad as a dtacaíocht i rith na bliana 2021 agus go háirithe leis an gCathaoirleach an Comhairleoir Peter Keaveney agus an t-iarCathaoirleach James Charity as a ndúthracht i leith oifig speisialta an Chathaoirligh. Ba mhaith liom freisin buíochas a ghlacadh leis an nGrúpa Beartas Corparáidigh agus le ceannaitheoirí na ngrúpaí éagsúla a chuaigh i mbun idirbheartaíochta liom sa phróiseas buiséid seo.

Is mian liom freisin mo bhuíochas a chur in iúl don Cheann Airgeadais agus dá fhoireann agus do Stiúrthóirí Seirbhísí, ní hamháin as a gcuid oibre i gcuidiú leis an mbuiséad seo a ullmhú ach go mór mór as a ndícheall agus a ndúthracht leanúnach maidir le soláthar seirbhíse poiblí i rith na bliana. Ba mhaith liom go bhuíochas ó chroí a chur in iúl don ghrúpa foirne níos leithne ag gach leibhéal agus grád as a ndícheall agus a ndúthracht, go minic sna cúinsí ba dhéine.

Beidh a ndúshláin féin ag baint leis an mbliain amach romhainn ach, le cúnamh Dé, ní bheidh siad chomh crua leis na dúshláin arbh éigean dúinn aghaidh a thabhairt orthu le tamall anuas. Táim cinnte, le tacaíocht ó na comhaltaí agus ó na comhghleacaithe ar an bhfoireann beimid ábalta leanúint de sheirbhísí poiblí ríthábhachtacha a chur ar fáil do gach saoránach i gContae na Gaillimhe.

Is é mo mholadhsa ná go nglacfaí le Dréachtbhuiséad 2022.

Is mise le meas,

***<u>An tUasal Jim Cullen</u>***

***Príomhfheidhmeannach***

***Comhairle Chontae na Gaillimhe***

***18 Samhain 2021***

# TUARASCÁLACHA RANNÁIN LENA N-ÁIRÍTEAR TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AR AN DUL CHUN CINN MAIDIR LE PLEAN CORPARÁIDEACH CHOMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE 2020 – 2024

Faoi Phlean Corparáideach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2020 - 2024 mar atá glactha ag Comhaltaí Tofa Chomhairle Chontae na Gaillimhe, cuirtear an creat chun go mbeidh sé ar chumas Chomhairle Chontae na Gaillimhe an treo straitéiseach agus forbartha do Chontae na Gaillimhe a stiúradh don tréimhse 2020 - 2024.

Tacóidh na spriocanna straitéiseacha agus na straitéisí tacaíochta a aithnítear sa Phlean le Comhairle Chontae na Gaillimhe tabhairt faoina cuid feidhmeanna, tosaíocht a thabhairt dá cuid gníomhartha agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh aici.

Déantar cur síos sna Tuarascálacha Rannáin ina dhiaidh seo ar an dul chun cinn a baineadh amach le linn na bliana 2021 maidir leis na spriocanna straitéiseacha agus straitéisí tacaíochta. Ina theannta sin, tugtar achoimre sna Tuarascálacha Rannáin ar na príomhthograí atá le brú ar aghaidh in 2022 chun tuilleadh dlús a chur faoi bhaint amach spriocanna straitéiseacha na Comhairle.

## SPRIOCANNA STRAITÉISEACHA

**Pobal Rannpháirtíocht**

*“An rannpháirtíocht is leithne agus is féidir a éascú le saoránaigh i gcinnteoireacht áitiúil agus i bhforbairt inbhuanaithe a bpobal agus a gcontae.”*

**Forbairt Eacnamaíochta agus Fiontar**

*“Forbairt eacnamaíochta agus inbhuanaithe agus forbairt fiontar inár gcontae a uasmhéadú.”*

**Cumas Bonneagair**

*“A… ár mbonneagar fisiciúil agus sóisialta fo… óthanach chun tacú le forbairt ec… s feabhas a chur ar an gcaighdeán saoil.”*

**Cumas Eagraíochtúil**

*"Cumas eagraíochtúil a uasmhéadú trí athbhreithniú leanúnach ar éifeachtúlacht oibríochta, bainistíocht airgeadais agus riosca agus forbairt ár bhFoireann agus ár gComhaltaí Tofa."*

**An Comhshaol agus an Oidhreacht a Chosaint**

*"Ár dtimpeallacht, ár gcultúr, ár n-oidhreacht agus ár dteanga a fheabhsú, a chosaint agus a chur chun cinn ar mhaithe leis na glúine atá ann faoi láthair agus na glúine atá le teacht."*

**Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí**

*"A chinntiú go bhfuil seirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí i gcroílár gach a ndéanaimid."*

# TITHÍOCHT AGUS FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA, TUAITHE AGUS POBAIL

## AN TAONAD SEIRBHÍSÍ TITHÍOCHTA - AG SOLÁTHAR TITHE ∞ AG CUR LE POBAIL

### PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA DE CHUID ATÓGÁLA ÉIREANN DO THITHÍOCHT AGUS EASPA DÍDINE AGUS TITHÍOCHT DO CHÁCH

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

Seoladh Tithíocht do Chách - Plean nua Tithíochta d'Éirinn i Meán Fómhair 2021. Is é Tithíocht do Chách an plean atá ag an rialtas chun an soláthar tithíochta a mhéadú go dtí 33,000 ar an meán gach bliain sna deich mbliana amach romhainn. Déantar soláthar leis an bplean seo do mheascán níos fearr de thithíocht shóisialta, inacmhainne agus phríobháideach le díol agus ar cíos. Tá an plean bunaithe ar cheithre chosán, a rachaidh i dtreo chóras tithíochta níos inbhuanaithe:

- tacú le húinéireacht tí agus inacmhainneacht a mhéadú
- deireadh a chur le easpa dídine, cur leis soláthar tithíocht shóisialta agus tacú le cuimsiú sóisialta
- an soláthar tithíochta nua a mhéadú
- dul i ngleic le tithe folmha agus úsáid éifeachtach a bhaint as an stoc atá ann cheana

Lean an tAonad Tithíochta sa bhliain 2021 de réimse de thionscadail tithíochta tógtha go díreach a chur chun cinn tríd an bpróiseas faofa 4 chéim de dhearadh, pleanáil, tairiscintí agus tógáil. Go dtí seo, tá maoiniú thart ar €40m ceadaithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil chun 244 aonad tithíochta sóisialta tógtha go díreach a chur chun cinn. Lena chois sin, táthar ag ullmhú tograí chun 158 aonad eile a thógáil nó tá siad ag an Roinn lena gceadú. Chuir Covid 19 isteach ar thionscal na tógála agus fágann sin go bhfuil tionscal na tógála fós in áit dhúshlánach ar fud na tíre agus conraitheoirí ag rá go bhfuil moill ann ábhar a fháil agus go bhfuil ganntanas oibrithe ann tríd is tríd. Tá an tAonad Tithíochta, le cúnamh ón Oifig Comhordaithe Seachadta Tithíochta agus ón Roinn, ag obair go dícheallach d'fhonn dul i ngleic leis na fadhbanna seo ar leibhéal áitiúil agus táthar ag súil go mbeidh leibhéal láidir seachadta tithe ann sa bhliain 2022. Tá na tionscadail seo a leanas curtha ar aghaidh tríd na céimeanna éagsúla go dtí seo:

| Suíomh | # Aonad Tithíochta Sóisialta | Céim DHPLG |
|---|---|---|
| Áitribh Tuaithe Aonair | 6 | Pleanáil |
| Sráid na Beairice, Baile Locha Riach | 5 | Obair tugtha chun Críche |
| Cnoc na Carraige, Cloch na Rón | 14 | Obair tugtha chun Críche |
| An Cartrún, Cinn Mhara | 10 | Tógáil |
| Caisleán Raithlín, Ard Raithin | 10 | Pleanáil |
| Gort Uí Lochlainn, Maigh Cuilinn | 31 | Cuid 8 diúltaithe |
| Gort na gCloch, An Clochán | 26 | Tógáil |
| Cúirt an Droichid, Áth Eascrach | 18 | Tairiscint |
| Fána Bhuí, Tuaim | 49 | Tógáil Tosaithe |
| Bóthar Weir, Tuaim | 30 | Obair ar Tairiscint |
| Droim na Gaoithe, Baile Chláir | 45 | Foireann Dearaidh ceaptha |
| **Iomlán** | **244** | |

Cé gur chuir Covid19 moill ar thionscal na tógála, cuireadh na tionscadail seo a leanas ar aghaidh go dtí céim na tógála lena gcríochnú nó lena gcríochnú den chuid is mó:

- 5 aonad ar Shráid na Beairice, Baile Locha Riach
- 8 aonad i gCloch na Rón

Ina theannta sin, tá plean gnímh Seachadta Tithíochta (HDAP) á ullmhú ag Comhairle Chontae na Gaillimhe a bheidh réidh faoi dheireadh mhí na Nollag 2021, mar atá éilithe faoin gclár Tithíocht do Chách. Déantar soláthar leis an HDAP chun tithíocht faoi threoir-Plean a chur ar fáil sna suíomhanna cearta. Leagfaidh sé amach an bealach chun cinn do Chomhairle Chontae na Gaillimhe le go mbainfidh sí amach a cuid spriocanna tithíochta sóisialta agus inacmhainne ó 2022-2026, ag aithint cén áit agus cén chaoi a mbainfear na spriocanna sin amach. Is príomhriachtanas a bheidh ann go seachadfaidh AHBanna aonaid tógtha go láidir don tréimhse seo.

## SEALBHÚ TITHÍOCHTA IN 2021:

Tá trí mheicníocht phríomha ar fáil chun tithíocht a shealbhú agus is iad sin Sealbhú Díreach, Oibleagáid Forbróirí faoi Chuid V agus próisis Lándéanta.

- **Sealbhú Díreach do 2021:**

Déanann Comhairle Chontae na Gaillimhe athbhreithniú leanúnach ar an margadh chun freastal ar an riachtanas tithíochta atá ina cheantar feidhmiúcháin. Déantar measúnú ar aonaid phríobháideacha bunaithe ar an riachtanas tithíochta sa chomharsanacht sula gcuirtear bailchríoch ar thuarascálacha innealtóireachta agus measúnú dlíthiúil. Tá 9 aonad ar an iomlán faighte ag Comhairle Chontae na Gaillimhe ar chostas €1.6m agus tá 6 Aonad eile ag na céimeanna deiridh sealbhaithe ar chostas measta €1.04m. Fanfaidh líon na n-aonad dara láimhe a fhaightear ar an mbunús seo ag uimhir íseal amach anseo de réir mar a bheidh clár na tógála ag méadú. Beidh sealúchais den chineál seo mar sin dírithe ar chásanna ina bhfuil gá ar leith ag baint leo.

- **An Próiseas Lándéanta:**

In 2021, fuair an tAonad Tithíochta na haonaid tithíochta sóisialta deiridh in eastát Choill Bhruachláin, Maigh Cuilinn agus tá súil aige a bheith ábalta sealbhú 27 aonad tithíochta sóisialta ar Bhóthar Tubber sa Ghort a thabhairt chun críche.

Foilsíodh fógra inar lorgaíodh léirithe spéise d'fhorbairtí lándéanta (tithíocht shóisialta agus inacmhainne) i Meán Fómhair agus fuarthas 11 léiriú spéise le haghaidh tograí ó ar fud an chontae. Tá cead pleanála ag gabháil le ocht gcinn de na forbairtí. Tá na léirithe spéise á meas faoi láthair agus tá roinnt teagmhála déanta le forbróirí.

- **Oibleagáidí Forbróirí faoi Chuid V:**

Faoi réir Chuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2001, agus a leasuithe, tá an Rannóg Tithíochta ag leanúint de sheilbh a fháil ar aonaid mar chuid d'oibleagáidí Forbróirí faoin acht seo. In 2021, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe le seilbh a fháil ar 10 aonad faoi oibleagáidí Chuid. Tá 41 aonad eile sa phróiseas lena seachadadh a chomhaontú faoi láthair. Tiocfaidh méadú ar líon na n-aonad tithíochta atá á bhfáil ag an gComhairle faoin sruth seachadta seo i mblianta amach anseo de bharr leasuithe le gairid ar an reachtaíocht, ina ndéantar soláthar chun go mbeidh an t-údarás áitiúil ábalta suas le 20% d'fhorbairt a fháil; agus ní mór do leath de na haonaid seo a bheith le haghaidh iarratasóirí tithíochta sóisialta.

## TOGRAÍ DO 2022:

- Beidh sruth tógála an Údaráis Áitiúil fós ina phríomhthosaíocht in 2021 agus fócas soiléir á choinneáil ar thionscadail tógála díreach an údaráis áitiúil a chur chun cinn tríd na céimeanna deartha, pleanála, tairisceana agus tógála.

- Beidh aithint breis láithreán ionchasach forbartha ar aon dul leis na riachtanais tithíochta do cheantair éagsúla ina thosaíocht i gcónaí chun feabhas a chur ar an ionchas do chlár tógála díreach tar éis 2021. Tiocfaidh méadú suntasach ar spriocanna maidir leis an gclár féintógála i ndiaidh 2022 agus beidh níos mó tábhachtacha ag baint le talamh/láithreáin inlíonta agus athfhorbraíochta a fháil chun sheachadadh tógála a uascálú. Is ionann an sprioc tógála don bhliain 2022 agus 230 aonad.

- Leanfaidh an Chomhairle de bheith i dteagmháil le tógálaithe le súil seachadadh na n-aonad a thabhairt ar aghaidh faoi Chuid V agus táthar ag súil go dtosóidh líon na n-aonad faoin sruth sin ag méadú - bunaithe ar cheanglais nua Chuid V.
- Déanfaidh clár éadála sprioctha éascú don údarás áitiúil chun ionaid a shealbhú mar fhreagra ar riachtanais tithíochta sonracha agus chun tacú le meascán sóisialta a bhaint amach a thabharfaidh buntacú do phobail inmharthana.

## PLEAN STRAITÉISEACH BAINISTÍOCHTA AGUS FORBARTHA DO THAILTE TITHÍOCHTA

Is cuid de raon gníomhaíochtaí é bainistíocht ghníomhach an bhunachair thalamh tithíochta atá á ndéanamh faoi Tithíocht do Chách a ceapadh leis an aschur tithíochta a mhéadú agus a ghéarú.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Leanúint de láithreáin a thabhairt ar aghaidh chuig an gcéim forbartha chomh luath agus is féidir.
- Leanúint de leathnú a dhéanamh ar an mbunachar talún atá ar fáil don Chomhairle do thithíocht phoiblí; inacmhainne agus sóisialta.

- An Plean Gnímh Seachadta Tithíochta a thabhairt chun críche (éilithe faoin gClár Tithíocht do Chách nua) - cuideoidh sin éileamh a athlíniú le háit agus slí chun cinn a leagan amach do Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus AHBanna leis an gclár tógála a sheachadadh i ndáil le tithíocht shóisialta agus inacmhainne don tréimhse 2022-2026.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Leanfaidh an tAonad Tithíochta de scéimeanna tithíochta sóisialta inbhuanaithe d'ardchaighdeán a bhrú chun cinn, faoi réir cead pleanála, ar choda éagsúla oiriúnacha den bhunachar talún atá fágtha aige, in áiteanna a bhfuil éileamh mór ar thithíocht shóisialta. Cuirfear na scéimeanna sin chun cinn

i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus cuirfidh siad pobail inbhuanaithe ar fáil don todhchaí.

- Tabharfaidh an Chomhairle forbairt na láithreáin chun cinn faoin gCiste Tithíochta Inacmhainne faoi réir cheadú ón Roinn agus sin a bheith ag teacht lena dtreoirlínte. Aithneofar suíomhanna eile agus cuirfear tograí ar aghaidh maidir le tithíocht inacmhainne.

- Tá an Chomhairle tiomanta d'ionchas an bhunachair talún a uasmhéadú chun tacú le riachtanas tithíochta, lena n-áirítear roghanna tithíochta inacmhainne agus cíosa, faoi réir tabhairt isteach scéimeanna cuí agus sruthanna maoinithe ag an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

Lorgóidh an tAonad Tithíochta deiseanna nua chun tailte straitéiseacha a shealbhú a bheidh oiriúnach do sheachadadh tithíochta sóisialta ardchaighdeáin agus/nó tithíocht inacmhainne, in ionaid ina mbeidh éileamh láidir ar thithíocht sóisialta, chun cloí lena spriocanna tithíochta faoin gclár Tithíocht do Chách. Beidh sin ag teacht leis an bplean Gnímh Seachadta Tithíochta - a bheidh le tabhairt chun críche faoi dheireadh na bliana 2021.

## TITHÍOCHT DHEONACH

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

Tá an Chomhairle ag leanúint den obair i gcomhar leis an earnáil dheonach chun an líon aonad is mó is féidir a chur ar fáil trí na scéimeanna maoiniúcháin CAS (An Scéim Chúnaimh Chaipitil) agus CALF (Saoráid Airleacain Caipitil & Léasaithe).

### AN SCÉIM CÚNAIMH CHAIPITIÚIL (CAS)

An Roinn a chuireann an ciste don Scéim Chúnaimh Chaipitil ar fáil tríd an Údarás Áitiúil i ndáil le soláthar tithíochta.

### TUGADH TIONSCADAL, LE MAOINIÚ CAS, CHUN CRÍCHE I RITH NA BLIANA 2021:

Seanoifig an Phoist, Indreabhán 4 aonad críochnaithe

### TIONSCADAIL EILE CAS ATÁ AG DUL CHUN CINN:

- Tuath, An Creagán, - 5 aonad (Tógáil)
- Tearmann Éanna Teo, Teachíní Ros an Mhíl – 8 aonad (Fáil)

- Tearmann Éanna Teo, Eanach Mheáin – 13 aonad (Tógáil)
- Cumann Tithíochta Peter Treist, Springfield, Béal Átha na Sluaighe – aonad amháin (Tógáil)
- Tithíocht Chlúid, Leitir Fraic (Céim 2) – 11 aonad (Tógáil)
- Tithíocht na Carraige Duibhe, Bóthar na Sionainne, Port Omna – 5 aonad, (Tógáil)
- Tithíocht Inis, Tubber Road, An Gort - 11 aonad (Tógáil)

## ÁIS LÉASAITHE AGUS AIRLEACAIN CHAIPITIL (CALF) & MORGÁISTE GO CÍOS (MTR)

Cuireann an Áis Léasaithe agus Airleacain Chaipitil agus an Scéim Morgáiste go Cíos tithíocht shóisialta ar fáil trí chaiteachas reatha lasmuigh den chlár comhardaithe.

Seachadadh na haonaid seo a leanas in 2021:

- Tithíocht Clúid, Riveroaks, Baile Chláir, 24 aonad

- Tugadh 4 aonad chun críche sa bhliain 2021 agus tá obair ar siúl ar 22 aonad eile faoi Scéim Cíosa in Ionad Morgáiste (MTR) a chuireann ar chumas úinéirí tithe a bhfuil deacrachtaí morgáiste acu athrú óna dtithe a bheith in úinéireacht acu go dtí a dtithe a fháil ar cíos mar thionóntaí tithíochta sóisialta.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Tá beartaithe go leanfaidh an Chomhairle den obair fhorghníomhach leis na Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta ionas go soirbhítear d'aonaid bhreise a aimsiú i ndáil le tithíocht shóisialta a sholáthar faoin tsamhail maoinithe seo.
- Scrúdóidh an tAonad Tithíochta an acmhainne do AHBanna aonaid tithíochta bhreise a sheachadadh ar thailte leis an gComhairle.

## AN SCÉIM UM LÉASÚ FADTÉARMACH

Tugadh isteach Léasú Fadtéarmach chun seachadadh Tithíochta Sóisialta a éascú faoi Philéar 2 d'Atógáil Éireann. Is é an tÚdarás Áitiúil nó an AHB an tiarna talún don tionónta agus ní bhíonn aon chaidreamh díreach ag an úinéir maoine leis an tionónta. Bíonn an cíos a íoctar leis an tiarna talún lascainithe go míosúil de 15-20% de Luach Cíosa an Mhargaidh Oscailte.

- Tá an téarma Léasa idir 10 agus 25 bliain, agus i rith an achair ama sin is é an Údarás Áitiúil atá mar thionónta na maoine. Beidh cíos ráthaithe ag an Tiarna Talún fiú nuair a bheidh an mhaoin folamh.
- Ní bheidh aon fhreagracht ar an tiarna talún maidir le cothabháil ó lá go lá a dhéanamh faoi shocruithe léasa fadtéarmacha.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Rinneadh teagmháil le Tiarnaí Talún agus úinéirí Maoine mar aon le doiciméadú agus comhairle a chur ar fáil.
- In 2021 fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe 58 Iarratas ar Léas Fadtéarmach.
- Chuathas i dteagmháil le hIontaobhas Peter McVerry chun tacú leo chun 53 maoin ar Léas Fadtéarmach a sholáthar trí Chomhaontú Íocaíochta agus Infhaighteachta.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Leanúint le maoine atá ceadaithe cheana féin sa bhliain 2021 lena seachadadh sa bhliain 2022.
- Leanúint le bheith ag obair i mbun comhpháirtíochta le hIontaobhas Peter McVerry chun maoine ceadaithe eile a chur in úsáid in 2022, agus maoine breise a chur ar fáil ina dhiaidh sin.

Tithe a ligean ar léas faoi Chlár an Rialtas, Tithíocht do Chách

Cuirfidh an Rialtas deireadh le húsáid modhanna reatha léasaithe ina céimeanna faoin mbliain 2025 trí stop a chur le hiarrthóirí nua de réir a chéile ar na socruithe reatha léasaithe maidir le seachadadh fadtéarmach agus léasú feabhsaithe, i bhfabhar modhanna seachadta a chinntíonn úinéireacht fhadtéarmach ar thithe sóisialta. Coinneoidh an DHLGH solúbthacht do na hÚdaráis Áitiúla chun comhaontaithe infhaighteachta maidir le léasanna gearrthéarmach a úsáid (de chineál RAS) d'fhonn cóiríocht a chur ar fáil do dhaoine ar an liosta feithimh ar an mbealach is oiriúnaí agus is féidir, réamh-mheastachán bliantúil de 200 teach le linn thréimhse an Phlean

## TITHE CÓNAITHE FOLMHA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

Is é an ról atá ag an Oifigeach Tithe Cónaithe Folmha ná gníomhaíochtaí a thiomáint agus a chomhordú ag leibhéal áitiúil, chun spriocanna na Straitéise Náisiúnta um Thithe Folmha a Athúsáid a bhaint amach, bailiú

agus anailísiú sonraí san áireamh. I nDaonáireamh 2016, aithníodh 8,532 maoin a bhí folamh i gContae na Gaillimhe.

Tugadh faoi shuirbhé píolótach ar Thithe Cónaithe Folmha ar riar de cheantair bheaga (sainithe ag CSO agus Logeolaire) i dTuaim, Béal Átha na Sluaighe, Baile Locha Riach. Is é an cuspóir atá leis an suirbhé seo ná torthaí an daonáirimh a chomhdhlúthú.

- Rinne Maoir Phobail suirbhé ar iomlán de 1,629 maoin in 2019.
- Ní bhfuarthas ach 85 maoin a bhí folamh.
- Ní mór tuilleadh scrúdaithe a dhéanamh ar na maoine seo lena fháil amach an bhfuil siad fós folamh agus cíbe a bhfuil siad oiriúnach do Thithíocht Sóisialta.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Fiosrú a dhéanamh ar an seans go bhféadfaí maoine folmha a aithníodh sa suirbhé a chur in úsáid an athuair mar Thithíocht Sóisialta.
- Fiosrú a dhéanamh ar na maoine folmha a uaslódáladh ar www.vacanthomes.ie chun a dhéanamh amach an bhfuil aon cheann acu oiriúnach lena n-úsáid an athuair.
- Gníomhaíochtaí atá aitheanta sa Straitéis Athúsáide a chur i bhfeidhm ag leibhéal áitiúil agus bearta a thabhairt chun cinn chun a chinntiú, an oiread agus is féidir, go dtabharfar maoine folmha nó tearcúsáidte atá faoi úinéireacht phríobháideach a thabhairt ar ais i mbun úsáide.
- Leanúint den fhógraíocht ar na scéimeanna ábhartha go léir sna meáin áitiúla agus ar na meáin shóisialta.
- Leibhéil chruinne cothrom le dáta de thithe cónaithe folmha a chinntiú i gContae na Gaillimhe go háirithe i gceantair uirbeacha ina bhfuil an t-éileamh is mó ar thithíocht.

## AN SCÉIM DEISIÚCHÁIN AGUS LÉASÚCHÁIN

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH 2021:

Forbraíodh an Scéim Deisiúcháin agus Léasúcháin faoi Ghníomhaíocht 5.7 d'Atógáil Éireann chun cuidiú le húinéirí maoine príobháideacha agus AHBanna úsáid a bhaint as an stoc de thithe cónaithe folmha atá ar fud na tíre.

Ceadaíonn an RLS don úinéir maoine comhaontú léasaithe a shíniú d'fhad ama atá nasctha le luach na ndeisiúchán, faoi réir 5 bliana ar a laghad. Ansin, déanfar fritháireamh go hincriminteach ar luach na nDeisiúchán in aghaidh an luach cíosa aontaithe thar thréimhse sainithe taobh istigh den léas.

- Comhpháirteachas leanúnach le húinéirí maoine, gníomhairí eastáit agus dlíodóirí in iarracht chun léirithe spéise a mhealladh chuig an scéim.
- Sa bhliain 2021, seachadadh aonad 1 le húinéir príobháideach agus cuireadh roinnt léirithe spéise faoin Scéim seo faoi bhráid Iontaobhas Peter McVerry, ag a bhfuil an cumas an Scéim a bhrú ar aghaidh. Tá 4 tionscal maidir le Deisiú agus Léas ar bun acu faoi láthair le tacaíocht uainne.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Leanfar den fhógraíocht ar an Scéim Deisiúcháin agus Léasúcháin ar bhonn rialta sna meáin áitiúla agus sna meáin shóisialta.
- Rachfar i dteagmháil le húinéirí maoine a dhéanann fiosrúcháin agus tabharfar an t-eolas ar fad is gá dóibh a luaithe agus is féidir.
- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe de theagmháil a dhéanamh le AHBanna nuair is cuí i bhfeidhmiú na scéime.

## DEONTAIS TITHÍOCHTA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Is ionann líon na n-iarratas ar Chúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta a ndearnadh íocaíocht ina leith ó thús na bliana 2021 agus 144 agus líon na n-iarratas i ndáil le Deontais d'Áiseanna Soghluaisteachta & Deontais Chúnaimh Tithíochta agus 102 (31 HAGs agus 71 MAGs).
- Cuireadh maoiniú Roinne €2,920,479 ar fáil don bhliain 2021. Ceadaíodh cómhaoiniú €325,000 ó acmhainní na Comhairle féin.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Leanfaidh an Chomhairle de riaradh an Chúnaimh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta, Deontais na nÁiseanna Soghluaisteachta, agus Deontais Chúnaimh Tithíochta ag baint leas as maoiniú deontais ón Roinn Tithíochta, Pleanála & Rialtais Áitiúil chomh fada agus a cheadaíonn cómhaoiniú a chuireann an Chomhairle ar fáil.

## IASACHTAÍ DO CHEANNACH TÍ (IASACHTAÍ CEANNAIGH PRÍOBHÁIDEACHA & TIONÓNTA)

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

Cuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe cúnamh airgeadais ar fáil chun cuidiú le ceannaitheoirí céaduaire teach a cheannach tríd an scéim cheannaigh ag tionóntaí nó ar an margadh príobháideach.

- Ag deireadh mí an Mheithimh, tá 13 Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann ceadaithe i bprionsabail agus idir lámha ag an Aonad Tithíochta ar luach €2.05 milliún.
- Go dtí seo i mbliana, tá 3 iasacht tí ar luach €593,700 agus 1 iasacht ceannacháin tionónta ar luach €66,360 íoctha amach.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe den mheasúnú agus den phróiseáil ar gach iarratas iasachta tithíochta ar bhealach tráthúil de réir théarmaí agus coinníollacha Iasacht Tithíochta Atógáil Éireann.

## CAIGHDEÁIN LÉASÚCHÁIN

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

Tháinig feidhm leis na Rialacháin Tithíochta do Thithe ar Cíos 2017 - Ionstraim Reachtúil 137 de 2019 ar an 1 Bealtaine 2019 a tháinig in ionad Ionstraim Reachtúil 17 de 2017.

Tá an Chigireacht freagrach as gach Iniúchadh Reachtúil ar Theaghaisí Cónaithe ar Cíos taobh istigh de cheantar feidhmiúcháin Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

- Ba é 1,584 cigireacht an Sprioc Cigireachta do Chomhairle Chontae na Gaillimhe in 2021.
- Mar gheall ar dhianghlasáil Covid 19 i mí Márta, Aibreáin agus Bealtaine, cuireadh stop le cigireachtaí ar thionóntachtaí le cíos príobháideach. Nuair a tháinig deireadh leis an dianghlasáil, cuireadh tús arís le cigireachtaí ach cuireadh deireadh arís leo nuair a tháinig srianta Leibhéal 5 isteach. Faoi Chreat Seirbhísí CCMA an Údaráis Áitiúil do Fhreagra ar Phaindéim Covid 19, níl cigireachtaí ar thionóntachtaí in earnáil na n-áras príobháideach ar cíos le dul ar aghaidh faoi Leibhéal 4 nó faoi Leibhéal 5.

- Amhail mí Dheireadh Fómhair 2021, b'ionann líon na gCigireachtaí ar Chaighdeáin Ionaid Chónaithe agus 413 cigireacht. Cuirfear líon cigireachtaí eile i gcrích in 2021 ag brath ar na srianta Covid 19 a bheidh i bhfeidhm.
- Mar gheall ar shrianta Covid 19 a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2021 ní dóigh go mbainfear an sprioc bhliantúil sin amach.

## TOGRAÍ DO 2022:

- Is ionann sprioc cigireachtaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe don bhliain 2022 agus 1,584 cigireacht, ach d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag srianta Covid 19 ar líon na gcigireachtaí fós in 2022.
- Tabharfar tosaíocht do chigireachtaí cíosa sa chás gearán a bheith déanta ag an áititheoir maidir le coinníoll an áitribh.

# RIACHTANAS TITHÍOCHT SHÓISIALTA

# AONAD NA N-IARRATAS

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Faoi láthair tá thart ar 4,000 iarratasóir ar thaifead na dteaghlach cáilithe. Is Iarratasóirí ón gCathair iad 436 den iomlán seo agus Rogha Ceantar acu i gceantar an Chontae.
- I rith na tréimhse Eanáir – Deireadh Fómhair 2021, rinneadh 242 tairiscint in iomlán d'iarratasóirí ar thaifead na dteaghlach cáilithe do thithíocht shóisialta, agus astu sin, glacadh le 145 tairiscint, diúltaíodh le 66 tairiscint agus tá an próiseas leithdháilte ar bun maidir le 31 acu faoi láthair. Rinneadh 74 ainmniúchán chuig Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta maidir le soláthar tithíochta.
- Córas Bainistíochta don Chaidreamh le Custaiméirí (CRM) a fhorbairt don tithíocht.

- I rith 2021, d’fhógair an tAonad Tithíochta teach a bhí ar fáil ar an gcóras Rogha Tithíochta.
- Tugadh isteach córas ar líne maidir le tuairisceáin i ndáil leis an Achoimre ar Mheasúnaithe ar Thithíocht Shóisialta.
- Rinneadh Rogha Ceantar a leasú agus roinneadh an ceantar a tugadh Baile Átha an Rí/Órán Mór air roimhe seo ina dhá chuid - Baile Átha an Rí agus an ceantar máguaird agus Órán Mór/Baile Cláir.
- Forbraíodh foirm ar líne agus scaipeadh ar chliaint í le hiad a chumasú a Rogha Ceantar a nuashonrú lena n-athrú a thabhairt le fios.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Leanfaidh an Chomhairle lena dul chun cinn i soláthar tacaíochtaí tithíochta sóisialta do dhaoine ar thaifead na dteaghlach cáilithe.
- Leanfaidh an Chomhairle ag oibriú i gcomhpháirtíocht le Comhlachtaí Tithíochta Faofa chun iarratasóirí a ainmniú do thithíocht dheonach.
- Leanfaidh an Chomhairle d'fheidhmiú na scéime Rogha Tithíochta (CBL) mar bhealach chun rannpháirtíocht iarratasóir tithíochta a éascú. Tá sé i gceist leathnú a dhéanamh ar an CBL chun ainmniúcháin do thithíocht a chur san áireamh.
- Tá Foirm Iarratais ar líne maidir le Tithíocht Shóisialta le forbairt agus le seoladh.
- Tá tuilleadh forbartha le déanamh ar an gcóras CRM chun seirbhísí eile tithíochta a éascú.

## ÍOCAÍOCHT CÚNAIMH TITHÍOCHTA (HAP)

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Aistríodh 2099 iarratasóir go dtí scéim HAP faoi dheireadh mí Deireadh Fómhair 2021.

Tá easpa soláthair maidir le háitribh oiriúnacha ina dheacracht shuntasach fós ag an lucht iarratais HAP.

- Tá an méadú ar chíosanna ar fud Chontae na Gaillimhe ina chás mór freisin d'iarratasóirí mar nach bhfuil an t-údarás áitiúil in ann ach uasráta cíosa a íoc ag brath ar mhéid an teaghlaigh.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Leanúint d'aistriú dhaoine atá ag fáil forlíonadh cíosa go fadtéarmach ón Roinn Coimirce Sóisialaí go dtí córas HAP, i gcomhthéacs na n-acmhainní a bheidh ar fáil.
- Próiseáil a dhéanamh ar na hiarratais tithíochta nua ar fad i ndáil le scéim HAP.
- Leanúint leis an bPróiseas cigireachta maidir leis na háitribh ar fad a thagann faoi scéim HAP.

## AN SCÉIM MAIDIR LE CÓIRÍOCHT AR CÍOS (RAS) & LÉASÁIL

Tá maoiniú leithdháilte ag an Rialtas do na húdaráis áitiúla agus do chomhlachtaí ceadaithe tithíochta chun áitribh phríobháideacha a thógáil ar léas nó ar cíos i gcás iarratasóirí atá ar an liosta tithíochta. Bíonn scéim RAS dírithe ar dhaoine a bhfuil forlíonadh cíosa á fháil acu le tréimhse is faide ná 18 mí. Ón 1 Aibreán 2011 ar aghaidh, meastar go bhfuil an riachtanas tithíochta comhlíonta i leith aon iarratasóir ar thithíocht a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht de chineál RAS.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Tá cóiríocht á chur ar fáil do 391 teaghlach faoi láthair tríd an Scéim RAS agus an Scéim um Léasú Gearrthéarmach. (tá RAS Deonach san áireamh san fhigiúr seo)

### TOGRAÍ DO 2022:

- Leanfaidh an Chomhairle den riarachán ar an Scéim RAS chomh maith le hoibriú ar roghanna soláthair faoi Phlean Gnímh Atógáil Éireann.

## DAOINE GAN DÍDEAN

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Nótáladh méadú breise san éileamh ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean in 2021, lena n-áirítear líon na dteaghlach a bhí ag teacht chun cinn agus méadú suntasach níos deireanaí ná sin ar líon na ndaoine aonair a bhí ag teacht chun cinn mar dhaoine gan dídean i rith 2021.
- Léirigh infhaighteacht theoranta cóiríochta éigeandála príobháidí iliomad dúshlán ag freagairt don easpa dídine agus leag éilimh shuntasacha ar acmhainní teoranta an Aonaid Tithíochta.
- Bhí deacrachtaí ag teaghlaigh agus ag daoine aonair araon maidir le tithe a aimsiú in earnáil na n-áras príobháideach ar cíos mar gheall ar easpa soláthair.

- Tá an-deacracht ag teaghlaigh móra tithe a fháil san earnáil phríobháideach ach go háirithe. Níl ach líon teoranta de thithe 4/5 seomra leapa i stoc Tithíochta na Comhairle.
- Chuaigh Oifigeach Cothabhála Tionóntachta agus Oibrí For-rochtana do Dhaoine gan Dídean i mbun oibre san Aonad do Dhaoine gan Dídean agus tá an dá phost á maoiniú faoi Chistiú do Dhaoine gan Dídean S10 na Roinne. Tá na poist seo ag cur tacaíocht ríthábhachtach ar fáil dár bplean foriomlán chun cuidiú le daoine gan dídean, atá i mbaol a bheith gan dídean nó a bhfuil deacracht acu tionóntachtaí a choinneáil.
- Bunaíodh an Meitheal Beartaíochta maidir le Daoine gan Dídean go rathúil le linn 2021 a raibh leithdháileadh tionóntachtaí de chuid Tús Áite Don Tithíocht ar 6 iarratasóir gan Dídean mar thoradh air, lena n-áirítear seirbhísí tacaíochta uilechuimsitheacha arna chur ar fáil ag Síomón na Gaillimhe.

## TOGRAÍ DO 2022:

- Meastar go leanfaidh an t-éileamh méadaithe ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean a chonacthas le 4 bliana anuas ar aghaidh in 2022 mar gheall ar sholáthar teoranta tithíochta agus go háirithe an infhaighteacht theoranta tithíochta san earnáil ar cíos phríobháideach.
- Táthar ag súil go mbeidh tionchar leanúnach dearfach ag an Aimsitheoir Áite HAP, ag an Oifigeach um Thionóntachtaí a Choinneáil agus ag an Oifigeach Tithe Cónaithe Folmha, sa chéad áit trí chuidiú le daoine gan a ndídean a chailleadh trí luath-idirghabháil agus trí laghdú a dhéanamh ar an bhfad ama a chaitheann daoine i seirbhísí do Dhaoine Gan Dídean.
- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe de bheith ag cur comhoibrithe chun cinn leis an gComhairle Cathrach agus leis na seirbhísí ar fad do dhaoine Gan Dídean, an Fhreagairt Éigeandála Drochaimsire san áireamh, do chur chuige idirghníomhaireachta le haghaidh daoine gan dídean.
- Leanfar ar aghaidh ag obair i gcomhar le gach Údaráis Áitiúil i Réigiún an Iarthair, le Síomón, Cope agus leis an HSE chun Samhail do Thús Áite don Tithíocht a fhorbairt agus a leathadh amach i gContae na Gaillimhe.
- Oibriú i gcomhpháirtíocht leis an Earnáil Dheonach agus go háirithe le Cope, Síomón na Gaillimhe, Iontaobhas Peter McVerry, AHBanna agus le gníomhaireachtaí eile chun cóiríocht ‘do dhoras féin’ a chur ar fáil do theaghlaigh agus d’iarratasóirí ar thithíocht aonair araon a dteastaíonn réiteach tithíochta sainoiriúnaithe uathu chun freastal ar a riachtanas tithíochta.
- Cur chuige treoraithe ag Tithíocht a chur chun cinn le gach cineál tithíochta sóisialta lena n-áirítear cóiríocht idirthréimhseach do theaghlaigh i gcomhar le Cumann Shíomóin na Gaillimhe, COPE na Gaillimhe agus Comhlachtaí Tithíochta Faofa le tacaíochtaí a bheidh oiriúnaithe do na riachtanais.
- Cóiríocht laghdú tacaíochta/eatramhach a chur chun cinn maidir le daoine aonair a bhfuil gá acu le bearta taca, i gcomhar le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus le bearta tacaíochta atá cóirithe maidir leis na riachtanais.
- Oibriú le comhlachtaí Deonacha & Reachtúla chun Easpa Dídine a chosc (e.g. Threshold, Tusla etc.) agus béim ar leith ar chosaint agus ar inbhuanaitheacht tionóntachta.
- Leanúint den bhainistiú cásanna agus béim á leagan ar ghluaiseacht ar aghaidh chuig cóiríocht chuí.
- Leanúint de chóiríocht fhadtéarmach, lena ngabhann na bearta tacaíochta riachtanacha go léir a chur ar fáil do theaghlaigh gan dídean agus d’iarratasóirí aonair araon.

## SEIRBHÍS FAIGHTE IONAID DO DHAOINE GAN DÍDEAN HAP

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

Tugadh isteach Seirbhís Faighte Ionaid HAP i gComhairle Chontae na Gaillimhe i mí na Samhna 2018. Tá an tSeirbhís curtha i bhfeidhm ar bhonn céimneach d'Údaráis Áitiúla chun cuidiú le teaghlaigh gan dídean cóiríocht a fháil nuair a bhíonn an margadh léasúcháin iontach dúshlánach de bharr éilimh ard agus leibhéil ísle soláthair.

- Fuair 195 teaghlach gan dídean cabhair ó sheirbhís Faighte Ionaid do Dhaoine Gan Dídean HAP ó mhí na Samhna 2018 go dtí seo.
- Tá comhpháirteachas leanúnach ar siúl le húinéirí maoine agus gníomhairí eastáit in iarracht le haonaid chóiríochta a fhoinsiú.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Athbhreithniú ar na príomhchásanna de dhaoine gan dídean agus na maoine atá ar fáil ar cíos i gContae na Gaillimhe.
- Comhpháirteachas leanúnach le húinéirí maoine agus gníomhairí eastáit in iarracht leis na haonaid chóiríochta ar fad atá ar fáil a fhoinsiú.

## STRAITÉIS TITHÍOCHTA DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

Is í príomhaidhm na Straitéise seo cothromaíocht rochtana a spreagadh agus a phríomhshruthú do dhaoine faoi mhíchumas ar an raon iomlán roghanna tithíochta atá ar fáil, oiriúnach do riachtanas aonair agus teaghlaigh..

- Léiríonn bunachar sonraí na n-iarratas tithíochta go bhfuil 683 duine faoi mhíchumas ar an liosta Tithíochta - agus 269 acu sin le riocht Mheabhairshláinte, 225 atá faoi Mhíchumas Fisiciúil, 141 atá faoi Mhíchumas Intleachta, 15 atá faoi Mhíchumas Céadfach agus 33 atá faoi Mhíchumas Neamhshonraithe. Tá riachtanas an-soiléir de dhaingneacht tionachta agus rochtain éasca ar sheirbhísí ag daoine a bhfuil riochtaí géara leanúnacha meabhairshláinte acu.
- Tá an t-athbhreithniú ar an Straitéis Mhíchumais tugtha i gcrích agus tá sé ag céimeanna deiridh an cheadaithe i láthair na huaire. Áirítear Plean Gníomhaíochta nuashonraithe leis sin.
- Athbhunaíodh an Grúpa Stiúrtha maidir le Tithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas mar aon le foghrúpa sonrach don Mheabhairshláinte ina bhfuil ionadaithe ó Chomhairle Comhairle Chontae na Gaillimhe agus seirbhísí Meabhairshláinte an HSE.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Leanúint de bheith ag obair le Comhlachtaí Ceadaithe Tithíochta agus soláthraithe seirbhíse míchumais chun cóiríocht oiriúnach a chur ar fáil i dtionóntachtaí aonair nó i gcóiríocht roinnte. Fanann CAS Call ar oscailt agus fáiltíonn an Chomhairle roimh iarratais ó Chomhlachtaí Ceadaithe Tithíochta.
- "Tithíocht Inoiriúnaithe Saolré" a fhiosrú agus an % de thithe nua go léir na Comhairle atá le leagan amach lena bheith oiriúnach do chathaoireacha rothaí agus nasctha leis an méid atá ann cheana féin a bhreithniú.
- Tús a chur le cur i bhfeidhm an Phlean Straitéiseach do Chóiríocht Daoine faoi Mhíchumas 2021-2026.

## CLÁR CÓIRÍOCHTA DON LUCHT SIÚIL.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Cuireadh seachadadh Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2019 -2024, mar a glacadh leis i mí Meán Fómhair 2019, chun cinn, agus sáraíodh na spriocanna do thithíocht do dhaoine ó phobal an lucht siúil.
- Tá oibreacha tugtha chun críche den chuid is mó ar thógáil 6 teach agus 2 bá i gCluain Órtha, Creachmhaoil. Cuireadh tionóntaí sna tithe seo i mí Aibreáin 2021.
- Táthar ag leanúint le hobair feabhsúcháin ó thaobh sábháilteachta dóiteáin ar gach láithreán stad sa Chontae – Tuaim, Creachmhaoil agus Ceapaigh Oighre. Tá monatóireacht leanúnach á déanamh ar threalamh sábháilteachta dóiteáin.
- Tá mórobair athchóirithe tugtha chun críche ar 4 teach sa Ghrúpscéim don Lucht Siúil i gCéide na Canálach, Béal Átha na Sluaighe. D'fhill áititheoirí 3 cinn de na tithe ar a dteach athchóirithe i mí Feabhra 2021 tar éis gur aistríodh iad go maoin eile de chuid na Comhairle go sealadach fad a bhí an obair ar bun.
- Tá mórobair athchóirithe tugtha chun críche ar 3 teach sa Ghrúpscéim don Lucht Siúil i Sandymount, Cill Íomair. D'fhill áititheoirí 3 cinn de na tithe ar a dteach athchóirithe i mí Aibreáin 2021 tar éis gur aistríodh iad go maoin eile de chuid na Comhairle go sealadach fad a bhí an obair ar bun.
- Tugadh obair athchóirithe chun críche ar theach sa Grúpscéim don Lucht Siúil i bPáirc Mhaighne, Mainistir Chnoc Muaidhe agus cuireadh tionóntaí isteach ann i mí Feabhra 2021.
- Ceapadh sainchomhairleoirí chun athchóiriú mór na Grúpscéime don Lucht Siúil i gCluain Laighean, Béal Átha Ghártha a chur chun cinn, scéim a bhfuil 14 teach i gceist léi.
- Cuireadh togra maidir le hathchóiriú Grúpscéime don Lucht Siúil i gCluain Tuaiscirt, atá comhdhéanta de 3 teach, faoi bhráid an Aonaid um Chóiríocht don Lucht Siúil chun maoiniú a iarraidh.

- Tar éis aighneachtaí a bheith déanta, leithdháileadh maoiniú i leith sínidh agus athchóirithe 3 maoin do theaghlaigh a bhfuil riachtanais ar leith acu sa Charn Mór; Cois Móna, Baile Locha Riach agus Bóthar Bhaile Átha Cliath, Tuaim.
- Tháinig an Coiste Comhairleach um Chóiríocht don Lucht Siúil le chéile 3 huaire, go dtí seo, in 2021 agus beidh an 4ú cruinniú ar siúl roimh dheireadh na bliana.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Tá síneadh agus athchóiriú 3 maoin sa Charn Mór, Cois Móna, Baile Locha Riach agus Bóthar Bhaile Átha Cliath, Tuaim le cur i gcrích.
- Leanfar d'oiliúint sábháilteachta dóiteáin a chur ar fáil ag na láithreáin stad go léir.
- Cuirfear obair athchóirithe chun cinn ag an gcóiríocht seo a leanas atá le sannadh go sonrach ar an Lucht Siúil, faoi réir fhaomhadh Roinne ar mhaoiniú:
  - Cluain Tuaiscirt, Béal Átha na Sluaighe
  - Baile an Gharráin, Baile Átha an Rí
  - Baile Dháith, Baile Átha an Rí
- Tá mórthograí atógála agus athchóirithe ar chóiríocht atá le sannadh go sonrach ar an Lucht Siúil i gCluain Laighean, Béal Átha an Ghártha le cur chun cinn, tá na tograí uile faoi réir ag maoiniú a bheith ar fáil.
- Cuirfear obair athchóirithe chun cinn ar chóiríocht sa Ghrúpscéim don Lucht Siúil go sonrach sa Chreagán. Déanfar breithniú ar shíneadh a chur leis an scéim.
- Leanfaidh an Coiste Comhairleach um Chóiríocht don Lucht Siúil lena phríomhról i maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Chláir Chóiríochta don Lucht Siúil 2019 – 2024.

## BAINISTÍOCHT AR STOC TITHÍOCHTA ÚDARÁIS ÁITIÚIL

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Cuireadh 104 aonad ar fáil le hathleasú chuig tionóntaí údarás áitiúil. Fuarthas maoiniú €966,000 ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta don 63 teach fholmha, agus astu sin, bhí 7 cinn acu folamh le fada.
- Leithdháileadh €50,000 an aonad faoin gClár Voids i leith 6 maoin a raibh athchóiriú mór ag teastáil uathu. Táthar ag súil go mbeidh an obair curtha i gcrích ar 4 cinn de na tithe seo faoi dheireadh na bliana 2021 agus go mbeidh siad ar fáil lena ligean ar cíos an athuair sa bhliain 2022.
- Seachadadh cothabháil tithíochta ar bhonn tosaíochta agus gá le fócas a dhíriú ar chothabháil bhunriachtanach, lena n-áirítear pluiméireacht agus obair leictreachais, chun oibriú taobh istigh de shriantachtaí threoirlínte Covid-19 agus na maoine a bhí ar fáil.

- Mar chuid den Chlár Cothabhála Pleanáilte, cuireadh tús le hobair uasghrádaithe ar dheimhniú leictreachais agus suiteálacha sábháilteacht dóiteáin i 450 teach i gCeantair Chonamara agus Órán Mór. Cuireadh moill ar an obair mar gheall ar shrianta Covid-19 ach beidh sí críochnaithe den chuid is mó faoi dheireadh na bliana 2021. Síníodh conradh eile agus cuireadh tús le hobair ar 700 teach eile i gceantar Bhaile Locha Riach.
- Tugadh obair leasúcháin chun críche ar dhabhcha séarachais agus ar chórais cóireála dramhuisce 12 teach i gceantar Chonamara. Rinneadh maoiniú ar an obair seo faoin gClár Cothabhála atá Beartaithe.
- D'éirigh le hUasghrádú Iarfheistithe Domhain Éifeachtúlachta Fuinnimh a thabhairt chun críche ar 21 teach in Shannon Park, Port Omna agus 19 teach i bPlás Naomh Iósaf, Béal Átha na Sluaighe. Tá obair fós ar siúl ar mhaoine eile i gCill Íomair, Tíne agus i nDún an Uchta. Áirítear ar an obair, athsholáthar fuinneog agus doirse, insliú seachtrach agus teaschaidéil chomh maith le grianphainéil PV a shuiteáil. Is cuid de Thionscadal píolótach Iarfheistiú Fuinnimh Lár Tíre í an obair seo.
- Tá an dearadh agus an tairiscint maidir leis an iarfheistiú domhain fuinnimh ar 54 teach tugtha chun críche, agus tá an chuid is mó den obair ar thithe i dTuaim agus i gCloch na Rón tugtha chun críche. Beidh an t-iarfheistiú ar thithe i mBaile Átha an Rí tugtha chun críche in 2022. Tá an obair sin a maoinithe faoin gClár Athfheistithe Fuinnimh 2021.
- Fuarthas leithdháileadh €1,066,000 ón Roinn Tithíochta chun obair oiriúnaithe a dhéanamh ar 82 teach agus 6 síneadh faoi Chlár Oibreacha Síntí IWILS/DPG 2021. Tugadh obair an DPG chun críche ar 45 maoin suas go deireadh mhí Dheireadh Fómhair agus tarraingíodh maoiniú ar fiú €291,514 é anuas ina leith. Tugadh dearaí chun críche freisin ar shíneadh ar 4 maoin le súil tús a chur leis an obair in 2022.

## TOGRAÍ DO 2022:

- Beidh cumas an aonaid tithíochta leanúint le haonaid tithíochta folmha a chur ar fáil d'áititheoirí arís ag brath ar mhaoiniú ón Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreachta faoin gClár Voids a bheith ag dul ar aghaidh.
- Beidh dul chun cinn ar athchóiriú a thabhairt chun críche ar an 2 theach thréigthe ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil chun an obair a thabhairt chun críche.
- Suirbhé ó thaobh Radóin a dhéanamh ar na tithe go léir sna ceantair atá íseal ó thaobh Radóin, i.e. níos lú ná an catagóir 5%, agus tús a chur le hobair feabhsúcháin ar na tithe go léir le leibhéil aitheanta atá os cionn an Leibhéil Tagartha de 200 Bq/m3
- Conradh d'iarfheistiú domhain éifeachtúlachta fuinnimh do 89 teach breise i mBéal Átha na Sluaighe, in Áth Cinn, i mBéal Átha Ghártha, ar an gCeathrú Rua, i nGort agus ar an gClochán a thabhairt chun cinn. Áirítear ar an obair, athsholáthar fuinneog agus doirse, insliú seachtrach agus teaschaidéil a shuiteáil. Déanfar an obair sin a mhaoiniú faoin gClár Athfheistithe Fuinnimh 2022.

- Tá soláthar oibreacha oiriúnaithe ar 10 teach agus síneadh a chur le 4 teach faoi Chlár Oibreacha Síntí IWILS/DPG 2022 faoi réir ag cead maoinithe ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

- Clár cothabhála freagartha a sheachadadh ar bhonn tosaíochta taobh istigh de na sriantachtaí de mhaoiniú a bheith ar fáil.
- Faoin gClár Cothabhála Pleanáilte, suiteáil na gcóras braite dóiteáin/aláraim dhóiteáin, aláraim aonocsaíde carbóin, pluideanna dóiteáin, deisiúcháin leictreachais agus clárúchán a chur chun cinn de réir mar a bheidh ag teastáil.
- Faoin gClár Cothabhála atá Beartaithe, tabhairt faoi obair feabhsúcháin ar dhabhcha séarachais agus ar chórais chóireála fuíolluisce i 10 teach ar fud an Chontae mar atá aitheanta ag an bhfoireann chothabhála.

## BAINISTIÚ EASTÁT AGUS TIONÓNACHTA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Lean an tAonad Tithíochta den obair le teaghlaigh leochaileacha d'fhonn cuidiú leo an tionóntacht a choinneáil ar bun.

- Lean an tOifigeach Forfheidhmithe Tionóntachta den obair dhian i limistéir éagsúla ar fud an Chontae. Déantar sin i gcomhar leis na Gardaí, Ranna eile den Chomhairle chomh maith le páirtithe leasmhara ábhartha eile ó ghníomhaíochtaí seachtracha.
- Mar chuid de Straitéis na Comhairle maidir le Bainistiú Tionóntachtaí agus Eastát, áirítear caidreamh agus rannpháirtíocht ghníomhach ar bhonn leanúnach leis an bpobal ar an leibhéal áitiúil agus béim á leagan ar Iompraíocht Fhrithshóisialta agus sárú ar Chomhaontuithe Tionóntachta a shainaithint go luath. Lean an Chomhairle de bheith rannpháirteach leis na Gardaí agus bíonn cruinnithe rialta ag an Aonad chun plé a dhéanamh faoi limistéir lena mbaineann deacrachtaí agus faoi bhealaí inar féidir leis an dá eagraíocht oibriú i gcomhar chun aghaidh a thabhairt ar iompraíocht fhrithshóisialta.

- Tá CCTV ag feidhmiú i seacht láithreán ag ionaid éagsúla ar fud an Chontae.
- Reáchtáladh tionscadal píolótach ar éirigh go maith leis i dhá eastát tithíochta Comhairle i mBéal Átha na Sluaighe, i gcomhar leis an Rannóg Timpeallachta, Cumann Cónaitheoirí agus cónaitheoirí eastáit lenar bhain obair ghlantacháin agus obair fheabhsúcháin de na limistéir phoiblí sna heastáit. Cuireadh feachtais feasachta timpeallachta ar siúl chomh maith, agus tá sé beartaithe limistéir bhithéagsúlachta a fhorbairt laistigh den na heastáit.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Mar chuid den chur chuige straitéiseach idir-ranna agus idirghníomhaireachtaí, tabharfaidh an tAonad Tithíochta eastáit áirithe chun suntais a ndíreofar orthu maidir le bearta dianbhainistíochta eastát ginearálta i rith na bliana 2022.
- Leanfaidh foireann bainistíochta eastát de bheith ag cuidiú le tionóntaí i gcothabháil a dtionóntachtaí de réir na Straitéise Cothabhála Tionóntachta.
- Tabharfar faoi ghníomh forfheidhmithe más gá de réir na Straitéise maidir le hIompraíocht Fhrithshóisialta.
- Spreagfar tionóntaí in eastáit, go háirithe in eastáit a forbraíodh le gairid, agus tacófar leo Cumainn Cónaitheoirí a bhunú chun freagracht a ghlacadh as spásanna poiblí.

## AN SCÉIM CHEANNAIGH AG TIONÓNTAÍ

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

Thug tabhairt isteach na Scéime Ceannaigh ag Tionóntaí Incrimintí in 2016 an deis do Thionóntaí Údaráis Áitiúil cáilithe a dtithe Údaráis Áitiúil a cheannach.

- Tá díolachán 11 teach tugtha chun críche ag an Aonad Tithíochta go dtí seo sa bhliain 2021 faoin Scéim Ceannaigh ag Tionóntaí. Ba €654,992.00 luach díolacháin na dtithe seo

### TOGRAÍ DO 2022:

- Comhairle Chontae na Gaillimhe den phróiseáil ar gach iarratas ceannacháin tionónta ar bhealach tráthúil de réir na Scéim Cheannaigh Incrimintigh ag Tionóntaí 2016.

## CÍOSANNA TITHÍOCHTA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Mar gheall ar thionchar phaindéim COVID-19 agus athruithe ar chúrsaí airgid daoine, tugadh faoi líon mór athbhreithnithe cíosa sa bhliain 2021. Táthar ag dul siar go leanúnach ar na athbhreithnithe seo mar go bhfuil athrú leanúnach ag teacht ar chúrsaí airgid daoine. Is ionann an chíos fabhraithe sheachtainiúil atá le híoc do mhaoine de chuid Comhairle Chontae na Gaillimhe agus €158,143 i láthair na huaire.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Beidh an Scéim Cíosanna Difreálacha le hathbhreithniú in 2022.

## RIALÚ CAPALL

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Lean an Chomhairle den phrótacal maidir le Rialú Capall a chur i bhfeidhm i gcomhar leis an nGarda Síochána.
- 5 capall san iomlán atá gafa i mbliana amhail Deireadh Fómhair 2021.
- Tá an Chomhairle i mbun athbhreithnithe i láthair na huaire ar na Fodhlíthe um Rialú Capall do Chontae na Gaillimhe agus táthar ag súil le dréacht a chur faoi bhráid an Choiste um Beartas Straitéiseach Tithíochta lena bhreithniú i Ráithe 4 den bhliain 2021.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe den obair i gcomhar leis na Gardaí chun dul i ngleic leis an gceist maidir le capaill a théann ar strae nó a thréigtear agus a bhíonn ar fán ar na bóithre poiblí.

## COISTÍ UM BEARTAS STRAITÉISEACH

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Tháinig an SPC Tithíochta, Cultúir agus Áineasa le chéile 4 huaire in 2021. I measc na réimsí a clúdaíodh a bhain le Tithíocht bhí Tithíocht do Chách, na Fodhlíthe um Rialú Capall, Lámhleabhar Tionóntachta, Iarratais Tithíochta, Easpa Dídine, Plean Straitéiseach do Chóiríocht Daoine faoi Mhíchumas.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Sa bhliain 2022, táthar ag súil go ndéanfaidh an Coiste um Beartas Straitéiseach Tithíochta iniúchadh ar raon réimsí beartais a bhaineann le Tithíocht, lena n-áirítear, na Fodhlíthe um Rialú Capall, an Scéim Cíosanna Difreálacha, Comhaontuithe Tionóntachta agus Tús Áite don Tithíocht.

# FORBAIRT GHEILLEAGRACH, TUAITHE AGUS POBAIL

Lean an t-aonad um Fhorbairt Gheilleagrach, Tuaithe & Pobail d'fhorbairt inbhuanaithe an Chontae a threorú agus a éascú trí thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh gheilleagracha, shóisialta, chultúir agus chomhshaoil ag an macraileibhéal agus an micrileibhéal araon. Cé go bhfuil ganntanas acmhainní ann, bhí gníomhaíocht nár bheag ar siúl agus leanadh de dhíriú ar oibriú i gcomhpháirtíocht le réimse leathan páirtithe leasmhara d'fhonn an tionchar is mó agus is féidir a bhaint amach. Príomhchúram na hoibre i gcónaí is ea na hearnálacha barrthábhachtacha ar nós na hearnála bia, na hearnála turasóireachta, na hearnála cruthaithí, chun tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí dúchasacha agus éascaíocht a dhéanamh ar FDI mar aon le díriú ar ár mbailte agus sráidbhailte a athnuachan lena n-áirítear na hearnálacha miondíola agus fáilteachais.

## AN EARNÁIL BIA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Leanamar de ról gníomhach a ghlacadh le linn na céime tógála agus i mbun Champas Nuálaí BIA CLG a phleanáil trí bhaill foirne a chur ar fáil ar an mBord agus ar fhochoistí éagsúla. Cé go raibh dúshláin shuntasacha roimh an tionscadal de bharr Covid agus dianghlasálacha, rinneadh dul chun cinn suntasach ina leith agus ag an am céanna, athrú a dhéanamh le linn dianghlasálacha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amach anseo mar gheall ar Covid agus Brexit. Fuarthas maoiniú breise don tionscadal ón gCiste um Aistriú Fiontar Réigiúnach ó Fhiontraíocht Éireann agus bhí ról ríthábhachtach ag baill foirne in ERCD agus LEO ina leith sin.
- Cuireadh tacaíochtaí ar fáil do na gnónna seirbhíse bia agus don earnáil fáilteachais tríd an Scéim um Shuíocháin Allamuigh & Gabhálais. Fuarthas 427 iarratas ar an iomlán agus bhain 324 díobh sin na critéir agus an t-amlíne amach i leith measúnú iomlán a dhéanamh. Is tríd an rialtas agus Fáilte Éireann a cuireadh maoiniú ar fáil don scéim agus is laistigh d'acmhainní soláthair foirne reatha a reáchtáladh í
- Obair bholscaireachta ar líne chun gníomhaíocht gheilleagrach a spreagadh lena n-áirítear trí Déanta i nGaillimh agus margaíocht turasóireachta ar ardáin Discover Galway mar aon le héascaíocht a dhéanamh ar scríbhneoirí bia agus na meáin maidir leis an gContae a chur chun cinn
- Glacadh páirt i líon iarratas maoinithe rathúla AE i gcomhar le Campas Nuálaí BIA
- Fuarthas maoiniú ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara chun tús a chur le hobair maidir le Straitéis Bia agus Agrathurasóireachta atá faoi bhealach i gcomhar le Campas Nuálaí Bia.
- I gcomhar le Campas Nuálaí BIA agus an LEO, cuireadh tacaíochtaí díreacha ar fáil do ghnónna agus fiontraithe
- Chuathas i mbun oibre i ndlúthchomhar le Comhordaitheoir an Phlean Fiontraíochta Réigiúnaigh lena cinntiú gur cuireadh earnálacha bia agus earnálacha gaolmhara san áireamh i bPlean

Fiontraíochta Réigiúnach an Iarthair agus go mbeadh ról lárnach ag Campas Nuálaí BIA chun deiseanna agus fás na n-earnálacha a uasmhéadú do réigiún an iarthair i gcoitinne

### TOGRAÍ DO 2022:

- Oibriú le Campas Nuálaí BIA chun a céim chaipitil/tógála a chríochnú agus a chinntiú go gcomhlíontar riachtanais na Comhairle, an phobail agus páirtithe leasmhara i gcoitinne chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach/fiontraíochta
- An Straitéis Bia & Agrathurasóireachta a chur chun cinn agus béim a leagan ar na tosaíochtaí agus cuspóirí barrthábhachtacha a aithnítear
- Oibriú le húdaráis áitiúla eile chun fás réigiúnach na hearnála a spreagadh agus cuspóirí WREP a fhíorú
- Oibriú le Fiontraíocht Éireann ar a bhfuil freagracht i ndáil le FDI don earnáil bia chun FDI a mhealladh go Gaillimh, lena n-áirítear deiseanna a chuirtear ar fáil tríd an seanláithreán aerfoirt a fhorbairt a iniúchadh

## EARNÁLACHA CRUTHAITHEACHA & CULTÚIR

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Leanadh de thacaíocht a chur ar fáil don Earnáil Chlosamhairc agus Scannánaíochta trí líon tionscnamh lena n-áirítear oibriú i gcomhpháirtíocht le hIonad Scannánaíochta na Gaillimhe agus comhpháirtithe ábhartha eile maidir leis an gclár Cathair Scannánaíochta UNESCO 2020
- I ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar an gciste WRAP bunaidh agus ar na tairbhí geilleagracha atá ann mar gheall ar infheistíocht, lean an Chomhairle lena tacaíocht i leith WRAP II atá ina chiste níos mó a forbraíodh trí infheistíocht ó WDC agus comhpháirtithe eile agus ar trí sin a leanfar de thacú le forbairt na hearnála.
- Fuair SPC maidir le Forbairt Gheilleagrach & Fiontraíochta agus an Chomhairle Iomlánach cuir i láthair maidir le deiseanna do na hearnálacha closamhairc agus scannánaíochta inar cuimsíodh UNESCO, WRAP, seirbhísí áite agus deiseanna amach anseo lena n-áirítear acmhainn maidir le stiúideo ar mhórscála a fhorbairt
- Cuireadh an próiseas chun cinn maidir leis an acmhainn chun stiúideo scannánaíochta a fhorbairt ag seanláithreán Aerfort na Gaillimhe sa Charn Mór. Tá alt réamhchéime 183 ceadaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe agus ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe araon le go mbeadh iarratasóir an tionscadail in ann iarratas pleanála a chur isteach.
- Cé go raibh tionchar nach beag ag Covid-19 ar Phríomhchathair an Chultúir agus le linn bhliain a cheaptha, bhí roinnt deiseanna ann tairbhe a bhaint as a gclár. Cuireadh an Pailliún Scáthánach ar

bun i bPortach Dheirgimligh mar chuid de chomhoibriú idir an Chomhairle agus Féile Ealaíon na Gaillimhe agus mealladh cuid mhaith cuairteoirí chuig an gceantar

### TOGRAÍ DO 2022:

- Leanúint i mbun oibre le hIonad Scannánaíochta na Gaillimhe agus le páirtithe leasmhara i gcoitinne chun deiseanna faoi chiste WRAP II a fhíorú
- Tacú leis an ainmniú UNESCO, Príomhchathair an Chultúir (lena n-áirítear an Contae) agus deiseanna a iniúchadh maidir le fás geilleagrach agus fiontraíochta trí líonra na hEarnála Cruthaithí agus deiseanna le hainmnithe Phríomhchathair an Chultúir eile ar nós Gastranómaíocht
- An próiseas maidir le Stiúideo Scannánaíochta/AV a bhunú sa Charn Mór a chur chun cinn i gcomhréir le próiseas agus faoi réir riachtanais phleanála agus riachtanais rialála/reachtaíochta eile
- Leanúint i mbun oibre leis an réimse leathan páirtithe leasmhara atá ann chun tacú leis an earnáil

## TURASÓIREACHT

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Foilsíodh sraith doiciméad soláthair maidir le straitéis turasóireachta uaillmhianach agus inbhuanaithe do Chontae na Gaillimhe; an tionscal a thionscnamh in R4 2021 agus le leanúint ar aghaidh ar feadh na bliana 2022

- Chuir an Oifig Turasóireachta faisnéis ar fáil maidir le tacaíochtaí gnó atá ar fáil go poiblí le linn na bliana 2021; lena n-áirítear tacaíochtaí a leathadh amach ag an leibhéal Náisiúnta, agus tacaíochtaí atá á riar ag Fáilte Éireann agus na húdaráis áitiúla.

- Forbraíodh roinnt seimineár gréasáin d'ionadaithe trádála agus tofa chun páirtithe leasmhara a chur ar an eolas maidir le feidhmiú scéimeanna tacaíochta éagsúla agus chuathas i mbun plé le gnónna turasóireachta áirithe ar theastaigh tacaíochtaí breise uathu lena n-áirítear cuairteanna suímh agus clinicí comhairleacha.

### TURASÓIREACHT A CHUR CHUN CINN:

- Leanadh d'fheachtas gnóthach Turasóireachta le linn na bliana 2021 agus an Chomhairle i gceannas ar an mbranda 'Discover Galway' agus an branda 'Conamara agus na hOileáin' mar aon le tacú leis an mbranda 'Discover Lough Derg'.

- Léiríodh ábhar agus rinneadh infheistíocht i bhfógraíocht i bhforlíonadh sa Connacht Tribune **'Where in the West'**. Is tríd an gcainéal seo a cuireadh tionscadail straitéiseach turasóireachta agus áineasa faoin aer chun cinn i samhradh na bliana 2021.

- **Feachtas Meán Sóisialta Discover Galway:** Cuireadh tús le feachtas straitéiseach meán sóisialta ó mhí Iúil 2021 ar aghaidh maidir le 'Discover Galway' agus infheistíocht á dhéanamh i nithe ar fud an

chontae is díol spéise do thurasóirí agus eispéiris do chuairteoirí a chur chun cinn trí aird a tharraingt ar cheantair timpeall an Chontae.

- **Conamara agus na hOileáin** – Chuathas i dteagmháil fhorleathan le comhlachtaí tionscail agus gníomhaireachtaí ionadaíocha ó Chonamara agus Oileáin Árann chun borradh a chur faoin mbranda maidir le Conamara mar cheann scríbe.

- **Grianghrafadóireacht**: Forbraíodh taisce mhór de ghrianghrafadóireacht turasóireachta do Chontae na Gaillimhe i gcomhair foilsithe le linn 2021 agus cuirfear í ar fáil don cheird i ndeireadh na bliana 2021 chun eispéireas saibhir do chuairteoirí a chur chun cinn ar fud an Chontae lena n-áirítear go leor ceantar agus seoda áitiúla nach bhfuil mórán cur amach ag daoine orthu

- **Aip Nua Turasóireachta do Loch Deirgeirt; Adventure Lough Derg:** Eispéireas nua do chuairteoirí a reáchtáladh le linn na bliana 2021.

- **Branda na Gaillimhe** Tá tairiscint maidir le branda cinn scríbe foilsithe i gcomhpháirt ag Cathair agus Contae na Gaillimhe le tacaíocht ó Fháilte Éireann.

## DIASPÓRA:

- Rinneadh socrú chun leacht Alcock and Brown agus suíomh Marconi a shoilsiú le haghaidh Lá Cheanada, an 1 Iúil.

- Insealbhaíodh comhpháirtíocht meán le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Turasóireacht Éireann chun clár a fhorbairt ina bhfuarthas am craolta suntasach ar 239 stáisiún sna Stáit Aontaithe trí shraith teilifíse a tharchur. Cuireadh tús leis seo i mí Eanáir 2021- 'Ireland: County by County'

## LÍONRAÍ TURASÓIREACHTA:

- Chuathas i mbun oibre le Fáilte Éireann, Údarás na Gaeltachta agus comhpháirtithe tionscail chun próiseas athbhreithnithe a dhéanamh ar Phlean Forbartha Chonamara agus Oileáin Árainn maidir le Eispéireas Cuairteoirí. Rinneadh an ghníomhaíocht seo in R3 agus 4 2021.

- Seoladh tionscadal Baile & Sráidbhaile Chonamara agus na hOileáin in éineacht leis an Aire Humphreys in R3 2021.

- Cuireadh infheistíocht i dtionscadal forbartha láithreáin ghréasáin chun cinn i leith Connemara.ie; tá an láithreán gréasáin seo, ar leis an gComhairle é, ina leathanach lamairne don láithreán Splash4U (comhoibriú leis an Oifigeach Leathanbhanda).

- Glacadh páirt i scannán chun an Plean Eispéiris do Chuairteoirí chuig Loch Deirgirt a sheoladh i mí Aibreáin 2021 agus chun tacú le seoladh an Mháistirphlean Turasóireachta don tSionainn i mí an Mhárta 2021.

- Leanadh de ghníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm i ngach VEDP agus pleananna turasóireachta réigiúnacha.

## TIONSCADAIL FORBARTHA TURASÓIREACHTA

### BAILE CINN SCRÍBE AN CHLOCHÁIN:

- Rinneadh obair ar athfhorbairt an togra don tionscadal Baile Cinn Scríbe an Chlocháin chun iniúchadh a dhéanamh ar an straitéis aimsithe bealaigh agus treodóireachta, agus pleananna an réimse poiblí a athoibriú i gcomhthéacs Pleananna Feabhsaithe Lár an Bhaile d’fhonn luach ar airgead, tionchar agus forbairt turasóireachta a uasmhéadú

### TIONSCADAIL RRDF:

- Rinneadh obair ar líon tionscadal lena n-áirítear Fís Phort Omna 2030; aimsiú bealaigh agus treodóireacht Bhaile Átha an Rí agus an tionscadal RRDF an Chlocháin lena chinntiú gur cuireadh leis an acmhainneacht forbartha turasóireachta

### LOCH DEIRGEIRT:

- Tá tionscadal suíomhanna Lough Derg Discovery ar bun agus tá Port Omna aitheanta agus an Cuas Thuaidh cláraithe faoi úinéireacht GCC anois. Sa tionscadal seo, cruthófar lúb de shé cinn de ‘phointí fionnachtana’ do chuairteoirí timpeall Loch Deirgeirt agus beidh péire an ceann i nGaillimh, sa Chlár agus i dTiobraid Árann.

- Rinneadh obair maidir le Gormbhealach Loch Deirgeirt a chreidiúnú i gcomhar le Comhairlí Contae Thiobraid Árann agus an Chláir mar aon le hUiscebhealaí Éireann.

### GORMBHEALACH NA COIRIBE:

- Ceapadh Áineas Lasmuigh Thuaisceart Éireann chun staidéar féidearthachta a chur ar fáil do 'Gormbhealach Mór an Iarthair' idir údaráis áitiúla Chathair na Gaillimhe, Chontae na Gaillimhe agus Chontae Mhaigh Eo. Cuirfear tús leis an tionscadal i mí na Samhna 21 agus cuirfear é i gcrích mar aon le tuarascáil i mí Aibreáin 22.

**EISPÉIRIS BIA DISCOVER GALWAY:**

- Forbraíodh bróisiúr maidir le heispéiris do chuairteoirí don tréimhse nuair a bheidh na táirgeoirí bia réidh chun seachadta (2022.) Cuireadh clár tacaíochtaí meantóireachta ar fáil do tháirgeoirí bia chun tacú le heispéiris do chuairteoirí a fhorbairt. Cuireadh tacaíocht spriocdhírithe ar fáil do 12 ball den ghrúpa 'Eispéiris Bia Discover Galway' agus ghlac sé soláthraí le ceapacháin mheantóireachta. Is sa chuid thoir den Chontae atá na soláthraithe ar fad lonnaithe.

**ÉIRE ILDÁNACH:**

- Forbraíodh leabhar filíochta agus grianghrafadóireachta Éire Ildánach 'This Place' / 'An Áit Seo'; atá le seoladh i mí na Samhna.
- Tugadh tacaíocht do 'Féile na hEitleoige Fánaíochta' a seoladh i mí Dheireadh Fómhair '21 le tinreamh agus spéis mhór inti.

## FÉILTE AGUS IMEACHTAÍ:

- Tharla féilte agus imeachtaí CSS in R3 agus 4; le Cruinniú na mBád, Féile Ealaíon an Chlocháin, Féile Coisíochta Chonamara, Fleadh Scannán na Gaillimhe agus Baboró ar roinnt de na himeachtaí ar tugadh tacaíocht dóibh. Chomh maith leis sin, tugadh tacaíocht do thionscadal forbartha láithreáin ghréasáin Ísealchríocha na Boirne; Féile Abhainn Mhílic, seoltaí leabhair chun tacú le cur chun cinn na turasóireachta ag an Teach Dóite agus i mBéal Átha na Sluaighe.

**Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag oibriú i ndlúthchomhar le foirne in Fáilte Éireann, Slí an Atlantaigh Fhiáin agus Croíthailte Ceilte na hÉireann chun na tionscadail seo a leanas a chur ar fáil:**

- Eispéireas lúibe na Boirne WAW;
- Indéantacht maidir le bealaí turais bus ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin
- Comharthaí WAW a sholáthar agus a bhainistiú
- Croíthailte Ceilte na hÉireann Shannon ar an tSionainn
- Croíthailte Ceilte na hÉireann 50 gníomhaíocht do pháistí
- Croíthailte Ceilte na hÉireann - Straitéis comharthaíochta

- Croíthailte Ceilte na hÉireann – leabhar meariompaithe

## TOGRAÍ DO 2022:

- Forbairt Straitéis Turasóireachta Chontae na Gaillimhe a chur chun cinn agus í a chur faoi bhráid SPC agus na Comhairle lena glacadh
- Roinnte gnéithe den tionscadal Baile Cinn Scríbe an Chlocháin a chur chun cinn lena n-áirítear aimsiú bealaigh agus léirmhíniú
- Forbairt bhranda na Gaillimhe mar cheann scríbe a chur chun cinn, i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus Fáilte Éireann
- Tionscadal Féidearthachta Ghormbhealach na Coiribe a chur ar fáil i gcomhar le Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Cathrach na Gaillimhe
- Leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar mheáin shóisialta maidir le Discover Galway a chur i bhfeidhm agus a chur chun cinn
- Gníomhaíochtaí agus líonra VEDP Loch Deirgeirt a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm
- Leanúint i mbun oibre le gníomhaíochtaí agus líonra Chonamara agus na hOileáin agus forbairt a dhéanamh ar an méid atá bainte amach go dtí seo
- An Scéim Tacaíochta Pobail a mheasúnú agus a bhainistiú: Tionscadail agus féilte agus imeachtaí turasóireachta
- Tacaíocht a thabhairt do thionscadail Fáilte Éireann de réir mar is gá

# DORCHLA GEILLEAGRACH AN ATLANTAIGH

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Chuathas i mbun oibre leis an Oifigeach Leathanbhanda agus páirtithe leasmhara eile chun an Straitéis Dhigiteach do Chontae na Gaillimhe a ullmhú agus a chur ar fáil agus tugadh cúnamh chun suíomhanna do Phointí Nasctha Leathanbhanda a aithint.
- Chuathas i mbun oibre le WDC agus líonra Dorchla Geilleagrach an Atlantaigh (AEC) maidir le tionscadail réigiúnacha, lena n-áirítear moil ar feadh an AEC a fhorbairt.
- Glacadh páirt i bpróisis maidir le Straitéis AEC agus Straitéis Mhoil AEC
- Tugadh faoi staidéar féidearthachta maidir le suíomhanna Mol thar ceann an AEC trí phróiseas soláthair. Tá sé seo le críochnú faoi dheireadh na bliana.
- Tugadh cúnamh i leith moil nua trí roghanna maoinithe agus comhairle maidir leis an Scéim For-Rochtana Mol.
- Ullmhaíodh taisce íomhánna do Chontae na Gaillimhe lenar áiríodh íomhánna a bhaineann le fiontraíocht.
- Glacadh páirt sa ghlao maidir le Moil Ranna Nasctha trí chuidiú le hiarratais ó mhoil aonair chomh maith le tacú le tionscadail LA as nós an ceann a bhaineann le Pointí Nasctha Leathanbhanda (BCPanna)

### TOGRAÍ DO 2022:

- Oibriú laistigh d'aon socruithe athbhreithnithe maidir leis an AEC i ndiaidh athbhreithniú na Roinne
- Tacú le Cnuasaigh Chruthaitheacha a fhorbairt sa réigiún
- Oibriú leis an WDC agus le contaetha AEC eile chun an Iarthar a chur chun cinn mar áit tharraingteach le maireachtáil agus le hoibriú ann
- Oibriú le tionscadail chun tacú le láir bhailte a athnuachan lena n-áirítear moil a fhorbairt agus aghaidh a thabhairt ar láithreáin fholmha/thréigthe i mbailte agus sráidbhailte
- Leanúint d'oibriú leis an Oifigeach Leathanbhanda chun deiseanna do phobail a aithint agus a fhíorú
- An Tionscadal Bailte agus Sráidbhailte Cliste AEC a chur chun cinn
- Oibriú leis an líonra WDC, AEC agus le húdaráis áitiúla eile maidir le tionscnaimh réigiúnacha a chur ar fáil lena n-áirítear Plean Fiontraíochta Réigiún an Iarthair de réir mar is cuí
- Tacú le forbairt na hEarnála Bia agus le moil a nascadh agus béim ar leith á leagan ar an gCampas Nuálaí BIA mar inneall le haghaidh fás agus nuálaíocht sa réigiún

## FORBAIRT AGUS TACAÍOCHTAÍ DO MHOIL OIBRE

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Ghníomhaigh an tAonad ERCD mar phointe teagmhála faisnéise agus comhairleach chun éascaíocht a dhéanamh ar Mhoil Phobalbhunaithe sa Chontae tairbhe a bhaint as an Scéim náisiúnta maoinithe www.connectedhubs.ie .

- I gcomhar le Seirbhísí Corparáideacha, rinneadh infheistíocht in uasghrádaithe bunriachtanacha i Svuíteanna Oifige Ionad Gnó Bhéal Átha na Sluaighe, in Ionad Leabharlainne Bhéal Átha na Sluaighe, Sráid an Chumainn, lena n-áirítear rialuithe cianrochtana d'fhonn solúbthacht a chur ar fáil do chliaint. Tá Seomraí Cruinnithe agus Svuíteanna ar Urlár a Dó ar fáil lena bhfáil ar cíos nó ar léas sa bhliain 2022.

- Forbairt mol oibre curtha chun cinn mar chuid de na tionscadail reatha atá ceadaithe ag RRDF i mBaile Locha Riach, Port Omna, Tuaim agus Baile Átha an Rí (Nuálaí Bia) mar aon lena chur san áireamh mar chuid den togra d'iarratas Chatagóir 2 maidir le An Gort

- Tugadh tacaíocht do líon mol pobalbhunaithe trí Scéim na mBailte agus na Sráidbhailte agus rinneadh obair in éineacht le Údarás na Gaeltachta d'fhonn na moil G-teic a chur chun cinn agus a fhorbairt

### TOGRAÍ DO 2022:

- Moltaí reatha  a chur chun cinn maidir le moil oibre bheith ina gcuid de thionscadail RRDF

- Deiseanna nua a aithint do mhoil sa chontae agus oibriú leis na páirtithe leasmhara ábhartha chun é sin a chur i gcrích
- Cliaint a fháil d'fhonn úsáid Svuíteanna Oifige Ionad Gnó Bhéal Atha na Sluaighe ag Ionad Leabharlainne Bhéal Átha na Sluaighe a uasmhéadú.
- Seirbhísí comhairleacha a chur ar fáil go leanúnach maidir le www.connectedhubs.ie agus tacaíochtaí spriocdhírithe faoi sin d'fhonn ionaid bhreise chianoibre a bhunú sa Chontae agus oibriú le hÚdarás na Gaeltachta atá i gceannas ar an Líonra Mol G-teic sa Ghaeltacht.

## TIONSCNAIMH AGUS STRAITÉIS GHINEARÁLTA I LEITH FORBAIRT GHEILLEAGRACH

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Tugadh cúnamh maidir le forbairt i ndáil leis an bPlean Forbartha Náisiúnta, na Treoirlínte náisiúnta don Phlean Forbartha Geilleagrach & Pobal Áitiúil, Beartas Thodhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann, an plean náisiúnta turasóireachta, an Straitéis Náisiúnta Áineasa faoin Aer, VEDP Loch Deirgeirt agus Plean Fiontraíochta Réigiún an Iarthair go dtí 2024
- Tugadh cúnamh don Rannóg Pleanála maidir leis an Dréachtphlean Forbartha Contae a fhorbairt, go háirithe maidir le hAthuachan Bailte agus Sráidbhailte, Forbairt Turasóireachta, Forbairt Gheilleagrach & Tuaithe agus an úsáid a bhainfear as iarláithreán Aerfort na Gaillimhe amach anseo
- Tugadh ceannaireacht maidir le Máistirphlean Thuama a fhorbairt agus a ghlacadh le maoiniú á chur ar fáil trí RRDF
- Rinneadh moltaí straitéiseacha a fhorbairt agus a chur chun cinn maidir le tionscadail RRDF chun athnuachan a spreagadh i mBaile Átha an Rí, an Clochán, An Gort, Baile Locha Riach, Port Omna agus Tuaim
- Chuathas i mbun oibre le EI chun tacú le cruthú poist, gnólachtaí dúchasacha agus chun an acmhainn chun infheistíocht a dhéanamh in FDI a chur chun cinn don earnáil bia
- Chuathas i mbun oibre le IDA chun Contae na Gaillimhe a chur chun cinn mar láthair d'Infheistíocht Dhíreach Eachtrach

### MOLTAÍ DON BHLAIN 2022:

- Bheith i gceannas ar an bPlean Geilleagrach agus Pobal Áitiúil 6 bliana i gcomhréir leis na treoirlínte náisiúnta trí oibriú le SPC um Fhorbairt Gheilleagrach & Fiontraíochta
- Leanúint de chur chuige straitéiseach a ghlacadh i leith athnuachan bailte
- Cur le forbairt an Mháistirphlean maidir le hiar-láithreán Aerfort na Gaillimhe sa Charn Mór
- Leanúint i mbun oibre le EI agus IDA chun tacú le forbairt gheilleagrach agus cruthú poist

## DÉANTA I NGAILLIMH – TACAÍOCHTAÍ DO GHNÓNNA ÁITIÚLA BIA, CEARDAÍOCHTA & MIONDÍOLA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Forbraíodh an tionscnamh Déanta i nGaillimh tuilleadh chun cuidiú le táirgeoirí bia agus ceardaíochta sa chontae. Áiríodh leis sin infheistíocht a dhéanamh sa láithreán gréasáin www.MadeinGalway.ie agus ardáin éagsúla chun borradh a chur faoin Eolaire Bia Ceardaíochta ar Líne agus faoi fheachtas bolscaireachta nuachtáin agus meán sóisialta chun siopadóireacht a dhéanamh go háitiúil i gContae na Gaillimhe, atá comh-mhaoinithe faoi Chlár Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte, a chur chun cinn.

- Forbraíodh sraith d'Fhíseáin Lucht Ceardaíochta agus an LEO roinnte ar os cionn 18,000 fostaí i gcuideachtaí ilnáisiúnta i nGaillimh agus ar an bpobal i gcoitinne. Bhí an leathadh amach mar fhreagra ar dhianghlasálacha ar ghnónna miondíola mar thoradh ar Bhearta Sláinte Poiblí an Rialtais i leith COVID19.

- Cuireadh oibreacha chun cinn maidir le feachtas bolscaireachta 8 seachtaine Roimh Nollaig 2021 le haghaidh *Déanta i nGaillimh* ina gcuirtear síos ar dhéantóirí agus gnónna miondíola a chuireann ábhair agus nithe ar leith ar fáil a fhaightear nó a shaothraítear sa cheantar agus trína gcuirtear le hinbhuanaitheacht atá mar bhun le teachtaireacht barrthábhachtach *Shop Local* ina leagtar béim ar éagsúlacht an mheascáin mhiondíola agus siopadóireachta atá ar fáil i mbailte agus sráidbhailte i nGaillimh.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Athbhreithníodh an tionscnamh Déanta i nGaillimh d'fhonn an ról amach anseo a chinneadh lena n-áirítear an bealach is fearr ina bhfeidhmíonn sé le LEO agus le tacaíochta ginearálta arna gcur ar fáil ag an gComhairle. Mar chuid den athbhreithniú, measúnú a dhéanamh ar an éifeacht don ghnó dá dtugtar tacaíocht, luach ar airgead, deiseanna maidir le líonra/líonraí, an tionchar a d'fhéadfaí a imirt mar chuid den téarnamh geilleagrach lena n-áirítear féilte agus imeachtaí

- An bealach is oiriúnaí chun tionscnaimh Shop Local a spreagadh agus an luach ar airgead agus an t-éifeacht is fearr a bhaint amach ag an am céanna.

- Leanúint de chomhpháirtíochtaí láidre le LEO agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe a fhorbairt agus a chothú sna réimsí maidir le Forbairt Gheilleagrach agus Fiontraíochta, lena chinntiú go mbainfidh an Contae leas as an réimse tacaíochtaí atá ar fáil agus go ndéanfar seirbhísí a chuíchóiriú chun riachtanais an Chontae a chomhlíonadh chun tacú le poist agus pobail.

# SCÉIM MAOINITHE TUAITHE

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

### SCÉIM ATHNUACHANA NA MBAILTE AGUS NA SRÁIDBHAILTE

- In 2021, d'iarr an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail seacht tionscadal in aghaidh an Údaráis faoi Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte, agus éascaíocht á déanamh den chéad uair ar thogra mórscála amháin suas le €500,000, péire suas le €250,000, ceithre cinn suas le €100,000 agus faoina bhun agus togra Forbartha Tionscadail amháin suas le €50,000. Faoin scéim, leag an Roinn Catagóirí Tosaíochta soiléire A,B amach lena n-áirítear Tosaíocht A1 ina n-iarrtar iarratais ar shaoráidí Cianoibre mar chuid de hathúsáid a bhaint as réadmhaoine folmha i Lár Bailte.
- Leagadh an Scéim amach d'fhonn cuspóirí na Straitéise Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann, a seoladh in 2021, a bhaint amach. Rinne baill foirne athbhreithniú ar 20 Léiriú Spéise ar dá bharr sin a cuireadh iarratais ar aghaidh i ndáil le Tuaim (€400k), An Clochán (€250k), Baile Átha an Rí (€100k), An Líonán (€250k), An Bhearna Dhearg (€100k), Cill Chonaill (€28k), Seiceálacha Sláinte Baile (€50k) agus Forbairt Tionscadail do Theach Cúirte na Gráige (50k).
- Leanadh de thacaíocht a thabhairt in 2020 do Thionscadail Bailte agus Sráidbhailte arna luacháil ag €1.7m (An Phríomhscéim, 2019 agus 2020 agus Bearta Luathaithe atá ag leanúint ar aghaidh). I measc réimse na hinfheistíochta faoi na hiarratais, cuimsítear bonneagar tuaithe, réadmhaoine pobail a athúsáid le haghaidh moil (Baile Chláir agus na Creaga), cuireadh maoiniú an réimse phoiblí (An Gort) agus maoiniú bolscaireachta ar fáil mar chuid de Bheart Luathaithe mar fhreagra ar COVID, a infheistíodh in www.connemara.ie chun tacú le Turasóireacht le linn bliain dhúshlánach. Ta an méid seo a leanas ina fhorléargas ar an staid amhail deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2021.

| AN DEONTAS A CEADAÍODH | PRÍOMHSCÉIM BAILE/SRÁIDBHAILE | |
|---|---|---|
| € 200,000.00 | Órán Mór | Leanúnach |
| € 100,000.00 | Creachmhaoil | Críochnaithe |
| € 80,000.00 | An Cheathrú Rua | Críochnaithe |

| | | |
|---|---|---|
| € 100,000.00 | Corra Finne | Críochnaithe |
| € 100,000.00 | Cill Íomair | Críochnaithe |
| € 72,000.00 | Tír An Fhia, Leitir Móir | Críochnaithe |
| € 100,000.00 | Béal Átha Glúinín | Leanúnach |
| € 200,000.00 | Baile Chláir | Leanúnach |
| € 100,000.00 | Port Omna | Leanúnach |
| € 100,000.00 | Béal Chláir | Céim Dheiridh |
| € 100,000.00 | Gallach | Leanúnach |
| € 90,000.00 | Na Creaga | Leanúnach |
| € 100,000.00 | Leitir Móir | Leanúnach |

| **BEART LUATHAITHE BAILTE AGUS SRÁIDBHAILTE 2020 A LEAN AR AGHAIDH IN 2021.** | **MÉID DEONTAIS TVAC** | |
|---|---|---|
| Béal Átha na Sluaighe | €40,000.00 | Críochnaithe |
| An Gort | €24,750.00 | Críochnaithe |
| An Fhairche | €19,800.00 | Críochnaithe |
| Baile Átha an Rí | €24,887.00 | Críochnaithe |
| Tionscnamh an Chontae ar fad | €24,750.00 | Críochnaithe |

| | | |
|---|---|---|
| Conamara | €36,000.00 | Críochnaithe |
| An Creagán | €21,618.00 | Céim Dheiridh |
| An Clochán | €25,000.00 | Críochnaithe |
| Mol Bhaile an Mhuilinn | €25,000.00 | Críochnaithe |
| Mol Chill Íomair | €25,000.00 | Críochnaithe |
| Pointí Nasctha Leathanbhanda (5 láthair) | €39,118.00 | Ag an gCéim dheiridh (4 thionscadal críochnaithe) |
| Tuaim | €39,600.00 | Críochnaithe |
| Gleann na Madadh | €25,000.00 | Críochnaithe |
| Baile Locha Riach | €25,000.00 | Céim Dheiridh |
| An Mullach | €19,800.00 | Céim Dheiridh |
| | **€415,323.00** | |

## CLÁR

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Lean baill foirne de thacaíocht a thabhairt do thionscadail a ceadaíodh in 2020 agus d'oibriú i ndlúthchomhar le comhghleacaithe in Oibríochtaí agus Bonneagar chun tionscadal a aithint faoi Bheart a hAon, trína dtacaítear le bonneagar ag Scoileanna agus Saoráidí Poiblí.
- In 2021, méadaíodh Beart a Dó CLÁR chun Páirc Scátála agus Clóis Shúgartha a chur san áireamh. Fuarthas maoiniú deontais €284,000 faoi CLÁR 2021 lena n-áirítear dhá chlós súgartha nua pobail.
    - Cluain Bheirn – Páirceáil Scoile
    - An Ghráig – Stráice de Chosán chuig Doire Chraige
    - An Lorgain – saoráid MUGA
    - An Sceachánach – Clós Súgartha
    - Glinsce - Clós Súgartha
    - An Mhainistir- saoráid MUGA

  - Inis Mór – Gairdín Pobail

- Cuireadh trí thogra isteach faoi shruth nua in 2021 – Beart Nuálaíochta CLÁR a bhfuil cinneadh le déanamh ina leith in R4 2021.

## BAILTE & SRÁIDBHAILTE – SCÉIM NAISIÚNTA SRÁID-DREACHA

- I mí Lúnasa 2021, thug DRCD an Scéim Náisiúnta Sráid-Dreacha nua isteach – Clár Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte mar bheart a d'eascair as Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann a seoladh sa bhliain 2021. Chuir an Chomhairle uasmhéid de shé láthair chun tosaigh lena gceadú agus roghnaíodh Béal Átha Ghártha, Gleann na Madadh, Áth Cinn, Baile Locha Riach, Órán Mór agus Uachtar Ard lena gcur san áireamh.

- Cé go raibh na creata ama don scéim an-dian, d'oibrigh an tAonad ERCD i ndlúthchomhar leis na bailte a roghnaíodh d'fhonn tionchar an mhaoinithe a uasmhéadú, agus leas á bhaint as an méid a foghlaimíodh ó na scéimeanna píolótacha ar tugadh fúthu i mBaile Átha an Rí agus i mBéal Átha na Sluaighe. Ba suas le €320,000 a bhí an chéad leithdháileadh ach rinneadh cás le haghaidh tuilleadh maoinithe agus fuarthas leithdháileadh breise thart ar €72,000. I ndiaidh dul i dteagmháil leis an Roinn, fuarthas creat ama níos réalaíche ina bhféadfaí na hoibreacha a chur i gcrích.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Leanúint de dheiseanna maoinithe a aithint faoin Straitéis Todhchaí Cheantair Thuaithe na hÉireann chun cuidiú le cuspóirí forbartha tuaithe a bhaint amach agus an Plean Forbartha Contae á chur san áireamh mar aon lena straitéis lonnaithe agus a straitéis do cheantair thuaithe scaipthe.
- Iarratais a chur isteach faoi Scéim Athnuachana na mBailte agus na Sráidbhailte 2022 de réir a chuspóirí tosaíochta d'fhonn infheistíocht sa Chontae a uasmhéadú. Tús a chur le tionscadail cheadaithe 2021 in R 1 2022 (Cinneadh le déanamh maidir le hiarratas T&V 2021 i mí na Samhna 2021) Tacú le Grúpaí Pobail le tionscadail 2019 agus 2020 a chríochnú. (23 tionscadal).
- Bearta comhaontaithe a leathadh amach faoin Straitéis Mol Réigiúnach
- Iarratais a chur isteach do CLÁR 2022 agus Clár 2020 agus 2021 a chríochnú.

## AN SCÉIM BONNEAGAIR DON CHAITHEAMH AIMSIRE LASMUIGH (ORIS)

Tríd An Scéim Bonneagair don Chaitheamh Aimsire Lasmuigh (ORIS), cuirtear leis an gcuspóir straitéiseach maidir le geilleagair agus pobail neartaithe de réir mar a leagtar amach sa straitéis Tionscadal Éireann 2040. Cuspóir na scéime is ea maoiniú a chur ar fáil chun bonneagar áineasa nua faoin aer a fhorbairt agus chun bonneagar faoin aer atá ann cheana i gceantair thuaithe ar fud na hÉireann a dheisiú, a fheabhsú nó a chur chun cinn de réir mar is gá.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Lean obair ar aghaidh lena chinntiú go gcuirfí líon tionscadal a ceadaíodh sna blianta roimhe seo ar fáil. Ina measc sin bhí Conair Rothaíochta na Fairche, Conair Chill Chornáin, Slí Lúibe Phort Omna, Tionscadal na Siúlóidí Bhaile Locha Riach, Lúibín Leitir Móir, Conair Shiúil Choc Tua Mór – Leacaigh (Beart 2 ar fad) agus Conair Chonamara agus an Bealach Eurovelo (Beart 3) mar aon le líon tionscadal bheart 1.

Trí **ORIS 2021,** is mar seo a leanas a dhéantar cúram do roinnt bearta:

- Beart 1: Deisiú/Forbairt/Cur Chun Cinn Mionscála agus Méideanna Deontais Margaíochta: Suas le seacht dtionscadal in aghaidh an LA le luach €20,000.
- Beart 2: Deisiú/Uasghrádú Meánscála agus Méideanna Nua Deontais Forbartha do Chonair/Chonláistí: Suas le trí thionscadal in aghaidh an LA le luach €200,000.
- Beart 3: Deisiú/Uasghrádú Straitéiseach Mórscála agus Méideanna Nua Straitéiseach Deontais Forbartha do Chonair/Chonláistí: Suas le tionscadal amháin in aghaidh an LA le luach €500,000.
- Beart Forbartha Tionscadail: Costais Forbartha do Thionscadail Straitéiseacha Mórscála – Tionscadal amháin suas le luach €50,000.
- Cuireadh sé thionscadal isteach faoi Bheart 1 agus is mar seo a leanas a cuireadh maoiniú ar fáil dóibh:

### BEART 1 MAOINIÚ A FUARTHAS DO NA TIONSCADAIL A LEANAS -2021

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cothabháil Ghlasbhealach Chonamara | Uasghráduithe a dhéanamh ar an 15km de Ghlasbhealach Chonamara atá críochnaithe | Conamara, Contae na Gaillimhe | €17,000.00 |
| Conair Rothaíochta The Wheels of Athenry | Marcóirí conaire agus stáisiúin deisithe rothar a shuiteáil ar feadh "Bealach na Lachan", *The Esker Pilgrim Peddle* agus "Moonbaun Petal Path" agus bróisiúir a dhearadh agus a chur i gcló. | Baile Átha an Rí , Contae na Gaillimhe | €19,800.00 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cill Mhuirbhigh<br>Cothabháil Trá | Cithfholcadáin bhreise lasmuigh a chur ar fáil agus saoráidí leithris uasghrádaithe ag Trá Brait Ghoirm Chill Mhuirbhigh, Inis Mór, Oileáin Árann. | Inis Mór, Oileáin Árann | €19,800.00 |
| Bealach Siúil Sandybanks Lane | Bealach Siúil Sandybanks Lane a athoscailt, a dheisiú agus a fheabhsú. | Gort na Móna,<br>Áth Cinn, Contae na Gaillimhe | €17,910.00 |
| Cé Eanach Dhúin | Limistéar snámha éadomhain, struchtúr na cé agus balla an bhruaigh a chothabháil, baoi tarrthála a chur ar fáil agus baoithe tarrthála a chothabháil, a chur ar fáil. | Eanach Dhúin, Contae na Gaillimhe | €20,000.00 |
| Conair Lúibín Gharmna | An chonair a fhorbairt agus a fheabhsú lena n-áireofar troscán conaire, comharthaí agus painéil léirmhínithe lena n-áirítear painéil Ghormbhealaigh. | Leitir Móir, Contae na Gaillimhe | €19,637.64 |

## CURTHA ISTEACH FAOI BHEARTA 2 & 3

- Cuireadh na hiarratais a leanas isteach faoi Bhearta 2 & 3 agus táthar ag súil le fógra maidir leis na tionscadail ar éirigh leo roimh dheireadh na bliana.

| Beart | Ainm an Tionscadail | Achoimre | An Deontas a Iarradh |
|---|---|---|---|
| M2 | *The Walks Loughrea* | Leanúint den obair chun na siúlóidí a athnuachan | €200,000 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| M2 | *Woodford Millennium Oak Forest* | Conairí foraoise; conairí agus achar áineasa d'fhonn an tionscadal bheith inrochtana le haghaidh éiceathurasóireacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta | €200,000 |
| M2 | *Atlantic Waterfall Walk* Leitir Fraic | Conair lúibe reatha a théann trí sheanchoillearnach ina bhfuil sruthán agus sraith d'easanna beaga a uasghrádú | €200,000 |
| M3 | Gormbhealach Phort Omna, Páirc Aimsithe Bealaigh, Dealbhóireachta | Cuimsíonn an tionscadal Gormbhealach Phort Omna (Céimeanna 2 & 3), Conair Dealbhóireachta (Céim 1) agus an tionscadal Aimsithe Bealaigh Áineasa Lasmuigh, mar chuid de phlean foriomlán Port Omna a fhorbairt ina cheann scríbe turasóireachta | €499,585 |

## TOGRAÍ DO 2022:

- Leanúint i mbun tacaíocht a thabhairt chun scéimeanna atá ceadaithe cheana féin a chur ar fáil
- Oibriú le páirtithe leasmhara éagsúla lena chinntiú go nglactar le cur chuige straitéiseach i ndáil le ORIS
- Iarratais faoi ORIS 2022 a chur isteach

## FORBAIRT POBAIL AGUS IONCHUIMSIÚ SÓISIALTA

## COISTE FORBARTHA POBAIL ÁITIÚIL (LCDC)

Príomhfheidhmeanna an LCDC is ea na gnéithe pobail a bhaineann leis an bPlean Geilleagrach & Pobail Áitiúil a chur i bhfeidhm, agus cláir áitiúla agus pobail a chomhordú, a bhainistiú agus a mhaoirsiú thar ceann na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail. Thionóil an LCDC 4 chruinniú ar líne go dtí seo i mbliana chomh maith le cruinnithe de chuid fochoistí ina ndéileáiltear le SICAP, Sláinte agus Folláine, agus Measúnuithe Maoinithe, a gcuirtear de chúram orthu measúnú mionsonraithe a dhéanamh ar chláir agus moltaí a thabhairt don LCDC. Déantar gach iarratas ar mhaoiniú a mheasúnú lena chinntiú go bhfuil siad ag teacht le cuspóirí an LECP d'fhonn cinnte a dhéanamh de go bhfuil na tograí tionscadail ag dul i ngleic le míbhuntáiste de réir mar atá leagtha amach san LECP. Tá dhá chruinniú eile den LCDC le tionól i mí na Samhna agus i mí na Nollag mar aon le cruinnithe breise d'fhochoistí éagsúla. Áirítear leis na príomhghníomhaíochtaí go dtí seo i mbliana:

- Leithdháileadh babhta eile den Chiste Éigeandála COVID-19, €53,203 san iomlán, ar 45 iarratasóir inar díríodh tacaíocht ar sheirbhísí túslíne, costais reáchtála, agus réimse gníomhaíochtaí folláine, d'fhonn inbhuanaitheacht na seirbhísí sin a chinntiú le linn paindéime a leanann go fóill.

- Fuarthas leithdháileadh €143,401 faoin gClár Feabhsaithe Pobail 2021 chun díriú ar fhorbairt agus inbhuanaitheacht Saoráidí Pobail agus cuireadh maoiniú ar fáil i leith 72 iarratas agus méideanna idir €250 - €10,000 á mbronnadh.

- Fuarthas leithdháileadh €30,533.17 don Scéim um Dheontais Chaipitil d'Fhiontair Shóisialta 2021, lena leithdháileadh i ndeontais chaipitil mionscála ar Fhiontair Shóisialta faoi Chiste na gCuntas Díomhaoin a dteastaíonn cead roimh ré ina leith ón Roinn sula gcuirtear iarratasóirí ar an eolas.

- I gcomhréir le ról comhordaithe an LCDC, fuarthas cuir i láthair ó Sheirbhísí Óige GRETB, Comhairle na nÓg, Planet Youth agus ó Oifigeach Óige Forbairt Tuaithe na Gaillimhe faoin ábhar maidir le seirbhísí óige a chur ar fáil agus maoiniú chun easnaimh i seirbhísí a aithint.

- I ndiaidh síneadh bliain 1 a chur leis an gClár SICAP go náisiúnta, bhí ar gach LCDC tabhairt faoi Athbhreithniú Lár-Chláir chun réimsí tosaíochta a shocrú don 2 bhliain eile den Chlár agus roghnaigh an LCDC na 3 réimse a leanas mar thosaíochtaí: Sláinte Intinne, Daoine Aosta agus Scoiteacht, Pobail Nua, agus díreofar aird faoi leith orthu sna Pleananna Bliantúla do 2022 agus 2023.

- Lean Coiste Sláinte & Folláine LCDC de mhonatóireacht a dhéanamh ar Bhabhta 3 den Chiste Éire Sláintiúil, arb ionann é agus €246,050 ar fud roinnt gníomhartha barrthábhachtacha nach mór a chríochnú faoin 31 Márta 2022. Chomh maith leis sin, fuarthas leithdháileadh €67,225 faoin gCiste Acmhainneachta Pobail (*Keep Well Campaign*) ina bhfuil tionscnaimh atá dírithe ar dhaoine a choinneáil gníomhach agus ceangailte le linn na paindéime.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Príomhghné den obair don bhliain 2022 is ea na gnéithe pobail den Phlean nua 6 bliana Geilleagrach & Pobail 2022-2028 a fhorbairt trí chainteanna spriocdhírithe leis an LCDC agus struchtúir idirghníomhaireachta eile, agus trí phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin phoiblí. Cuirfear san áireamh sa chéim tosaigh den phróiseas seo athbhreithniú maidir le torthaí ón LECP 2016-2022 d'fhonn na príomhéachtaí, easnaimh agus tosaíochtaí a aithint don todhchaí.

## CLÁR AOISBHÁÚIL

Tá an Comhaontas Aoisbhá do Chathair agus Contae na Gaillimhe comhdhéanta de ghníomhaireachtaí barrthábhachtacha a gcuirtear de chúram orthu gnéithe den Straitéis Aoisbháúil a chur ar fáil leis an sprioc dheiridh Gaillimh bheith ina "háit iontach le dul in aois". Ar fheitheamh an LECP a athbhreithniú agus a fhorbairt, tá an Comhaontas chun Plean Oibre comhaontaithe a chur i bhfeidhm don Chlár Aoisbháúil agus is iad cuid de na príomhéachtaí a baineadh amach in 2021 ná:

- Béim a leagan ar bhonn leanúnach i ngach scéim chun rochtain agus sábháilteacht saoráidí pobail a fheabhsú.

- Nuashonruithe sa tionscadal Píolótach Tithe Sláintiúla agus próisis ghaolmhara maidir le tarchuir lena chinntiú go mbeadh gach ball den Chomhaontas Aoisbhá ar an eolas faoi chomhoibriú a d'fhéadfaí a dhéanamh leis an tionscadal.

- Fócas leanúnach faoi SICAP maidir le tionscnaimh a chur ar bun chun dul i ngleic le haonrú sóisialta agus uaigneas trí Thionscnaimh Chairdis, agus sábháilteacht a fheabhsú trí thionscnaimh ar nós Teachtaireacht i mBuidéal, Cláir Cheardaithe Iontaofa, etc.

- Béim a leagan ar scéimeanna deontais mionscála ionas go mbeifear in ann imeachtaí a reáchtáil ag an leibhéal áitiúil chun Bealtaine, Seachtain an Aosaithe Dhearfaigh, an tSeachtain um Ionchuimsiú Sóisialta, etc. a cheiliúradh, chomh maith le tionscadail shuaitheanta ar nós an taispeántas Laochra Áitiúla in Ionad na Faiche Móire le linn Sheachtain an Aosaithe Dhearfaigh ina gcuirtear beathaisnéisí 27 Duine Aosta ó thimpeall na Cathrach agus an Chontae os comhair an phobail.

- Baineadh amach comhaontú maidir le Comhairle na Seanóirí a athstruchtúrú ina struchtúir ar leith don Chathair agus don Chontae, d'fhonn uimhreacha agus cumhacht ionadaíochta ó gach cearn den Chontae a mhéadú, agus cuirfear an próiseas seo i gcrích faoi dheireadh na bliana.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Príomhréimse oibre don bhliain 2022 is ea Coiste Idir-Rannach a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar gach gné a bhaineann le Contae aoisbháúil lena n-áirítear oibreacha réimse poiblí, taisteal gníomhach, tithíocht, leabharlanna agus gníomhaíochtaí aoisbháúla agus scéimeanna deontais mhionscála chun rannpháirtíocht shóisialta a chur chun cinn.

- I ndiaidh Comhairle na Seanóirí a bhunú agus a oiliúint, cuirfear tús le hobair chun struchtúr a chomhaontú maidir le faisnéis a chur ar fáil faoi Ghníomhaíochtaí agus Seirbhísí tríd an Eolaire ar na Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta a athstruchtúrú, agus cuirfear é sin i gcrích trí Ghrúpa Oibre ina gcuimsítear baill eile den Chomhaontas a bhfuil ról lárnach acu maidir le faisnéis a chur ar fáil faoi sheirbhísí, deiseanna oibriú go deonach, etc.

## COMHAIRLE NA NÓG

Is éard atá i gComhairle na nÓg ná Comhairlí Óige do dhaoine faoi bhun 18 d'aois d'fhonn deis a thabhairt dóibh páirt ghlacadh i seirbhísí agus beartais áitiúla a fhorbairt agus 'guth a thabhairt dóibh' maidir le ceisteanna a théann i gcion orthu. Tá Comhairle na nÓg á chomhordú ag Obair d'Ógra Éireann agus déanann Comhairle Chontae na Gaillimhe maoirseacht ar Ghrúpa Stiúrtha mar aon le nasc a chur ar fáil do chinnteoirí agus comhairliúcháin a théann i gcion ar dhaoine óga. Roinnt de na príomhghníomhaíochta in 2021 ab ea:

- Cuireadh Comhairle na nÓg ar ghearrliosta do Dhámhachtain Chathaoirligh sa Chatagóir Sláinte & Folláine mar gheall ar an obair a rinne siad ar a n-ábhar don bhliain 2020 maidir le Sláinte Intinne, trí shuirbhé a chur i gcrích ar fud na tíre maidir le sláinte intinne daoine óga agus Leabhrán Leideanna Iontacha chun cuidiú le daoine óga aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na paindéime.

- Ina dhiaidh sin, thaifead Comhairle na nÓg fógraí raidió inar tarraingíodh aird ar an tábhacht atá le cainteanna faoi shláinte intinne a normalú agus craolfar iad seo ar stáisiúin raidió áitiúla ón tSeachtain um Shláinte Intinne ar aghaidh chun díriú ar dhaoine fásta, agus déanfar beochan a fhorbairt chun físeáin TikTok a fhorbairt lena ndíriú ar an dream óg.

- Rinne beirt Chomhaltaí den Choiste Comhairle cur i láthair don LCDC maidir le torthaí an tsuirbhé inar tarraingíodh aird ar easnaimh i seirbhísí sláinte intinne agus saoráidí áineasa do dhaoine óga ar fud an Chontae.

- Rinne Comhaltaí na Comhairle obair ar a n-ábhar don bliain 2021 "Body Positivity and Self-Confidence" trí dhul i dteagmháil le gníomhaireachtaí ábhartha d'fhonn feachtas bolscaireacht a reáchtáil ar na meáin shóisialta.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Faigheann Comhairle na nÓg maoiniú trí leithdháileadh €20,000 ó DCEDIY (An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige) agus i ndiaidh Plean Forbartha 5 bliana a fhoilsiú do Chomhairle na nÓg in 2021, tá €5,000 breise in aghaidh na bliana á leithdháileadh chun

rannpháirtíocht le cinnteoirí a mhéadú, agus le daoine óga is annamh a chloistear, trí Phlean Rannpháirtíochta Páirtithe Leasmhara a fhorbairt.

## GRÚPA IDIRGHNÍOMHAIREACHTA DON LUCHT SIÚIL

Is é cuspóir an Ghrúpa Idirghníomhaireachta seo soláthar seirbhísí don Lucht Siúil a fheabhsú ag Leibhéal an Chontae. Cuimsíonn sé eagraíochtaí reachtúla & pobail, comhlachtaí ionadaíochta Lucht Siúil, agus is é an tUasal Niall Crowley a dhéanann cathaoirleacht air ar bhonn neamhspleách. Thionóil an Grúpa 4 chruinniú in 2021 chun forfheidhmiú na Straitéise Náisiúnta maidir le hImeascadh an Lucht Siúil & na Romach (NTRIS) a phlé agus tionscnaimh áitiúla a fhorbairt ar nós:

- Bhí rath ar iarratas ar mhaoiniú do Sheachtain Mhórtais na dTaistealaithe lenar áiríodh foráil do Bhunoiliúint phíolótach ilghníomhaireachta maidir le hinniúlacht chultúir agus dualgas na hearnála poiblí, a dhéanfar a leathadh amach tuilleadh in 2022.
- Chomh maith leis sin, le linn Sheachtain Mhórtais na dTaistealaithe, sheol gach gníomhaireacht ar an TIG Creat Dea-Chleachtais do Chomhlachtaí Poiblí a thugann freagra ar Eitneacht Taistealaithe agus beidh sé sin mar bhonn do thionscnaimh a fhorbrófar laistigh de gach aon Ghníomhaireacht.
- Rinneadh aighneacht thar ceann an TIG ar an Dreachtphlean Forbartha Contae.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Comhaontaíodh Téarmaí Tagartha d'Fhoghrúpa Oideachais chun dul i ngleic le drochrátaí i measc Taistealaithe maidir le hoideachas a chur i gcrích agus measúnú a dhéanamh ar an méid a fhoghlaimíodh ó thionscnaimh áitiúla agus aghaidh a thabhairt orthu, ar nós na dtionscadal STAR agus *Education to Empower* a bhfuiltear á dtabhairt fúthu ag Forbairt Idirchultúrtha agus Taistealaithe an Iarthair agus Gluaiseacht Thaistealaithe na Gaillimhe faoi seach.

## LÍONRA RANNPHÁIRTÍOCHTA POBAIL (PPN)

Faoi láthair, tá 1,081 cláraithe leis an PPN a fhaigheann nuashonruithe rialta maidir le deiseanna maoinithe, comhairliúcháin agus oiliúint agus imeachtaí trí ríomhphost agus nuachtlitreacha míosúla.

### I MEASC PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ NA BLIANA 2021, TÁ:

- Reáchtáladh seisiúin chomhairliúcháin maidir leis an bPlean Forbartha Contae agus maidir le hAthbhreithniú Struchtúrtha PPNanna ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Rinne an Fóram Míchumais aighneacht chuig an gComhchoiste um Cheisteanna Míchumais maidir le forfheidhmiú an UNCRPD (Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta Daoine faoi Mhíchumais).
- Cuireadh próisis toghcháin i gcrích maidir le Poist Ionadaíochta PPN ar an LCDC agus SPC Tithíochta.

- Lean an Fóram Idirchultúir nuachruthaithe de chruinnithe a thionóil chun a Bhunreacht a chomhaontú mar aon le tionscnaimh chun forbairt a dhéanamh ar a ról mar ghuth ionadaíoch, comhchoiteann do leasanna idirchultúir sa Chontae.
- Reáchtáladh sraith cúrsaí oiliúna i rith na bliana lena n-áirítear Cúig Bhealach chun na Folláine, Rannpháirtíocht Polaitíochta Imirceach, Bainistiú Úsáid Talún, Garraíodóireacht Inbhuanaithe, agus oiliúint ghinearálta do gach grúpa maidir le GDPR, tiomsú airgid, Tuarascálacha Bliantúla, Róil & Freagrachtaí Boird, etc.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Chuir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail oiliúint maidir le Ráitis Folláine Pobail ar athlá mar gheall ar an bpaindéim, ach táthar ag súil tús a chur leis arís in 2022 trí Fhís don Chontae ar Fad a fhorbairt do na baill PPN.

- Chomh maith leis sin, leanfaidh an PPN de ghníomhú mar fhóram faisnéise dá Grúpaí Comhalta, trí éascaíocht a dhéanamh ar sheisiúin faisnéise agus trí ghníomhú mar fhóram comhairleach i ndáil le beartas ar nós an LECP nua.

## SCÉIMEANNA TACAÍOCHTA POBAIL AGUS MAOINIÚ UM IONCHUIMSIÚ SÓISIALTA

Trí na Scéimeanna Tacaíochta Pobail leantar de mhaoiniú de bheagnach ceathrú milliún euro a chur ar fáil gach bliain le haghaidh réimse leathan imeachtaí agus tionscadal trína dtacaítear le gníomhaíocht oibrithe deonacha sa phobal, forbairt chultúir agus gheilleagrach agus tairbhí a chur ar fáil don phobal i gcoitinne. In ainneoin tionchar bheith ag COVID-19 ar imeachtaí, fós féin, fuarthas leibhéal ard iarratais do na Scéimeanna Tacaíochta 2021 mar a léirítear thíos:

| | Pobal | Cultúir | Geilleagrach | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| Líon na nIarratas a Fuarthas | 155 | 100 | 52 | 307 |
| Líon na nIarratas ar tugadh Maoiniú ina leith | 88 | 90 | 47 | 225 |

Chomh maith leis na Scéimeanna Tacaíochta Pobail, rinne an Chomhairle sraith scéimeanna maoinithe mionscála a leathadh amach do ghníomhaíochtaí um ionchuimsiú sóisialta a bhain le Lá Náisiúnta Súgartha & an tSeachtain Áineasa, Bealtaine, Seachtain an Aosaithe Dhearfaigh agus an tSeachtain um Ionchuimsiú Sóisialta. Tá próiseas iarratais furasta ag baint leis na deontais mionscála seo atá suas le €400, agus tá siad

dírithe ar an tairbhe a bhaineann le tionscnaimh agus gníomhaíochtaí ionchuimsithe sóisialta a scaipeadh ar fud an Chontae ar fad.

### MOLTAÍ DON BLHIAIN 2022:

- D'fhonn an tairbhe a bhaineann le gníomhaíochtaí ionchuimsithe sóisialta a scaipeadh ar feadh na bliana ar fad, tá sé beartaithe Deontais Gníomhaíochta um Ionchuimsiú Sóisialta a leathadh amach mar scéim maoinithe mionscála ar leith gach bliain in éineacht leis na Scéimeanna Tacaíochta Pobail, ionas go mbeifear in ann díriú ar bhonneagar pobail agus sóisialta a fheabhsú faoin Scéim Tacaíochta Pobail um Fhorbairt Pobail.

## DÁMHACHTAINÍ POBAIL

- Tá Dámhachtainí an Chathaoirligh ina dtionscnamh bliantúil chun aitheantas a thabhairt do thiomantas daoine aonair agus grúpaí a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí pobail agus deonacha gan phá, agus aitheantas a thabhairt don tionchar suntasach atá aige sin ar chaighdeán na beatha ina bpobal féin. Is i mí an Mheithimh 2021 a reáchtáladh Dámhachtainí an Chathaoirligh don bhliain 2020 agus tugadh aitheantas i nGlao an Phobail agus i dtionscnaimh eile d'ionchur suntasach oibrithe deonacha sa phobal ar trí sin a bhí daoine in ann fanacht sábháilte agus folláin ina dteach agus pobal féin le linn dianghlasálacha. Tá na Dámhachtainí Bliantúla ina dtionscnamh comhpháirteach leis an PPN, rinneadh 13 Dámhachtain ar an iomlán ar fud réimse catagóirí.

- Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe 2 iarrthóir isteach le haghaidh Dámhachtainí Mórtais Cheantair Náisiúnta 2021 – is é cuspóir an chomórtais seo aitheantas a thabhairt don obair atá ar bun ag pobail ar fud oileán na hÉireann ar fud réimse catagóirí. Chuaigh Cill Aithnín agus Áth Cinn i mbun an Chomórtais Mórtas Ceantair in 2021 le tacaíocht ón Aonad. Rinne Coiste Forbartha Chill Aithnín cur i láthair faoin Téama maidir le hAcmhainneacht Pobail, inar tarraingíodh aird ar fhreagra comhordaithe Chill Aithnín i leith na Paindéime Covid 19. Rinne baill de chuid an Tionscadail "The Headford Lace" cur i láthair faoin Téarma maidir le hÁit Chruthaitheach, inar tarraingíodh aird ar an obair a rinne siad chun oidhreacht lásadóireachta Áth Cinn a athbheochan agus a athshamhlú.

- Cé gur cuireadh Comórtas na mBailte Slachtmhara ar ceal sa bhliain 2020 den chéad uair le 60 bliain anuas, cuireadh é ar bun arís in 2021 i leagan amach ar líne, agus tugadh tacaíocht dár nGrúpaí áitiúla iarratas a dhéanamh ar líne agus an fhaisnéis ar fad a chur ar fáil atá ag teastáil chun tacú leis an bpróiseas moltóireachta ar líne. In ainneoin na ndúshlán sin, agus in ainneoin na ndeacrachtaí a bhí i gceist le hoibreacha a chur i gcrích le linn na srianta, chuaigh 42 Grúpa isteach sa Chomórtas Náisiúnta in 2021 agus táthar ag súil leis na torthaí i lár mhí na Samhna. Úsáideadh an buiséad do Chomórtas na mBailte Slachtmhara chun tacú le Grúpaí díriú ar réadmhaoine tréigthe agus folmha mar chuid den Scéim Feabhsaithe Sráid-Dreacha, agus chun tionscadail phíolótacha a chur i gcrích ar nós an tionscadal Ealaíne Sráide i nGleann na Madadh agus tionscnaimh eile chun cur le luach na dtionscadal maoinithe reatha.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Leanfar den obair chun uainiú do Dhámhachtainí áitiúla a chuíchóiriú ionas go dtiocfaidh siad le próisis náisiúnta Dámhachtana.
- Leanfar de thacaíochtaí agus oiliúint spriocdhírithe a chur ar fáil do Grúpaí Bailte Slachtmhara ionas go mbeidh siad ina ann leanúint dá marcanna a fheabhsú sa Chomórtas Náisiúnta, mar aon le tionscadail phíolótacha a chur i gcrích atá dírithe go sonrach ar thionscnaimh plandaithe inbhuanaithe i láir bhailte.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍON & CULTÚIR A CHUR CHUN CINN AGUS A FHORBAIRT

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA DON BHLIAIN 2021:

- Deontais Ealaíon: Rinne an Oifig Ealaíon deontais ealaíon do ghrúpaí agus eagraíochtaí deonacha a riar, a bhreithniú agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh chun tabhairt faoi fhorbairt na nEalaíon sa Chontae tríd an Scéim Tacaíochta Pobail (Cultúr) 2021.
- Comhairle agus Abhcóideacht: Cuireadh faisnéis agus comhairle ghairmiúil maidir leis na healaíona ar fáil ar bhonn leanúnach do ghrúpaí pobail, ealaíontóirí agus eagraíochtaí sa chontae. Déantar deiseanna forbartha gairmiúla leanúnacha atá curtha ar fáil a phleanáil i gcomhar le ITI, VAI, Tulca, ISACS agus Create.
- Ealaín Phoiblí: Grúpa Bainistíochta um Ealaín Phoiblí a chur ar bun chun maoirseacht a dhéanamh ar an gclár Ealaíne Poiblí.
- Sparánachtaí d’Ealaíontóirí: Cuireadh sparánachtaí ar fáil d’Ealaíontóirí chun saothar a fhorbairt agus barr fheabhais agus mionchúis a chinntiú ar phainéil phiarmheasúnaithe maidir leis na dámhachtainí ar fad.
- Gníomhairí Athraithe: Leanadh d’obair a dhéanamh leis an líonra féilte agus táirgeoirí seo chun cumas agus comhroinnt acmhainní a fhorbairt. Taibhithe Coimisiúnaithe
- I measc na gCónaitheachtaí Ealaíontóirí dár tugadh tacaíocht in 2021, bhí: Áras Éanna, Ionad Tyrone Guthrie agus Cultural Centre Irlandais, Páras, agus Interface Inagh Valley agus Gairdín Bhríde le bheith ar roinnt de na cónaitheachtaí agus láithreacha áitiúla ealaíon.
- Ardán 31: - Thacaigh Oifig Ealaíon Chontae na Gaillimhe le ealaíontóir amháin atá lonnaithe i gContae na Gaillimhe maidir leis an scéim náisiúnta forbartha ealaíontóra seo atá faoi stiúir na 31 ealaíontóirí Aonair áitiúla, féilte sa chontae agus seirbhís chomhairleach chun dul in oiriúint do shrianta Covid-19. Roghnaigh painéal náisiúnta Alannah Robbins le bheith mar Ealaíontóir Chontae na Gaillimhe agus

fuair sí sparánacht €8,000 chun infheistíocht a dhéanamh ina cleachtas, chomh maith le páirt a ghlacadh i líonra comhairleach agus forbartha agus i líonra náisiúnta piara.

- Féile Leabhar do Leanaí Book It: Pleanáladh an fhéile Leabhar do Leanaí i gcomhar leis an tseirbhís leabharlainne.
- Ealaíontóirí i Scoileanna: Cruthaíodh roinnt tionscadal scoile le healaíontóirí chun cláir dhoimhne a chur ar fáil i scoileanna i ndiaidh na dianghlasála.
- Clár Cruthaitheachta óige le Macnas & Sorcas Pobail na Gaillimhe in 2021 le ceardlanna ar siúl i bhfómhar na bliana 2021 agus féidearthacht chun taibhiú beo a dhéanamh lasmuigh in 2022.
- Oibriú i gcomhpháirt le Music Generation Chontae na Gaillimhe chun tacú le Clár Oideachais Cheoil i gcomhar le GRETB.
- Cláir Ealaíon don Óige: leanúint de chlár tacaíochtaí a chur ar fáil do leanaí agus daoine óga i gcomhar lenár gcomhpháirtithe gairmiúla: Féile Idirnáisiúnta Ealaíon do Leanaí Baboró, Branar Amharclann do Pháistí, Tulca, Cónaitheacht Cheoil na Gaillimhe, Fleadh Scannánaíochta Sóisearaí na Gaillimhe agus Ionad Scannánaíochta na Gaillimhe a chuireann seónna i láthair agus a théann ar camchuairt ar fud na tíre.
- Saothair Nua a Choimisiúnú do Lucht Spéise Níos Aosta i dtimpeallachtaí tuaithe nó iargúlta: Cruthaitheacht agus cion tairbhe daoine níos sine i gcontae na Gaillimhe a ghabháil trí dhá choimisiún d'ealaíontóirí atá oscailte do gach foirm ealaíne.
- Athbhreithniú agus Comhairliúchán maidir leis na hEalaíona agus Míchumas: Táthar i mbun oibre lenár gcomhpháirtithe, Blue Teapot Theatre Company maidir le tionscadal amharclainne agus scannánaíochta sa Chontae le roinnt dá baill ID. Cuireadh tús le próiseas comhairliúcháin sa chontae arna éascú ag Blue Teapot chun breithniú a dhéanamh ar sholáthairtí agus deiseanna ealaíon d'ealaíontóirí faoi mhíchumas agus do dhaoine atá ag maireachtáil lasmuigh de chúram agus earnálacha tacaithe. Faoi láthair, táthar i mbun taighde a dhéanamh ar dheiseanna maidir le cur chuige comhtháite d'Ealaíontóirí ID agus ealaíontóirí neamh-ID chun oibriú i gcomhar lena chéile.
- Áiteanna Cruthaitheachta Tuama: Lean an Oifig Ealaíne de thacú leis an tionscadal seo agus cláir a fhorbairt i gcomhar le Create in Tuam.
- Oíche Chultúir 2021: Cuireadh clár imeachtaí rathúil ar fáil d'Oíche Chultúir 2021 chun go leor coimisiúin nua a chur san áireamh agus ba ar líne agus as líne a reáchtáladh imeachtaí.
- An Coimisiún maidir leis an gClár Éagsúlachta Cultúir: Rinneadh obair i gcomhar le Fóram Idirchultúir Chontae na Gaillimhe a cruthaíodh le gairid chun leas a bhaint as daoine a bhfuil saineolas speisialtóra ealaíon acu chun oibriú le grúpaí agus daoine aonair nach raibh teacht acu ar chláir ealaíon go dtí seo agus aighneachtaí ó ealaíontóirí ó chúlraí agus eispéiris chultúir éagsúla a spreagadh chun tionscadail a chur ar fáil ina bpobal féin.
- Tugadh tacaíocht d'Áras Éanna (Ionad Ealaíon in Inis Oírr).

- Clár Éire Ildánach Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Rinneadh an Clár Éire Ildánach 2021 a stiúradh, a bhainistiú agus a reáchtáil agus rinneadh Cruinniú na nÓg 2021 a léiriú agus a phleanáil go díreach (lá náisiúnta cruthaitheachta do leanaí) i gContae na Gaillimhe.

- Scéim Taibhithe Beo Áitiúil: Rinneadh Ceol an tSamhraidh a leagan amach, a léiriú agus a chur ar fáil; ar sraith imeachtaí beo ceoil atá ann chun tacú leis an earnáil siamsaíochta beo i gContae na Gaillimhe ó Lúnasa go Deireadh Fómhair 2021 i gcomhar leis an Oifig Turasóireachta.

- Erasmus+: Ghlac Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe páirt sa chlár Culture UP mar chuid den tionscadal Erasmus +. Tá sé i gceist leis an gclár forbartha acmhainne seo le hInstitiúidí Cultúir agus Údaráis Áitiúla i gceantair neamhuirbeacha agus imeallacha eolas a cleachtais maidir le forbairt chultúir a chomhroinnt agus a mhalartú ar fud na hearnála poiblí, príobháidí agus sibhialta i gcúig cheantar neamhuirbeacha agus imeallacha Eorpacha. Is é an sprioc atá leis éascaíocht a dhéanamh ar dheiseanna foghlama chun institiúidí cultúir agus údaráis áitiúla i gceantair thuaithe a uasoiliúint, a spreagadh agus a ghríosú chun a n-acmhainn a fhorbairt ar mhaithe lena bpobal áitiúil. Leanfar de seo i dtreo na bliana 2022.

- Scéim um Líon Foirne Speisialtóra: Fostaíodh Oifigeach Ealaíon Cúnta ar chonradh trí bliana le tacaíocht ó Scéim um Líon Foirne Speisialtóra na Comhairle Ealaíon chun tacú leis an Oifig Ealaíon chun cláir ealaíon óige, féilte agus ealaíon pobail a chur ar fáil.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ ATÁ MOLTA DON BHLIAIN 2022:

- Deontais Ealaíon: Tá an Oifig Ealaíon chun deontais ealaíon do ghrúpaí agus eagraíochtaí deonacha a reáchtáil, a bhreithniú agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh chun tabhairt faoi fhorbairt na nEalaíon sa Chontae tríd an Scéim Tacaíochta Pobail (Cultúr) 2022.

- Faisnéis agus comhairle ghairmiúil maidir leis na healaíona a chur ar fáil ar bhonn leanúnach do ghrúpaí pobail. Clár maidir le Saothar Ealaíon Poiblí a fhorbairt tríd an ngrúpa Bainistíochta um Ealaín Phoiblí.

- Bunachar sonraí nua a chruthú d'ealaíontóirí & beidh tionscadal líonraithe d'ealaíontóirí curtha ar bun chun deiseanna do chleachtóirí atá ag maireachtáil agus ag obair i gContae na Gaillimhe a bhailiú agus a chur in iúl.

- Ardán 31: I ndiaidh clár píolótach rathúil a reáchtáil, tacóimid leis an dara Ardán 31 ina gcuirfear sparánacht agus deis náisiúnta líonra ar fáil d'ealaíontóir amháin atá lonnaithe i gContae na Gaillimhe in 2022.

- Sparánacht um Léiriú Fíorúil: Tacóidh an Oifig Ealaíon, i gcomhar le hIonad Scannánaíochta na Gaillimhe le Sparánacht um Léiriú Fíorúil trína gcuirtear deis ollmhór ar fáil d'ealaíontóirí a dhéanann speisialtóireacht i meáin eile oiliúint a fháil sa scannánóireacht. Tá Léiriú Fíorúil ina mhodh léirithe nua

a dteastaíonn rannpháirtíocht ealaíontóirí ina leith a bhfuil scileanna acu i múnlú 3D, grianghrafadóireacht dhigiteach agus fótagraiméadracht

- Sparánachtaí d'Ealaíontóirí: Sparánachtaí a chur ar fáil d'Ealaíontóirí chun saothar a fhorbairt agus barr fheabhais agus mionchúis a chinntiú ar phainéil piarmheasúnaithe maidir leis na dámhachtainí ar fad.
- I measc na gConaitheachtaí Ealaíontóra dá dtabharfar tacaíocht in 2022, tá: Áras Éanna, Ionad Tyrone Guthrie agus Cultural Centre Irlandais, Páras agus Interface Inagh Valley.

- Féile Book It 2022; leanúint de phleanáil a dhéanamh le linn mhí Dheireadh Fómhair 2022, agus scríbhneoirí agus imeachtaí léitheoireachta á dtabhairt chuig scoileanna agus leabharlanna ar fud an chontae.

- Ealaíontóirí i Scoileanna- deis chun cónaitheachtaí ealaíontóirí i scoileanna a thairiscint do sé scoil in 2022.

- Clár Cruthaitheachta Óige – ag obair le Sorcas Pobail na Gaillimhe, Macnas agus ceannasaithe taibhithe Ceoil Bheo chun tacú le deiseanna taibhithe d'Ealaíontóirí óga Chlár Éire Ildánach Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2022: Clár Éire Ildánach, Sparánachtaí Éire Ildánach 2022 a stiúradh, a bhainistiú agus a riar agus rinneadh Cruinniú na nÓg 2022 (lá náisiúnta cruthaitheachta do leanaí) a léiriú go díreach agus a phleanáil i gContae na Gaillimhe.

- Erasmus+ Culture Up: Glacfaidh Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Áras Éanna páirt i gcuairteanna malartaithe a thabhairt ar chomhpháirtithe agus déanfar óstáil ar chuairt ó na comhpháirtithe i gContae na Gaillimhe i mí Dheireadh Fómhair 2022.

- Ciste a chur ar fáil agus a phleanáil chun tacú le tosaíochtaí cruthaitheachta sa réimse maidir leis na hEalaíona & Míchumas; trí oibriú le heagraíochtaí agus daoine aonair a bhfuil saineolas acu chun clár níos fairsinge agus níos cuimsithí a chinntiú i gContae na Gaillimhe d'ealaíontóirí agus daoine atá faoi mhíchumais intleachta agus fisiceach.

- Tionscadail maidir leis na hEalaíona agus Míchumas: Ceolfhoireann Whistleblast; tacú leis an léiriú atá lonnaithe i nGaillimh. Molann an Ceathairéad WhistleBlast tionscadal a stiúradh ina ndéanfaidh daoine óga a bhfuil míchumas orthu ceoldráma a chumadh agus a thaibhiú i gcomhar leis an gCeathairéad, Electric Orchestra, ar grúpa de cheathrar atá ann ó Chontae na Gaillimhe atá faoi mhíchumas, agus mic léinn ó Cheol-Acadamh Ríoga na hÉireann.

- Arts in Older Years: Cruthaitheacht agus cion tairbhe daoine níos sine i gcontae na Gaillimhe a ghabháil trí choimisiún d'ealaíontóirí ar fud réimse foirmeacha ealaíne agus dul i dteagmháil le heagraíochtaí ar nós Aostacht & Deiseanna, Aoisghníomhaíocht agus Comhairle Seanóirí na Gaillimhe.

- Féilte: Táimid ar thús cadhnaíochta maidir le féilte agus imeachtaí a chur ar fáil agus tacú leo chun eispéiris ealaíon ardchaighdeáin a phleanáil & a choimisiúnú chun feabhas agus beocht a chur ina bpobal agus féilte. Tacaíocht a thabhairt go díreach chuig clár forbartha acmhainne chun riarthóir féile píolótaí a chur san áireamh le haghaidh dhá fhéile atá faoi stiúir oibrithe deonacha - Traidphicnic agus Shorelines Arts Festival agus Féile Ealaíon an Chlocháin.

- Tacú le Féile Fit up Oirthear na Gaillimhe (Foireann na Féile Trí Fháinne) in 2022 maidir le clár 3 seachtaine, agus forbairt á déanamh ar a chéad fhéile seachtain amháin in 2021.

- Tacú leis an Tionscadal um Chuireadh chun Comhoibrithe le Comhairle Contae an Chláir chun tacú le cónaitheacht ceithre seachtaine agus léiriú de House with Fidget Feet i gcomhar le Féile Ealaíon Órán Mór i mí na Bealtaine 2022.

- Oibriú go díreach le hÁiteanna Cruthaitheacha Thuama chun maoiniú a chur ar fáil do thionscadail faoi stiúir an phobail i dTuaim.
- Leanúint d’obair a dhéanamh le Cuirt chun clár a fhorbairt sa chontae le baill an fhóraim idirchultúir chun obair a phleanáil don fhéile don bhliain 2022.
- Oibriú go díreach le hIonad Scannánaíochta na Gaillimhe /cathair Scannánaíochta UNESCO maidir leis an sparánacht Misleór: Ar tionscnamh nua atá ann chun tacaíocht dhíreach a thabhairt do ghuthanna éagsúla i nGaillimh.
- Tacaíocht a thabhairt d’Áras Éanna (Ionad Ealaíon in Inis Oírr).
- Ealaín Phoiblí: Leanúint de chlár de Shaothar Ealaíne Poiblí a fhorbairt tríd an ngrúpa Bainistíochta um Ealaín Phoiblí.
- Oíche Chultúir 2022. Leanúint d’infheistíocht a dhéanamh i gCláir na hOíche Cultúir agus deiseanna ar fáil chun saothar nua a choimisiúnú agus oibriú le pobail nua.

## COMHPHÁIRTÍOCHT ÁITIÚIL SPÓIRT

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA DON BHLIAIN 2021:

- Aimsíodh agus fuarthas maoiniú ó Spórt Éireann, Cuntais Dhíomhaoine, HSE, Údaráis Áitiúla, An Ghníomhaireacht Náisiúnta Iompair, Gaillimh Sláintiúil i measc comhlachtaí eile chun cláir maidir le spórt agus gníomhaíocht fhisiceach a chur ar fáil do na spriocghrúpaí ar fad i nGaillimh.

- Rinneadh tionscnaimh don chuid is mó den bhliain 2021 a sheachadadh go fíorúil trí dhoiciméid ar líne nó doiciméid a cuireadh ar fáil de láimh d'fhonn tacú le gníomhaíocht fhisiceach agus fanacht gníomhach a spreagadh.

- Fuarthas triúr baill foirne eile – beirt oifigigh forbartha spóirt pobail agus oifigeach amháin um ionchuimsiú míchumais chun oibriú i ndlúthchomhar le clubanna, grúpaí pobail agus an pobal i gcoitinne maidir le cláir páirtíochta agus rannpháirtíochta.

- Fuarthas maoiniú le haghaidh maoiniú acmhainneachta Covid-19 (€180,000) ó Spórt Éireann do chlubanna agus grúpaí ar fud na Gaillimhe inar tacaíodh le héifeacht covid-19 ar spórt agus gníomhaíocht fhisiceach.

- Moil Spóirt Pobail- Oileáin – fuarthas maoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin chun mol spóirt pobail nua a chur ar fáil. Áireofar leis an tionscadal 5 bliana seo fostaíocht do chónaitheoir áitiúil amháin ar an oileán. Cuireadh moill ar an tionscadal mar thoradh ar an bpaindéim agus cuirfear tús leis in 2022.

- Uirbeach Lasmuigh – fuarthas maoiniú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin chun tacú le tionscnamh nua i dTuaim ina gcuirfear tús le béim maidir le gníomhaíocht lasmuigh 2022. Áireofar leis an tionscadal 2 bhliain seo fostaíocht do chónaitheoir áitiúil amháin.

    - Aosaigh níos sine – ióga cathaoireach, aclaíocht chathaoireach, leabhráin maidir le haclaíocht, cuairteanna chuig tithe altranais, snámh, soghluaiseacht, S&C do Chispheil Mháistrí

    - Áiríodh leis na Cláir Ghinearálta ar líne ióga gach maidin Dé Sathairn, pilates, ranganna aclaíochta, tai chi, rince

- ○Áiríodh le cláir folláine machnamh, aireachas, machnamh faoi threoir, seimineáir ghréasáin maidir le sláinte intinne
- ○5 x Dr Eddie Seimineár Gréasáin inar díríodh ar thacú le sláinte intinne daoine agus breis is 3000 duine cláraithe chun freastal

- Cláir Oiliúna curtha ar fáil – Cosaint 1, 2 agus 3, Garchabhair, Oiliúint Rothaíochta, Oiliúint um Ionchuimsiú Míchumais, Oiliúint ar Fheasacht Mhíchumais, Ceardlanna maidir le Leanaí a Chóitseáil
- Cuireadh cláir a bhain go sonrach le míchumas ar fáil – boccia, peil siúil, rothaíocht a fhoghlaim, Boccia ag leanúint ar aghaidh, an clár rothaíocht a fhoghlaim á chur ar fáil i Scoil Náisiúnta Toirbhearta.
- Cuireadh Marathon Kids Ireland in aithne do breis agus 1500 leanbh ina gcuirfidh siad maratón i gcrích le linn tréimhse 8 seachtaine, agus foghlaimeoidh siad faoi shláinte, folláine agus cothú. Is é Gaillimh an chéad Údarás Áitiúil lasmuigh de Bhaile Átha Cliath chun an clár seo a chur ar fáil
- Rinneadh cruinnithe de Ghrúpa Stiúrtha GSP agus grúpaí oibre ábhartha a eagrú agus a éascú le linn na bliana 2021
- Rinneadh iarratas ar mhaoiniú agus fuarthas maoiniú ón nGníomhaireacht Náisiúnta Iompair chun imeachtaí agus cláir a chur ar fáil do Bike Week 2021. Reáchtáladh 8 ar an iomlán sa chontae mar chuid de Bike Week a cheiliúradh ina raibh 569 duine fásta agus leanbh páirteach.
- Rinneadh cláir gníomhaíochtaí fisicí a eagrú agus a chur ar fáil d'aosaigh níos sine mar chuid den fhéile Bealtaine 2021. Priontáladh agus dáileadh bileoga aclaíochta d'aosaigh níos sine ar fud an chontae.
- Fuarthas infheistíocht bhreise do threalamh míchumais ar nós cathaoireacha cumhachta, rothair tandaim
- Glacadh an Cód Rialachais do Spórt agus an 5ú Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt sa tír chun sin a dhéanamh. Úsáidtear doiciméid na Gaillimhe mar shamplaí den dea-chleachtas

## TOGRAÍ DO 2022:

- Iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú CORE ó Spórt Éireann agus an maoiniú sin a fháil chun airgead a chur ar fáil d'oibríochtaí ginearálta Chomhpháirtíocht Spóirt na Gaillimhe don bhliain 2022.

- Maoiniú faighte ó chistí na gCuntas Díomhaoin chun Mol Spóirt Pobail a chur ar fáil i mBéal Átha na Sluaighe agus i láthair amháin eile, Tionscnaimh Gníomhaíochtaí Lasmuigh Uirbeacha i dTuaim agus maoiniú do thrí chlár eile ar fud na Gaillimhe in 2022- Ceannaireacht Óige, oiliúint d'Oibrithe Deonacha agus gníomhaíocht do dhaoine faoi Mhíchumas.

- Siúlóid Operation Transformation do Dhúshlán Dé Céadaoin a chur ar fáil do níos mó cónaitheoirí ná riamh agus tús a chur le 2022 agus béim á leagan ar shláinte agus folláine

- Clár píolótach um painéal Cailíní a chur ar fáil ina ndírítear ar thuiscint a fháil ar na bacainní atá roimh cailíní sna déaga ó gach cúlra éagsúil ar fad bheith rannpháirteach

- Scoileanna Spóirt a fhorbairt chun tionchar a imirt ar scoileanna DEIS agus gníomhaíochtaí níos fisicí a thabhairt isteach sa réigiún

- Clár píolótach a chur ar fáil i mBéal Átha na Sluaighe chun tacú le spórt agus gníomhaíocht fhisiceach a imeascadh sa réigiún agus tacú le hacmhainn clubanna agus grúpaí a fhorbairt

- Iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú , agus maoiniú a fháil ó HSE chun cláir siúil , cláir snámha, cláir Men on the Move agus cláir Couch 2 5K a chur ar fáil ar fud na Gaillimhe, cláir aonraithe sóisialta, cláir nasctha pobail agus cláir oideachais agus oiliúna a chur ar fáil do dhaoine den Lucht Siúil

- Réimse éagsúil clár a thabhairt isteach ina ndírítear ar mhná agus cailíní, aosaigh níos sine, daoine faoi mhíchumas, daoine den lucht siúil, fir 45+ i measc go leor daoine eile

- Bunú Grúpaí Nasctha Spóirt a chur i gcrích trí PPN an Chontae.

- Cláir Oiliúna a chur ar fáil – Cosaint 1, 2 agus 3, Ceannaire Gníomhaíochtaí, Garchabhair, SAQ, Ceannaire Siúlóidí, Oiliúint Rothaíochta, Oiliúint um Ionchuimsiú Míchumais, Oiliúint ar Fheasacht Mhíchumais, Ceardlanna maidir le Leanaí a Chóitseáil, Dámhachtain Ceannaire Spóirt do Dhaltaí TY.

- Iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú, agus maoiniú a fháil ón nGníomhaireacht Náisiúnta Iompair chun imeachtaí agus cláir a chur ar fáil do Bike Week 2022.

- Cláir maidir le gníomhaíocht fhisiceach a eagrú agus a chur ar fáil d'aosaigh níos sine mar chuid den fhéile Bealtaine 2022.

- Comhlíonadh an Chóid Rialachais maidir le Spórt a choinneáil ar bun

- Plean rannpháirtíocht a chur ar fáil de réir mar a leagadh amach i dtús na bliana 2021 don tréimhse 2021 go dtí 2022 ina ndírítear ar thorthaí dearfacha sna grúpaí agus na ceantair thuaithe is mó faoi mhíbhuntáiste. Níos mó cláir a chur ar fáil trí Ghaeilge i réigiúin Ghaeltachta

Leanúint d'ionadaíocht a dhéanamh ar chomhaontais ar nós grúpaí d'Aosaigh Níos Sine, Grúpaí Míchumais, grúpaí Beartais Náisiúnta, grúpaí oibre, gluaiseachtaí Lucht Siúil na Gaillimhe agus tacaíocht a thabhairt dóibh agus tacú leo.

## AONAD FIONTRAÍOCHTA ÁITIÚIL (LEO)

Achtaíodh an Bille um Boird Fiontar Contae (Díscaoileadh) 2013, agus díscaoileadh na Boird Fiontar Contae an 14 Aibreán 2014 agus cuireadh na hOifigí Fiontair Áitiúil (LEOnna) ar bun ina n-áit. Ar an 15 Aibreán 2014, chuir LEO na Gaillimhe tús le hoibríochtaí laistigh de struchtúr Údarás Áitiúil Chontae na Gaillimhe (mar Phríomhúdarás do Chontae & Cathair na Gaillimhe) faoi Chomhaontú Seirbhíse (féach achoimre in Aguisín A) idir an tÚdarás Áitiúil agus Fiontraíocht Éireann.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA SA BHLIAIN 2021:

- Ionad Ilfhreastail den scoth agus éifeachtach a chur ar fáil do ghnónna i gContae agus i gCathair na Gaillimhe
- Tacaíochtaí Covid -19 a chur ar fáil de réir orduithe an Rialtais. Ina measc sin, bhí Dearbháin Leanúnachais Ghnó, Dearbháin um Thrádáil ar Líne, tacaíocht mhaoinithe Micriasacht, tacaíocht Mheantóireachta agus chomhairleach.
- Na Tionscnaimh Green for Micro agus Lean for Micro a chur ar fáil.
- Tacaíochtaí i ndáil le Brexit a chur ar fáil do chliaint (oiliúint chustaim, meantóireacht maidir le costais a laghdú, margadh nua a fhorbairt etc.) agus imeachtaí feasachta a bhainistiú
- Feasacht a ardú maidir le seirbhísí LEO atá ar fáil do ghnónna go háitiúil agus go náisiúnta agus cúnamh a thabhairt chun caidreamh idir gnónna agus na soláthraithe seirbhíse seo a fhorbairt.
- Sraith tacaíochtaí agus seirbhísí um fhorbairt acmhainne a chur ar fáil ina gcuirtear le luach gnónna agus ina gcuirtear tairbhí ar fáil dóibh.
- Tacú le fostaíocht a chruthú sa chontae trí infheistíocht a dhéanamh i ngnónna incháilithe.
- Tacú le forbairt gheilleagrach atá dírithe ar phoist a chruthú sa chontae agus sa réigiún.
- Dul i dteagmháil le comhpháirtithe ag an leibhéal áitiúil agus náisiúnta chun cruthú fiontraíochta agus tionscnaimh tacaíochta a leagan amach agus a chur ar fáil.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Tacaíocht a chur ar fáil maidir le tionchar Brexit ar chliaint (oiliúint, meantóireacht, cláir laghdaithe costais, margadh nua a fhorbairt etc.)
- Tacaíochtaí gnó leanúnacha maidir le Covid-19
- Soláthar Faisnéise – Ionad Ilfhreastail agus imeachtaí for-rochtana (4)
- Comhairle, Meantóireacht & Líonrú Gnó
- Cláir forbartha bainistíochta, forbartha Earnála
- Oiliúint, ceardlanna
- Maoiniú (díreach – incháilitheacht theoranta, indíreach – trí Mhicrea-Airgeadas Éireann)
- Na Tionscnaimh Green for Micro agus Lean for Micro a chur ar fáil.

- Maoiniú Taighde agus Forbartha a chur ar fáil d'earnálacha ardacmhainne
- Rannpháirtíocht cliant in imeachtaí Náisiúnta
- An Mol Bia Nuálaí Bia a chur ar fáil agus plean maidir le rannpháirtíocht cliant a fhorbairt in 2022.
- 

## AN TAONAD BONNEAGAIR & OIBRÍOCHTAÍ

## RANNÓG B - BÓITHRE, IOMPAR AGUS SÁBHÁILTEACHT

Níl aon fhógra faighte fós faoi dheontais do 2022 ó Bhonneagar Iompair Éireann (TII) ná ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt (DTTS). Dá bhrí sin, tá na figiúirí atá áirithe sa bhuiséad do 2022 ar aon dul le leithdháileadh deontais 2021. Roinntear leithdháilte deontais bóithre ar fud an Cheantair Bhardasaigh bunaithe ar an KM de bhóthar taobh istigh den cheantar agus ar aon dul leis an gClár Oibreacha Bóthair 3 bliana.

| Achair Bóthair in aghaidh an CB | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ceantar Bardasach** | **Mótarbhealach** | **Príomhbhóthar Náisiúnta** | **Bóthar Náisiúnta den Dara Grád** | **Réigiúnach** | **Áitiúil** |
| **Baile Átha an Rí/Órán Mór** | 31.82 | 2.17 | 29.86 | 86.15 | 555.40 |
| **Béal Átha na Sluaighe** | 16.85 | 0.00 | 30.13 | 218.37 | 1350.98 |
| **Conamara** | 0.00 | 0.00 | 109.60 | 229.40 | 1142.68 |
| **Baile Locha Riach** | 51.26 | 0.00 | 60.34 | 271.68 | 1626.50 |
| **Tuaim** | 14.15 | 20.95 | 61.41 | 94.06 | 937.44 |
| **Iomlán** | **114.08** | **23.12** | **291.34** | **899.66** | **5613.00** |

## COTHABHÁIL AGUS OBAIR FHEABHSÚACHÁIN AR BHÓITHRE NÁISIÚNTA

## BÓITHRE NÁISIÚNTA - GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021

Cuireadh maoiniú ar fáil i rith na bliana 2021 chun freastal do thabhairt chun cinn agus do thabhairt i gcrích ghné na mBealaí Móra Idiruirbeacha. Oifig Thionscadail na mBóithre Náisiúnta atá i mbun bainistíochta ar na mórthionscadail seo a leanas agus faightear ar ais iomlán an chostais a ghabhann leis an gclár oibre seo ó Bhonneagar Iompair Éireann.

| **Bóthar Náisiúnta Uimh.** | **Réimse Bóthair** |
|---|---|
| N6 | Cuarbhóthar Chathair na Gaillimhe |
| N59 | An Clochán go dtí An Teach Dóite |
| N59 | Seachbhóthar Mhaigh Cuilinn |
| N67 | Athailíniú Bhaile an Doirín go Cinn Mhara |
| N59 | An Teach Dóite/ Uachtar Ard |
| N63 | Athailíniú na Leasa go dtí an Mhainistir |
| N17 | Ailíniú Bhaile an Mhuilinn go Gort na Gonaide |
| N84 | Teorainn na Cathrach go Cluain Bú |
| NCN | Rotharbhealach ó Ghaillimh go Baile Átha Luain |
| | Glasbhealach ó Ghaillimh go dtí an Clochán |

- Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe - Dhún an Bord Pleanála an Éisteacht ó Bhéal ar an 4 Samhain 2020. Táthar ag súil cinneadh a fháil ón mBord Pleanála faoin 19 Samhain 2021 (HA07.302848)
- Athailíniú ar an N67 Baile an Doirín go Cinn Mhara – Tugadh na hoibreacha tógála ar Athailíniú ar an N67 Baile an Doirín go Cinn Mhara chun críche agus bhí an chuid is mó den obair críochnaithe i

mí Iúil 2021. Leanfar leis an liosta fabhtanna an chuid eile de 2021 agus amach go tús na bliana 2022.

- Tá cead pleanála tugtha maidir leis an bpíosa bóthair idir an Teach Dóite agus Uachtar Ard agus rachfar chun cinn leis in dhá chéim. Céim 1 – An Teach Dóite go dtí Bun an Choill– Roghnaíodh conraitheoir don stráice 5km sin den bhóthar i ndiaidh próiseas tairisceana agus cuireadh tús leis na hoibreacha i mí Eanáir 2020. Deimhníodh go raibh cuid mhór den bhóthar sin críochnaithe ar an 30 Iúil 2021. Tá Céim 2 Bun an Choill go dtí an Clár Mór - ina ábhar cainte agus cumarsáide leanúnach leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra (NPWS) agus Iascaigh Intíre Éireann (IFI). Tá ráiteas faoi mhodhanna oibre aontaithe leis an NPWS agus IFI maidir le réamhchonradh fálta idir Bun an Choill agus an Clár Mór agus tá conraitheoir ceaptha don obair. Tugadh obair fálta agus roinnt oibre i dtaobh suíomhanna beaga a ghlanadh chun obair fálta a éascú chun críche i R2 2021. Tá dul chun cinn le ceannach talún ar an scéim idir an Teach Dóite – An Clár Mór ag dul ar aghaidh fós.
- Rotharbhealach ó Ghaillimh go Baile Átha Luain NCN - Reáchtáladh Roghanna Conair Bhealaigh agus comhairliúchán poiblí in Eanáir agus Feabhra 2021. Táthar le dul ar aghaidh le hidirchaidreamh le húinéirí talún ar an rogha conair bhealaigh is fearr, agus tá an bealach is fearr le roghnú i R3 2022. Tabharfar faoi Mheasúnú Dearaidh agus Timpeallachta i R3 agus R4.
- Cuarbhóthar N59 Mhaigh Cuilinn - tugadh an próiseas tairiscintí chun críche agus tá conraitheoir ceaptha chun tabhairt faoin bpríomhthógáil ar Chuarbhóthar N59 Mhaigh Cuilinn.

Beidh 4.6km de charrbhealach singil le trasghearradh 4.6km a bheidh i gceist leis an scéim. Tá an conraitheoir le bheith ar an láthair i R4 2021 agus is é an chéad tasc a bheidh le déanamh ná tús a chur le glanadh suímh agus rochtain chuig droichid a chur ar fáil.

- An N63 Mainistir Chnoc Muaidhe chomh fada le Cnoc an Eanaigh – leanadh ar aghaidh ag déileáil le fabhtanna agus Socruithe Talún le linn na bliana 2021.
- An N63 - Scéim Athailínithe an Leasa go dtí an Mhainistir – Cuireadh an Scéim ar aghaidh trí Chéimeanna 2 agus 3 de Threoirlínte Bainistíochta Thionscadal an TII agus roghnaíodh an bealach is fearr a tháinig chun cinn.
- Gaillimh go dtí an Clochán (Glasbhealach Chonamara) - tá obair thógála fós ar bun ar phíosaí den bhealach idir an Clochán agus Sraith Salach.
- Gaillimh go hUachtar Ard (Glasbhealach Chonamara) tá comhairleoirí fostaithe chun an scéim seo a bhrú ar aghaidh trí chéimeanna 0-4 de Threoirlínte Bainistíochta Thionscadal an TII.

- Tugadh faoin gclár oibre bliantúil maidir le dromchla agus cothabháil ar na bealaí Náisiúnta i gcomhréir leis an mbuiséad d'Obair Chothabhála a chuir Bonneagar Iompair Éireann in iúl.
- Tugadh faoi chlár oibre iomlán maidir le Pábháil agus Oibreacha Beaga Feabhsúcháin ar Chóras na bPríomhbhóithre Náisiúnta agus na mBóithre Náisiúnta den Dara Grád i gcomhthéacs dheontas Bhonneagar Iompair Éireann don bhliain 2021.

## BÓITHRE NÁISIÚNTA - TOGRAÍ DO 2022:

- Cuarbhóthar N59 Mhaigh Cuilinn - Táthar ag súil go mbeidh tús curtha leis an obair thógáil ag tús na bliana 2022 agus go mairfidh clár na tógála 24 mí. Áirítear ar na príomhghnéithe den scéim bheartaithe 4.6km de charrbhealach single de chineál 1, athlíniú bhóithre Knockferry thar 850m, 1.7km de bhóithre feirme/cóiríochta, 2 thimpeallán ag an ngrád agus 8 struchtúr atá comhdhéanta de 5 droichead, 2 íosbhealach agus 1 lintéar.
- Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe - Faoi réir chinneadh an Bhoird Pleanála, dúshláin dlí agus maoiniú a bheith ar fáil, beidh an tionscadal ábalta bogadh ar aghaidh go dtí na chéad céimeanna eile - fáil talún agus maoine, obair mhionsonraithe dearaidh agus obair chumasaithe. Beidh conraitheoir a fháil agus an príomhchéim thógála le tarlú sna bliana ina dhiaidh sin.
- Rotharbhealach ó Ghaillimh go Baile Átha Luain NCN - Táthar le dul ar aghaidh le hidirchaidreamh le húinéirí talún ar an rogha conair bhealaigh is fearr, agus tá an bealach is fearr le roghnú i R3 2022. Tabharfar faoi mheasúnú dearaidh agus timpeallachta i R3 agus R4.
- Athailíniú N67 Baile an Doirín go Cinn Mhara - Tá sé beartaithe go dtiocfaidh deireadh leis an tréimhse dliteanais lochtanna in Iúil 2022, agus go mbeifear gaibhte i ngleic le gach mír lochtach agus go mbeidh cuntas deiridh comhaontaithe.
- An Teach Dóite go Bun an Choill - Tá sé beartaithe go dtiocfaidh deireadh leis an tréimhse dliteanais lochtanna in Iúil 2022, agus go mbeifear gaibhte i ngleic le gach mír lochtach agus go mbeidh cuntas deiridh comhaontaithe.
- Bun an Choill go dtí an Clár Mór - Dul chun cinn ráitis ar mhodhanna do ghnéithe eile de chuid Bhun an Choill go dtí an Clár Mór in éineacht leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra (NWPS) agus Iascaigh Intíre Éireann (IFI) amhail réamhconarthaí d'obair fiosraithe talún agus suirbhéanna topagrafacha agus fiosruithe seandálaíochta in 2022. Táthar ag súil an dearadh mionsonraithe do Bhun an Choill go dtí an Clár Mór a bhrú chun cinn in 2022 bunaithe ar thoradh na suirbhéanna agus fiosrúcháin tosaigh. Leanfar le cainteanna leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) agus an IFI maidir le ráitis modha na céime tógála don phíosa atá fanta ó Bhun an Choill go dtí an Clár Mór ar feitheamh an dearadh mionsonraithe a fhorbairt.
- An N63 - Athailíniú an Leasa go dtí an Mhainistir – Leanfar leis an scéim a chur chun cinn trí Chéimeanna 3 agus 4 de Threoirlínte Bainistíochta Tionscadal an TII.
- N63 Mainistir Chnoc Muaidhe go hEanach - Leanfar den dul chun cinn le socruithe talún i rith 2022.
- Glasbhealach ó Ghaillimh go dtí an Clochán - an 6km atá fanta idir an Clochán agus Sraith Salach a chríochnú. Tá fáil talún fós ar siúl.

- Tabharfar faoin gclár bliantúil maidir le dromchla nua ar bhóithre agus le hobair chothabhála, lena ngabhann gnáthobair chothabhála, obair chothabhála maidir le haimsir geimhridh, obair chothabhála ar dhroichid agus obair chothabhála ar shoilse le bealaí tráchta, de réir an chiste a chuireann Bonneagar Iompair Éireann ar fáil.
- Anuas air sin, leanfar leis an gclár oibre maidir le Pábháil agus Oibreacha Beaga Feabhsúcháin ar Chóras na bPríomhbhóithre Náisiúnta agus na mBóithre Náisiúnta den Dara Grád i gcomhthéacs dheontas Bhonneagar Iompair Éireann don bhliain 2022.

## BÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA OIBREACHA COTHABHÁLA AGUS FEABHSÚCHÁIN

In 021 rinneadh an deontas iomlán **€35,514,808** maidir le Bóithre Réigiúnacha & Áitiúla a bhriseadh síos mar seo a leanas:

**Oibreacha Athchóiriúcháin Feabhsúcháin (RI)** **€30,395,308**

**Oibreacha Athchóiriúcháin Cothabhála (RM)** **€ 5,119,500**

Is féidir an leithroinnt deontais a rangú faoi na ceannteidil ghinearálta seo a leanas:

| Catagóir Deontais | Leithroinnt na bliana 2021 |
|---|---|
| **Deontas Athchóiriúcháin Feabhsúcháin** | **€17,847,000** |
| **Deontas Cothabhála Athchóiriúcháin** | **€2,986,000** |
| **Cothabháil Athchóiriúcháin Forlíontach** | **€2,133,000** |
| **Deontas Cothabhála Roghnach** | **€5,711,000** |
| **Deontais Feabhsúcháin Shonracha – Clár Athchóiriú Droichid** | **€620,000** |

| | |
|---|---|
| **Deontais Feabhsúcháin Ísealchostais maidir le cúrsaí Sábháilteachta** | **€400,000** |
| **Deontais le haghaidh Deisiúcháin Shonracha** | **€1,900,000** |
| **Bóithre Straitéiseacha, idir Réigiúnach agus Áitiúil** | **€1,000,000** |
| **Luasteorainneacha – Eastáit Tithíochta** | **€13,125** |
| **Oiliúint** | **€128,000** |
| **Obair Dhraenála** | **€1,397,683** |
| **Scéimeanna Rannpháirtíochta Poiblí** | **€953,000** |
| **Iar-Bhóithre Náisiúnta** | **€373,500** |
| **PSCI: Tacaíocht Suirbhé** | **€ 52,000** |
| **FORIOMLÁN** | **€35,514,808** |

## ATHCHÓIRIÚCHÁN FEABHSÚCHÁIN (RI) - Léiriú Gníomhaíochtaí in 2021

Rinne an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt leithdháileadh ar mhaoiniú €17,847,000 d'oibreacha atógála bóthair ar bhóithre neamhnáisiúnta in 2021. Rinneadh soláthar chun €1,008,176 a aistriú ón leithdháileadh do Chothabháil Athchóiriúcháin Forlíontach chuig deontas Athchóiriúcháin Feabhsúcháin a chiallaigh deontas iomlán de €18,855,176 a bheith á chaitheamh ar athchóiriúcháin bóithre le linn na bliana 2021. Rinneadh an maoiniú seo a leithdháileadh mar a leanas agus rinne sé éascú ar oibreacha feabhsúcháin ag 257 ionad ar fud an Chontae:

***Athchóiriúchán Feabhsúchán 2021***

| Ceantar Bardasach | Líon na nIonad | Leithroinnt |
|---|---|---|
| **Baile Átha an Rí/Órán Mór** | 25 | €1,810,239 |
| **Béal Átha na Sluaighe** | 34 | € 4,300,576 |

| | | |
|---|---|---|
| **Conamara** | 100 | € 4,303,923 |
| **Baile Locha Riach** | 55 | € 5,613,762 |
| **Tuaim** | 43 | € 2,826,676 |
| **Iomlán** | **257** | **€ 18,855,176** |

Ba é 2021 an bhliain dheiridh den clár bóithre (RI) Ilbhliantúil 2018-2021. I gcomhréir le RW11/2021 cuireadh aighneacht do Chlár Feabhsúcháin Athchóiriúcháin Ilbhliantúil 2022-2024 ar aghaidh chuig an Roinn Iompair ag deireadh Dheireadh Fómhair 2021. Rinneadh an clár seo a chur i dtoll a chéile i gcomhar leis na comhaltaí tofa agus cheadaigh Comhairlí na gCeantar Bardasach é le linn mhí Dheireadh Fómhair 2021. Is é an clár seo bunús na n-oibreacha pleanáilte faoi oibreacha Feabhsúcháin Athchóiriúcháin do na trí bliana seo amach romhainn.

## Feabhsúchán Athchóiriúcháin (RI) - Tograí do 2022

Cuirfear clár d'oibreacha feabhsúcháin athchóiriúcháin i dtoll a chéile nuair a gheofar fógra faoin mhaoiniú 2022 agus sonrófar é sin i gClár Bliantúil Bóithre 2022.

## COTHABHÁIL ATHCHÓIRIÚCHÁN (RM) - Gníomhaíochtaí Táscacha in 2021

Rinne an Roinn Iompair leithdháileadh ar mhaoiniú €5,119,500 do Chothabháil Athchóiriúcháin (cóiriú dromchla). Rinneadh cinneadh €1,008,176 a aistriú ón leithdháileadh do Chothabháil Athchóiriúcháin Forlíontach chuig oibreacha feabhsúcháin athchóiriúcháin, agus caitheadh suim iomlán de €4,111,324 ar oibreacha cóirithe dromchla sa bhliain 2021 mar thoradh air sin. Leithdháileadh é mar seo a leanas agus d'éascaigh sé oibreacha cóirithe dromchla ag 151 ionad ar fud an chontae:

| *Cothabháil Athchóiriúcháin 2021* | | |
|---|---|---|
| **Ceantar Bardasach** | **Líon na nIonad** | **Leithroinnt** |
| **Baile Átha an Rí/Órán Mór** | 13 | € 452,150 |

| | | |
|---|---|---|
| **Béal Átha na Sluaighe** | 37 | €1,233,639 |
| **Conamara** | 32 | €534,634 |
| **Baile Locha Riach** | 32 | €1,080,055 |
| **Tuaim** | 37 | €810,846 |
| **Iomlán** | **151** | **€ 4,111,324** |

## Cothabháil Athchóiriúcháin (RM) - Tograí do 2022

Cuirfear clár d'oibreacha athchóiriúcháin cothabhála i dtoll a chéile nuair a gheofar fógra faoi mhaoiniú 2022 agus sonrófar é sin i gClár Bliantúil Bóithre 2022.

## SCÉIMEANNA RANNPHÁIRTÍOCHTA POBAIL

Mar chuid de leithdháileadh Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla 2021, cheadaigh an Roinn Iompair maoiniú €953,000, a chuir ar ár gcumas 42 tionscadal ón liosta tosaíochta a cuireadh ar aghaidh in 2019 a chur chun cinn. Tá obair fós ar bun do na scéimeanna seo, agus táthar ag súil go mbeidh siad tugtha chun críche faoi spriocdháta leithdháileadh an mhaoiniúcháin ar an 30 Samhain 2021.

I gcomhréir le RW09/2021, cuireadh liosta tosaíochta i ndáil le 75 tionscadal do 2022-2023 ar aghaidh chuig an Roinn i Meán Fómhair 2021. Tá sé i gceist 37 tionscadal a bhrú chun cinn in 2022, ach tá sin faoi réir maoiniú a bheith ceadaithe faoi leithdháileadh na mBóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a bhfuiltear ag súil le fógra ina leith i R1, 2022.

## DEISIÚCHÁIN AR BHÓITHRE TREASACHA (DG)

Leanadh ar aghaidh leis an infheistíocht i ndeisiúcháin ar Bhóithre Treasacha Áitiúla in 2021 agus tá leithdháileadh sonrach ón Deontas Lánroghnach (DG) le cur i leataobh do bhóithre den chineál sin. Leithdháileadh €900,000 ar an iomlán go sonrach, rud a cheadaigh oibreacha feabhsúcháin athchóiriúcháin a dhéanamh ar 44 bóthar Treasach Áitiúil i gContae na Gaillimhe.

Tá sé i gceist leanúint leis an leithdháileadh ar sciar sonrach den Deontas Lánroghnach i dtreo oibreacha feabhsúcháin ar bhóithre treasacha. Déanfar clár oibreacha cothabhála agus feabhsúcháin a thiomsú nuair a fhaightear fógra faoi mhaoiniú 2022.

## ATHSHLÁNÚ AGUS DEISIÚ DROICHID

Rinneadh suim iomlán €620,000 de mhaoiniú a leithdháileadh ar 14 droichead faoin gClár Athshlánaithe Droichead sa bhliain 2021 agus táthar ag leanúint le hoibreacha orthu sin agus iad a thabhairt chun críche

sa bhliain 2021. Tugadh obair dheisiúcháin ar dhroichid chun críche ar 20 droichead eile, ar dáileadh maoiniú €395,000 orthu ón Deontas Lánroghnach.

I gcomhréir le ciorclán RW15/2021, tugadh cuireadh do gach údarás áitiúil iarratais d'obair athshlánaithe agus deisiúcháin ar dhroichid a chur ar aghaidh, agus nár chóir don iomlán dul thar 130% de leithdháileadh 2021. Bunaithe air sin agus acmhainní a bheith ar fáil le dul i mbun na hoibre in 2022, cuireadh aighneacht do 15 tionscadal ar aghaidh chuig an Roinne lena céad, a raibh €745,000 luaite léi. Tá mionsonraí maidir le tionscadail athshlánaithe droichid bheartaithe don bhliain 2022 leagtha amach sa tábla thíos.

**An Clár Athshlánúcháin Droichead atá Beartaithe do 2022**

**Faoi Réir Chead na Roinne*

| *Tosaíocht* | *Uimhir an Bhóthair* | *Ainm agus Suíomh an Droichid* | *Caiteachas atá Beartaithe 2022 €* |
|---|---|---|---|
| **1** | R364 | An Feadán, Maigh Locha | 35,000 |
| **2** | R363 | An Carn Mór, An Baile Bán | 15,000 |
| **3** | L6354 | Cluain Simhne, Béal Átha Ghártha | 20,000 |
| **4** | L5229 | Sruthán Buí, Leitir Móir | 70,000 |
| **5** | L5231 | Coonawilleen, Leitir Mór | 70,000 |
| **6** | L7403 | Baile an tSléibhe, An Chealtrach | 15,000 |
| **7** | R336 | Na Doiriú, Ros an Mhíl | 80,000 |
| **8** | L12010 | Formaoil, Seanadh Phéistín | 120,000 |
| **9** | L2212 | Béal Átha Máire, Baile an Mhuilinn | 15,000 |
| **10** | R359 | Móta, Cill Leáin | 20,000 |
| **11** | L53211 | Baile Dhúlocha, Corr na Móna | 20,000 |
| **12** | L4322 | Garrán an Daimh, Cill Íomair | 70,000 |
| **13** | R348 | Droichead na Suca, Béal Átha na Sluaighe | 150,000 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **14** | TBC | Tír Nimhin, An Gort | 25,000 |
| **15** | L2314 | Tuaim an Chait, Gleann na Madadh | 20,000 |
| ***Iomlán*** | | | ***€ 745,000*** |

Tá sé beartaithe leanúint de sholáthar a dhéanamh ó leithroinnt an Deontais Lánroghnaigh do dheisiú droichead leis an tsuim €395,000 do 2022. Tá sé sin ag brath ar an leibhéal maoinithe a bheidh leithdháilte ag an Roinn. Beidh na sonraí iomlána faoi na hoibreacha faofa tugtha i gClár Bóithre 2022.

## DEONTAIS FEABHSÚCHÁIN SHONRACHA (SIG)

Fuarthas leithdháileadh deontais fheabhsúcháin shonrach, ina raibh iomlán € 1,900,000, do 2 thionscadal in 2021:

- Cabhsaí agus Droichid an R374
- An R332 ag Cill Bheanáin

Tá aighneachtaí déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chuig an Roinn do mhaoiniú le haghaidh scéimeanna oiriúnacha, lena n-áirítear fuílleach an mhaoinithe chun bailchríoch a chur ar oibreacha atá tosaithe cheana féin in 2019 ar bhóthar an R332 ag Cill Bheanáin agus Cabhsaí agus Droichid an R374. Rinneadh iarratas ar mhaoiniú faoin gcatagóir seo chomh maith do bhóthar an R339 Belville Baile Átha an Rí. Gheofar fógra ón Roinn Iompair, i bhFeabhra 2022, faoi na scéimeanna atá le dul ar aghaidh, mar aon leis an maoiniú ábhartha a bheidh le fáil.

## DEONTAIS STRAITÉISEACHA DO BHÓITHRE RÉIGIÚNACHA AGUS ÁITIÚLA

In 2021, fuarthas leithroinnt €1m do Bhóthar Faoisimh Bhaile Átha an Rí, tá obair fós ar bun ar an tionscadal seo. Ní mheastar go mbeidh an leithroinnt iomlán seo faighte faoi mhí Shamhna 2021 agus tá iarratas seolta chuig an Roinn maidir le haon leithroinnt nach mbeidh caite a úsáid ar thionscadail eile faoi spriocdháta 2021.

Tá aighneachtaí déanta ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chuig an Roinn do mhaoiniú le haghaidh scéimeanna oiriúnacha, lena n-áiritear Bóthar Faoisimh Bhaile Átha an Rí. Gheofar fógra ón Roinn Iompair, i bhFeabhra 2022, faoi na scéimeanna atá le dul ar aghaidh, mar aon leis an maoiniú ábhartha a bheidh le fáil.

## SCÉIMEANNA FEABHSÚCHÁIN ÁITIÚLA

Fógraíodh an Scéim Feabhsúcháin Áitiúil arís in Eanáir 2021. Fuarthas 237 iarratas bailí le luach tuairim is €10.8 milliún. Cheadaigh an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail leithroinnt tosaigh €876,959 in Iúil 2021. Ag tús mhí Lúnasa 2021, leithroinneadh €703,912 breise ar Chontae na Gaillimhe don scéim seo.

Críochnaíodh 49 tionscadal faoin Scéim Feabhsúcháin Áitiúil as an leithdháileadh iomlán €1,580,871 do 2021 ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD).

De bharr tóir mhór a bheith ar an scéim, meastar go leanfar le maoiniú LIS in 2022. Beidh an méid maoiniúcháin a bheidh ar fáil bunaithe ar leithroinnt maoiniúcháin ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Tá meastachán i mBuiséad 2022 faoi SubServ B0406 atá bunaithe ar an leithroinnt tosaigh a fuarthas in 2021.

## BÓITHRE NEAMHNÁISIÚNTA - ÁR NACMHAINNÍ FÉIN

Mar thoradh ar an easnamh sa leithdháileadh buiséadach don chothabháil ar bhóithre áitiúla in imeacht ama tá laghdú suntasach tagtha ar an leibhéal oibreacha cothabhála atá an Chomhairle in ann a dhéanamh. Níl dóthain maoinithe déanta ar roinnt gnéithe bunriachtanacha cothabhála lena n-áirítear, bearradh ciumhaise agus athnuachan comharthaí agus marcanna. Faigheann cothabháil bóithre áitiúla maoiniú ó acmhainn na Comhairle féin agus ón Deontas Lánroghnach araon.

Ba ionann an tsuim a cuireadh ar fáil as acmhainní na Comhairle sa bhliain 2021 agus €6,357,772, lena n-áirítear soláthar €1,350,000 maidir le soilse poiblí.

Cuirfear an leithdháileadh ar Bhuiséad na mBóithre Áitiúla 2022 faoi bhráid na Comhairle lena cheadú i gcomhthéacs Chlár na mBóithre 2022. Beidh srian ar an leibhéal roghnaithe a bheidh ag an gComhairle i ndáil le maoiniú a leithroinnt maidir le Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla i rith na bliana 2022 mar gheall ar na coinníollacha a ghabhann leis an Meamram faoi Dheontais do Bhóithre Réigiúnacha agus do Bhóithre Áitiúla a d'eisigh an Roinn Iompair.

## ATHRÚ AERÁIDE

Le linn 2021, cuireadh leithroinnt náisiúnta ar fáil d’údaráis áitiúla faoi chláir deontais cothabhála agus athnuachan bóithre réigiúnacha agus náisiúnta na Roinn don scéim Oiriúnú agus Teacht Aniar na hAeráide. D’fhéadfadh iad seo a leanas a bheith ina dtionscadail incháilithe ach gan a bheith teoranta dóibh -

- (i) bearta coisctheacha amhail oibreacha draenála chun tuilte a mhaolú
- (ii) obair ag droichid chun lódanna hiodrálacha níos mó mar thoradh ar shreafaí tuilte a ghlacadh san áireamh
- (iii) bearta coisctheacha do bhóithre a bheadh somhillte ag drochimeachtaí aimsire amhail bearta seasmhachta claífoirt chun an bóthar a chosaint agus sciorradh a chosc.
- (iv) leibhéal an bhóthair a athrú chun tuilte a mhaolú, bearta cosanta ar chiumaiseanna bóthair
- (v) ballaí mara nó ballaí coinneála a athsholáthair/a dheisiú.

Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe aighneacht i gcomhréir le ciorclán RW6/2021 a scaipeadh i Márta 2021 agus ceadaíodh €1,177,500 di chun dul i mbun oibreacha in 34 láthair.

Tá soláthar díreach os cionn €1m nó mar sin déanta i mbuiséad 2022 ag súil le maoiniú a bheith ar fáil do a leithéid de thionscadail. Cuireadh aighneacht ar aghaidh chuig an Roinn i nDeireadh Fómhair 2021. Táthar ag súil go mbeidh aon mhaoiniú a cheadaítear faoin gcatagóir seo ina chuid den Leithroinnt Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla, a bhfuiltear ag súil le fógra ina leith i bhFeabhra 2022.

## SOILSIÚ POIBLÍ

Cuireadh suim €1,350,000 ar fáil ó chiste na Comhairle féin i mbuiséad na bliana 2021 chun maoiniú a dhéanamh ar an gclár soilsiú poiblí i gContae na Gaillimhe, lena n-áirítear, cothabháil, fuinneamh agus costais uasghrádaithe agus chuir an TII maoiniú de €128,536.00 ar fáil chun costas oibríochta agus cothabhála soilsiú poiblí sa Ghréasán Bóithre Náisiúnta a chlúdach. Tá sé beartaithe an leibhéal céanna buiséid a choinneáil do 2022

Chun spriocanna reachtúla ó thaobh Éifeachtúlacht Fuinnimh ar bhonn Náisiúnta atá leagtha síos ag an Rialtais Láir a bhaint amach, tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta iarfheistiú a dhéanamh ar a cuid soilse poiblí go léir nach raibh éifeachtach ó thaobh fuinnimh le haonaid LED atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh agus maidir leis sin tá an Chomhairle tiomanta an tionscadal seo a sheachadadh mar chuid den Tionscadal Náisiúnta do Shoilsiú Poiblí atá Éifeachtúil ó thaobh Fuinnimh. Tá an tionscadal seo á chur chun cinn ar bhonn réigiúnach agus tá Comhairle Chontae na Gaillimhe mar chuid de na 10 nÚdarás Áitiúil atá rannpháirteach laistigh de Réigiún an Iarthuaiscirt le Comhairle Chontae Mhaigh Eo mar údarás stiúrtha don réigiún. Tá na comhaontuithe go léir atá riachtanach i bhfeidhm chun a bheith rannpháirteach sa tionscadal agus táthar ag súil go rachaidh an Conradh do Réigiún an Iarthuaiscirt amach ar tairiscint sa bhliain 2022.

## BAINISTIÚ TRÁCHTA

Rinneadh an córas fíneálacha Tráchta a uasghrádú in 2021 go dtí córas inmheánach, agus chuathas beo leis an gcóras sin in Iúil 2021. Tar éis dul i ngleic le roinnt mionfadhbanna teicniúla, tá an córas ag feidhmiú go hiomlán anois ag deireadh na bliana. Tá an soláthar €30,000 faoi B0601 chun an córas fíneálacha Tráchta a chur i bhfeidhm agus chun cothabháil leanúnach a dhéanamh air.

Pleananna um Bainistiú Tráchta

Mar gheall ar shrianta airgeadais, ní mór coigilteas a dhéanamh sa bhuiséad agus mar thoradh air sin níl aon soláthar do phleananna bainistíochta tráchta i mbuiséad 2022.

## BEARTAIS FEABHSÚCHÁIN TRÁCHTA

Tá suim €10,000, gan costais seirbhíse tacaíochta a chur san áireamh, curtha ar fáil sa bhuiséad chun Seachtain na Rothaíochta a chur chun cinn i gContae na Gaillimhe.

## FEABHSÚCHÁN AR INNEALTÓIREACHT SÁBHÁILTEACHTA AR BHÓITHRE

### BEARTAS LEIGHEASACHÁN AR CHOSTAS ÍSEAL

Maidir leis na ceannteidil B01 – B04, níl aon fhógra faighte ag an gComhairle go fóill faoin leibhéal deontais a bheidh ar fáil d'oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal. Cheadaigh leithdháileadh €400,000 ón Roinn Iompair in 2021 oibreacha a dhéanamh in ionaid éagsúla ar fud an Chontae. Tá soláthar déanta do €400,000, gan costais seirbhíse tacaíochta a chur san áireamh, faoi oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal i mBuiséad 2022. Braithfidh leibhéal na n-oibreacha a dhéanfar sa réimse seo ar an méid de dheontas maoinithe a chuirfidh TII/An Roinn Iompair ar fáil.

Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe aighneacht de réir Chiorclán RW16 de 2021 ag tabhairt achoimre ar thograí do 2022 in ord tosaíochta mar atá leagtha amach thíos ar chostas iomlán measta €642,500, atá faoi réir cheadú na Roinne Iompair. Má cheadaítear gach tionscadal de réir na haighneachta, beifear ábalta 100% den chostas a fháil ar ais ón Roinn.

**Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta 2022:**

**Faoi réir cead maoinithe ón Roinn*

| LA Céim | UIMHIR AN BHÓTHAIR | Cur síos ar shuíomh na nOibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta | Cur síos ar an Scéim atá Beartaithe | Costas € |
|---|---|---|---|---|
| 1 | L8401/R446 | Acomhal Cahar Cross | Comharthaí réamhrabhaidh agus líne amhairc a fheabhsú trí fál sceach agus crainn a bhaint | €30,000 |
| 2 | R374 | Eanach Mheáin, Béal an Daingin | Ballaí a bhrú siar chun línte amhairc a fheabhsú | €55,000 |
| 3 | R328 | Droichead ag Cnoc an Tí Thoir | Leithead charrbhealach an droichid a laghdú anuas go dtí lána amháin, an chomharthaíocht chuí agus dromhchla frithsciorrtha ar an leagan amach nua. | €35,000 |
| 4 | L2132/L6186 | Acomhal ag Cnoc Tua | An balla a bhrú siar, an balla a thógáil arís agus a ísliú, crainn agus fásra a bhaint | €40,000 |
| 5 | R351/L82241 | An Ghreallach | An balla atá ann a bhrú siar chun línte radhairc a fheabhsú | €17,500 |
| 6 | L3102 | Droichead na Creige Móire | Soilse trácha a chur ar fáil chun córas stop/gabh ag droichead, lána amháin i bhfeidhm ag an am | €50,000 |
| 7 | L2220 | Acomhal Ratesh idir L6447 & L2220 | Díog ar an taobh thoir a bhaint don L2220 chun línte amhairc a mhéadú agus cuas scoite a chur ar fáil feadh falú nua | €35,000 |
| 8 | L5102 | Leitir Eitreann | An bóthar isteach atá ann a athailíniú chun acomhal céimnithe a chur ar fáil | €30,000 |
| 9 | R362/L2201/L2233 | Cashel Cross, Gleann na Madadh | An bóthar isteach atá ann a athailíniú chun acomhal céimnithe a chur ar fáil | €75,000 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **10** | R348 | Baile Chill Chonaill | Bratú frithsciorrtha a chur ar an mbóthar roimh an trasrian síogach, marcanna a athnuachan agus an soiliú a uasghrádú go LED | €20,000 |
| **11** | L1320 | Lúb Cooney's - Bóthar an Spidéil go Maigh Cuilinn | Comharthaí réamhrabhaidh, rachtán agus líneáil a chur ar fáil | €30,000 |
| **12** | R360 | Línte Radhairc – an Churraigh Thiar | Brú siar fál agus ciumhais | €35,000 |
| **13** | R339/L3101 | An Carn Mór | An t-achomhal atá ann a bhrú siar chun infheictheacht a fheabhsú | €40,000 |
| **14** | R336 | Scoil Sailerna, na hAille, Indreabhán | Trasnú rialaithe a chur ar fáil chun dul trasna an bhóthair go sábháilte, mar aon le comharthaíocht bhreise agus marcanna bóthair. | €50,000 |
| **15** | L7119/L3105 | Burma Rd | Balla a bhrú siar chun cur leis an acomhal agus línte amhairc a fheabhsú | €30,000 |
| **16** | R332 | An Ghráinseach | Díog a bhrú siar agus crainn a bhaint chun línte amhairc a fheabhsú | €25,000 |
| **17** | L5248 | An Aird Thoir, Carna | Bacainn Sábhála | €15,000 |
| **18** | R446 | Ospidéal Portiuncula ag Dún Leo | An trasrian coisithe comharthaithe taobh amuigh den ospidéal a uasghrádú | €30,000 |
| | | | | **€642,500** |

## FEABHSÚCHÁIN INNEALTÓIREACHTA EILE

Tá soláthar €15,000 déanta sa bhuiséad chun athsholáthar a dhéanamh ar chomharthaíocht an teorainn luais faoi B0702.

Tá beartaithe leanúint i rith na bliana 2022 leis an gclár oibre maidir le comharthaí CRIOS MALL a chur suas i ndáil le teorainneacha luais in eastáit tithíochta, ag brath ar an Roinn Iompair airgead a chur ar fáil chuige. Tá soláthar €7,500 déanta faoi B0702 don chéanna.

Leanfaidh an tAonad de Theorainneacha Luais a chur i bhfeidhm maidir le hOibreacha Bóthair i gcomhar leis na Gardaí agus le Bonneagar Iompair Éireann, de réir mar is gá d'fhonn freastal do chláir oibre éagsúla na Comhairle a thabhairt i gcrích.

## CUR CHUN CINN AGUS OIDEACHAS SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Tá roinnt costas tabhaithe faoin gceannteideal seo lena n-áirítear Scéim na Maor Scoile Sóisearach, feachtais bholscaireachta lena n-áirítear an tSeachtain Sábháilteacht ar Bhóithre, Seachtain Réthaistil na hEorpa, an cúrsa Drive for Life, Traenáil Rothaíochta don Scoil Náisiúnta agus feasacht faoi chúinsí sábháilteachta ar bhóithre a chur chun cinn ar mhaithe leis an bpobal agus an bhéim ar úsáideoirí leochaileacha bóithre.

Tá Coiste Sábháilteachta ar Bhóithre le Chéile Chomhairle Chontae na Gaillimhe comhdhéanta d'ionadaithe ón gComhairle Contae, Comhairle Chathair na Gaillimhe, An tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, An Garda Síochána, Bonneagar Iompair Éireann, agus An Taisce. Tagann an Coiste le chéile ceithre huaire i rith na bliana agus le chéile scrúdaíonn siad na roghanna atá ar fáil chun feabhas a chur ar shábháilteacht ar bhóithre do choisithe, tiománaithe agus úsáideoirí bóithre i gcoitinne.

## PÁIRCEÁIL CARRANNA

Tá costais seirbhísí tacaíochta san áireamh i soláthar buiséid faoi B09, d'oibríocht agus cothabháil ar shaoráidí páirceála Sráide (6 ionad) agus Eas-sráide (6 ionad) araon atá ar fáil ar fud an Chontae, mar aon le costais d'fhorfheidhmiú na páirceála.

## TACAÍOCHT DO CLÁR CAIPITIL NA MBÓITHRE

As an mbuiséad ioncaim a thagann na costais riaracháin (i.e. costais indíreacha) maidir leis an tacaíocht do Chlár Caipitiúil na mBóithre. Áiríonn an buiséad sin na costais foirne a bhaineann le tacaíocht a thabhairt don chlár, mar aon le sciar de chostais na seirbhísí tacaíochta.

## SEIRBHÍSÍ GNÍOMHAIREACHTA AGUS SEIRBHÍSÍ IS FÉIDIR A FHORCHÚITEAMH

Is féidir leis an gComhairle ráta forchostais aontaithe a ghearradh ar na jabanna go léir a dhéanann a foireann. Íocann an t-ioncam a fhaightear as an muirear forchostais as costais pá saoire, pá breoiteachta agus costais árachais. Déantar gach iarratas ar cheadúnas chun an bóthar poiblí a oscailt a lóisteáil tríd an gcóras náisiúnta MRL atá a bhainistiú ag an Oifig Bainistithe Bóithre. Próiseálann rannóg bóithre na Comhairle na ceadúnais do Chontae na Gaillimhe agus as an gcóras MRL, agus cuireann sí coinníollacha agus táillí leis an gceadúnas. Tugtar cuntas ar an ioncam as Ceadúnais Oscailte Bóithre agus oibreacha a dhéantar do chomhlachtaí eile taobh istigh den cheannteideal buiséid seo.

## EASTÁIT TITHÍOCHTA ATÁ GAN A GCRÍOCHNÚ.

Bhí tionchar ag Covid 19 agus ag athruithe foirne laistigh den rannán Glacadh ar Láimh ar líon eastát a críochnaíodh a bhí le Glacadh ar Láimh agus/nó d'Fhuascailt Bannaí sa bhliain 2021. Go dtí seo, tá 5 eastát glactha ar láimh, agus 3 eastát breise a meastar a bheith tugtha go caighdeán glactha ar láimh d'Fhuascailt Bannaí.

Faoi láthair, tá an Chomhairle ag plé le breis agus 40 forbairt ag céimeanna éagsúla sa phróiseas Glacadh ar Láimh. Is féidir le Forbróir(í) an obair a dhéanamh ar na heastáit seo d'Fhuascailt Bannaí/Glacadh ar Láimh, nó is féidir leis an Rannóg Glacadh ar Láimh a dhéanamh tar éis airgead bannaí a fháil.

Bíonn an Rannóg Glacadh ar Láimh i dteagmháil go gníomhach le Sealbhóirí Bannaí chun airgead a scaoileadh le bailchríoch a chur ar oibreacha ar eastáit agus le Forbróirí agus/nó páirtithe leasmhara eile chun a chinntiú go gcríochnófar na heastáit ar an caighdeán ceart ar mhaithe le cách, na cónaitheoirí ach go háirithe.

Faightear na hacmhainní airgeadais atá ar fáil don Rannóg Glacadh ar Láimh trí Bhannaí atá sannta go sonrach d'fhorbairtí agus/nó maoiniú a fhaightear trí Réiteach Suímh le hUisce Éireann.

In 2021, rinne an Chomhairle leithroinnt Buiséid €200,000, atá in úsáid chun obair ar roinnt eastáit stairiúla ar fud an Chontae a mhaoiniú, rud a thabharfaidh na heastáit seo go dtí an caighdeán atá de dhíth lena nglacadh ar láimh.

Rialaíonn an maoiniú atá ar fáil dul chun cinn na n-oibreacha ar eastáit, an comhpháirteachas le tríú páirtithe agus castacht na hoibre a bhíonn i gceist ina bhféadfadh comhaontuithe do chead slí a bheith i gceist.

### TOGRAÍ DON BHLIAIN 2022

Leanfaidh an rannóg Glacadh ar Láimh de bheith ag measúnú agus ag próiseáil iarratas ar ghlacadh ar láimh. Ag cur san áireamh na n-acmhainní atá ar fáil, déanfar gach iarracht a chinntiú go gcríochnófar forbairtí de réir an chead pleanála a tugadh agus ar an gcaighdeán atá dlite don ghlacadh ar láimh.

Sa chás go n-aithnítear saincheisteanna maidir le neamhchomhlíonadh, cuirfear na Ranna ábhartha ar an eolas chun tús a chur leis na nósanna imeachta cuí.

## SEIRBHÍSÍ GNÍOMHAIREACHTA AGUS SEIRBHÍSÍ IS FÉIDIR A FHORCHÚITEAMH

### AN SCÉIM FOSTAÍOCHTA POBAIL

I rith 2021, lean 5 Scéim Fostaíochta Pobail ar aghaidh ag obair. Bhain sráidbhailte agus bailte buntáiste as oibreacha mar cothabháil sráidbhailte; tírdhreachtú; gearradh féir agus tógáil ballaí cloiche. Mar seo a leanas atá na Scéimeanna CE: An Clochán/Cloch na Ron; Maigh Cuilinn/Uachtar Ard; an Gort agus an Ceantar Máguaird; an Baile Mór/an Mhainistir agus Tuaim agus an Ceantar Máguaird. Leanfar leis na 5 Scéim Fostaíochta Pobail a oibriú agus cuirfear oibreacha ar nós cothabháil sráidbhaile; tídhreachú; gearradh féir agus tógáil ballaí cloch ar fáil in 2022.

## COSTAIS DRAENÁLA TALÚN

### COTHABHÁIL AR CHEANTAIR DRAENÁLA TALÚN

#### DRAENÁIL ARTAIREACH

Rinne an Chomhairle de réir na ndualgas a leagtar uirthi faoin reachtaíocht i ndáil le hobair chothabhála a dhéanamh ar chórais draenála sa Chontae tríd an Aonad Bóithre agus Iompair agus Oifigí Cheantair Bhardasacha na Comhairle. Tá dhá Cheantar Draenála déag faoi chúram na Comhairle agus tá dhá Cheantar Draenála i gContae na Gaillimhe a leanann isteach i réimsí Chomhairle Chontae Ros Comáin agus Chomhairle Chontae an Chláir. Is €175,000 an soláthar buiséid don obair seo sa bhliain 2022.

### OIBREACHA AGUS STAIDÉIR CHUN TUILTE A LAGHDÚ

Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe den obair i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí i rith na bliana 2021 d'fhonn oibreacha, a mhaolódh an baol ó thuilte san am atá romhainn, a shonrú agus a chur chun cinn. Tá obair ar bun ar 9 láthair faoin scéim mionoibreacha do 2021, agus bhí 6 thionscadal nach mór tugtha chun críche faoi dheireadh na bliana agus na 3 tionscadal atá fanta le tabhairt ar aghaidh go 2022. Tá 14 iarratas eile le seoladh ar aghaidh lena mbreithniú ag an OPW le ceadú i lár mhí na Samhna.

Ar na tograí do 2022 tá críochnú oibreacha atá idir lámha ar gach miontionscadal laghdaithe tuilte atá ar siúl faoi láthair agus Comhairle Chontae na Gaillimhe le dul i gcomhairle leis an OPW faoi mhionscéimeanna oibre atáthar a mheas don todhchaí d'fhonn maoiniú a fháil do na scéimeanna sin.

Tá soláthar €450,000 déanta faoin gceannteideal seo chun na hoibreacha sin a dhéanamh, agus beifear ábalta 90% den chostas sin a fháil ar ais ón OPW.

## OIBRIÚ AGUS COTHABHÁIL CÉIBHEANNA AGUS CALAFOIRT

## OIBRIÚ CÉIBHEANNA AGUS CALAFOIRT

Cuireadh leithdháileadh €150,000 ar fáil ó acmhainní na Comhairle féin in 2021 don chlár leanúnach cothabhála mara i dtaca le tuairim is 100 caladh i gContae na Gaillimhe atá aitheanta mar áiteanna atá faoi chúram Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá obair de chineálacha éagsúla i gceist, deisiúcháin sábháilteachta ar chéimeanna agus ráillí rochtana chomh maith le hobair dheisiúcháin ar fhánáin. Áirítear ann freisin, fáil réidh le fás algaí ar chéanna i gContae na Gaillimhe de réir mar a cheadaíonn an buiséad. Ina theannta sin, bhí gá le tuarascálacha éagsúla a choimisiúnú do chéibheanna agus calafoirt faoin leithroinnt seo chun eolas a dhéanamh d'obair atá le déanamh faoin Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Cuireann DAFM maoiniú ar fáil do 75% de na costais tógála.

Áirítear ar obair feabhsúcháin ar chéibheanna, a mhaoinigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara i bpáirt, a tugadh chun críche in 2021 Inis Bó Finne, Céibh Eachros Mór, An Aird Mhóir, Cill Chiaráin, Aibhnín, An Máimín, Caladh Mhaínse, Trá Bháin, Doire Inbhir, An tOilean Mór agus Garafin. Tugadh faoi shraith d'oibreacha sábháilteachta i gceantar Dheisceart na Gaillimhe. Faoi mar atá leagtha amach sa chlár cothabhála agus deisiúcháin, tugadh faoi obair dheisiúcháin ar shoilse treorach agus tugadh faoi shiolta agus baic eile a thabhairt chun bealaigh ag fánáin ag líon beag áiteanna, de réir na n-acmhainní airgeadais a bhí ar fáil. Chuathas i mbun mionoibreacha a bhí maoinithe i bpáirt ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail in Inis Mór, Inis Meáin agus Inis Oírr.

Tá méadú €200,000 ag teastáil sa bhuiséad Oibriú agus Cothabháil Céibheanna agus calafoirt sa bhliain 2022. Tá sin ag teastáil chun córas cothabhála a bhfuil srian mhór air a fheabhsú. B'ionann sin agus méadú iomlán €50,000 ar leithroinnt bhuiséad 2021. Meastar go gclúdóidh €50,000 máistir cuain a chur ar fáil, go príomha chun Inis Oírr a chlúdach. Tá sé taispeánta idir Márta agus Deireadh Fómhair le roinnt blianta go bhfuil sé thar a bheith deacair an líon níos mó de bháid phaisnéirí agus líon na bpaisinéirí dá réir ag céibh atá teoranta cheana féin ar Inis Oírr. Agus é beartaithe Fo-Dhlíthe a thabhairt isteach ag tús na bliana 2022 chun an cás a láimhseáil, is den ríthábhacht é máistir cuain a fháil chun an chéibh a bhainistiú go héifeachtúil. Tá sé beartaithe aon mhaoiniú iarmharach chun costais thuarascálacha éagsúla tosaigh comhairleoirí a chlúdach lena n-áirítear measúsú slándála, córas sábháilte oibre do chéibheanna oileáin a mbíonn báid farrantóireachta phaisinéirí ag teacht isteach acu agus tuarascálacha ábhartha timpeallachta agus innealtóireachta a choimisiúnú chun tionscadail a bhrú ar aghaidh go dtí an chéim phleanála ar mhaithe le maoiniú DAFM a fháil amach anseo.

Tá córas cothabhála céad chéime forbartha óna dteastóidh maoiniú breise cothabhála lena chur i bhfeidhm sa bhliain 2023. Is céad chéim réalaíoch chun tosaigh an t-ardú seo de €50,000 ó thaobh na haidhme buiséad nach bhfuil chomh sriantach sin a sholáthar.

Tá thart ar 60 múráil do chuairteoirí lonnaithe i limistéir éagsúla ar nós Chill Rónáin, an Caoláire Rua, Cuan an Chlocháin, Sruthán, Cloch na Rón, Cill Chiaráin agus an Máimín agus caitear slabhraí agus seaicil a athrú iontu gach 2 bhliain. Tugadh faoi chothabháil ar thart ar 20 poll feistithe i mbliana. Tá soláthar €20,000 do 2022 déanta freisin faoi gceannteideal seo chun leanúint den chothabháil ar mhúráilte luamh.

Cuireadh buiséad €200,000 ar fáil sa bhliain 2021 chun Cothabháil a dhéanamh ar Chalafort Chill Rónáin. Bhí sé seo ag teastáil do chothabháil leanúnach an chalafoirt agus chun táillí dlí a íoc maidir leis an Fhoirgneamh Trádstórais atá ar an gcé.

Beidh an buiséad seo de €200,000 ag teastáil arís sa bhliain 2022 chun cothabháil a dhéanamh ar Chalafort Chill Rónáin chun míreanna leanúnacha ar nós pá, mionoibreacha, srl a íoc agus an t-iarmhéid leis na táillí dlí agus oibreacha ar an Fhoirgneamh Trádstórais ar an gcé a chlúdach. Beidh sé riachtanach freisin aon torthaí ó thaobh córas sábháilteachta an phlean oibríochta ar an gcé a chur i bhfeidhm.

## SEIRBHÍSÍ UISCE

### CLÁR INFHEISTÍOCHTA CAIPITIL

#### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH 2021:

- Leanann an Chomhairle de Chlár Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann a chur i bhfeidhm, ina gníomhaire de chuid Uisce Éireann. Tugann Uisce Éireann tosaíocht do thionscadail chun bonneagar ríthábhachtach a chur ar fáil a chuideoidh le comhlíontacht leis an Treoir um Chóireáil Fuíolluisce Uirbigh agus leis an gCreat-Treoir Uisce a bhaint amach. Tá tosaíochtaí infheistíochta leagtha amach i bPlean Infheistíochta Caipitil Uisce Éireann a ullmhaítear gach cúig bliana ar a laghad agus a chuirtear ar aghaidh chuig an gCoimisiún um Rialú Fóntas. In 2021, faoi obair an Chláir Infheistíochta, tá tabhairt chun críche suntasach, lena n-áirítear bóithre iomlána a thabhairt ar ais, bainte amach ar an síneadh atá á chur le Soláthar Uisce Réigiúnach Thuama go Baile Locha Riach agus táthar ag súil go mbeidh coimisiúnú agus tabhairt ar lámh na scéime tugtha chun críche faoi dheireadh na bliana.
- Tá dul chun cinn déanta maidir le pleanáil agus leagan amach tionscadal Líonra Scéim Séarachais Bhaile Átha an Rí agus táthar ag súil go gcuirfear an tionscadal sin amach ar tairiscint roimh dheireadh na bliana.
- Táthar ag súil toradh na héisteachta ó bhéal maidir leis an Ordú Ceannaigh Éigeantaigh do shuíomhanna agus ceadanna slí beartaithe do Chóras Cóireála Dramhuisce Chloch na Rón a bheith ar fáil ón mBord Pleanála faoi dheireadh na bliana 2021.
- Táthar ag fanacht ar chinneadh ar an OCÉ maidir leis an suíomh do Chóras Cóireála Dramhuisce na Ceathrún Rua a fháil ar feitheamh thoradh an dá athbhreithniú breithiúnach.
- Síníodh conarthaí le Coffey Water Ltd chun na córais cóireála dramhuisce ag an Spidéal agus ag Áth Eascrach a thógáil ar an 23 Lúnasa 2021 agus tá tús curtha leis an tógáil ar an dá thionscadal.
- Faoi Chlár Stórála Uisce Cóireáilte Uisce Éireann, síníodh conradh le Cleantech Civils Ltd chun taiscumar nua ina bhfuil toilleadh 1,500 $m^3$ a thógáil ar an nGort. Tá tús curtha leis an obair ar an láthair agus táthar ag súil go mbeidh an chuid is mó de críochnaithe roimh dheireadh na bliana 2021.

- Leanfar leis an bpleanáil agus dearadh ar thrí cinn de thionscadail atá brúite ar aghaidh go dtí céim 2 den Chlár Bonneagair. Is iad córais cóireála dramhuisce an Chreagáin, Bhéal Átha Ghártha agus Dhún an Uchta na tionscadail sin.

## TOGRAÍ DO 2022:

- Táthar ag súil go mbeidh síneadh RWSS Thuama go Baile Locha Riach ag feidhmiú ina hiomláine ag tús na bliana 2022. Cuirfear na córais cóireála uisce atá ag Bóthar an Locha agus ag Cnoc an Ime as feidhm agus cuirfear uisce cóireáilte as Loch Coirib ar fáil do Bhaile Locha Riach agus Creachmhaoil agus na ceantair máguaird.
- Faoin gClár Bonneagair, meastar go mbeidh na córais cóireála uisce nua ag an Spidéal agus in Áth Eascrach críochnaithe den chuid is mó faoi dheireadh na bliana. Rachaidh pleanáil agus dearadh do chórais cóireála dramhuisce nua ag Cloch na Rón agus sa Cheathrú Rua ar aghaidh go céim na pleanála chomh luath is a bheidh na próisis OCÉ tugtha chun críche ar an dá thogra.
- Maidir le pleanáil agus dearadh na gcóras cóireála dramhuisce nua don Chreagáin, Béal Átha Ghártha agus Dún an Uchta, rachaidh roinnt acu sin, nó iad ar fad b'fhéidir, ar aghaidh chuig céim na dtairiscintí faoi dheireadh na bliana.

## BAINISTIÚ AGUS COTHABHÁIL SCÉIMEANNA UISCE AGUS DRAMHUISCE

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH 2021:

- Leanadh leis an gComhaontú Seirbhíse (SLA) idir an Chomhairle agus Uisce Éireann a fheidhmiú sa bhliain 2021. Faoin SLA, leanann an Chomhairle de na scéimeanna uisce agus dramhuisce a oibriú mar ghníomhaire d'Uisce Éireann faoi na téarmaí atá leagtha amach sa Chomhaontú agus sa phlean seirbhíse bliantúil. Tá Uisce Éireann ag feidhmiú anois laistigh de thimpeallacht rialaithe faoin gCoimisiún um Rialáil Fóntais agus mar thoradh ar an tionchar praiticiúil atá aige sin, tá i bhfad níos mó béime á chur ar ghníomhaíochtaí a thuairisciú agus ar fheidhmíocht a thomhas, bunaithe ar an tuairisciú sin. Glacadh le cleachtais nua agus le teicneolaíocht nua mar thoradh air sin, tá níos mó ama agus acmhainní á gcaitheamh freisin ar shonraí a bhailiú laistigh de thimpeallacht nach bhfuil aon athrú ar na hacmhainní atá ar fáil chun tabhairt faoina dualgais bhreise seo. Leantar de bhéim a leagan ar Shláinte agus ar Shábháilteacht agus ar chomhlíonadh ó thaobh caighdeáin de. Tá feidhmiú teicneolaíochta agus próisis nua dúshlánach i dtimpeallacht rialaithe, áit a n-éilítear éifeachtúlachtaí seasmhacha ó thaobh acmhainní a ionchur agus ardú ag teacht ar an éileamh ag an am céanna ar aschur agus ar chaighdeáin.

## TOGRAÍ DO 2022:

- Leanfaidh an Chomhairle den Chomhaontú Leibhéil Seirbhíse a oibriú agus gníomhóidh sí de réir na bparaiméadar atá leagtha amach sa Phlean Seirbhíse Bliantúil laistigh de na hacmhainní atá ar fáil di. Ceaptar go mbeidh tuilleadh tionscnamh athrúcháin á gcur i bhfeidhm agus, chomh maith leis sin, go ndéanfar dul chun cinn maidir le Creat Oibriúcháin an Tionscail Uisce (WIOF) ar tríd is ceart go mbeidh soiléiriú ar fáil faoin mbealach chun cinn don tionscal ina iomláine. Tá sé soiléir, mar sin féin, go bhfuil sé mar aidhm ag Uisce Éireann aon samhail fóntais phoiblí aonair amháin a bheith ann agus go gcuirfear deireadh leis an SLA chomh luath agus is féidir agus táthar ag súil go gcuirfear dlús le cainteanna maidir leis sin sa bhliain 2022.

## CAOMHNÚ UISCE

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH 2021:

- Leanadh le hoibreacha laghdaithe maidir le sceitheadh uisce ar fud an chontae faoi sceitheadh a bhí beartaithe agus frithghníomhach i gcomhar le Clár an Líonra Uisce (WNP). Tugadh faoi na hoibreacha trí shaothar díreach, criúnna an Údaráis Áitiúil agus criúnna conraitheoirí ag obair ar fud gníomhaíochtaí difriúla an WNP.

- Áirítear orthu sin iad seo a leanas: Aimsiú agus Deisiú, Athsholáthar Luaidhe, Bunú DMA, Bainistíocht Brú Méadraithe, Athshlánú Príomhlíonra, Cur as Feidhm Príomhlíonra agus an Chéad Chéim ó thaobh Deisithe. Go dáta tá 29.7km d’athshlánú príomhlíonra tugtha chun críche i gceantair ina bhfuil go leor uisce ag sceitheadh nó i gcásanna ina raibh fadhb leis caighdeán an uisce agus go raibh gá obair a dhéanamh ina leith. Áiríodh ar na hoibreacha, píblíne agus ceangail a fheistiú agus boscaí méadar teorann a shuiteáil ag gach ceangal. Sa bhreis air sin, rinneadh coimisiúnú ar 26 Comhla Bhrúlaghdaithe (PRV'nna) ar fud an chontae (tá rialtóirí lá oíche ar chuid acu) agus tá siad sin ag feidhmiú anois agus ag cur spáráil mhór ar fáil ó thaobh uisce. Leantar ag díriú ar ligean Custaiméara faoi Chlár an Chéad Dheisiú.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Leanfar leis an laghdú ar uisce gan tásc ar fud an chontae a chur chun cinn agus acmhainní á ndíriú ar thaobhsceitheadh poiblí agus príobháideach sa líonra. Tá limistéir d’athchóiriú aitheanta agus tá siad sin ag céim an dearaidh faoi láthair agus tá sé beartaithe tús a chur leis an obair ar láthair in 2022. Leanfar ar aghaidh ag cur bainistiú brú agus obair mhéadraithe chun cinn i gcomhar le laghdú sceite.

## AN CLÁR UISCE TUAITHE

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH 2021:

- Tá an Clár Ilbhliantúil um Uisce Tuaithe (2019 - 2021) ag teacht chun deiridh ach cuireadh as go mór dó de bharr na paindéime Covid, rud a rinne deacair é dul chun cinn a dhéanamh. Ina theannta sin, bhí acmhainní foirne in Uisce tuaithe faoi na huimhreacha a bhíonn ann de ghnáth ar feadh na bliana go dtí seo agus bhí dúshlán i gceist le hearcú agus coinneáil foirne. Beidh an Chomhairle i mbun rannpháirtíochta leis an earnáil chun an chéad Chlár Ilbhliantúil um Uisce Tuaithe eile don tréimhse 2022-2024 a chur i dtoll a chéile. Sa chéad chlár eile beidh an infheistíocht a dhéanfar san earnáil bunaithe ar fhéachaint ar chostais saoil ar fad nuair a bheidh roghanna infheistíochta á mbreithniú agus is caighdeán uisce inbhuanaithe agus comhlíontach an cuspóir lárnach a bheidh i gceist. Lean an Chomhairle ag cuidiú le scéimeanna ina cuid oibríochtaí ó lá go lá tríd an scéim Fóirdheontais ceadaithe a fheidhmiú agus íocadh airgead suntasach amach.

## TOGRAÍ DO 2022:

- Is é an príomhchuspóir don bhliain 2022 ná Clár Ilbhliantúil um Uisce uaillmhianach agus dírithe a chur i dtoll a chéile agus an fhoireann a bhfuil gá léi a earcú d'fhonn a chinntiú go gcuirtear an clár i bhfeidhm agus go seachadtar é.

# PLEANÁIL & FORBAIRT INMHARTHANA AGUS SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDE

## PLEANÁIL DON FHORBAIRT INMHARTHANA:

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021

- Tháinig 1,996 iarratas ar Chead Pleanála go dtí seo i mbliana (27 Deireadh Fómhair 2021).
- Freastalaíodh ar 5 chruinniú comhairliúcháin réamhiarratais in éineacht leis an mBord Pleanála faoi na rialacháin nua maidir le tograí tithíochta lena mbaineann níos mó ná 100 aonad.
- Eagraíodh 28 cruinniú réamhphleanála maidir le holltograí forbraíochta go dtí seo i mbliana (27 Deireadh Fómhair 2021).

- Rinneadh 89 iarratas maidir le Forbairt Dhíolmhaithe a phróiseáil go dtí seo i mbliana (22 Deireadh Fómhair 2020).
- Leanadh leis an bpróiseas ullmhúcháin maidir leis an bPlean Forbartha Contae 2022- 2028 agus na pleananna agus straitéisí a ghabhann leis:
    - Croístraitéisí,
    - Measúnacht ar Dhreach na Tíre,
    - Straitéis Fuinnimh In-athnuaite an Údaráis Áitiúil (LARES),
    - An Straitéis maidir le Pleanáil Iompair,
    - Measúnacht ar an Éileamh mar gheall ar Riachtanas Tithíochta/An Straitéis Tithíochta,
    - Creat Deartha Uirbeach (An Garrán/Cnoc Mhaoil Drise),
    - Tuarascálacha SEA/AA/SFRA.
- Tairiscintí a ullmhú i ndáil leis na pleananna éagsúla agus na straitéisí éagsúla maidir leis na Pleananna Ceantair Áitiúla.
- Ullmhaíodh an dréacht den Phlean Forbartha Contae 2022-2028 agus cuireadh ar taispeáint é.
- Ullmhaíodh an tuarascáil CE maidir le haighneachtaí a cuireadh faoi bhráid faoin dréacht den Phlean Forbartha Contae 2022-2028 (2,887 aighneacht).
- Tosaíodh ar phleananna lonnaíochta éagsúla a ullmhú agus a fhorbairt lena gcur sa Phlean Forbartha Contae 2022-2028.
- Gnóthaíodh cistíocht, i gcomhpháirt le hIarnród Éireann, faoin gciste URDF don togra ag an nGarrán, Órán Mór.
- Cuireadh ábhar maidir le cúrsaí Pleanála ar fáil do na grúpaí Stiúrtha éagsúla a bhaineann le hábhar maidir leis an gContae
- Rinneadh aistriúchán ar na cáipéisí nua polasaí ar fad a shocrú agus a stiúradh (an dréacht den PFC, na pleananna PCÁ a bhaineann le hábhar) i gcomhréir leis an Scéim Teanga
- Bhíothas páirteach sa tionscnamh náisiúnta ríomhphleanála.
- Bhíothas páirteach sa Tionscnamh Meithle Bailte mar údarás áitiúil píolótach.
- Ullmhaíodh straitéisí faoin bhFearann Poiblí i ndáil le bailte móra áirithe agus an Plean Ceantair Áitiúil ina leith, de réir mar a bhíonn acmhainní ar fáil chuige
- Bhíothas páirteach, in éineacht leis an Roinn Pleanála, Tithíochta agus Rialtais Áitiúil sa tionscnamh píolótach maidir le Sonraí a Cheapadh a bhaineann le Pleanáil Spáis
- Caidreamh le hOifigigh faoin reachtaíocht maidir le ceadúnais reachtúla d'imeachtaí i ndáil le Gaillimh 2020.

## TOGRAÍ DO 2022

**LEANACHT DEN PHRÓISEAS ULLMHÚCHÁIN/AONTAITHE MAIDIR LES AN BPLEAN FORBARTHA CONTAE 2022-2028 AGUS PLEANANNA AGUS STRAITÉISÍ A GHABHANN LEIS:**

  - Croístraitéisí,
  - Measúnacht ar Dhreach na Tíre,
  - Straitéis Fuinnimh In-athnuaite an Údaráis Áitiúil (LARS),
  - An Straitéis maidir le Pleanáil Iompair,
  - Measúnacht ar an Éileamh mar gheall ar Riachtanas Tithíochta/An Straitéis Tithíochta,
  - Creat Deartha Uirbeach,
  - Tuarascálacha SEA/AA/SFRA
- Obair Ullmhúcháin maidir le Leasú Ábhartha agus Aontú an dréacht den Phlean Forbartha Contae 2022-2028 i ndeireadh báire.
- Dréacht de Phlean Ceantair Áitiúil a ullmhú maidir le Tuaim, Baile Locha Riach, an Gort agus Baile Locha Riach.
- Na Tuarascálacha SEA/AA/SFRA i ndáil leis na pleananna PCÁ a ullmhú maidir le Tuaim, Baile Locha Riach, an Gort agus Baile Locha Riach.
- Leanacht leis an obair ar phleananna lonnaíochta éagsúla a ullmhú agus a leasú lena gcur sa Phlean Forbartha Contae 2022-2028.
- Lón tairbhe maidir le cúrsaí Pleanála a chur ar fáil do na grúpaí Stiúrtha éagsúla a bhaineann leis an gContae
- Páirt a ghlacadh sa tionscnamh náisiúnta ríomhphleanála mar údarás áitiúil píolótach.
- Páirt a ghlacadh sa Tionscnamh maidir le Meithle Bailte / Meitheal an Chiste URDF.
- Straitéisí faoin bhFearann Poiblí a ullmhú i ndáil le bailte móra áirithe agus an Plean Ceantair Áitiúil ina leith, de réir mar a bhíonn acmhainní ar fáil chuige
- Páirt a ghlacadh, in éineacht leis an Roinn Pleanála, Tithíochta agus Rialtais Áitiúil, sa tionscnamh píolótach maidir le Sonraí a Cheapadh a bhaineann le Pleanáil Spáis.
- Caidreamh le hOifigigh faoin reachtaíocht maidir le ceadúnais reachtúla d'imeachtaí de réir mar is cuí sin.
- Clár na láithreán folamh a chur ar bun, lena mbainfidh athbhreithniú a dhéanamh maidir le láithreáin sna pleananna ceantair áitiúla.
- Tús a chur leis an obair ullmhúcháin ar mháistirphlean maidir leis an suíomh ar a mbíodh aerfort na Gaillimhe.
- Tairiscintí a ullmhú maidir leis an obair Dearthóireachta ar an lárionad áitiúil, ar an gcarrchlós agus ar an spás oscailte a ndéantar foráil dóibh sa dréacht den Chlár Forbartha Contae agus sa togra URDF maidir leis an nGarrán.
- Tairiscintí a ullmhú maidir le Staidéar Toipeolaíochta i ndáil leis an nGarrán, Órán Mór.

## RIALÁIL FOIRGNÍOCHTA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Tháinig 687 fógra tosach oibre i bliana anuas go dtí an 26 Deireadh Fómhair 2021, ardú 18% ar líon na bhfógraí go dtí an t-am seo anuraidh.
- Tháinig 115 deimhniú críochnú oibre faoi bhráid i bliana anuas go dtí an 26 Deireadh Fómhair 2021 agus rinneadh iad a dhearbhú, ardú 22% ar líon na bhfógraí go dtí an t-am seo anuraidh.
- Rinne an tOifigeach Rialála Foirgníochta 109 scrúdú cigireachta anuas go dtí an 26 Deireadh Fómhair 2021 d'fhonn comhlíonadh na Rialachán Tógála a chinntiú.
- Cuireadh tús leis an obair ar 850 foirgneamh nua agus ar shíneadh le 136 foirgneamh eile anuas go dtí an 26 Deireadh Fómhair 2021.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Leanfaidh an tOifigeach Rialála Foirgníochta de na rialacháin tógála faoin reachtaíocht a chur i bhfeidhm agus den leibhéal is ísle, ar a laghad, de na scrúduithe cigireachta ar thograí nua foirgníochta a dhéanamh.

## BEARTA FORFHEIDHMIÚCHÁIN

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Eisíodh 63 Fógra/Litir Foláirimh anuas go dtí an 27 Deireadh Fómhair 2021.
- Eisíodh 10 gcinn d'Fhógraí Forfheidhmiúcháin anuas go dtí an 20 Deireadh Fómhair 2021.
- Cuireadh 7 gcomhad faoi bhráid maidir le caingean dlí anuas go dtí an 20 Deireadh Fómhair 2021.
- Tháinig 200 gearán maidir le forbraíocht neamhúdaraithe faoi bhráid anuas go dtí an 27 Deireadh Fómhair 2021.
- Socraíodh/tugadh an obair chun críche maidir le isteach is amach le 73 Comhad Forfheidhmiúcháin faoin 20 Deireadh Fómhair 2021.

### TOGRAÍ:

- Tá á bheartú leanacht d'acmhainní a chur ar fáil don Mheitheal Forfheidhmiúcháin d'fhonn a chinntiú go gcuirtear na Rialacháin Pleanála i bhfeidhm i rith na bliana 2022 agus bearta forghníomhacha a dhéanamh maidir le gearáin agus cásanna a chuirtear faoi bhráid maidir le forbairt neamhúdaraithe.
- Tús áite, ó thaobh beart forfheidhmiúcháin, a thabhairt d'eastáit tithíochta neamhchríochnaithe, de réir mar is gá.

# OIDHREACHT

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Lá Fíorúil Bhaile Múrtha Bhaile Locha Riach – Reáchtáladh an lá spraoi seo don teaghlach Dé Domhnaigh, an 15 Lúnasa 2020 agus 'Foghlaim ón Oidhreacht' mar théama leis. Léiríodh le físeáin, podchraoltóireacht agus doiciméid an saibhreas maidir le hoidhreacht foirgníochta agus cultúir a bhaineann le baile meánaoise Bhaile Átha an Rí. Eagraíodh oiliúint TikTok freisin maidir le Lá Fíorúil Bhaile Múrtha Bhaile Locha Riach i mbliana. Cuireadh sin ar fáil ar líne ar leathanach Galway Beo ar Facebook agus ar an láithreán gréasáin ag https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/Baile Locha Riach-virtual-walled-town-day
- Baile Múrtha Bhaile Locha Riach: Obair Chaomhnúcháin - Cuireadh isteach ar chistíocht ón gComhairle Oidhreachta agus tá obair ar bun ar na ballaí.
- Baile Múrtha Bhaile Locha Riach: Staidéar Féidearthachta maidir le bealach siúlóide timpeall na mballaí - Cuireadh isteach ar chistíocht ón gComhairle Oidhreachta. Tá tuarascáil á réiteach.
- Féile Fhíorúil Meánaoise Bhaile Locha Riach – Cuireadh an fhéile ar líne seo ar fáil ar líne ar leathanach Galway Beo ar Facebook ar dtús ar an 22 Lúnasa agus ar an láithreán gréasáin ag https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/Baile Locha Riach-virtual-medieval-festival I gcomhpháirt le Coiste Fhéile Fhíorúil Meánaoise Bhaile Locha Riach a rinneadh an fhéile a fhorbairt agus fuarthas maoiniú ó Chomhairle Contae na Gaillimhe agus ón gComhairle Oidhreachta. Cuireadh físeáin, scannáin, podchraoltóireacht agus doiciméid ar an láithreán gréasáin go mbeadh taitneamh astu ag an uile dhuine agus go gcruthófaí tuiscint níos fearr ar oidhreacht na meánaoise i mBaile Locha Riach. Eagraíodh oiliúint TikTok freisin maidir le Féile Fhíorúil Meánaoise Bhaile Locha Riach i mbliana.
- "Galway: Yours to Discover" Ar Galway Talks, rinne Keith Finnegan cíoradh ar shaibhreas cultúir agus oidhreachta chathair agus chontae na Gaillimhe. Bhí béim aige ar cheird tháirgeoirí bia agus ar chainteanna le daoine a bhfuil dúspéis acu ina bpobal áitiúil féin agus sa timpeallacht logánta. Tionscnamh i gcomhar a bhí anseo idir Galway Bay FM, Éire na Sláinte (Pobal agus Fiontar) agus an Oifig Oidhreachta.

- Scéim na nDeontas Oidhreachta mar chuid de na Deontais Pobail: Rinneadh deontais a mheas, cuireadh coinníollacha le deontais agus táthar i mbun deontais a íoc.

- An Grúpa Oibre maidir le Speicis Ionracha - Oibríodh ar straitéis maidir le speicis ionracha le brainsí eile de chuid na Comhairle, go háirithe le Brainse na mBóithre, leis na Maoir Phobail, leis an mBrainse Comhshaoil, Oifig na nUiscí Pobail agus IT. Cuireadh uirlisí tacaíochta maidir le cinntí faoi speicis ionracha ar fáil d'fhoireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus tá roinnt pleananna bainistíochta maidir le speicis ionracha á n-ullmhú.

- Scileanna Digiteacha maidir leis an Oidhreacht - Rinneadh cúrsa oiliúna ceithre seachtaine maidir le Scileanna Digiteacha a leagan amach agus a rith do Ghrúpaí agus d'Oibrithe Oidhreachta a oibríonn i gContae na Gaillimhe. Eagraíodh dhá ócáid maidir le *Bealtaine*, eadhon, "Farmstead or Fairy Fort – what do you call yours?" agus "Trace your Galway Genealogy"
- Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma - Obair le Seirbhísí Corparáide maidir le hacmhainní oideachais agus sraith léachtaí ar líne a fhorbairt.
- Éire Ildánach: Cuid den fhoireann maidir le Éire Ildánach, oibríodh go sonrach ar thionscadal maidir le Geataí Gaibhnithe na Gaillimhe chomh maith le cúnamh a thabhairt maidir le tionscadail sparánachta agus le togra Caisleán Samhalta le Mainistir na Coille Móire.
- Ritheadh Cúrsa Oiliúna sé seachtaine maidir leis an Oidhreacht Béil do Ghrúpaí Oidhreachta agus d'oibrithe oidhreachta i gContae na Gaillimhe.
- Togra Bithéagsúlachta - Comhairle agus treoir maidir le gnéithe éagsúla den bhithéagsúlacht, lena n-áirítear, crainn a chur, déileáil le speicis ionracha agus pleananna i leith pailneoirí, a chur ar fáil do lucht na mBailte Slachtmhara, do Ghrúpaí Pobail agus do Scoileanna ar fud an chontae. Tugadh faoin tionscadal 'The Galway Buzz' le ceiliúradh a dhéanamh ar Sheachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta. Rinneadh iarratas ar mhaoiniú ón NPSW faoin bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta maidir leis an mBithéagsúlacht chun tabhairt faoi thionscadail éagsúla, ina measc oiliúint maidir le tuiscint ar an mbithéagsúlacht agus ar phailneoirí don lucht foirne agus don phobal, togra the Galway Buzz, an tionscnamh Potaí do Phailneoirí, suirbhéireacht maidir leis an mbuíóg agus togra maidir leis an scréachóg coille. Eagraíodh dhá chúrsa oiliúna cúig seachtaine ar líne maidir le garaíodóireacht inmharthana agus cuireadh uirlis bainistíochta maidir le fálta sceach ar fáil. Cuireadh cúrsaí tuisceana maidir le Creimiricíd ar siúl agus oiliúint faoin sárchleachtas maidir le smacht ar chreimirí do lucht foirne Chomhairle Contae na Gaillimhe. Tá iniúchóireacht ar Thailte Bogaigh in Oirthuaisceart na Gaillimhe ar siúl chomh maith.
- Deich mBliana an Chuimhneacháin - Forbairt agus forfheabhsú breise ar an láithreán gréasáin dátheangach maidir le Deich mBliana an Chuimhneacháin mar aon le breis eolais agus podchraoltóireachta. Eagraíodh comhdháil fhíorúil faoin teideal *The War of Independence comes to North Connemara: March 1921* agus léacht fhíorúil faoin teideal "*The truce of 11 July 1921: A natural end to the War of Independence or sowing the seeds of Civil War?*" Tá Stairí Cónaithe ceaptha agus táthar ag obair ar chlár faisnéise faoin tréimhse sin agus ar iatán do nuachtán an *Tuam Herald*.

- Obair ar fhoilseacháin dátheangach dar teideal: "*The Independence Struggle in County Galway, 1916–1923: A Research Guide*". Obair ar chomhdháil fhíorúil cuimhneacháin maidir le Baile Locha Riach i mí na Samhna 2021.

- Tionscadail maidir le hEisimirce agus an Diaspóra - Tionscadal an *Tuke Emigration Scheme* Project – Leanadh den obair i gcomhar le Coiste an Chlocháin 2012, le Grúpa Oidhreachta Uachtar Ard agus le hIonad Cuimhneacháin na nImirceach i gCarna ar an tionscadal seo. Forbraíodh agus ullmhaíodh faisnéis ar líne maidir leis an eisimirce agus leis an diaspóra.
- ICAN – láithreán gréasáin Oidhreachta Pobail - Lean an Oifig Oidhreachta leis an obair i gcomhar le Músaem Shaol na Tuaithe, Caisleán an Bharraigh agus le grúpaí pobail éagsúla ar fud an chontae le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an láithreán gréasáin seo. Cuireadh oiliúint theicniúil agus oiliúint

oidhreachta ar fáil do na grúpaí i rith na bliana. Eagraíodh togra i gcomhar idir an Oifig Oidhreachta, an Músaem agus na grúpaí pobail faoin teideal *Daoine agus Áit:* Connecting Our Communities.

- Féile na gCloch 2020 (féile fhíorúil) - Ag obair i gcomhpháirt le Comhar Caomháin Teo. agus leis an Drystone Walling Association of Ireland, Stone Wall Fest Thír Chonaill, Stein und Wein (an Ostáir) agus Stone Carvers (Stáit Aontaithe Mheiriceá), cuireadh féile fhíorúil i láthair ar Galway Beo ar dtús an Deireadh Fómhair 2021. Déirigh thar cionn le mionchomórtais maidir le sceitseáil agus le ballaí a thógáil agus chuir go leor iomaitheoirí isteach orthu as gach áit ar fud an domhain, Ceanada, Stáit Aontaithe Mheiriceá, an Astráil agus an Ongáir san áireamh.

https://heritage.galwaycommunityheritage.org/content/category/topics/feile-na-gcloch

- *Mapáil Dhigiteach ar Reiligí sa Chontae* – Leanadh den obair le Forbairt Tuaithe na Gaillimhe ar an obair mhapála agus déanfar na hinscríbhinní ar leaca cuimhneacháin a bhreacadh síos agus a chur ar fáil ar www.galway.ie. Tá obair ar siúl freisin ar chóras nua mapála leis an mBrainse GIS ionas go dtugtar úsáid as dróin san áireamh chomh maith le Survey 123.
- Ócáidí Pobail, Comhdhálacha agus Ceardlanna
- Tugadh cúnamh agus comhairle freisin do ghrúpaí éagsúla maidir leis na Bailte Slachtmhara, Oidhreacht Pobail agus scoileanna i rith na bliana 2021 lena n-áirítear comhairle agus treoir maidir le foilseacháin faoi chúrsaí oidhreachta, slite oidhreachta a leagan amach, taifeadadh a dhéanamh ar sheanchas agus ar an oidhreacht béil, imeachtaí i rith Sheachtain na hOidhreachta, oiliúint i gcúrsaí oidhreachta agus comhdhálacha, seimineáir etc. a bhaineann leis an oidhreacht áitiúil.
- Táthar ag leanacht leis an tionscadal *Beo* do scoileanna in éineacht le INSIGHT, OÉG agus Ionad Oideachais na Gaillimhe. Eagraíodh feachtas ar líne i rith na bliana ag lorg grianghrafanna etc. agus d'éirigh thar cionn leis sin.
- Páirteach ar choistí/meithle de leithéid *Choiste na Logainmneacha, Comhlacht Oidhreachta agus Forbartha Bhaile Locha Riach.*
- Ciste na Séadchomharthaí Pobail - Cuireadh isteach ar chistí i ndáil le pleananna bainistíochta agus obair chaomhnúcháin maidir le séadchomharthaí éagsúla atá ar taifead ar fud an chontae.
- Iniúchadh na dToibreacha Beannaithe Céim 2 - Obair ar siúl i CB Bhaile Locha Riach agus i CB Bhéal Átha na Sluaighe maidir leis an gcéim seo den togra.
- Clár an tSeandálaí Pobail - D'oibrigh an Seandálaí Pobail le grúpaí éagsúla ar fud an chontae i ndáil le comhairle agus treoir a chur ar fáil faoin oidhreacht seandálaíochta agus cuireadh acmhainní éagsúla ar fáil ar líne. Féach freisin https://field-monuments.galwaycommunityheritage.org/
- Radharc na Tíre - Obair ar siúl maidir le foilseachán dátheangach agus ritheadh cúrsa maidir le dreach na tíre sa Dún Mór.
- Taighde maidir le Bailte Fearainn - Obair le hOidhreacht Pobail na Gaillimhe, RD, Fóram Chonamara, le hIonad Cuimhneacháin na nImirceach agus le Corr na Móna maidir le taighde staire ar bhailte fearainn a thaifead agus a thuairisciú.
- Cuirfear féilire an *Golden Mile Calendar* ar fáil i mí na Nollag 2021 i gcomhar le Forbairt Tuaithe na Gaillimhe - Tá mapaí tuairisce á gcur ar fáil i gcomhar leis an mBrainse GIS, le Suirbhéireacht

Gheolaíochta na hÉireann, le Grúpaí Pobail, le Cairde Éanlaith Éireann agus le Forbairt Tuaithe na Gaillimhe.

## TOGRAÍ DO 2022:

- Oibriú i gcomhar le grúpaí pobail áitiúla, le comhlachtaí LEADER agus leis an mBrainse GIS i gComhairle Chontae na Gaillimhe chun saorchead a thabhairt ar an saibhreas eolais maidir leis an oidhreacht áitiúil agus leis an stair atá i reiligí Chontae na Gaillimhe trí mhapa reilige, inscríbhinní cuimhneacháin, ionad cruinncheart na huaighe agus grianghrafanna de leaca cuimhneacháin a chur ar fáil de réir mar a bhítear ina acmhainn sin.
- Acmhainní breise a chur ar fáil maidir leis an Iniúchadh ar Oidhreacht Geolaíochta Chontae na Gaillimhe i gcomhar le Suirbhéireacht Geolaíochta na hÉireann agus leis an gComhairle Oidhreachta.
- Leanacht den obair ar an Straitéis maidir le Speicis Ionracha.
- Níos mó StoryMaps a chur ar fáil
- Oibreoidh an Seandálaí Pobail le grúpaí, scoileanna agus daoine éagsúla ar fud an chontae chun cur leis an aird, leis an eolas agus leis an tuiscint ar oidhreacht seandálaíochta an chontae. Cuirfear treoir agus comhairle ar fáil maidir le tograí oidhreachta atá bunaithe ar an tseandálaíocht a dhéanamh ar an mbealach is fearr ó thaobh gnás oibre oidhreachta. Cuirfear isteach ar chistíocht maidir le Séadchomharthaí Pobail.
- Leanfar leis an togra maidir le Mapa Fuaime de Chontae na Gaillimhe.
- Eagrófar cúrsa sé seachtaine a mbeidh tairbhe as ag daoine a thugann faoi thograí béaloidis, faoin gclár maidir le Taifeadadh Fuaime agus Modhanna Agallaimh.
- Cuirfear Céim 3 den Iniúchadh ar na Toibreacha Beannaithe ar siúl.
- Cúrsa Radharc na Tíre - D'fhonn leanacht leis an obair le grúpaí pobail maidir le scileanna oibre a fhoghlaim agus leas a bhaint astu chun ábhar a chur ar fáil ar an láithreán gréasáin pobail nua maidir leis an oidhreacht.
- Leanacht leis an Togra Bithéagsúlachta agus leanacht ag obair i gcomhar le grúpaí pobail, coistí na mBailte Slachtmhara, Scoileanna, OÉG, Forbairt Tuaithe na Gaillimhe etc.
- Lá Bhaile Múrtha Bhaile Locha Riach – Cuirfear isteach ar chistíocht as Ciste na Comhairle Oidhreachta do na mBailte Múrtha agus má fhaightear an t-airgead, eagrófar Lá Bhaile Múrtha Bhaile Locha Riach i mí Lúnasa 2022.
- Baile Locha Riach & Togra Oideachais Bhaile Múrtha Bhaile Locha Riach – Lorgófar cistíocht chun leanacht leis an togra fiúntach seo.
- Oibreacha Caipitil Bhaile Múrtha Bhaile Locha Riach – Lorgófar cistíocht chun tabhairt faoi chlár nua oibre ar na ballaí agus tá clár oibre eile le cur i bhfeidhm ina dhiaidh.
- Féile Meánaoise Bhaile Locha Riach – Féachfar le hócáid a leagan amach i gcomhar le Coiste Fhéile Meánaoise Bhaile Locha Riach.
- Deich mBliana an Chuimhneacháin - Forbairt agus leasú breise ar an láithreán gréasáin dátheangach maidir le Deich mBliana an Chuimhneacháin le heolas breise agus podchraoltóireacht breise. Leanacht den tsraith foilseachán maidir le Deich mBliana an Chuimhneacháin i gContae na Gaillimhe. Beidh Comhdháil Cuimhneacháin Bhaile Locha Riach ar siúl i mí na Samhna 2022.

- ICAN – láithreán gréasáin Oidhreachta Pobail - Leanfaidh an Oifig Oidhreachta leis an obair i gcomhar le Músaem Shaol na Tuaithe, Caisleán an Bharraigh agus le grúpaí pobail éagsúla ar fud an chontae le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an láithreán gréasáin seo.
- Ócáidí Pobail, Comhdhálacha agus Ceardlanna – Cuirfear cúnamh agus comhairle ar fáil maidir le himeachtaí éagsúla Baile agus Pobail i rith na bliana 2022, ar a n-áirítear Féile na gCloch, imeachtaí i rith Sheachtain na hOidhreachta, oiliúint i gcúrsaí oidhreachta agus comhdhálacha, seimineáir etc. a bhaineann leis an oidhreacht áitiúil.
- Tionscadail maidir le hEisimirce agus an Diaspóra: Tionscadal an *Tuke Emigration Scheme* Project – Leanfar den obair i gcomhar le Coiste an Chlocháin 2012 agus le Grúpa Oidhreachta Uachtar Ard. Forbrófar agus ullmhófar faisnéis breise ar líne maidir leis an eisimirce agus leis an diaspóra.
- Leanfar leis an tionscadal *Beo* do scoileanna in éineacht le INSIGHT, OÉG agus Ionad Oideachais na Gaillimhe.
- Páirteach ar choistí/meithle de leithéid Choiste na Logainmneacha, Comhlacht Oidhreachta agus Forbartha Bhaile Locha Riach, Éire Ildánach agus tionscnaimh eile den sórt sin.
- Cuirfear Scéim na nDeontas Oidhreachta i bhfeidhm mar chuid de na Deontais Pobail.
- Eagrófar comórtas an Golden Mile chomh maith leis an bhféilire agus le searmanas na ngradam i rith na bliana.
- Leanacht leis an Taighde ar Bhailte Fearainn agus leis an Iniúchadh ar Oidhreacht Pharóistí agus Cheantair Áitiúla
- Cruinnithe a eagrú agus tionscnaimh oidhreachta a chur chun cinn le Fóram Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe.
- *Plean Oidhreachta agus Bithéagsúlachta Chontae na Gaillimhe 2023- 2030* a leagan amach
- Leanacht le leabhráin faoi oidhreacht na mbailte móra a chur ar fáil.
- Féile na gCloch a chur ar siúl in Inis Oírr.
- Oiliúint maidir le cúrsaí oidhreachta a thabhairt chun cinn agus a chur ar fáil.
- Leanacht le togra Galway Beo.
- Cuidiú le himeachtaí agus imeachtaí a reachtáil i rith Sheachtain na hOidhreachta agus an tSeachtain Náisiúnta Bithéagsúlachta.

## CAOMHNÚCHÁN

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Rinneadh déanmhais, limistéir grúpaí déanmhas agus gnéithe eile lena mbaineann tábhacht ó thaobh oidhreacht ailtireachta a shonrú agus a mheas agus cuireadh comhairle ar fáil ina leith . Cuireadh comhairle ar úinéirí agus ar áititheoirí na ndéanmhas stairiúil maidir leis an sárchleachtas agus le cúnamh a bheith ar fáil, cúnamh airgid san áireamh, maidir le hobair chaomhnúcháin.
- Rinneadh measúnú ar Dhéanmhais atá ar Thaifead na nDéanmhas atá faoi Chosaint (RPS) d'fhonn Dearbhuithe a eisiúint maidir le hoibreacha a dteastaíonn cead pleanála ina leith agus comhairle réamhphleanála a chur ar fáil.

- Tairgíodh comhairle d'úinéirí/d'áititheoirí fhoirgimh thraidisiúnta, go háirithe maidir le bearta ar mhaithe le héifeachtúlacht fuinnimh.
- Cuireadh tuairiscí agus comhairle ar fáil maidir le hiarratais ar chead pleanála sa chás go raibh ceisteanna maidir leis an oidhreacht ailtireachta ag baint leo, i Limistéir Chaomhantais Ailtireachta (ACA) agus i ndáil le Struchtúir Chosanta (foirgneamh aonair nó grúpaí foirgneamh) a raibh obair forbraíochta á beartú ina leith.
- Rinneadh monatóireacht ar an riocht ina bhfuil déanmhais atá ar Thaifead na nDéanmhas atá faoi Chosaint, agus de réir mar a ba ghá sin, cuireeadh moltaí ar aghaidh maidir le haon bheart forfheidhmiúcháin ba ghá don údarás pleanála a dhéanamh.
- Coinníodh an bunachar maidir leis an bhFardal Ailtireachta i gcaoi mhaith.
- Chuathas i gcomhairle le ranna rialtais, gníomhaireachtaí stáit, eagraíochtaí deonacha agus idirnáisiúnta de réir mar ba chuí faoi chúrsaí a bhaineann le caomhnú na hailtireachta, AACO, ICOMOS, Cumann Seoirseach na hÉireann agus Cónaidhm Thionscail na Foirgníochta san áireamh.
- Coinníodh caidreamh ar bun le grúpaí pobail áitiúla maidir leis an Bailte Slachtmhara agus tionscnaimh pobail, tionscadal píolótach in Áth Cinn i gcomhar le *Reimagine* Fhondúireacht Ailtireachta na hÉireann san áireamh.
- Caidreamh le grúpa oibre bhailte agus shráidbhailte ICOMOS i ndáil le *Baile* maidir le forbairt inbhuanaithe i ndáil le tionscadal píolótach maidir le forbairt inmharthana sa Ghort a chur chun cinn. Rinne Éire Ildánach maoiniú ar shuirbhéireacht phíolótach maidir le éifeachtúlacht fuinnimh i bhfoirgnimh traidisiúnta i gcomhar le Burren Lowlands agus le háititheoirí.
- Grúpa na Sócmhainní Stairiúla – lean an grúpa oibre inmheánach idirdhisciplíneach seo leis an obair chun Struchtúir Chosanta a chothabháil atá faoi chúram an údaráis áitiúil. Rinneadh comhairle leis an Meitheal Athnuachana maidir le malairt usáide as foirgnimh éagsúla atá faoi úinéireacht an údaráis áitiúil agus le hathchóiriú orthu.
- *The Walks, Baile Locha Riach* a chur chun cinn agus a riar; tionscadal caomhnúcháin maidir le múrtha agus droichid i bhfearann poiblí stairiúil.
- Comhchaidreamh le BOOGRC, CIF agus seirbhís Comhairle na Roinne maidir leis an Oidhreacht Foirgníochta i ndáil le cúrsaí oiliúna maidir le scileanna traidisiúnta tógála.
- Rannpháirtíocht san fhéile ailtireachta *Architecture at the Edge* leis an téama *Alternative Futures* - bhí daoine páirteach in imeachtaí ar an gCoill Mhór, sa Ghort, i Muine Mheá agus i mBaile Locha Riach chomh maith le himeachtaí a eagraíodh ar líne agus i nGaillimh an t-aon tráth amháin.
- Rinneadh an Scéim Infheistíochta um an Oidhreacht Foirgníochta (BHIS) agus an Ciste um Struchtúir Stairiúla (HSF) a rith a chuirtear ar fáil tríd an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus faoi scéim Chiste Pobail na Séadchomharthaí a ritheann an tSeirbhís Náisiúnta Séadchomharthaí sa roinn chéanna sin.
- Rinneadh tairbhe maidir le próiseas ullmhúcháin an Phlean Forbartha Contae trí Limistéir Chaomhantais Ailtireachta atá á mbeartú a mheas agus tuairisc a thabhairt ar ábhar aighneachtaí.

## TOGRAÍ DO 2022:

- Leanacht de dhualgais reachtúla an Oifigigh Caomhnaithe Ailtireachta mar a leagtar amach i gCiorclán 5/99 (maille le haon leasú ar an gciorclán sin) a chomhlíonadh.
- Athbhreithniú a thabhairt ar Thaifead na nDéanmhas atá faoi Chosaint trí dhéanmhais breise a mholadh agus obair thaighde ina leith sin agus Limistéir Chaomhantais Ailtireachta a mholadh agus caidreamh a chothú leis na húinéirí agus leis na háitritheoirí.
- An bunachar maidir leis an bhFardal Ailtireachta a choinneáil i gcaoi mhaith.
- Deiseanna cur leis an tuiscint ar an oidhreacht ailtireachta agus ar a chaomhnú agus a athúsáid a thapú trí Éire Ildánach, Fondúireacht Ailtireachta na hÉireann, an Chomhairle Ealaíon agus deiseanna maoinithe eile de réir mar a bhíonn ar fáil.
- Na tionscnaimh agus an maoiniú atá á gcur ar fáil ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta a chur chun cinn.
- Leanacht le scileanna traidisiúnta agus tionscnaimh oiliúna a chur chun cinn i gcomhar le Building Limes Forum Ireland, Cónaidhm Thionscal na Foirgníochta agus an BOOGRC
- Coinneáil leis an tairbhe don ghrúpa oibre Sócmhainní Stairiúla agus ag obair le grúpaí pobail áitiúla chun dlúthchuid de shaol an phobail sna mbailte agus sna sráidbhailte a dhéanamh den timpeallacht foirgníochta stairiúil.
- Dréachtphleananna costáilte maidir le tionscadail a ullmhú ionas gur féidir, i gcomhar leis an Fhoireann Athnuachana, leas a bhaint as maoiniú caipitil sna bailte stairiúla agus sna limistéir ACA agus maidir le Sócmhainní Stairiúla atá faoi chúram an údaráis áitiúil de réir mar a bhíonn cistí ar fáil.
- Gach tionscnamh maoinithe atá ar fáil a thapú agus a chur chun cinn, lena n- áirítear Ciste na Scéime Infheistíochta maidir leis an Oidhreacht Foirgníochta, Scéim na nDéanmhas Stairiúil, Bailte agus Sráidbhailte Tuaithe, Tionscnamh na mBailte Stairiúla, an Ciste Séadchomharthaí Pobail & Éire Ildánach.
- Comhairle a chur ar fáil don údarás áitiúil maidir le caomhnú ailtireachta; Idirchaidreamh le rannóg na mBóithre maidir le caomhnú a dhéanamh ar dhroichid cloiche; Idirchaidreamh le seirbhísí corparáide maidir le sócmhainní stairiúla faoi úinéireacht an Údaráis Áitiúil; Idirchaidreamh leis an Rannóg Comhshaoil maidir le reiligí; Idirchaidreamh leis na hinnealtóirí ceantair maidir leis an bhfearann poiblí agus le ceisteanna ina leith. Idirdhealú leis an rannóg Tithíochta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh i dtithe traidisiúnta.

## SEIRBHÍSÍ LEABHARLANNAÍOCHTA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Lean na Seirbhísí Leabharlannaíochta Ar Líne 24/7 i rith na bliana 2021. Áirítear ar na seirbhísí sin r-leabhair, r-fhuaimleabhair, r-irisí, r-nuachtáin, cúrsaí ar líne agus cúrsaí teanga a chur ar fáil saor in aisce don phobal ach a bheith cláraithe leis an leabharlann.

- Leanadh i gcomhar leis an Post leis an tseirbhís poist do dhaoine a bhfuil lagú ar an amharc acu i rith na bliana 2021

- Cuireadh clabhsúr le Éire ag Léamh ar an 25 Feabhra le feachtas míosa ag spreagadh an uile dhuine le léitheoireacht a dhéanamh ar mhaithe le taitneamh agus leis an tsláinte, ag féachaint leis an dianghlasáil a chúiteamh trí óg agus aosta a tharraingt ar ais chuig nós na léitheoireachta agus am rialta ina suí i mbun leabhar, dán, greannán, nuachtán nó saothar de chineál ar bith is mian leo, a léamh.

- Rinne foireann na Leabharlainne, tríd an bhfeachtas Grow It Forward, 1,000 pacáiste síolta glasraí a dháileadh ar dhaoine den phobal ar fud Chathair agus Chontae na Gaillimhe. Tugadh daoine agus dreamanna le chéile leis an Tionscnamh seo dírithe in éineacht ar ghlasraí blasta a fhás sa bhaile, b'fhéidir den chéad uair riamh.

- D'oibrigh triúr Ambasadóirí Digiteacha oilte de chuid na Leabharlainne le daoine aosta maidir le Seirbhísí Ar Líne na Leabharlainne a thapú. Ghlac 35 duine aosta páirt sa scéim phíolótach seo i dtús na bliana agus rinneadh obair i mbeirteanna le ball oilte den fhoireann d'fhonn a fhoghlaim le hAcmhainní Ar Líne na Leabharlainne a thapú agus a úsáid.

- De réir mar a bhí cead faoi Threoirlínte an Rialtais, osclaíodh na leabharlanna ar fad maidir le seirbhísí iasachta, deis ar ríomhairí pearsanta, ar phriontáil agus ar scanáil, Seirbhís Iarratais, spás staidéir, nuachtáin agus irisí nuair a bhí sin sábháilte mar gheall ar réimeas glantacháin níos géire, coinníollacha éigeantacha maidir le mascanna, aird ar chúrsaí aerúcháin agus ar an uaslíon daoine a ligfí isteach ag aon tráth ar bith.

- Thug seirbhís shoghluaiste Leabharlann na Gaillimhe málaí leabhar chuig daoine a bhfuil cónaí orthu faoin tuath nó i gceantar iargúlta an ceithre mhí tosaigh den bhliain nuair a bhí an dianghlasáil i bhfeidhm. Chuir sin an-áthas a mhuintir na gceantar sin agus bhí na custaiméirí an-bhuíoch as an tseirbhís.

- Thug an tSeirbhís Leabharlannaíocht Shoghluaiste faoin sceideal iomlán arís ón 10/05/2021.

- Rinneadh an Roinn nua maidir leis an Stair Áitiúil a athoscailt ón 20/09/2021.

- Eagraíodh imeachtaí faoin aer i rith an tsamhraidh i leabharlanna éagsúla nuair nach bhféadfaí iad a reáchtáil faoi dhíon de réir Threoirlínte an Rialtais.

- Leanadh le himeachtaí Éire Shláintiúil ag an Leabharlann le cainteanna agus léachtaí ar líne.

- Coinníodh Scéalaíocht do dhaoine fásta agus do leanaí, seisiúin ceardaíochta, clubanna leabhar do dhaoine fásta agus do leanaí, léitheoireacht le Baill Foirne de chuid na Leabharlainne ar siúl go rialta i rith na bliana ar ardáin ar líne.

- Aimsíodh maoiniú €35,180.10 as Ciste na gCuntas Díomhaoin chun 6 cinn de Chláir a rith do dhaoine Imeallaithe, Eisiata go Sóisialta agus ó Cheantar atá faoi Mhíbhuntáiste. Beidh na Cláir sin á gcur i bhfeidhm i mbrainsí éagsúla na leabharlainne i rith na míonna seo amach romhainn.

- Tá Seirbhís Leabharlannaíochta na Gaillimhe faoi chóir anois maidir le Cártaí JAM agus an uile dhuine den fhoireann oilte maidir lena n-úsáid. Tá cártaí JAM (=Just a Minute) ar fáil i ngach Brainse den

Leabharlann a ligeann don chustaiméir ag a bhfuil deacracht cumarsáide a thabhairt le fios do bhaill foirne na leabharlainne go dteastaíonn nóiméad fós uathu chun a gcuid gnó a dhéanamh.

- Eisíodh ábhar maidir le Sábháil Fuinnimh sa Bhaile chuig 5 Leabharlann maidir lena n-úsáid ag daoine sa bhaile. Tá 6 uirlis le chéile san ábhar seo a chuidíonn le daoine tuiscint a fháil ar an úsáid fuinnimh agus réimsí a bhféadfadh trioblóid a bheith leo a thabhairt chun aire e.g. sa chás go bhféadfaí ínsliúchán níos fearr a úsáid. Is féidir an t-ábhar seo a thógáil ar iasacht mar a thógfaí leabhar amach.

- Rinneadh obair fheabhsúcháin i Leabharlanna éagsúla. Tugtar san áireamh na soilse a fheabhsú, an díon a dheisiú, péinteáil agus gabhdáin maidir le leabhair a thabhairt ar ais.

- Eagraíodh taispeántais ar líne i rith na bliana nuair nárbh fhéidir taispeántais a chur ar siúl i mbrainsí.

- Rinneadh níos mó ná 500 Mála Leabhar ar a dtugtar "Leabharlann Bheag" a dháileadh ar Ionaid Luathfhoghlamtha agus Luathchúraim mar chuid den Tionscnamh Náisiúnta "First 5 Little Library". Bhí 5 phictiúrleabhar i ngach mála chomh maith le comhairle faoi léitheoireacht agus faoi litearthacht agus eolas faoi sheirbhísí Leabharlann Phoiblí na Gaillimhe do theaghlaigh agus do leanaí.

- Rinne Leabharlann Phoiblí na Gaillimhe ceiliúradh ar Chruinniú na nÓg, Dé Sathairn an 12 Meitheamh, an Lá Náisiúnta Cruthaitheachta do Dhaoine Óga. Bhí an Contae agus an Chathair beo le samhlaíocht na ndaoine óga agus iad ag baint taitnimh as cuid mhór imeachtaí saor in aisce a bhí ar siúl i gcomhar leis na leabharlanna. Bhí gnéithe ag baint leis na himeachtaí maidir le hinmharthanacht, athchúrsáil, úsáid as timpeallacht an dúlra agus as timpeallacht na foirgníochta, scéalaíocht, taispeántais ealaíne chomh maith le seifteanna tairbheacha a spreagadh i ndáil leis an athrú aeráide.

- Foilsíodh "*Lockdown Diaries Galway*" i gcomhar le comhghleacaithe éagsúla i rannóga de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Eascraíonn scéalta an chnuasaigh as Comórtas don Scríbhneoireacht Chruthaitheach trínar iarradh ar áitritheoirí aosta machnamh a dhéanamh ar an saol le linn na Paindéime. Tá cóipeanna ar fáil i ngach Brainse den Leabharlann.

- *April is Poetry Month* Tionscadal i gcomhar idir na Filí agus dream Aithriseoireachta níos sin a chuir an dán is fearr leo i láthair mar cheiliúradh ar mhí na filíochta san Aibreán

- Imeacht na Bealtaine: *Remember Record & Recite*. … tionscadal ilghlúnta lenar bhain taifeadadh á dhéanamh ag an nglún óg ar mhamó agus ar dhaideo ionas go mbeadh glórtha iontacha sheandaoine na Gaillimhe le cloisteáil acu ag i mbun aithrise ar fhocail áille.

- Cuireadh miontuairiscí Choiste Leabharlannaíocht an Chontae leis an gCartlann Dhigiteach. Acmhainn iontach trínar féidir an fhorbairt ar an tSeirbhís Leabharlannaíochta ar feadh na mblianta a ríomh.

- Sheol an Cathaoirleach ionad de chineál nua de chuid Europe Direct i Leabharlann Bhéal Átha na Sluaighe ar an 27 Meán Fómhair.

- Rinneadh Ceiliúradh ar Oíche an Chultúir ar an 17 Meán Fómhair le clár imeachtaí ar líne, léitheoireacht san áireamh.

- Rinneadh ceiliúradh ar bhealaí éagsúla sa tSeirbhís Leabharlannaíochta ar an tSeachtain Náisiúnta Oidhreachta, ar Sheachtain na Gluaisteachta, ar Sheachtain an Aosaithe Dhearfaigh, ar Sheachtain an Domhain, ar Sheachtain an Spáis agus ar Sheachtain na Gaeilge.

- Bhí an Childrens Book Festival ar siúl i mí Deireadh Fómhair maidir leis an téama "*Climate of Hope: Protect, Preserve, Participate*". Eagraíodh imeachtaí i mbrainsí de chuid an leabharlainne agus i scoileanna.

- Cuireadh acmhainn nua ar líne, Medici TV ar fáil do bhaill cláraithe leabharlann na Gaillimhe. Is é seo an cainéal is mó ar domhan maidir leis an gceol clasaiceach ar a mbíonn teacht ar an gcuid is fearr den cheol clasaiceach ar fud an domhain. Craoltar níos mó ná 150 ceolchoirm beo in aghaidh na bliana agus bíonn an chartlann is mó ar a éileamh ar domhan den cheol clasaiceach le feiceáil ar ghléasanna den uile chineál.

- Cuireadh acmhainn nua ar líne Comic Plus ar fáil do bhaill cláraithe leabharlann na Gaillimhe. Bíonn bailiúchán de ghreannáin, d'úrscéalta grafaice agus de leabhair manga ó 100+ foilsitheoir ar fáil ar Comic Plus.

- Ar an 20 Márta, d'eagraigh Leabharlann Poiblí na Gaillimhe, i gcomhar le FEST agus Scéalaithe na hÉireann *Scéalaíocht, Storia and Contes*, féile scéalaíochta le scéalaithe, ceoltóirí agus amhránaithe as Éirinn agus as áiteanna san Eoraip. Eagraíodh seisiúin do theaghlaigh, do dhaoine fásta agus do scéalaithe: Monique Burg as Perigord (Iardheisceart na Fraince), Paola Balbi agus Davide Bardi, as an Iodáil agus as Éirinn, Órla McGovern, Spontaneous Theatre agus Máirín Mhic Lochlainn as Ros a' Mhíl i gConamara.

## TOGRAÍ DO 2022:

- Leanfar den obair, ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil, le cothabháil a dhéanamh agus le feabhas a chur, de réir mar is féidir, ar Sheirbhísí Leabharlannaíochta na Gaillimhe faoi mar a leagtar amach i gClár Forbartha Leabharlann na Gaillimhe 2016- 2021.

- Leanfar den obair ó thaobh Leabharlann nua Chathair na Gaillimhe ó tharla an spás atá ar fáil faoi láthair róchúng do chathair chomh mór le Gaillimh.

- Leanfar de na feachtais, Éire Shláintiúil, *Work Matters* agus an Ceart chun Léitheoireachta a leathadh amach ar fud na mbrainsí leabharlainne agus as leas a bhaint as na sruthanna náisiúnta airgid atá ar fáil, d'fhonn réimse seirbhísí a chinntiú sna brainsí sna bailte móra agus faoin tuath.

- Leanfar de na hiarrachtaí cur leis an úsáid as an teicneolaíocht, córais féinseirbhíse san áireamh, an tráth céanna a ndéanfar pacáiste na n-acmhainní ar líne a chur chun cinn arís eile.

- Leanfar den obair maidir le córas ríomhaireachta i mbrainsí leabharlainne na Gaillimhe, faoi réir ag líon na foirne agus ag acmhainní airgid chuige sin a bheith ar fáil.

- Déanfar an péire tosaigh de Leabharlanna Oscailte i gContae na Gaillimhe a oscailt in Órán Mór agus i mBéal Átha na Sluaighe i rith na bliana 2022.

- Leanfaidh Leabharlanna na Gaillimhe den chlár imeachtaí a thabhairt chun cinn, den chaidreamh a chothú ins na brainsí ar fad le daoine agus le dreamanna i measc an phobail, agus de dheiseanna náisiúnta cistíochta, Éire Ildánach san áireamh, a thapú nuair is féidir sin, an tráth céanna a leantar ag obair go háitiúil taobh istigh de shrianta na cistíochta.

## SAORÁIDÍ ÁINEASA, TAITNEAMHACHTA & SÚGARTHA/FÓILLÍOCHT FAOIN AER & SÁBHÁILTEACHT UISCE:

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Earcaíodh 54 Garda Tarrthála oilte faoin gClár Sábháilteacht Uisce 2021 chun seirbhísí a chur ar fáil ag 10 n-ionad ar fud an Chontae [sé cinn de Thránna le Bratacha Gorma san áireamh] agus ag sé ionad sa Chathair mar chuid den Chomhaontú Seirbhísí Comhroinnte le Comhairle Chathair na Gaillimhe.
- Reáchtáladh Oiliúint Ionduchtaithe do na Gardaí Tarrthála Trá in Leisureland
- Cuireadh tús leis an tSeirbhís ar an 29 Bealtaine agus leanadh go dtí an 17 Meán Fómhair 2021.
- Rinneadh forfheabhsú maidir le roinnt den trealamh chomh maith le sceideal don obair ullmhúcháin, deisiúcháin agus cothabhála ar chrónna a aontú agus a thabhairt i gcrích. Cuireadh cró nua ar fáil ar Bhóthar an Spidéil agus i gCloch na Rón do shéasúr na bliana 2021.
- Bhí dhá uair a chloig breise den tseirbhís garda tarrthála ar fáil ag tránna Chontae na Gaillimhe Galway i rith shéasúr na bliana 2021. Athraíodh ó sheirbhís idir 12.00 i.n. agus 6.00 i.n. mar a bhíodh roimhe sin go dtí seirbhís idir 11.00 i.n. agus 7.00 i.n. i rith na bliana 2021.
- An tráth ar tháinig teas mór i mí Iúil, cuireadh gardaí tarrthála trá ar fáil i gCloch na Rón agus in Inis Oírr (ar an deireadh seachtaine amháin) ar feadh na seachtaine mar gheall ar thrácht breise daoine.
- Tar éis don Chomhairle é a cheadú, cuireadh maoiniú €6,150 ar fáil do Shábháilteacht Uisce na hÉireann.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Faoi réir ag maoiniú a bheith ar fáil chuige, Clár Sábháilteacht Uisce a chur i bhfeidhm ar bhonn séasúrach, oiliúint ionduchtúcháin san áireamh.
- Clár na nGardaí Tarrthála Trá a chur chun cinn le húsáid as láithreáin gréasáin, na meáin shóisialta agus na meáin chumarsáide áitiúla.
- Faoi réir ag maoiniú a bheith ar fáil chuige agus aontú na Comhairle leis, leanacht de mhaoiniú airgid a thabhairt do Shábháilteacht Uisce na hÉireann.
- Leanacht de mhonatóireacht a dhéanamh maidir leis na Fáinní Tarrthála agus iad a athrú de réir mar is gá.

## PÁIRCEANNA, PÁIRCEANNA IMEARTHA, SPÁSANNA OSCAILTE AGUS IONAID SÚGARTHA:

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Déanann Comhairle Chontae na Gaillimhe bainistiú ar Pháirc Rinn Mhíl, i Meáraí, Órán Mór, atá faoi chomhúinéireacht Chomhairle Chathair na Gaillimhe agus Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá sí ar cheann de na hionaid ainmnithe ar Bhealach an Atlantaigh Fhiáin. Baineann muintir na háite, cuairteoirí agus eagraíochtaí áitiúla, mar shampla Grúpaí Gasógaíochta, úsáid mhór aisti.
- Leanadh den Chlár Cothabhála maidir le Páirc Rinn Mhíl a chur i gcrích i gcomhar le grúpaí áitiúla. Déanann Comhairle Cathrach na Gaillimhe páirtmhaoiniú ar an gclár cothabhála.
- Leanadh leis an Lamháltas maidir le sólaistí a chur ar fáil i bPáirc Rinn Mhíl idir mí Márta agus mí Deireadh Fómhair.
- Fearann an Pháláis, Tuaim - Cuireadh an Clár Cothabhála do Pháirc Fhearann an Pháláis i dTuaim i bhfeidhm i gcomhar leis an Scéim CE a ndearna an Chomhairle urraíocht uirthi.
- Rinneadh iarratas ar Bhratach Ghlas maidir le Fearann an Pháláis agus táthar ag fanacht le cinneadh faoin stádas sin.
- Béal Átha na Sluaighe – Leanadh den Chlár Cothabhála maidir le páirceanna agus spásanna oscailte i mBéal Átha na Sluaighe i rith na bliana 2021.
- Chuir an tAonad cúnamh taca riaracháin agus comhairle ar fáil do ghrúpaí pobail le tograí maidir le saoráidí áineasa a chur chun cinn ina gceantar féin agus an maoiniú atá ar fáil a thapú ó chláir éagsúla de leithéid CLÁR agus ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.

## PÁIRCEANNA IMEARTHA / CÚRSA REATHA / IONAID FÓILLÍOCHTA AGUS IONAID SNÁMHA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Tá Comhaontú Ceadúnais ar bun le Cumann Peile Cheiltigh Thuama maidir le Páirceanna Uile-Aimsire Chomhairle Chontae na Gaillimhe i dTuaim a rith.
- B'éigean Páirc Áineasa Dhún Leo agus Raon Reatha Bhéal Átha na Sluaighe a dhúnadh go sealadach ag tús na bliana de bharr srianta COVID-19.  Tá sé athoscailte ó shin agus Sceideal ar fáil ar www.galway.ie ar a léirítear na huaireanta atá oscailte don phobal agus na hamanna atá in áirithe ag clubanna áitiúla.
- Ag teacht le gealltanais a tugadh roimhe seo faoin mBeartas Spraoi, tugadh cúnamh, ó thaobh ciste a chur ar fáil go díreach agus ó thaobh árachais, maidir le hionaid spraoi. Go dtí seo, tá forbairt déanta ar 71 ionad spraoi sa Chontae faoin mbeartas sin. Bhí an Polasaí maidir le hIonaid Spraoi Saor ó Thobac, ar cuireadh tús leis sa bhliain 2013, i bhfeidhm i rith na bliana 2021. Tá eolas faoi na láithreacha go léir ar fáil le tarraingt anuas i dTreoir na Comhairle maidir le hIonaid Spraoi atá ar fáil ar www.galway.ie

agus www.galway.ie agus tá mapa idirghníomhaíochta ar fáil ar roinn na mapaí (Mapzone) ar an láithreán gréasáin.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Déanfar clár cothabhála, lena n-áirítear gearradh an fhéir, a leagan amach agus a chur i bhfeidhm de réir mar a bhíonn acmhainní ar fáil maidir le Páirc Rinn Mhíl, Órán Mór, Fearann an Pháláis, Tuaim, Páirc Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe agus spásanna taitneamhachta agus oscailte eile, agus tús áite á thabhairt de réir mar a bhíonn acmhainní ar fáil do pháirceanna poiblí agus do limistéir taitneamhachta.
- Leanfar den obair chothabhála is gá i ndáil le Páirc Rinn Mhíl faoin bPlean Coillearnaí.
- Déanfar cothabháil ar Ionaid Súgartha atá faoi úinéireacht agus á rith ag an gComhairle de réir mar a bhíonn acmhainní ar fáil, lena n-áirítear deisiú agus/nó athsholáthar trealamh súgartha.
- Cuirfear na sonraí is deireanaí maidir leis na háiseanna atá ar fáil i ngach ionad spraoi ar fáil ar an láithreán gréasáin.
- Leanfar de chúnamh taca riaracháin agus comhairle a chur ar fáil do ghrúpaí pobail ar mian leo tograí áineasa a chur chun cinn agus an maoiniú atá ar fáil a thapú, de réir mar a cheadaíonn acmhainní foirne sin.

## IONAID FÓILLÍOCHTA – TUAIM AGUS BÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021

- Lean Coral Leisure Ltd d'ionaid fóillíochta i dTuaim agus i mBéal Átha na Sluaighe a bhainistiú agus a rith, ar shíneadh a chur leis an gComhaontú Ceadúnais ar feadh na bliana 2021. Leanann baill foirne shinsearacha i Seirbhísí Corparáide de chathaoirleacht a dhéanamh ar Chomhchoiste Caidrimh i gcomhar le Coral Leisure d'fhonn athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú leanúnach an Chomhaontú Ceadúnais.
- Coinníodh athbhreithniú leanúnach ar siúl ar bhainistiú na n-ionad fóillíochta agus ar na costais ghaolmhara de réir mar a lean paindéim Covid-19 i rith na bliana 2021 agus bhí ról lárnach ag an gcoiste idirchaidrimh sa mhonatóireacht ar na gnóthaí a bhain leis sin, an cúnamh airgid breise a éilíodh ar an gComhairle san áireamh.
- Déanann Seirbhísí Corparáide maoirseacht i gcónaí ar an obair riachtanach feabhsúcháin a bhaineann le cúrsaí cothabhála agus le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta sa dá ionad.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Leanfar d'athbhreithniú a dhéanamh go leanúnach agus go dlúth ar bhainistiú na n-ionad fóillíochta agus ar na costais ghaolmhara i rith na bliana 2022 agus leanfar leis an ról lárnach ag an gcoiste idirchaidrimh san obair monatóireacht agus maoirseachta.

- Meastar, i gcomhthéacs dheireadh a theacht le cúnamh airgid ón Rialtas atá ceangailte le Covid, go mbeidh gá le hathbhreithniú ar an gcúnamh breise airgid a chuireann an Chomhairle ar fáil chun a chinntiú go leantar i rith na bliana 2022 den dá ionad a rith.

## ÁISEANNA DE CHUID NA COMHAIRLE AR MHAITHE LE LEAS EACNAMAÍOCHTA & POBAIL NA HÁITE / ÁISEANNA OIDHREACHTA / LÉIRMHÍNIÚCHÁIN

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Cuireadh maoiniú ar fáil maidir le hIonad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí a rith atá suite i Séipéal Naomh Muire i lár Bhaile Átha an Rí. Faoi úinéireacht Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá an tIonad agus ligtear ar léas é leis an gCumann Forbartha a dhéanann maoirseacht maidir le rith an Ionaid. Fostaítear Bainisteoir Ionaid agus baill eile foirne san ionad faoi scéimeanna éagsúla.
- Is faoi úinéireacht agus faoi bhainistíocht Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma. De bharr COVID 19, níor osclaíodh an tIonad do shéasúr an tsamhraidh 2021.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Faoi réir ag maoiniú a bheith ar fáil chuige, leanfar, mar chuid d'infheistíocht ghinearálta na Comhairle i gcúrsaí turasóireachta agus chun bonn treise a chur faoi chúrsaí eacnamaíocht an cheantair, den chúnamh airgid maidir le hIonad Oidhreachta Bhaile Átha an Rí agus Ionad Cuairteoirí Chath Eachroma a rith agus cur le líon na gcuairteoirí agus na limistéir sin a chur chun cinn.

## SEIRBHÍS NA MAOR POBAIL

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Cuidíonn Seirbhísí Corparáide leis an gcomhordú ar Sheirbhís na Maor a chuireann réimse seirbhísí ar fáil thar ceann na Comhairle. Cuirtear pleananna míosúla oibre le chéile bunaithe ar na seirbhísí a mbíonn gá leo.
- Rinneadh Suirbhéanna maidir le Truailliú ó Bhruscar agus Suíomhanna Tréigthe agus leanadh den scrúdú cigireachta rialta ar Ionaid Spraoi, Páirceanna, Eastáit Údaráis Áitiúil, Láithreáin Stad, Céanna, Fáinní Tarrthála, Tránna, Bancanna Buidéal etc.
- Lean na Maoir ag cuidiú le páirceáil ar tháille a oibriú agus le pleananna bainistithe tráchta a chur i bhfeidhm i mbailte móra ar fud an Chontae.
- Lean Seirbhís na Maor den obair Fhorfheidhmiúcháin i gcúrsaí Timpeallachta, mar shampla fíneáil maidir le bruscar agus fógraí faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola agus faoin Acht um Thruailliú Uisce a eisiúint.
- Leanadh de na feachtais maidir le Ceadúnais Madraí a scrúdú i rith na bliana.
- Lean na Maoir d'fhorálacha Acht na mBóithre 1993 i ndáil le feithiclí tréigthe a chur i bhfeidhm agus rinneadh feithiclí a shonrú, tuairisc a thabhairt ina leith agus iad a thabhairt chun bealaigh i rith na bliana.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Leanfaidh an tAonad seo den chomhordú maidir le feidhmeanna a leagan ar Sheirbhís na Maor Pobail agus den athbhreithniú ar an toradh a bhíonn ar dhéanamh na bhfeidhmeanna sin de réir na dtáscairí seirbhíse atá aontaithe.
- Leanfar den obair measúnachta maidir leis an dóigh is fearr a gcuideodh an tSeirbhís le cuspóirí na heagraíochta agus aidhmeanna tús áite an ghnó a bhaint amach.
- Déanfar veaineanna na Maor Pobail a athrú de réir a chéile nuair a bhíonn acmhainní ar fáil chuige sin.

## GNÍOMH MAIDIR LE DAOINE FAOI MHÍCHUMAS

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Mar chuid de Chlár Caitheamh Aimsire & Taitneamhachta na Comhairle, coinníodh míreanna éagsúla den trealamh giomnáisiaim agus folláine faoin aer, le húsáid ag duine atá i gcathaoir rothaí, i bPáirc Dhún Leo, Béal Átha na Sluaighe, i bhFearann an Pháláis, Tuaim agus ar Ascal an Chaisleáin, Port Omna.
- D'éirigh le hiarratas ar airgead deontais chun Cláir Cumarsáide a chur ar fáil in ionaid spraoi éagsúla ar bhonn píolótach.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Cuidiú leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Seirbhís don Chustaiméir a chur i bhfeidhm ionas go gcuirtear go leanúnach le háisiúlacht na seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.
- Fónamh d'Áisiúlacht breise ag Daoine faoi Mhíchumas maidir le hÁiseanna Caitheamh Aimsire agus Áineasa, faoi réir ag an airgead a bheith ar fáil chuige sin.

## AN GHAEILGE A CHUR CHUN CINN

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- I dtús na Márta, eagraíodh sraith físeán ar líne i rith Sheachtain na Gaeilge (1-17 Márta 2021) maidir leis an nGaeilge a chur chun cinn ar fud chainéil na Meán Cumarsáide. Bhí seisiúin scéalaíochta as Gaeilge le húdair áitiúla agus náisiúnta san áireamh, ceardaíocht as Gaeilge chomh maith le ceol agus damhsa traidisiúnta le grúpa as Contae na Gaillimhe augs agus an chaint i nGaeilge.
- Leanadh leis na ranganna Gaeilge (tosaitheoirí agus foghlaimeoirí meánleibhéil) do dhaoine d'fhoireann an údaráis áitiúil agus cuireadh ranganna ar fáil do Chomhairleoirí a chuir spéis iontu freisin. Ranganna ar líne a bhí ar fáil mar gheall ar na srianta leanúnacha maidir le Covid-19.
- Deontais Tacaíochta Pobail – Bhí an Ghaeilge luaite mar chatagóir faoi leith faoin Scéim Tacaíochta Pobail 2021. Ceadaíodh deontais bheagscála dar luach iomlán €4,890.00 do thionscadail de chuid Eagraíochtaí Pobail & Deonacha chun tacú le cur chun cinn na Gaeilge agus le cur le húsáid na Gaeilge.

- Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe de chúnamh taca maidir le cur chun cinn na Gaeilge i measc an phobail ar fud an Chontae trí urraíocht a dhéanamh ar Ghradam de chuid Ghlór na nGael, gradam a bronnadh ar Chomharchumann Mhic Dara, an Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe, i mí Feabhra 2021.
- Lean Comhairle Chontae na Gaillimhe ag obair i gcomhar le heagraíochtaí eile, dá gcur ar an eolas maidir le Scéim Teanga na Comhairle agus ag cinntiú go raibh bearta na Scéime á gcur i bhfeidhm nuair a bhí sin faoi smacht na Comhairle. Cuireadh cúnamh taca agus comhairle ar fáil chomh maith le seirbhísí profála.
- Leantar d'fhaisnéis agus de chomhairliúchán a chur ar fáil do bhaill foirne Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le dualgais, oibleagáidí agus reachtaíocht teanga, lena n-áirítear an dátheangachas a chinntiú ar www.galway.ie / www.gaillimh.ie, faoi mar a leagtar amach sa scéim teanga.
- Lean an Chomhairle den chomhoibriú leis an gCoimisinéir Teanga ag plé le haon ábhar buartha a thug daoine den phobal i gceist maidir le seirbhísí trí Ghaeilge agus leis an reachtaíocht.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Leanacht d'fhaisnéis a thabhairt don fhoireann uile Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le dualgais, oibleagáidí agus reachtaíocht teanga, lena n-áirítear an dátheangachas a chinntiú ar www.galway.ie / www.gaillimh.ie, faoi mar a leagtar amach sa scéim teanga.
- Leanacht d'ábhar oiriúnach maidir le tuiscint ar chúrsaí teanga agus ábhar tacaíochta eile a chur ar fáil do lucht foirne Chomhairle Chontae na Gaillimhe, d'fhonn feabhas maidir le seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge.
- Leanacht de chur le líon na ranganna/cúrsaí Gaeilge a chuirtear ar fáil i rith na bliana don fhoireann agus do Chomhaltaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus le béim faoi leith ar an nGaeilge labhartha agus ar thumchúrsaí sa Ghaeltacht, ach an maoiniú a bheith ar fáil chuige sin.
- Tá d'aidhm filleadh ar Scoláireachtaí Gaeltachta Phádraig Mhic Phiarais a bhronnadh i gcomhar leis na Coláistí Samhraidh sa chontae.  Níorbh fhéidir Scéim na Scoláireachtaí a rith sa bhliain 2021 mar gheall ar chúrsaí a chur ar ceal de bharr srianta Covid-19 a bheith i bhfeidhm.
- Leanacht de chatagóir na Gaeilge a chur chun cinn maidir leis na deontais tacaíochta pobail agus le Gradam an Chathaoirligh ar bhonn príomhthábhachta.
- Ceannródaíocht a dhéanamh maidir le páirt Chomhairle Chontae na Gaillimhe i mbearta agus in imeachtaí i rith Sheachtain na Gaeilge agus leathnú a dhéanamh ar na himeachtaí sin más féidir i mí Márta 2022.

## BAINISTÍOCHT SAORÁIDÍ – ÁITRIBH NA COMHAIRLE / SLÁINTE & SÁBHÁILTEACHT

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Lean Seirbhísí Corparáide de sheirbhísí feighleoireachta agus de sheirbhísí bainistíochta saoráidí a chur ar fáil maidir le córas oifigí na Comhairle, leis na leabharlanna agus le hócáidí cathartha.
- Lean an tAonad de chomhlíonadh na gcoinníollacha faoin gClár Bainistiú Sábháilteachta maidir le réimsí de leithéid tástáil PAT, tástáil thráthrialta ar feistieas leictreachais, measúnú VDU agus Measúnú ar Bhaol ó Statachas.

- Tá príomhbhéim i gcónaí in aonad na saoráidí ar bhainistíocht agus monatóireacht maidir le héifeachtúlacht fuinnimh. Tugadh an obair maidir le Deimhnithe Fuinnimh Taispeána chun críche agus cuireadh ar taispeáint iad in oifigí agus i leabharlanna (18 áras) is fairsinge ná 250 méadar cearnach.
- Rinneadh athbhreithniú leanúnach ar an ngá le hathchóiriú ar fhoirgnimh oifige na Comhairle d'fhonn cóiríocht bhreise a sholáthar d'oifigí agus do sheomraí cruinnithe.
- Leanann an tAonad de phróisis soláthair maidir le réimse conarthaí a bhaineann le bainistiú saoráidí i gcónaí, lena chinntiú go sásaítear luach ar airgead agus ardchaighdeán seirbhísí.
- Tá pleananna ar bun chun gineadóir leictreachais cúltaca a chur isteach, i gcomhar le Rannóg na Seirbhíse Dóiteáin atá i mbun ceannródaíochta maidir leis an togra, agus leis an Rannóg TE.
- Cuireadh Plean Gníomhaíochta Covid19 le chéile don Rannóg Saoráidí.
- Rinneadh measúnacht baoil agus tástáil maidir le Legionella i ndáil leis na hoifigí agus leis na leabharlanna agus clár monatóireachta de réir mar ba ghá.
- Rinne an Fhoireann Saoráidí, ag obair i gcomhar leis an bhFoireann Sláinte agus Sábháilteachta agus leis an bhFoireann Beartaíochta Covid-19, bearta a leagan amach agus a chur i bhfeidhm i saoráidí na Comhairle d'fhonn cloí le treoirlínte sláinte poiblí agus le treoirlínte an Rialtais, agus chun Sláinte, Sábháilteacht agus Folláine bhaill na foirne, na gComhaltaí agus an phobail a chinntiú.

## TOGRAÍ DO 2022:

- Leanfar de chonarthaí cothabhála a chur faoi athbhreithniú leanúnach d'fhonn an laghdú costais a tugadh i gcrích le blianta beaga anuas a choinneáil agus féachfar le sábháil breise costais a bhaint amach.
- D'fhonn oibriú taobh istigh de na buiséid atá ar fáil, d'fhéadfadh gá a bheith le srianadh a chur leis an obair chothabhála ar shaoráidí oifige agus leabharlainne agus díriú ar na príomhchoinníollacha tús áite maidir le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta agus ar na córais oibriúcháin chinniúnacha. I ndáil le hÁras an Chontae, tá líon suntasach de na córais bainistíochta agus de na córais cothabhála i ngar do dheireadh a ré feidhme agus seans níos mó dá réir go dtarlódh cliseadh córais agus costas maidir le bearta cothabhála ina leith sin. Mar a léirítear sa Chlár Caipitil 3 Bliana, tá gnéithe áirithe nach féidir déileáil leo trí bhíthin an bhuiséid ioncaim agus a mbeidh maoiniú caipitil de dhíth ina leith.
- Is deacra de réir a chéile cóiríocht leordhóthanach a chur ar fáil in Áras an Chontae. Tá éileamh níos mó ar spás i réimsí éagsúla den Cheannoifig ná mar atá ar fáil, rud a fhágann go ndéantar spás oifige don fhoireann as spás saotharlainne, seomraí cruinnithe, seomraí oiliúna agus mar sin de. Ní mór athbhreithniú a dhéanamh ar riachtanais na heagraíochta go meántéarmach agus go fadtéarmach ó thaobh an chustaiméara agus dhéanamh an ghnó ionas gur féidir dóthain spás oifige a chur ar fáil do na seirbhísí.
- Féachfaidh an tAonad le laghdú breise a thabhairt i gcrích maidir le húsáid fuinnimh ar fud oifigí agus leabharlanna na Comhairle. Leanfar de Theastais Fuinnimh Taispeána a chur ar taispeáint don phobal i ngach aon cheann de na hoifigí agus de na leabharlanna.
- Oibreacha feabhsúcháin ar shaoráidí áirithe de chuid na Comhairle.

## BAINISTÍOCHT AR THAIFID & CARTLANNAÍOCHT

Cinntíonn an Brainse Cartlannaíochta go ndéantar cúram d'ábhar cartlainne na Comhairle, go gcaomhnaítear é, go ndéantar an bhainistíocht ina leith agus go mbíonn teacht air. Is sócmhainn thábhachtach do Comhairle Chontae na Gaillimhe í an chartlann agus trína gcabhraítear le cuspóir follasachta agus cuntasachta na Comhairle a bhaint amach. Is acmhainn agus uirlis thábhachtach freisin í maidir le taighde, oideachas agus turasóireacht chultúir. Is sócmhainn chultúir luachmhar í agus ní mór sainchúram a thabhairt di. Cuireann an Brainse comhairle freisin ar an gComhairle maidir le polasaithe i ndáil le cúram agus bainistíocht ar thaifid na Comhairle.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Leanadh de na príomhsheirbhisí cartlannaíochta a chur ar fáil, ó thaobh caomhnúcháin agus cur ar fáil, mar shampla, faisnéis faoi bhailiúcháin cartlainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe a choinneáil agus a leasú trí bhíthin na liostaí tuairisciúla agus an chatalóg ar líne, agus trí thairseacha éagsúla cartlannaíochta; rinneadh monatóireacht ar chúinsí timpeallachta ábhar na cartlainne agus féachadh lena gcosaint, a gcaomhnú agus a mbainistiú a chinntiú ainneoin nach bhfuil na saoráidí stórála ar an gcaighdeán caomhnúcháin a mbíonn súil leo go hidirnáisiúnta.
- Cuireadh seirbhísí do léitheoirí ar fáil, mar shampla, fiosrúcháin maidir le taighde a fhreagairt agus comhairle agus treoir a thabhairt do thaighdeoirí. Tharla cúngú géar ar an teacht ar na bailiúcháin ar an láthair mar gheall ar shrianta Covid19 agus ar obair athchóiriúcháin.
- Leanadh den chlár oibre maidir le cóipeanna slándála agus athchóipeanna tagartha de na bailiúcháin a chur ar fáil[1]. Ba shócmhainn agus buntáiste thar a bheith luachmhar don phobal taighde fáil a bheith ar réimse mór de bhailiúchán na Cartlainne sa Chartlann Dhigiteach i rith na bliana, ó tharla cungú géar ar an teacht ar bhailiúcháin ar an láthair mar gheall ar phaindéim an choróinvíris.
- Rinneadh mionscrúdú ar bhailiúchán de léarscáileanna ollmhóra i sraith Mhapaí Barúntachta OS 1836 agus rinneadh fónamh d'obair chaomhnúcháin ar mhíreanna éagsúla a bhaineann leis an mbailiúchán (Céim 1).
- Leanadh leis an gclár oibre maidir le próiseáil ar bhailiúcháin bheaga cartlannaíochta agus / nó cur leis na bailiúcháin reatha[2].
- Áirítear ar na bearta maidir le caidreamh seachtrach alt a fhoilsiú ar *History Ireland* faoi Leabhar Cíosa Whaley an 18ú céad, caidreamh le Grúpa Chartlannaithe agus Bhainisteoirí Taifead Rialtais Áitiúil

---

[1] GPL6/1-40 agus GPL2/13-33 agus BTC1/4-11

[2] Mar shampla, Foilseacháin Scoile Choláiste Iognáid (GS21/03); Litir ó Blake, Michael (Cathair Uí Mhaighin agus Cill Tulach), chuig Blake, Edward, 1826 (GS21/05) ; Cíos agus Cuntais Michael Power (Glacadóir) maidir le George Holme Sumner (mac agus oidhre William Brightwell Sumner) v Thomas Wilton & Daoine Eile (GS21/07); Aontas Dhlí na mBocht na Gaillimhe (GPL6/01-40) agus Aontas Dhlí na mBocht Bhaile Locha Riach (GPL2/13-33) ; CCG, Tithíocht údaráis áitiúil a chur ar fáil / Tithe aonair faoin tuath, 1997 (GC/HSG3/8/002); chomh maith le comhaid nua a chur leis na comhaid maidir le draenáil ceantair (GC/CSO3/37-41), Bailiúchán Chlár na dToghthóirí (GC/CSO4), agus bailiúchán MO (GC/CSO/2/).

(LGARM) agus an tionscadal dar teideal *Local people, power, place: Grand Jury records and local history* a thagann faoi Beyond 2022 agus oibriú le comhghleacaithe de chuid na Leabharlainne maidir leis an gclár *Léamh Mór na Gaillimhe* dar teideal *'Westward Ho! A Ramble Though Galway, 1840-1950'* ar cuireadh airgead ar fáil lena aghaidh faoi Éire Ildánach.

- Cuireadh comhairle agus cúnamh ar fáil do Bhrainsí de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir leis an sárchleachtas i ndáil leis an mbainistiú ar thaifid, de réir mar a bhí gá leis sin agus oibríodh le haonaid éagsúla chun na Sceidil Coinneála inmheánacha a leasú agus chun Teastais Diúscartha a ullmhú agus a fheidhmiú.
- Leanadh den obair bainistíochta maidir le taifid neamhreatha a aistriú chuig áiseanna stórála agus maidir le taifid a aistriú anonn agus anall idir na hoifigí agus an stór taisce nuair is gá: Rinneadh próiseáil ar 591 iarratas ina leith sin ó mhí Eanáir go tráth a scríofa seo (04/11/2021). Tá, faoin tráth seo, 131,962 taifead ar an mbunachar sonraí ArcLink maidir le bainistiú taifead.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Díreofar ar an bpróiseáil ar bhailiúcháin cartlainne an tráth céanna a leantar ag cur bailiúcháin agus comhairle ar fáil don lucht taighde.
- Leanfar den chlár oibre maidir le cóipeanna slándála agus athchóipeanna tagartha de na bailiúcháin a chur ar fáil.
- Cuirfear tús leis an bpróiseas forfheabhsúcháin ar chóras bhunachar sonraí na Cartlainne Commene (i.e. athrú ó chóras Adlib go dtí córas Axiell Collections).
- Leanfar den aird agus den tuiscint ar na bailiúcháin i gCartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chothú.
- Leanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe de leas a bhaint as stór tráchtála do na taifid neamhreatha agus den bhainistíocht i ndáil le haimsiú na dtaifead atá á stóráil in ionad seachtrach agus lena seoladh ar ais ansin.
- Leanfar den chaidreamh le Brainsí éagsúla i gComhairle Chontae na Gaillimhe agus den chúnamh taca dóibh d'fhonn rangú comhad agus sceideal coimeád comhad a fhorbairt, a thabhairt chun cinn agus a chur i bhfeidhm chomh maith le comhairle a chur ar fáil faoin sárchleachtas bainistíochta i ndáil le taifid. Spreagfar gach Brainse ionas go ndéantar athbhreithniú agus leasú rialta ar na sceidil.
- Déanfar idirchaidreamh le Seirbhísí Corparáide agus le Seirbhísí Leabharlannaíochta chun cóiríocht níos fearr a aimsiú don taisce Cartlainne agus do Stór Taifead.

## CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Foilsíodh Clár na dToghthóirí 2021/2022 an 1 Feabhra 2021 agus tháinig an clár i bhfeidhm an 15 Feabhra 2021. Seoladh an Clár chuig gach Stáisiún de chuid na nGardaí, chuig gach Leabharlann, Oifig Poist agus Oifig de chuid na Comhairle ar fud an Chontae.

- Foilsíodh an Dréacht de Chlár na dToghthóirí 2022/2023 an 1 Samhain 2021. Cuireadh ar fáil lena iniúchadh é in Oifigí Poist, i mBeairicí na nGardaí, i Leabharlanna, in oifigí Chomhairle Chontae na Gaillimhe, agus ar líne ar www.galway.ie.
- Le feachtas feasachta poiblí ar na meáin shóisialta agus ar na meáin chlóite áitiúla comhuaineach le foilsiú an Dréacht den Chlár, iarradh ar thoghthóirí na mionsonraí ina leith ar an gclár a scrúdú chun cruinneas agus lánchuimsitheacht an Chláir a chinntiú. Tugtar cuireadh do dhuine ar bith nach bhfuil san áireamh ar an Dréacht den Chlár, nó a bhfuil na mionsonraí ina leith míchruinn, éileamh faoi sin a sheoladh chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe tráth nach deireanaí ná an 25 Samhain 2021.
- Rinneadh leasú suntasach ar an gClár i rith na bliana 2021 d'fhonn sonraí faoi dhaoine éagtha a bhaint den Chlár agus chun faisnéis Eircode a chur leis na hiontrálacha.
- Breithníonn an Cláraitheoir Contae éilimh ag na Cúirteanna Athbhreithnithe a thionóltar gach bliain i mí na Nollag.

## TOGRAÍ DO 2022:

- Foilseoidh an Chomhairle Clár na dToghthóirí 2022/2023 faoin 1 Feabhra 2022.
- Cuirfear Forlíonadh le Clár na dToghthóirí le chéile agus foilseofar sin laistigh de na spriocanna ama a bhaineann le hábhar i gcás Toghcháin nó Reifrinn.

## PLEANÁIL CORPARÁIDE & TACAÍOCHT / IONADAÍOCHT ÁITIÚIL / CEANNAIREACHT SHIBHIALTA

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Cuirtear seirbhísí riaracháin ar fáil don Phríomhfheidhmeannach, do Chathaoirleach na Comhairle, do na Comhaltaí Tofa, don Ghrúpa Polasaí Corparáide agus i ndáil le Cruinnithe na Comhairle.

## SEIRBHÍSÍ MAIDIR LE CRUINNITHE IOMLÁNACHA NA COMHAIRLE AGUS DO NA COMHALTAÍ

- Clár na gCruinnithe a ullmhú maidir le Gnáthchruinnithe, Cruinnithe Speisialta, Cruinnithe Bliantúla agus Cruinnithe Buiséid don Chomhairle ina hIomlán, comhordú leis na Brainsí go léir maidir le míreanna ar Chlár Cruinnithe, fónamh do reachtáil na gCruinnithe agus do bhreacadh na Miontuairiscí.
- Foilsiú na gClár, na Miontuairiscí agus na gcáipéisí ag gabháil le Clár Cruinnithe ar an Eislíon.
- Fónamh do Chruinnithe de chuid an Ghrúpa Polasaí Corparáide a reachtáil.
- Fónamh do Léiriú Spéise a dhéanamh i ndáil le freastal ar Imeachtaí Oiliúna agus ar Chomhdhálacha.
- Tuairiscí don Chomhairle a thiomsú i gcomhréir leis an Acht Rialtais Áitiúil maidir le Freastal Chomhaltaí ar Imeachtaí Oiliúna agus ar Chomhdhálacha a Cheadú.
- Oiliúint inmheánach a shocrú i gcomhréir le Plean Oiliúna & Forbartha comhaontaithe Chomhairle Chontae na Gaillimhe do na Comhaltaí.

- Próiseáil a dhéanamh ar éileamh ó Chomhalta maidir le Costas Taistil agus Cothabhála i ndáil le freastal ar chúrsaí Oiliúna agus ar Chomhdhálacha.
- Fónamh do chuntas Achoimre ar Chomhdhálacha a ndearna Comhaltaí freastal orthu a chur faoi bhráid, do Thuairisc a ullmhú don Chlár Oibre agus do Chuntais Achoimre a fhoilsiú ar an Láithreán Gréasáin.
- Bunachar Sonraí a choinneáil maidir le Freastal na gComhaltaí ar Chruinnithe uile na Comhairle, lena n-áirítear Cruinnithe Iomlánacha, SPC, Ceantar Bardasach, an Comhchoiste Póilíneachta (JPC), Coiste Comhairliúcháin Áitiúil maidir le Cóiríocht don Lucht Siúil, Coiste Áitiúil maidir le Forbairt Pobail, agus an Comhchoiste maidir le Sábháilteacht ar Bhóithre.
- Fónamh don Chlár Poiblí i ndáil le Tinreamh agus Íocaíochtaí le Comhairleoirí a thiomsú.
- An Clár Eitice a choinneáil do na Comhairleoirí.
- Fónamh do na Comhairleoirí maidir le Tuairisceáin faoin Deimhniú Deonacháin a chur ar fáil.
- Cuidíonn an Fhoireann Chorparáideach le freastal d'Fháiltiú Cathartha a chur ar bun de réir mar a bheartaíonn an Chomhairle Iomlánach. Mar gheall ar na srianta agus ábhar imní maidir le COVID-19, níor eagraíodh Fáiltiú Cathartha ar bith in Áras an Chontae i rith na bliana 2021.
- Rinneadh dul chun cinn maidir le húsáid as gnéithe teicneolaíochta chun cruinnithe a rith le linn srianta sláinte poiblí a bheith i bhfeidhm.
- Cinntíodh cloí iomlán leis na treoirlínte sláinte poiblí maidir le cruinnithe den Chomhairle Iomlánach, cruinnithe Ceantar Bardasach agus cruinnithe na gcoistí éagsúla a reáchtáil.

## FÓNAMH DON CHOMHCHOISTE PÓILÍNEACHTA

- Oibríonn Comhairle Chontae na Gaillimhe Comhchoiste Póilíneachta (JPC) i gcomhar le lucht bainistíochta áitiúil an Gharda Síochána. Is feidhm reachtúil sannta oibriú an Chomhchoiste seo, i gcomhréir le hAlt35(4) agus le hAlt 36(1) Acht an Gharda Síochána 2005 agus i gcomhréir leis na Treoirlínte JPC Athbhreithnithe a eisíodh sa bhliain 2014.
- Leagtar amach feidhm an Chomhchoiste Póilíneachta in Alt 36(2) Acht an Gharda Síochána, ina luaitear (níl aistriúchán Gaeilge ar an Acht): *"The joint policing committee's function is to serve as a forum for consultations, discussions and recommendations on matters affecting the policing of the local authority's administrative area".*
- Tionóladh cruinniú Comhchoiste an 8 Feabhra, an 17 Bealtaine, an 13 Meán Fómhair agus an 8 Samhain i rith na bliana 2021.

## SEIRBHÍSÍ A CHUIREANN SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDE AR FÁIL DON EAGRAÍOCHT

- Coinnítear an Clár Eitice do na Baill Foirne lena mbaineann.
- Cuireann Seirbhísí Corparáide cúnamh taca ar fáil maidir le Tairiscintí a Fháil, a Chlárú agus a Oscailt thar ceann na heagraíochta tríd an gcóras eTenders.

- Coinnítear clár Orduithe an Phríomhfheidhmeannaigh agus déanann Seirbhísí Corparáide uimhir a chur le gach Ordú do na Brainsí go léir.
- Lean Seirbhísí Corparáide ag feidhmiú mar phointe caidrimh ag Oifig an Ombudsman i ndáil le fiosrúcháin a dhéantar leis an Oifig sin faoi sheirbhís a chuireann Comhairle Chontae na Gaillimhe ar fáil. Déanann Seirbhísí Corparáide comhordú ar an gcomhfhreagras go léir agus tá córas traiceála ar bun.

## TOGRAÍ DO 2022:

- Leanfaidh Seirbhísí Corparáide den chúnamh taca a thugtar don Chathaoirleach, do na comhaltaí tofa agus maidir le Cruinnithe Iomlánacha na Comhairle a eagrú.
- Coinneoidh an Chomhairle Clár Eitice na mBall Foirne agus na gComhaltaí agus tabharfar cúnamh do na Comhaltaí tuairisceáin maidir le Deimhniú Deonacháin a chur ar fáil.
- Foilseoidh an tAonad mionsonraí faoi na hÍocaíochtaí go léir le Comhaltaí Tofa, lena n-áirítear íocaíochtaí i ndáil le Comhlachtaí Seachtracha ar a n-ainmnítear na Comhaltaí.
- Cuirfidh an tAonad cúnamh taca ar fáil go gníomhach maidir le ról an Ghrúpa Polasaithe Corparáide.
- Leanfaidh an tAonad de Chruinnithe an Chomhchoiste Póilíneachta agus de chruinnithe eile a éascú de réir mar is cuí
- Leanfaidh an Chomhairle de na coinníollacha faoin reachtaíocht a chomhlíonadh i ndáil le Saoráil Faisnéise agus Teacht ar Eolas faoi chúrsaí Timpeallachta agus leanfar den fhónamh ar son na heagraíochta maidir le fiosrúcháin a bhaineann leis an Ombudsman.
- Leanfaidh Seirbhísí Corparáide den fhónamh maidir le Tairiscintí a fhaigheann an Chomhairle a ghlacadh, a oscailt agus a thaifeadadh na dTairiscintí.

## COSAINT SONRAÍ

Tháinig éifeacht an 25 Bealtaine 2018 leis an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) a bhfuil de chuspóir leis aon chur chuige amháin maidir le Cosaint Sonraí a choinneáil ar siúl ar fud Bhallstáit uile an AE. Tá an GDPR ceangailteach go hiomlán agus éilítear aird ar phrionsabail phríobháideachta nua i ngach gné de dhéanamh an ghnó: Príobháideacht de réir Réamhshocrú, Príobháideacht de réir Dearaidh, Cuntasacht agus Follasacht. Tugadh deis don uile dhuine den fhoireann freastal ar sheisiúin oiliúna agus faisnéise faoi na hathruithe thugtar i gceist do Chomhairle Chontae na Gaillimhe leis an reachtaíocht nua.

Faoi Sheirbhísí Corparáide atá an tOifigeach Cosanta Sonraí, an pearsa comhfhreagrais san eagraíocht maidir le gach Iarratas ó Dhuine is Ábhar Sonraí agus ag Oifig an Choimisiúin Cosanta Sonraí. Tríd an Oifigeach Cosanta Sonraí a dhéantar gach Iarratas Iarratas ó Dhuine is Ábhar Sonraí a phróiseáil agus a rianú.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Cuireadh oiliúint maidir le Cosaint Sonraí agus an Rialachán GDPR ar fáil ar líne do na Comhaltaí Tofa ar fad i rith ráithe tosaigh na bliana 2021.
- Cuireadh comhairle agus cúnamh taca maidir leis an mbainistíocht ar réimsí baoil a bhaineann le Cosaint Sonraí nuair a bhíonn cianobair ar siúl nó nuair a bhítear ag obair in oifig ar fáil don lucht foirne ar an 26 Feabhra 2021.
- Leagadh béim i rith na bliana 2021 ar Phlean Tionscadail maidir le cúrsaí Comhlíontais a chur i bhfeidhm dírithe ar Phrionsabail Bainistíochta i ndáil le Sonraí, ar a bhfuil de Dhualgas ar Rialtóirí Sonraí, agus ar Chearta an Duine is Ábhar Sonraí, agus cuireadh bonn treise faoin mbeartaíocht sin le breis oibre maidir le Tuiscint agus Oiliúint, Polasaithe agus Gnáis Oibre ionas go gcruthaítear timpeallacht iontaofa níos follasaí agus níos daingne maidir leis na sonraí pearsanta ar fad atá faoi rialú na Comhairle.
- Seoladh PrivacyEngine ar fud Chomhairle Contae na Gaillimhe an 23 Márta 2021. Ardán Bainistíochta maidir le Sonraí atá in PrivacyEngine, trína gcuidítear le bainistíocht a dhéanamh ar na gnéithe ar fad a bhaineann le cosaint sonraí san eagraíocht. Ní amháin gur féidir comhlíonadh na gcoinníollacha a léiriú leis an ardán seo, bíonn tairbhe dáiríre as freisin maidir le feidhmiú na heagraíochta ionas gur gnó príomhbhéime dá bharr sin cosaint sonraí agus cúrsaí príobháideachta.
- Cuireadh oiliúint tionscanta maidir le PrivacyEngine agus oiliúint forbartha maidir le Taifead na mBeart Próiseála (ROPA) ar an gCrann Taca Sonraí atá ainmnithe i ngach Aonad faoi seach tríd an Ardán féin.
- Leanadh i ngach aonad gnó den fhorbairt ar na Fógraí Príobháideachta i ndáil leis an mbeartaíocht próiseála ar fad agus de na Comhaontuithe maidir le Próiseáil Sonraí is gá a chur i bhfeidhm faoina dtagann an phróiseáil ar shonraí pearsanta sa chás go bhfostaítear Próiseálaí chun sonraí pearsanta a phróiseáil de réir threoir Rialaitheora.
- Tá modúl oiliúna ar líne ina chuid den ardán PrivacyEngine a lig don Chomhairle cúrsaí oiliúna a chruthú agus a rith do na fostaithe uilig ionas gur cinntíodh aird agus tuiscint le cois ar réimsí baoil a mhaolú. Bhí tábhacht faoi leith leis sin i bhfianaise ionsaí bogearraí ar FSS i mí Bealtaine 2021. Cuireadh na cúrsaí oiliúna seo a leanas ar fáil do c. 750 fostaí i rith an dara ráithe den bhliain 2021:
- Aird agus Tuiscint ar an Rialachán GDPR; Léargas ginearálta ar an Rialachán GDPR, Prionsabail an Rialachán GDPR, Cearta an Duine is Ábhar Sonraí, sonraí pearsanta a choinneáil sábháilte ag an obair agus an modh tuairisce maidir le Sárú Sonraí
- Réamheolas faoi Microsoft 365 - 6 bheart simplí - Maidir le Sonraí a Sheoladh & Comhoibriú Slán Sábháilte a Dhéanamh
- Oiliúint Tuisceana maidir le Cibearshlándáil – cianobair agus obair oifige; An Tábhacht atá le Cibearshlándáil, Teachtaireachtaí Ríomhphoist a Choinneáil Slán, Líonraí Fíorúla Príobháideacha (VPN), Fioscaireacht agus oiliúint maidir le fioscaireacht ríomhphoist
- Cuirtear oiliúint ar líne maidir leis an Rialachán GDPR ar fáil d'fhostaithe nua Chomhairle Chontae na Gaillimhe ar fad mar chuid den oiliúint tionscanta.
- Tháinig 16 iarratas ó Dhaoine is Ábhar Sonraí go deireadh mí Deireadh Fómhair 2021; aontaíodh le 12 iarratas, diúltaíodh ceann amháin, tarraingíodh siar trí cinn.

- Leanadh i rith na bliana 2021 leis an Nuachtlitir Foirne maidir le Cosaint Sonraí (a cuireadh le chéile agus a seoladh den chéad uair sa bhliain 2020) d'fhonn cur leis an aird agus leis an tuiscint ar cheisteanna maidir le Cosaint Sonraí ar fud na heagraíochta. Eisíodh eagrán in aghaidh na ráithe, trí cinn go dtí seo i mbliana.
- Déantar leasú go leanúnach ar an leathanach Acmhainní maidir le Cosaint Sonraí ar Inlíon na Foirne a seoladh den chéad uair sa bhliain 2020. Cuirtear naisc agus pointí tagartha áisiúla ar fáil ar an leathanach maidir lena chinntiú go ndéantar na coinníollacha maidir le Cosaint Sonraí a shásamh i ngach aonad gnó.
- Ráithe 4 2021, tá athbhreithniú á thabhairt chun críche maidir leis na socruithe reatha a bhaineann le sonraí a sheoladh idir comhlachtaí seirbhíse poiblí mar lón eolais do thuairisc a sheolfar chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ina sonraítear socrú ar bith atá ag brath ar bhunús dlí ar Alt 38 san Acht um Chosaint Sonraí sula ndéantar Alt 6(2)(3) den Acht um Chomhroinnt agus Rialachas Sonraí 2019 a achtú i rith R1 2022.
- Cuirfear oiliúint maidir le Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí ar c. 100 ball foirne i rith Ráithe 4 2021. Is féidir Measúnú Tionchair ar Chosaint Sonraí a úsáid chun aon réimse baoil maidir le cosaint sonraí, a eascraíonn ó thionscadal nua agus a d'fhéadfadh cur isteach ar an eagraíocht nó ar dhuine ar bith lena mbíonn baint ag an eagraíocht, a thabhairt chun suntais agus a mhaolú.
- Níor tháinig aon chomhfhreagras breise ó na Coimisinéirí Cosanta Sonraí chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe ó shin i ndáil leis an Iniúchadh Cosaint Sonraí a rinne na Coimisinéirí maidir le córais CCTV sa bhliain 2018.

## TOGRAÍ DO 2022:

- Beidh béim arís i rith na bliana 2022 ar an bPlean Tionscadail maidir le cúrsaí Comhlíontais agus díreofar ar Phrionsabail Bainistíochta i ndáil le Sonraí, a bhfuil de Dhualgas ar Rialtóirí Sonraí, Cearta an Duine is Ábhar Sonraí, agus cuirfear bonn treise faoin mbeartaíocht sin le breis oibre maidir le Tuiscint agus Oiliúint, Polasaithe agus Gnáis Oibre ionas go gcruthaítear timpeallacht iontaofa níos follasaí agus níos daingne maidir leis na sonraí pearsanta ar fad atá faoi rialú na Comhairle.

- Leanfar de leas a bhaint as PrivacyEngine ar mhaithe leis na gnéithe ar fad a bhaineann le cosaint sonraí san eagraíocht agus ionas gur féidir comhlíonadh na gcoinníollacha a léiriú agus fiúntas dáiríre ó thaobh an ghnó a thabhairt i gcrích, agus príomhthábhacht a leagan ar chosaint sonraí agus ar phríobháideacht.
- Leanfar d'oiliúint ar líne maidir leis an Rialachán GDPR a chur ar fáil d'fhostaithe Chomhairle Contae na Gaillimhe le PrivacyEngine ionas go gcinntítear aird agus tuiscint le cois ar a dtagann i gceist agus na réimsí baoil á maolú.
- An tIniúchadh ar CCTV ag na Coimisinéirí Cosanta Sonraí a thabhairt chun críche.
- Leanfar den obair chun Taifead na mBeart Próiseála (ROPA) a fhorbairt i ngach aonad gnó. Déanfaidh gach Aonad athbhreithniú agus leasú leanúnach ar an Taifead.
- Leanfar den obair maidir le Fógraí Príobháideachta a fhorbairtagus Comhaontú Próiseála Sonraí a aonú maidir le gach aonad gnó.

- Tabharfar treoir maidir le Cosaint Sonraí do gach aonad gnó i gComhairle Chontae na Gaillimhe an tráth céanna a n-éascaítear agus a gcuirtear bonn treise faoi obair na bpearsaí comhfhreagrais maidir le Cosaint Sonraí i ngach aonad gnó.

## SAORÁIL FAISNÉISE/TEACHT AR EOLAS FAOIN TIMPEALLACHT

An tOifigeach Saoráil Faisnéise/Teacht ar Eolas faoin Timpeallacht, a bhaineann leis na Seirbhísí Corparáide, an pointe comhfhreagrais maidir le hOifigigh Cinntí agus Achomhairc san eagraíocht i ndáil le Saoráil Faisnéise (SF) agus Teacht ar Eolas faoin Timpeallacht (TET) chomh maith leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus le hOifig an Choimisinéara Faisnéise/Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil.

Trí na Seirbhísí Corparáide a dhéantar gach Iarratas SF & TET a phróiseáil agus a lorg agus coinnítear Logleabhar Nochtaithe maidir le hiarratais SF.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

### SAORÁIL FAISNÉISE GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

Tháinig 128 iarratas anall go dtí deireadh mhí Deireadh Fómhair 2021. Eisíodh cinntí mar seo a leanas:

- Aontú faisnéis a scaoileadh 44, aontú i bpáirt 32, diúltú 31, aistriú/tarraingt siar 9, gan cinneadh go fóill 12.

### TEACHT AR EOLAS FAOIN TIMPEALLACHT GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

Tháinig 21 iarratas anall go dtí deireadh mhí Deireadh Fómhair 2021. Eisíodh cinntí mar seo a leanas:

- Aontú 8, aontú i bpáirt 3, tarraingt siar 1, diúltú 5, gan cinneadh go fóill 4.

## SEIRBHÍS DON CHUSTAIMÉIR

Lean Seirbhísí Corparáide den chomhordú ar an obair sa Chomhairle maidir le seirbhísí don chustaiméir agus den chaidreamh leis na haonaid seirbhísí chun cuidiú le teachtaireachtaí a chur in iúl agus le seirbhísí a chur ar fáil. Cé go raibh deacrachtaí á gcruthú dúinn i gcónaí maidir le hacmhainní agus mar gheall ar an gcur isteach ó Covid-19, bhí ról príomhthábhachtach leis an aonad ag cinntiú gur cuireadh na deacrachtaí a

bhí le sárú agus an modh nua oibre in iúl don phobal agus ag athrú go dtí modhanna oibre ar líne, ar an teileafón agus trí TEC a úsáid de réir mar ab oiriúnaí.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Tá na seoltaí ríomhphoist, customerservices@galwaycoco.ie agus gaeilge@cocogaillimh.ie ina bpríomhfhoinsí ag an lucht foirne agus ag an gcustaiméir i gcónaí maidir le teacht ar eolas. Iarrtar ar gach duine den fhoireann faisnéis a chur ar fáil maidir le tionscadail, feachtais, imeachtaí, oibreacha etc. ionas go mbíonn an Fhoireann Seirbhísí don Chustaiméir ar an eolas faoina mbíonn ar siúl ar fud na Comhairle agus ábalta déileáil le fiosrúcháin. Is féidir le duine den phobal teachtaireachtaí ríomhphoist a chur chuig na seoltaí sin freisin maidir le fiosrúchán ginearálta agus seoltar admháil gur tháinig an teachtaireacht agus cuirtear ar aghaidh í chuig an mbrainse lena mbaineann ionas gur féidir freagra díreach a thabhairt.
- Tharla aon chruinniú amháin de Ghrúpa na nOifigeach Seirbhísí don Chustaiméir (CSOG) i rith na bliana 2021. Tá ionadaithe foirne ó na príomhréimsí seirbhíse go léir ar an CSOG.
- Cuireadh faisnéis ar fáil faoin obair agus faoi na seirbhísí de chuid na Comhairle a raibh cur isteach ortha ag Covid-19 agus comhairle faoin tslí a bhféadfadh an pobal dul i gcaidreamh le baill foirne agus le brainsí seirbhíse.
- Lean Seirbhísí don Chustaiméir den bhainistíocht agus den phróiseáil ar chásanna Deisiú na Sráide agus den mhonatóireacht, i gcomhar leis na rannóga cuí, ar chásanna gan críochnú go fóill. Clár náisiúnta is ea Deisiú na Sráide agus is fóram ar líne é trínar féidir ábhar buartha maidir le hionad faoi leith chur faoi bhráid an údaráis áitiúil lena mbaineann.
- Leanadh i rith na bliana 2021 den chóras lárnach maidir le Fógraí Poiblí ionas go gcuirtear le hÍomhá Corparáide na Comhairle ar na Meáin Chlóite, go sábháiltear airgead trí úsáid i gcomhar a bhaint as spás fógraíochta agus go sásaítear coinníollacha faoin gCreat Náisiúnta Soláthair. Sula bhfoilsítear fógraí poiblí ar na nuachtáin éagsúla, bíonn réamhchóipeanna le feiceáil ar na Meáin Shóisialta agus seoltar iad sin chuig na Comhaltaí Tofa agus na sonraí comhfhreagrais cuí á lua leo.
- Seirbhísí don Chustaiméir an príomhphointe comhfhreagrais thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir le tairseach nua Comhairliúcháin Phoiblí an Rialtais.
- Leanann Seirbhísí don Chustaiméir den chúnamh don fhoireann agus den treoir maidir leis na gnáis oibre agus na teimpléid a bhaineann le hathfhormáidiú ar fhoirmeacha iarratais nua agus leis na foirmeacha reatha a leasú de réir mar a iarrtar sin. Tá 294 cáipéis, maidir le foirmeacha iarratais, léiriú spéise agus meamraim sa chóras cláraithe/códaithe faoin tráth seo agus iad ar fáil ar an láithreán gréasáin.
- Tá cártaí córais rochtana dorais agus siogairlíní don charrchlós á n-eisiúint agus á gcothabháil ag Lean Seirbhísí don Chustaiméir den chóras maidir le Cead Isteach ag an doras agus sa charrchlós a rith thar ceann Aonad na bhFoirgneamh agus na Saoráidí.

## DEASC NA SEIRBHÍSÍ DON CHUSTAIMÉIR AGUS AN LÁRIONAD CUMARSÁIDE

- Leantar de Deasc na Seirbhísí don Chustaiméir a rith chun córas éifeachtach atreoraithe/fiosrúcháin a chur ar fáil don chustaiméir ar a theacht isteach in Áras an Chontae. Leantar den tseirbhís teileafóin a chur ar fáil as seo, le cúnamh cúltaca ó Lárionad Cumarsáide na Seirbhísí don Chustaiméir ar an dara stór in Áras an Chontae.
- Cuirtear daoine den fhoireann Seirbhísí Corparáide atá ag obair le Seirbhísí don Chustaiméir i mbun feidhmeanna maidir le Polasaí Fón Póca na heagraíochta agus leis an ngnáthobair riaracháin ar an gcuntas.

## CÚRSAÍ CUMARSÁIDE AGUS NA MEÁIN SHÓISIALTA

- Cuireadh arís leis an úsáid as na Meáin Shóisialta (Twitter & Facebook) agus tá borradh leanúnach ag teacht ó lá go lá.
- Rinneadh na Meáin Shóisialta a thabhairt isteach le Fógraíocht agus le Feachtais eile Bolscaireachta de chuid na Comhairle agus tugadh aird faoi leith ar an úsáid as na Meáin Shóisialta an tráth a dtarlaíonn drochaimsir. Is minice anois a bhíonn ábhar á phostáil thar ceann dhaoine den fhoireann le béim ar Oibreacha Bóthair, ar Chur Isteach ar an tSeirbhís Uisce agus ar ghnáthimeachtaí eile a tharlaíonn ar fud an Chontae. Bíonn an fhoireann Seirbhísí don Chustaiméir páirteach i bhfeachtas náisiúnta ar Twitter faoin teideal 'Your Council Day' a ndéanann an GBRÁ comhordú air.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Leanúint de chomhordú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta maidir le Seirbhís don Chustaiméir de réir na spriocanna agus na n-aidhmeanna comhaontaithe a luaitear sa Straitéis maidir le Seirbhísí Ardchaighdeáin don Chustaiméir.
- Leanfar d'éascaíocht a dhéanamh maidir le cruinnithe Ghrúpa na nOifigeach Seirbhísí don Chustaiméir, le heolas a scaipeadh agus le beartaíocht i gcomhar ar fud na mbrainsí go léir.
- Déanfar taighde ar chórais maidir le Seirbhís don Chustaiméir a chuirfear i bhfeidhm ansin i ndáil leis na riachtanais áitiúla agus cuirfear próiseas tagarmharcála i bhfeidhm chun ár gcuid caighdeán a thabhairt níos faide chun cinn de réir mar a bhíonn acmhainní ar fáil chuige sin.
- Leanfar de 'Deisiú na Sráide' a chur i bhfeidhm d'fhonn na spriocanna comhaontaithe a thabhairt i gcrích.
- Leanfar den chóras lárnach taisce agus códála a choinneáil ar bun maidir leis na Foirmeacha Iarratais uilig de chuid na Comhairle Contae atá ar fáil ar an láithreán gréasáin.
- Leanfar den bhéim ar úsáid na Comhairle Contae as na Meáin Shóisialta a fhorbairt mar fhoinse faisnéise agus mar bhealach éifeachtúil cumarsáide ar na custaiméirí.

## MARGAÍ & CORRTHRÁDÁIL AGUS IARRATAIS MAIDIR LE SCANNÁNAÍOCHT A DHÉANAMH SA CHONTAE

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Eisíodh ceadúnais corrthrádála maidir le trádáil i mbailte agus i sráidbhailte ar fud an Chontae, ina measc: Baile Locha Riach (4), Béal Átha na Sluaighe (7), an Clochán (5), an Gort (9), Baile Locha Riach (2), an Creagán (5), an Dún Mór (1), Áth Cinn (1), Tuaim (7); i gcomhréir leis na Fodhlíthe Corrthrádála.
- Leanadh de thrádáil a chur chun cinn sa chás go raibh ionad folamh trí chaidreamh a dhéanamh le daoine ar na liostaí feithimh agus leanadh den mhonatóireacht ar shonraí maidir le Corrthrádáil trí thuairiscí faoi Phleananna Oibre na Maor Pobail.
- Rinneadh próiseáil ar 15 iarratas ó dhreamanna scannánaíochta agus eile leas a bhaint as maoin phoiblí maidir le scannánaíocht a dhéanamh.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Leanacht de Cheadúnais Corrthrádála a eisiúint.
- Leanacht de fhreastal ar Chomhlachtaí Meán Cumarsáide agus ar Chomhlachtaí Léiriúcháin ar mian leo scannánaíocht a dhéanamh sa Chontae maidir le fiosrúchán uathu agus cead a eisiúint de réir mar is gá.
- Leanacht den chomhordú maidir le cúrsaí trádála i rith Aonach Capall Bhéal Átha na Sluaighe i mí Deireadh Fómhair i gcomhar le hOifig Cheantar Bardasach Bhéal Átha na Sluaighe. Beidh sin ag brath ar na treoirlínte maidir leis an tsláinte phoiblí.
- Leanacht de fhreastal do Chruinnithe Choiste Comhordaithe Aonach agus Fhéile Bhéal Átha na Sluaighe agus de Chathaoirleacht a dhéanamh orthu.

## INIÚCHÓIREACHT INMHEÁNACH

Beartaíocht deimhniúcháin agus comhairleoireachta a dhéantar go hoibiachtúil agus go neamhspleách, d'fhonn feabhas agus fiúntas breise a chothú i mbearta oibriúcháin eagraíochta a bhíonn san iniúchóireacht inmheánach. Cuidítear le haidhmeanna eagraíochta a thabhairt i gcrích trí mhodh oibre sainiúil a chur i bhfeidhm i ndáil le héifeachtúlacht na bpróiseas maidir leis an mbainistíocht ar réimsí baoil agus bearta smachta agus rialachais ina leith a mheas agus a fheabhsú.

Tá an tAonad Iniúchóireachta Inmheánach freagrach as deimhniú a thabhairt do Phríomhfheidhmeannach na Comhairle maidir le dóthanacht agus éifeachtúlacht na gcóras inmheánach atá ar bun ag an gComhairle i ndáil le bainistíocht ar réimsí baoil.

Bíonn an plean oibre maidir leis an Iniúchóireacht Inmheánach bunaithe ar an bplean bliantúil a leagtar amach i gcomhar leis an Meitheal Feidhmiúcháin agus leis an gCoiste Iniúchóireachta.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Rinneadh seiceáil gach ráithe maidir le fáltais in oifig an airgid, lóisteáil agus fáltais ar ceal.
- Déantar seiceáil thráthrialta sa Cheannoifig Mótarchánach in Áras an Chontae.
- Déantar seiceáil gach ráithe ar bhearta ceannacháin le Cártaí Ceannacháin Ísealchostais agus le Cártaí Breosla d'fhonn a dheimhniú go gcloítear le téarmaí úsáide na gcártaí.
- Seiceáil thráthrialta maidir píonóis úis i ndáil le híoc pras cuntas.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Dréacht de Phlean Oibre 2022 maidir leis an Iniúchóireacht Inmheánach a leagan amach lena aontú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus ag an bPríomhfheidhmeannach
- Athbhreithniú maidir leis na bearta a mholtar i dTuairiscí Iniúchóireachta 2021.
- Soirbhiú d'obair an Choiste Iniúchóireachta/obair riaracháin maidir leis na cruinnithe
- Bearta iniúchóireachta a dhéanamh de réir mar atá i bPlean Oibre na bliana 2022.
- Na coinníollacha maidir le Deimhniú Cáilíochta faoin gCód Caiteachais Phoiblí a shásamh.
- Leanacht leis an obair thástála maidir le polasaithe a chomhlíonadh agus luach an airgid a bhaint amach.
- Monatóireacht gach ráithe ar bhearta ceannacháin le Cártaí Ceannacháin Ísealchostais agus le Cártaí Breosla.
- Seiceáil thráthrialta maidir leis an oifig Mótarchánach agus le hAirgead Tirim chomh maith le Píonóis Úis i ndáil le hÍoc Pras Cuntas.

## SEIRBHÍSÍ COMHAIRLE DLÍ

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Lean an Rannóg de sheirbhísí dlíodóireachta agus comhairle a chur ar fáil maidir leis na réimsí cláir agus na Stiúrthóireachtaí ar fad i rith an dara bliain de phaindéim Covid-19, rud a d'fhág gurbh éigean bearta faoi leith a dhéanamh d'fhonn fónamh leanúnach don Chomhairle a chinntiú an tráth

céanna a mbeadh baill na foirne á gcosaint. Áirítear ar na seirbhísí réadmhaoin a cheannach agus réadmhaoin a dhíol, gné den obair a bhí ar ais ar na gnáthleibhéil faoin dara leath den bhliain 2021, cásanna dlíthíochta lena n-áirítear ionchúiseamh forfheidhmiúcháin sa Chúirt Dúiche, cásanna sa Chúirt Chuarda agus san Ard-Chúirt, Athbhreithniú Breithiúnach san áireamh, gnéithe eile raibh an gnáthleibhéal oibre i gceist leo arís de réir mar a chuaigh an bhliain ar aghaidh. Bhí éadáil talún a thabhairt chun críche, Orduithe Ceannaigh Éigeantaigh (CPO) maidir le bealaí idiruirbeacha agus scéimeanna leathnú bóthair ar na réimsí eile a raibh obair shuntasach i gceist leo ag an Aonad Gníomhaire Dlí ainneoin na srianta leanúnacha maidir le Covid-19 i rith mhíonna tosaigh na bliana 2021.

- Leantar den leasú leanúnach ar Chóras Bainistíochta na gCásanna trína mbaintear úsáid as teimpléid chun sruthanna oibre a chruthú ar mhaithe le seirbhísí dlí a chur ar fáil ar bhealach éifeachtach atá éifeachtúil ó thaobh costais.
- Leanadh den obair ar Chlár Tailte na Comhairle i gcomhar le comhghleacaithe in aonaid eile, mar shampla IS, Airgeadas agus Tithíocht. Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir leis an gClár agus go deimhin le hobair cartlannaíochta ar sheanchomhaid trí leas a bhaint as socruithe cianoibre a chuidigh le dea-thorthúlacht shaothar na foirne a choinneáil tráth a raibh deacrachtaí go leor i gceist.

## TOGRAÍ DO 2022:

- Díriú ar an dícheall, agus leanacht de, maidir le seirbhísí éifeachtacha comhairle dlí a chur ar fáil do na réimsí cláir ar fad ar fud na heagraíochta, go háirithe agus gnáthmhodhanna seirbhíse ag teacht ar ais ar bun agus baill foirne ag teacht ar ais ag obair go sábháilte ar an láthair de réir a chéile mar a bhíodh roimh ré Covid-19.
- Leantar den dícheall suntasach maidir le sásamh na gcoinníollacha i ndáil leis na Rialacháin maidir le Cosaint Sonraí, an méid a bhaineann le Mapáil Sonraí agus le Réimsí Baoil a Mhaolú san áireamh. Tá ionadaí faoi leith as an bhfoireann aturnaetha ceaptha san aonad maidir le cúrsaí GDPR agus SF ceaptha. Beidh oiliúint maidir leis na cora is deireanaí á chur ar fáil do na baill foirne ó thús go deireadh na bliana.
- Leanfar de shruthanna oibre a chruthú faoi Chóras Bainistíochta na gCásanna d'fhonn cur arís leis an acmhainn oibre. Féachfar freisin leis an leas is fearr a bhaint as an gcóras tábhachtach seo de réir mar a thugtar nósanna cianoibre lucht foirne na comhairle chun cinn.
- Cinnteofar go gcoinníonn baill na foirne, tríd an oiliúint chuí, ar an eolas faoi na cora is deireanaí maidir le Dlí an Rialtais Áitiúil agus le Bainistíocht Oifigí.
- Beidh béim i gcónaí ar an obair leanúnach atá ar siúl maidir le Clár Tailte na Comhairle d'fhonn taifead críochnúil atá cothrom le haimsir ar an maoin atá faoi úinéireacht na comhairle a chur ar fáil.

# AN COMHSHAOL, ATHRÚ AERÁIDE, TINE & SEIRBHÍSÍ MÓRÉIGEANDÁLA, ACMHAINNÍ DAONNA, TEICHNEOLAÍOCHT & CUMARSÁID FAISNÉISE

## AN BONNEAGAR BAINISTITHE DRAMHAÍOLA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ I RITH NA BLIANA 2021

- Eisíodh Deimhniú maidir le Críochnú Substaintiúil agus tugadh tréimhse chothabhála chun críche maidir leis an obair a bhaineann le Plean Réitigh Láithreáin ag Cill Chonaill. Tá an líonadh talún anois ag feidhmiú sa chéim iarchúraim de cheadúnas na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil.
- Tá an fhoireann eagraithe chun forbairt saoráidí taitneamhachta ar an láithreán 60 heicteár i gCill Conaill. Cuireadh an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ar an eolas.
- Tugadh faoi obair leasúcháin ag an bPoll Buí chun aghaidh a thabhairt ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta, bainistithe láisteáite agus bainistithe gáis líonta talún.
- Tá obair feabhsúcháin faoi lán seoil ag Láithreacha Fóntas Poiblí (CAS) na Comhairle i dTuaim agus sa Chlochán. Tá sé beartaithe go dtabharfar isteach conradh nua seirbhíse chomh maith le táillí nua dumpála nuair a thabharfar an obair chun críche.
- Cuireadh iarratas pleanála ar aghaidh chuig an mBord Pleanála maidir le CAS nuar i nGort. Eisíodh iarraidh eile ar fhaisnéis agus eisíodh freagra ina leith atá anois faoi bhreithniú.
- Tá iarratas ar Dheimhniú Údaraithe curtha ar aghaidh maidir le líonadh talún stairiúil ar Bhóthar an Chladaigh sa Chlochán agus tá iarratais maidir leis an gCnoc Breac, Gort agus Tuaim réidh le chur faoi bhráid an EPA.
- Rinneadh an conradh bailithe gloine le Rehab Glassco a athnuachan. Cuireadh seirbhís cigireachta ar bhainc buidéal breise ar bun.
- Obair nuachóirithe ar shaoráidí banc buidéal i bPort Omna, i gCinn Mhara, ar an Trá Bháin agus ar an gCeathrú Rua.
- Tá Líonra na nÚdarás Áitiúil um Chosc fós gníomhach i. Sainaithníonn an Líonra gníomhaíochtaí atá ag teastáil ar mhaithe le cosc agus cur le cumas laistigh de na hearnálacha pobail, gnó agus poiblí a mhéid a bhaineann le éifeachtúlachtaí ó thaobh úsáid acmhainní de agus i measc na réimsí atá i gceist áirítear cosc dramhaíola, caomhnú fuinnimh, caomhnú uisce agus cur le cumas, oiliúint agus feasacht.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Tionscadal taitneamhachta i gCill Chonaill a thabhairt chun cinn lena n-áirítear comhairleoireacht deartha.
- Obair leasúcháin a thabhairt chun críche ag an bPoll Buí lena n-áirítear obair feabhsúcháin ar chóras bailithe gáis agus uasghrádú ar SCADA.

- Iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú d'iniúchadh 3 Sraith maidir leis na láithreáin líonta talún atá fanta i gCatagóir A agus tacú le iarrataí ar iarratais COA.
- Comhoibriú leis an Údarás ar thograí CAS Chonamara Theas.
- Feasacht oideachais le leanúint ar aghaidh sa réimse chun dramhaíl a chosc agus maidir le dea-chleachtais chomhshaoil.

## FAIREACHÁN COMHSHAOIL AGUS BEARTA FORFHEIDHMIÚCHÁIN

Tugadh an clár oibre a bhí leagtha amach sa Phlean RMSEI 2021 chun críche.

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Leagfar amach mionsonraí faoi fhógraí forfheidhmiúcháin agus litreacha rabhaidh a tionscnaíodh faoin reachtaíocht comhshaoil i rith na bliana 2021 i dtuairisceáin RMCEI (Íoschritéir Mholta maidir le Cigireacht Comhshaoil) na bliana 2021 atá le heisiúint faoin 16 Feabhra 2022.
- Tabharfar mionchuntas i dtuairisceáin RMCEI 2021 ar na bearta cigireachta pleanáilte a rinneadh ar áiseanna rialáilte agus ar na bearta cigireachta neamhphleanáilte a rinneadh i ndáil le gearáin a tháinig agus teagmhais a tharla maidir le truailliú na timpeallachta. Déantar iniúchtaí i ndáil leis na nithe seo a leanas: gearáin, saoráidí dramhaíola ceadaithe, bailitheoirí ceadaithe, cairéil, garáistí, catagóirí éagsúla táirgeora dramhaíola, ceadúnais sceite, saoráidí sloda séarachais, feirmeacha, córais phríobháideacha cóireála dramhuisce, ceadúnais truaillithe aeir, saoráidí péinteanna deco agus láithreáin chláraithe tuaslagóirí.
- Rinneadh cigireachtaí comhpháirteacha le REPAK ar ghnólachtaí neamhchomhlíontacha, faoi chlár pacáistithe píolótach CUWERLA.
- Glanadh líon 'spotaí dubha' a raibh bruscar caite ar fud na háite acu, cuireadh bacainní agus comharthaí in airde agus cuireadh CCTV isteach le maoiniú arna soláthar ag DCCAE faoin dTionscnamh Frithdhumpála 2021. Tugadh go leor dramhaíola chun bealaigh mar chuid den Tionscnaimh a fógraíodh go háitiúil ar mheáin shóisialta na Comhairle agus sna nuachtáin áitiúla.
- Eagraíodh Bailiúchán Earraí Toirtiúla i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe.
- Chuir an Fhoireann um Fhorfheidhmiú Comhshaoil Feachtais Fheasachta i gcrích i ndáil le húsáid cheart a bhaint as saoráidí fág anseo agus na saoráidí atá ar fáil ag Ionaid Fóntais Poiblí. Leathadh amach feachtas comharthaíochta leictreonaí agus cláir fhógraí ar fud an chontae trína leagadh béim ar na saincheisteanna a bhaineann le bailitheoirí mídhleathacha.
- Rinneadh monatóireacht i ndáil le huisce óil, uisce snámha, aibhneacha, lochanna agus líonadh talún i gcomhréir le ceanglais reachtúla go díreach agus trí chonarthaí le saotharlanna seachtracha araon. Rinneadh bearta leantacha i dtaca le neamhchomhlíonadh.
- Tugadh faoi chigireachtaí maidir le tuairim is 126 ceadúnas scaoilte, 101 córas cóireála fuíolluisce tí agus 20 feirm. Tugadh faoi ghníomhartha forfheidhmithe nuair ba ghá.

## FAIREACHÁN COMHSHAOIL AGUS BEARTA FORFHEIDHMIÚCHÁIN

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Eisíodh fógraí poiblí agus rinneadh monatóireacht cigireachta de réir mar is gá mar fhreagra ar neamhchomhlíonadh maidir le huisce óil agus uisce snámha. Rinneadh Sé Bhratach Ghorma agus Sé Phlaic Chósta Ghlais a bhronnadh ar limistéir shnámha i gContae na Gaillimhe.
- Rinneadh rialú ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le truailliú aeir cosúil le tirimghlanadh, athchóiriú feithiclí agus cairéil.
- Rinne an Rannóg Comhshaoil athbhreithniú ar gach iarratas pleanála suntasach i leith forbraíochtaí seachas iarratais i leith tithe aonair. Áiríodh leo sin forbraíochtaí tionsclaíocha, tithíochta, fuinnimh, bainistithe dramhaíola agus cairéil. Cuireadh athbhreithnithe cuimsitheacha i gcrích lena chinntiú go gcomhlíonann na tograí an líon do-áirithe doiciméad ábhartha reachtaíochta agus treoracha maidir leis an gcomhshaoil.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Déanfaidh an Chomhairle na hiniúchtaí réamhghníomhacha pleanáilte go léir ar shaoráidí údaraithe faoi na míreanna éagsúla den reachtaíocht chomhshaoil a leagan amach i bPlean RMCEI 2022, agus tá an plean sin le heisiúint faoin 16 Feabhra 2022. Tabharfaidh scála na gníomhaíochta forfheidhmiúcháin sa bhliain 2022 léiriú ar na hacmhainní a bheidh ar fáil d'iniúchtaí a dhéanamh, agus bainfear leas as na hacmhainní ar bhonn tosaíochta, agus an treoir a fhaightear ón Roinn, ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus ó WERLA á cur san áireamh.
- Leanfaidh an Chomhairle d'iniúchtaí agus d'fhaireachán a dhéanamh faoi reachtaíocht chomhshaoil de réir bheartas an rialtais agus threoracha na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, agus déanfar bearta forfheidhmiúcháin a chur i ngníomh de réir mar is gá i gcásanna nach ndéantar an reachtaíocht chomhshaoil a chomhlíonadh.
- Beidh athbhreithniú leanúnach ar siúl maidir leis na bealaí is fearr chun déileáil le dumpáil mhídhleathach. Cuirfear na Fodhlíthe maidir le hÁbhar Dramhaíola a chur ar fáil i bhfeidhm agus eiseofar fógraí maidir le pionós socraithe de réir mar is gá.
- Oibreoidh an Chomhairle leis an bpobal agus le gníomhaireachtaí eile, lena n-áirítear an Oifig WFD, chun caighdeán an uisce i gceantair tosaíochta aitheanta a fheabhsú, trí fheasacht phoiblí agus chlár dian iniúchtaí ar fhoinsí a d'fhéadfadh a bheith truaillithe, lena n-áirítear córais chóireála fuíolluisce phríobháideacha ar scála mór, feirmeacha agus córais chóireála fuíolluisce tí.

## LÁITHREÁIN THRÉIGTHE AGUS DÉANMHAIS CHONTÚIRTEACHA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Lean an Chomhairle dá cumhachtaí faoin Acht um Láithreáin Thréigthe 1990 agus faoin Acht Rialtais Áitiúil (Seirbhísí Sláintíochta 1964 a fheidhmiú chun oibriú le húinéirí foirgneamh agus talún de chineál atá ligthe i bhfaillí, ina bhfothraigh agus mímhaiseach beart feabhais a dhéanamh. Leanadh de gníomhartha forfheidhmithe nuair a theastaigh siad.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Leanfar d'athbhreithniú a dhéanamh ar láithreáin sa chontae de réir an bheartais maidir le Láithreáin Thréigthe agus de réir an bheartais maidir le Déanmhais Chontúirteacha.

## REILIGÍ

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ I RITH NA BLIANA 2021

- Faoi láthair, tá 233 reilig liostaithe i gclár reiligí na Comhairle. I gcomhar le cuid mhór coistí áitiúla reilige, déanann an Chomhairle obair chothabhála agus feabhsúcháin de réir mar is féidir i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil.
- Leanadh den chlár oibreacha caipitil reilige i rith na bliana 2021. Tá síntí nua tugtha chun críche i nDroichead an Chláirín agus i gCill Íomair Uí Dhálaigh agus tugadh an chuid is mó den obair ar shíneadh in Quansboro chun críche. Ceadíodh freisin iarratas ar phleanáil Cuid 8 chun reilig nua a fhorbairt ag Séipéal Chúil Fobhair.
- I gcomhar le coiste reilige Mhaigh Cuilinn, rinneadh limistéar agus leagan amach do bhalla colmlainne (chun prócaí a adhlacadh) a aontaíodh le Comhairle Chontae na Gaillimhe agus tógfar i gcéimeanna é. Tá obair talún ar bun.
- Tá an rannóg comhshaoil i mbun teagmháil ghníomhach a dhéanamh le pobail chun láithreacha adhlactha nua a aithint i mBaile Chláir, Indreabhán agus Leitir Móir.
- Cuirtear deontas bliantúil ar fáil do choistí a dhéanann cothabháil ar na reiligí ina gceantar. Bronnadh deontas 3 leibhéal ar Choistí sa bhliain 2021 - €600, €450 nó €300 agus tugadh deontais do níos mó ná 190 coiste sa bhliain 2021.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Tabharfar obair atá fós le déanamh (tírdhreachú) ag Quansboro BG (síneadh) chun críche.
- Cuirfear tús le hobair chun reilig a fhorbairt ag Cúil Fobhair.
- Faoi réir chead pleanála, cuirfear tús le hobair chun síneadh a chur le reilig ag Reilig Creagh i mBéal Átha na Sluaighe agus Dún Doighre.
- Leagan amach agus pleanáil a chur chun cinn nuair atá suíomhanna oiriúnacha ar fáil i mBaile Chláir, Eanach Dhúin, an Mhainistir, Indreabhán, Baile Conaola, Cill Bheanáin agus Leitir Móir.
- Dul chun cinn a dhéanamh ar Bhalla Colmlainne a fhorbairt i Maigh Cuilinn.
- Fodhlíthe nua i ndáil le Reiligí a dhréachtú lena mbreithniú ag an gComhairle.

# FEASACHT AGUS OIDEACHAS FAOIN GCOMHSHAOL

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Tá an t-oifigeach Feasachta cúnta páirteach i gcur chun cinn feasachta faoin gcomhshaol trí theagmháil leanúnach leis na hearnálacha tís agus tráchtála.
- Mar gheall ar shrianta Covid -19, tá srian curtha le himeachtaí feasachta pobail, ach baineadh úsáid as na meáin shóisialta (13,835 leantóir ar Facebook, 15,600 ar twitter), teagmháil dhíreach trí ríomhphost, agus líonraí ar nós an líonra PPN, líonra na mBailte Slachtmhara agus an líonra scoileanna chun faisnéis a chur ar fáil maidir le bruscar, dramhaíl a bhainistiú, dramhaíl a chosc, bia a chur amú, múiríniú a dhéanamh sa bhaile, dramhaíl ghuaiseach baile, fuinneamh a chaomhnú agus uisce a chaomhnú.
- Bhí forbairt agus scaipeadh faisnéise ann ar bhonn leanúnach trí na meáin áitiúla, trí mheáin shóisialta, trí leabharlanna, trí scoileanna, trí ghrúpaí deonacha etc.
- Rinneadh forbairt leanúnach i gcomhar le grúpaí Bailte Slachtmhara
- Bhíothas páirteach ar bhonn leanúnach i gclár na Scoileanna Glasa agus bhí os cionn 90% de scoileanna an chontae bainteach leis an gclár sin Ghlac dhá scoil nua páirt sa chlár. Bhí 29 athnuachan againn maidir leis an gclár. Bhain dhá scoil trí ghradam amach i nGradaim Uisce na Scoileanna Glasa 2021 an Taisce. Leathadh amach comórtas póstaeir in aghaidh an bhruscair chuig gach scoil. Rinneadh féilire as phóstaeir na bliana 2021 agus scaipfear iad.  Leathadh amach ár gclár Picker Pals chuig 56 Rang i Scoileanna Náisiúnta.
- Tacaíodh le Glantachán Náisiúnta Earraigh trí 238 imeacht. Dáileadh 500 crann le linn Sheachtain Náisiúnta na gCrann, agus bhí 14 láithreán athchúrsála crann Nollag againn.
- Cuirimid feachtais frithbhruscair i bhfeidhm i bpobail. Seoladh ár bhFeachtas in aghaidh Shalachar Madraí 'Má Shalaíonn Siad, Glan Suas É' ar fud an chontae.  Suiteáladh Gairis fuaime ag spotaí dubha bruscair agus cuireadh comharthaí frithdhumpála in airde i roinnt reilig.
- Leanaimid de bheith i mbun plé le hOifig Bainistithe Dramhaíola Réigiún Chonnacht Uladh d'fhonn Plean Bainistithe Dramhaíola Réigiún Chonnacht-Uladh 2015-2021 a chur ar fáil.
- Cuirimid na hAipeanna mywaste.ie, agus myimpact chun cinn. Thacaímid le Mí Athúsáide i mí Dheireadh Fómhair 2021. Ba as Contae na Gaillimhe buaiteoir Chomórtas Uaschúrsála Chonnacht.
- Thacaímid leis an bhFeachtas Clubanna Glasa i gcomhar leis an CLG agus le hoifigí réigiúnacha dramhaíola. Tá club amháin i gConnacht páirteach sa chlár píolótach.
- Cuireadh feasacht faoin gcomhshaol chun cinn trí Fhorfheidhmiú Dramhaíola, tríd an Aonad um Pobail agus Fiontar, an Comhordaitheoir PPN agus an tOifigeach Oidhreachta.
- Leathadh amach clár píolótach feasachta faoi bhruscar agus bainistithe dramhaíola d'eastáit tithíochta i gcomhar le hoifigí tithíochta agus oifigí limistéir.
- Rinneadh Fógra Frithbhruscair a fhorbairt do phictiúrlanna i gcomhar le Comhairle Cathrach na Gaillimhe (cuirfear ar siúl é in 2022 ag brath ar shrianta Covid-19)
- Cuireadh coimeádáin cáir le haghaidh dioscaí a bhfuil teachtaireacht frithbhruscair orthu chun cinn.

- An Clár LAPN/Coiscte Dramhaíola a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach. Fuaireamar deontas €10,000 chun umair uisce a chur chun cinn i meánscoileanna roimh dheireadh na bliana 2021. Uasdátú le déanamh ar phacáiste imeachtaí agus le bheith ar fáil i ndiaidh Covid.
- Thacaigh le leathadh amach an chiste maidir le deiseanna gníomhú ar son na haeráide.

Thacaigh le Clár Brataí Goirme, Cósta Ghlais agus Cósta Ghlain an Taisce. 6 Trá le Bratacha Gorma, 7 limistéar Cósta Ghlais agus thacaigh le limistéir cósta ghlain. Chuir comórtas ealaíne do scoileanna maidir le Bratacha Gorma chun cinn.

- Rinne leathadh amach Chlár na Siúlóirí Glasa Madraí a fhorbairt.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Leanfar ar aghaidh leis an bhfeachtas Feasachta, ina leagfar béim faoi leith ar úsáid a bhaint as an teicneolaíocht chun tuilleadh feabhais a chur ar na comhpháirtíochtaí le grúpaí pobail, scoileanna agus le grúpaí deonacha a fheabhsú tuilleadh agus ar leanúint d'eolas a scaipeadh ar na hearnálacha ar fad agus úsáid á baint as gach modh oiriúnach.
- An Clár um Bainistiú Dramhaíola agus Cosc Dramhaíola a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach.
- Leanúint d'fheachtais náisiúnta amhail Glantachán Náisiúnta Earraigh, Seachtain Náisiúnta na gCrann, feachtas an Tascfhórsa maidir le Bruscar Guma, tránna le Bratacha Gorma, Cóstaí Glasa, Cóstaí Glana, Ciste Gníomhaíochta Comhshaoil Pobail, Mí Athúsáide, etc.
- Feachtas Feasachta in aghaidh an Bhruscair trí ghrúpaí pobail, scoileanna, na meáin shóisialta etc. de réir an Phlean Bainistíochta maidir le cúrsaí Bruscair 2019-2022.
- Leanúint de chlár in aghaidh Shalachar Madraí a chur chun cinn chomh maith le clár na Siúlóirí Glasa Madraí.
- Tacú leis an gCiste maidir le Deiseanna Gníomhú ar son na hAeráide.

## FUINNEAMH & AERÁID

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH 2021:

- Leanann Comhairle Chontae na Gaillimhe de Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide an Chontae a chur i bhfeidhm.
- Seoladh an Ciste maidir le Deiseanna Gníomhú ar son na hAeráide i R1 2021.
- D'aithin Comhairle Chontae na Gaillimhe Oileáin Árann mar Réimse Dícharbónúcháin na Comhairle.
- Faoi Chlár Pobail SEAI maidir le Fuinneamh Inbhuanaithe tá sainchomhairleoirí ceaptha ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun Máistirphleananna Fuinnimh a sholáthar do 5 Pobal Fuinnimh Inmharthana ar fud an Chontae. Is ionann tacaíocht na Comhairle don Chlár seo agus gealltanas €75K in Iasachtaí Idirlinne.

- 5 Pacáistí chun Fuinneamh a Shábháil sa Bhaile agus oiliúint lena mbaineann a leathadh amach chuig Leabharlanna LA.
- Chomhlíon Comhairle Chontae na Gaillimhe a dualgas faoin reachtaíocht maidir le monatóireacht agus tuairiscíocht ar ídiú fuinnimh in 2021. Bhí ceanglas ar gach comhlacht poiblí a n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 33% (bunaithe ar bhunlíne 2009) faoin mbliain 2020. Tugann na torthaí sealadacha le fios go bhfuil an sprioc sin athraithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe: a bhain feabhsúchán 38% éifeachtúlacht fuinnimh amach.
- Thacaigh Cumann Bhainisteoirí an Chontae agus na Cathrach (CCMA) le Plean Oiliúna Gníomhaithe ar son na hAeráide Údaráis Áitiúil a rinneadh a fhorbairt far fhreagra ar Gníomh 150 den Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide a éilíonn "forbairt a dhéanamh ar cheannaireacht agus acmhainní Údarás Áitiúla maidir le gníomhaithe ar son na haeráide ". Tacaíonn an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC) leis an bPlean Oiliúna, ar clár ceithre bliana a bheidh ann ar dtús, agus atá dírithe ar phríomhchuspóirí a bhaineann le acmhainn a fhorbairt maidir le athrú aeráide laistigh den earnáil údaráis áitiúil agus athrú iompair dearfach a spreagadh ag leibhéal pobail. Tá LASNTG i gcomhar leis an Oifig Réigiún an Oirthir agus Lártíre maidir le Gníomhú ar son na hAeráide (EM *CARO*) freagrach as an gclár oiliúna a chomhordú. Bhí Foireann Chomhairle Chontae na Gaillimhe páirteach dá réir leis an gclár oiliúna sin
- Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe post an Chomhordaitheora um Ghníomhaithe ar Son na hAeráide a fhógairt.

## RÉAMH-MHEASTACHÁN DON BHLIAIN 2022:

- **CHEAP CARO OIFIGEACH BIÚRÓ FUINNIMH ÁITIÚIL.**

- Leanúint de Phleananna Feidhmithe Gníomhartha a fhorbairt agus a nuashonrú i ndáil le gach gníomh oiriúnaithe atá le baint amach i gcomhréir leis an Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide.
- Comhar páirtnéireachta a chothú agus a chur chun cinn le lucht fiontraíochta, eagraíochtaí pobail, eagraíochtaí deonacha, forais oideachais tríú leibhéal agus an lucht taighde d'fhonn tionscnaimh maolúcháin i ndáil le tionchar an athrú aeráide a thabhairt i gcrích.
- Ciste maidir le Deiseanna Gníomhú ar son na hAeráide 2021 a riar agus a oibriú ionas go mbíonn deis ag eagraíochtaí neamhbhrabúis cistí do thionscnaimh áitiúla maidir le cúrsaí aeráide a thapú.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chúrsaí feidhmiúcháin maidir le spriocanna éifeachtúlacht fuinnimh agus tionscadail a thabhairt chun suntais a chuideoidh le breis éifeachtúlachta a thabhairt i gcrích i ndáil le spriocanna na bliana 2030.
- Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide LA a Fhorbairt.
- Leanúint de thacú le Pobal Fuinnimh Inmharthana ar fud an chontae a Máistirphleananna Fuinnimh a fhorbairt.

## RIALÚ AGUS LEAS AINMHITHE

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Faoin Acht um Rialú Madraí, cuireann 2 mhaor madraí lánaimseartha seirbhís rialaithe madraí ar fáil sa chontae ag úsáid 2 áis póna madraí atá ar léas (ceann in iarthar an chontae agus ceann in oirthear an chontae). Oibrítear iad seo faoi mhaoirseacht tréidliachta agus oibríonn siad de réir mar atá leagtha amach i mBeartas Rialaithe Madraí na comhairle. Sa bhliain 2021 chuaigh 1 maor madraí ar scor agus táthar ag súil go gcuirfear tús le feachtas earcaíochta faoi dheireadh na bliana chun an post folamh do mhaor madraí a líonadh.

- Le linn na bliana 2021, tháinig deireadh leis an léas a bhí ar dhá shaoráid póna madraí. Beifear ag lorg léirithe spéise chun an dara saoráid slán dídine do mhadraí a chur ar fáil agus fógrófar sin faoi dheireadh na bliana.

- D'ainneoin tionchar Covid 19 agus an líon foirne laghdaithe laistigh den tseirbhís maor madraí, leanadh de gach gearán a fuarthas a fhiosrú agus beart a dhéanamh ina leith. Tríd is tríd, tá an t-ioncam ó cheadúnú madraí ar aon dul le ioncam na bliana 2020. Tá tábhacht ag baint leis an mBunachar Náisiúnta um Cheadúnú Madraí, a leathadh amach sa bhliain 2018, chun comhlíonadh a chothabháil sa tír i ndáil le ceadúnú madraí.

- Tugadh 17 ngníomh forfheidhmithe faoin Acht um Rialú Madraí (amhail an 28/10/2021).
- Thacaigh an tseirbhís maor madraí le Feachtas Chontae na Gaillimhe in aghaidh Shalachar Madraí 'Má Shalaíonn Siad, Glan Suas É' a seoladh ar fud an chontae i Lúnasa 2021 agus lean sí d'úinéireacht fhreagrach madraí a chur chun cinn sa phobal agus trí ardáin meán sóisialta na Comhairle. Tá dáileoirí Málaí Salachar Madraí suiteáilte anois in go leor dár mbailte agus sráidbhailte agus limistéir thaitneamhachta.
- Lean an Chomhairle den Acht um Bunachais Pórúcháin Madraí 2010 a chur i bhfeidhm, ar Acht é lena gceanglaítear ar na háitribh ar fad a áirítear faoin sainmhíniú ar 'bunachas pórúcháin madraí' clárú agus na caighdeáin a chomhlíonadh.
- Bhí an Chomhairle gníomhach go leanúnach i dtaobh áiseanna dídine a chur ar fáil do chapaill, do chaoirigh agus do ghabhair.
- Nuair ab fhéidir a leithéid a dhéanamh, ghlac maoir mhadraí páirt i dteagmháil a dhéanamh le baill den phobal agus leis na Gardaí chun cuidiú a thabhairt i ndáil le gadaíocht madraí agus madraí a bhí ar iarraidh.
- Rinneadh cásanna leasa ainmhithe a bhain le madraí, eallach, caoirigh agus capaill a athbhreithniú agus cuireadh ar aghaidh na cásanna sin nuair ba ghá chuig na Gardaí, an Roinn Talmhaíochta agus na grúpaí leasa. I Meitheamh 2021 mar thoradh ar oibríocht traschomhairle a raibh an tseirbhís maor madraí, oifigigh tréidliachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe, an Maor Pobal agus ionadaithe tofa áitiúla páirteach baineadh 13 madra ó láithreán sealadach i gcás a bhain le leas ainmhithe.
- Lean an tseirbhís Maor Madraí de mharuithe caorach a fhiosrú i gcomhréir le beartas agus dul i gcomhairle leis An Garda Síochána nuair a bhí sé ag teastáil.
- Leanann an tseirbhís Maor Madraí den Phrótacal comhaontaithe leis an nGarda Síochána a chur i bhfeidhm nuair a bhíonn gá di cuidiú le hoibríochtaí cuardaigh agus gafa i gcúinsí éagsúla.

- Leanann seirbhís tréidliachta na Comhairle de bheith i mbun idirchaidrimh leis an Rannóg Tithíochta maidir le cur i bhfeidhm an Achta um Rialú Capall.

## TOGRAÍ DO 2022:

- Feabhsúcháin leanúnach ar éifeachtúlacht na seirbhíse Rialaithe Madraí maidir le hacmhainní a chur ar fáil don tseirbhís lena n-áirítear líon foirne agus áiseanna atá ar fáil
- Athbhreithniú a dhéanamh ar léirithe spéise a fhaightear maidir le saoráid dídine do mhadraí in oirthear na Gaillimhe agus iad a fhreagairt.
- Riachtanais oiliúna agus gnáthnósanna imeachta do mhaoir madraí a athbhreithniú i gcomhréir le reachtaíocht reatha agus ag teacht le dea-chleachtas.
- Leanúint d'fhéachaint ar an méadú ata ag teacht le comhlíontacht le ceadúnú madraí de réir na n-acmhainní atá ar fáil. Rachfar i mbun seiceálacha ceadúnaithe dírithe ar fud an chontae i gcomhar le Seirbhís na maor pobail.
- Riarfar feachtais fheasachta maidir le Ceadúnú agus Micrishliseanna chun dul i ngleic le gadaíocht madraí sa chontae.
- Leanfar leis na ceardlanna maidir le hÚinéireacht Madraí Fhreagrach i gcomhar le Dogs Trust Ireland agus cuirfear chun cinn iad sna Leabharlanna Contae agus i mBunscoileanna ar fud an chontae.
- Leanfaidh an Chomhairle de chuidiú le feachtais in aghaidh Shalachar Madraí agus de bhearta nua in aghaidh Salachar Madraí a thabhairt isteach ar fud an Chontae.
- Leanfaidh an Chomhairle de chásanna a thuairiscítear leo a sháraíonn leas ainmhithe a athbhreithniú, agus cuirfidh an Roinn Talmhaíochta, na Gardaí agus grúpaí leasa de réir mar a bheidh gá, laistigh de na hacmhainní a bheidh ar fáil.
- Déanfar na Bunachais Pórúcháin Madraí atá ar an gclár a iniúchadh agus déanfar bearta i leith na dtuairiscí go léir faoi bhunachais pórúcháin neamhchláraithe. De réir an dlí, tá sé de cheangal ar gach bunachas iarratas a dhéanamh ar chlárú.
- Leanfaidh an Chomhairle de na seirbhísí dídine a chur ar fáil agus a fheabhsú ionas go gcinntítear leas an uile ainmhí a thagann faoinár gcúram.

## SÁBHÁILTEACHT BIA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Tá conradh seirbhíse ag an gcomhairle leis an FSAI faoina ndéantar seamlais agus monarchana próiseála feola a bhfuil ceadú CE faighte acu atá lonnaithe i gcontae agus i gcathair na Gaillimhe a rialú tríd an tseirbhís tréidliachta.
- Faoin gconradh seirbhíse seo, éilítear go ndéantar gach ainmhí a scrúdú sula maraítear iad agus ina dhiaidh, go dtéitear i mbun sampláil ar iarmhair ainmhithe agus go ndéantar seiceálacha maidir le leas ainmhithe, déantar iniúchtaí mionsonraithe, agus cinntítear sláine agus inrianaitheacht an tslabhra bia ón bhfeirm go dtí an bord sna aon cheann déag de sheamlais áitiúla an chontae a bhfuil ceadú CE faighte acu. Déantar eallach, caoirigh, gabhair, muca agus éanlaith a mharú agus déantar géim fiáin a phróiseáil.
- Éilítear faoin gconradh seirbhíse chomh maith go ndéantar maoirsiú agus rialú ar na ceithre cinn déag de na monarchana próiseála feola sa chontae agus sa chathair a bhfuil ceadú CE faighte acu. Is éard atá i gceist leis sin ná samplaí de tháirgí feola a thástáil le haghaidh éilliú micribhitheolaíochta, breiseáin bhia, ailléirginí, iarmhair, faireachán galair, comhlíontacht maidir le lipéadú, inrianaitheacht agus calaois bhia. Tá sceideal rialta de chigireachtaí gan fógra agus iniúchtaí réamhphleanáilte sna háitribh, agus cuireann siad sin fostaíocht ar fáil do bhreis is 200 fostaí.

- Cuireadh dhá ghnólacht cláraithe nua leis sin agus bain an caighdeán CE atá de dhíth amach chun clárú in 2021.

- Rinne seirbhís tréidliachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe éascaíocht ar cheadú i leith gníomhaíochtaí breise do ghnólachtaí feola iomadúla ó tharla na gnólachtaí beaga sin ag leanúint de dhúl in oiriúint chun maireachtáil le linn na paindéime.

- Ghlac oifigigh tréidliachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe páirt in oiliúint faoi chalaois bhia sa bhliain 2021. Bain duine acu Ard-Dioplóma in Oibríochtaí Faisnéise leibhéal 6 amach.

- Chuir Oifigigh Tréidliachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe tús le agus ghlac páirt le taobh an FSAI in mórimscrúdú leanúnach maidir le calaois bhia sa chontae (imscrúdú fós ar siúl)

- Thug oifigigh tréidliachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe faoi dhianoiliúint i reachtaíocht nua maidir le sábháilteacht bia a rialú (EU) 2017/625 (OCR) a tháinig i bhfeidhm i mí na Nollag 2019. Tríd an OCR, tugtar faoi rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a chuirtear i gcrích lena chinntiú go gcuirtear an dlí maidir le bia agus bia ainmhithe i bhfeidhm, mar aon le rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí.
- Thug Oifigigh Tréidliachta Chomhairle Chontae na Gaillimhe faoi móroiliúint maidir le hoiliúint Breatimeachta agus deimhniú easpórtála in 2021.
- Chuir an chomhairle oiliúint leanúnach agus seirbhís chomhairliúcháin ar fáil na hOibreoirí Gnó Bia atá ann cheanna maidir le cur i bhfeidhm reachtaíocht bia CE, a bhíonn ag athrú de shíor, chomh maith le cruinnithe, dul i mbun cuairteanna ar an láthair, agus comhairle a chur ar ghnólachtaí bia atá ag tosú amach ar fud na cathrach agus an chontae.

## TOGRAÍ DO 2022:

- Leanfaidh an Chomhairle de rialuithe sábháilteachta bia oifigiúla a chomhlíonadh i gcontae agus i gcathair na Gaillimhe go dtí go dtagtar ar chomhaontú idir an CCMA agus an FSAI ar théamaí Chomhaontú Leibhéil Seirbhíse (dáta éaga reatha an 31 Nollaig 2021).

- Leanfar den oiliúint rialta d'Oibritheoirí Gnólachtaí Bia agus do chigirí tréidliachta i rith na bliana 2022 le béim ar rialacháin nua CE a tugadh isteach. Cuirfear freisin leis an ról oiliúna agus comhairle ar ghnólachtaí ionas gur féidir leo na réimsí dúshláin a thagann leis an mBreatimeacht a shárú agus beidh gá le forfheabhsú maidir le cúrsaí deimhniúcháin i measc na ngnólachtaí atá ag plé le táirgí bia a thagann ón Ríocht Aontaithe nó a chuirtear go dtí an Ríocht Aontaithe.

- Leanfaidh an Chomhairle den chaidreamh le FSAI d'fhonn a chinntiú go gcuirtear buiséad leordhóthanach ar fáil chun a chinntiú gur féidir gach dualgas faoin reachtaíocht a chomhlíonadh i ndáil le riachtanais na sláinte poiblí agus díograis chuí.
- Leanfar den oiliúint rialta d'Oibritheoirí Gnólachtaí Bia agus do chigirí tréidliachta i rith na bliana 2022 le béim ar rialacháin nua CE a tugadh isteach. Cuirfear freisin leis an ról oiliúna agus comhairle ar ghnólachtaí ionas gur féidir leo na réimsí dúshláin a thagann leis an mBreatimeacht a shárú agus beidh gá le forfheabhsú maidir le cúrsaí deimhniúcháin i measc na ngnólachtaí atá ag plé le táirgí bia a thagann ón Ríocht Aontaithe nó a chuirtear go dtí an Ríocht Aontaithe.

- Leanúint le cláir samplála mar a bhí in 2021 faoi stiúir na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

- Rannpháirtíocht agus idirchaidreamh leanúnach le coiste stiúrtha agus le gníomhaireachtaí reachtúla DAFM, Teagasc, SFPA agus an HSE maidir le forbairt leanúnach ionad Nuálaíochta agus Cothaithe Bia il-lárnach Teagasc / GCC atá beartaithe do Bhaile Átha an Rí. Tá 3 bhloc sa Mhol Bia, atá comhdhéanta d'ionad foghlama agus aonad táirgthe cistine táirgthe am-roinnte, bloc de 8 n-aonad tosaithe agus bloc de 3 aonad fáis níos mó.

- I gcomhar leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, leanúint de mheantóireacht a dhéanamh ar ghnólachtaí feola le linn na Paindéime Covid a leanann ar aghaidh faoi láthair.

- Leanúint de mheantóireacht a dhéanamh ar ghnóthaí atá ann cheana chun gníomhaíochtaí nua a fheabhsú agus deiseanna gnó nua a chur ar fáil.

- Leanúint le cláir samplála mar a bhí in 2020 faoi stiúir na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.
- Rannpháirtíocht agus idirchaidreamh leanúnach le gníomhaireachtaí reachtúla DAFM, Teagasc, SFPA agus an HSE maidir le forbairt leanúnach ionad Nuálaíochta agus Cothaithe Bia il-lárnach Teagasc / GCC atá beartaithe do Bhaile Átha an Rí, agus é mar aidhm é a oscailt in 2021. Beidh 3 bhloc sa Mhol

Bia, agus beidh sé comhdhéanta d'ionad foghlama agus aonad táirgthe cistine táirgthe am-roinnte, bloc de 8 n-aonad tosaithe agus bloc de 3 aonad fáis níos mó.

- I gcomhar leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, leanúint de mheantóireacht a dhéanamh ar ghnólachtaí feola le linn na Paindéime Covid a leanann ar aghaidh faoi láthair.
- Leanúint de mheantóireacht a dhéanamh ar ghnóthaí atá ann cheana chun gníomhaíochtaí nua a fheabhsú agus deiseanna gnó nua a chur ar fáil.
- Tacú le Córais Náisiúnta Údarás Áitiúil a Chur i bhFeidhm.

## BAINISTÍOCHT MÓRÉIGEANDÁLA (MEM)

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Rinneadh go leor de na gníomhaíochtaí a bhí beartaithe do 2021 a chiorrú nó a leasú mar gheall ar phaindéim COVID-10.

- Leantar den obair sa Choiste Forbartha Mór-Éigeandála (MEDC) a bhunaigh an Chomhairle mar chuid den Cheart Náisiúnta Nua don MOM agus leanann Eileen Ruane (Stiúrthóir Seirbhísí) de bheith ina cathaoireach air mar chuid de Lucht Stiúrthóireachta Pleanála, Comhshaoil & Seirbhísí Éigeandála na Comhairle.

- Rinneadh an Plean ME agus an Fo-phlean Drochaimsire a athbhreithniú agus leantar den obair atá á dhéanamh ag an gcoiste chun an Fo-phlean Freagartha ar Thuilte a athbhreithniú. Tá pleananna chun córas bainistithe glaonna maidir le drochaimsir a thabhairt isteach ag céim níos déanaí den fhorbairt.

- Leanann Grúpa Stiúrtha Réigiúnach MEM an Iarthair (RSG) faoi chathaoirleacht Chomhairle Chontae Ros Comáin (RCC) ag freastal ar a ról Bainistíocht Móréigeandála a chomhordú idir na hocht gníomhaireacht Príomhfhreagartha (PRAanna) -i.e. 3 Rannán Garda Áitiúil, 4 Údarás Áitiúil agus FSS Thiar - i gceantair Ghaillimh, Mhaigh Eo agus Ros Comáin.

- Leanann Grúpa Oibre MEM an Mheán-Iarthair (RWG) a bhfuil baint baill de Phríomhsheirbhísí Éigeandála (PESanna) sa réigiún iarthair, ie. Seirbhísí Dóiteáin Údarás Áitiúil, Rannáin Garda Áitiúil agus Seirbhís Náisiúnta Otharcharranna FFS, de bheith ag feidhmiú, faoi choimirce Ghrúpa Oibre MEM an Mheán-Iarthair (RWG) agus faoi chathaoirleacht Chomhairle Chontae Ros Comáin go dtí deireadh na bliana 2021.

- Leanadh den obair ar Phlean Comhardaithe Áitiúil maidir le hÉigeandálacha Móra lena n-áirítear Plean Réigiúnach na Meán agus an Plean Réigiúnach Aslonnaithe in 2020 bunaithe ar threoir Náisiúnta a bhí ar fáil.

- Tugadh obair i gcrích ar Phlean um Bainistiú Básmhaireachta Chontae na Gaillimhe mar fhreagra ar na tionchair a d'fhéadfadh bheith i gceist mar gheall ar Phaindéim COVID-19

- Is i gCeanncheathrú Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá an tIonad Comhordaithe Áitiúil (LCC) lonnaithe i gcónaí do na trí Ghníomhaireacht Phríomhfhreagartha - Comhairle Chontae na Gaillimhe, FSS an Iarthair, Rannán Gharda Síochána na Gaillimhe - le haghaidh Móréigeandálaí i gceantar Chontae na Gaillimhe. Cuireadh feabhas ar shaoráidí bainistíochta eolais (IM) san LCC i Halla na Cathrach in 2018 agus leanann siad de bheith in úsáid agus suiteáil saoráidí físchomhdhála tugtha chun críche anois.

- Ceadaíodh maoiniú ón NDFEM in 2019 chun gineadóir cúltaca (breise) a cheannach agus a shuiteáil do Halla na Cathrach chun foinse cumhachta cúltaca a chur ar fáil don LCC, Rannóg IS agus réimsí criticiúla eile. Ceannaíodh an gineadóir agus táthar ag fanacht len é a shuiteáil chun cumhacht cúltaca a chur ar fáil do bhonneagar barrthábhachtach Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus d'Ionad Comhordaithe Áitiúil MEM Chontae na Gaillimhe.

- Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhféadfadh an Chomhairle Cathrach Halla na Cathrach a úsáid mar an LCC d'imeachtaí drochaimsire.

- Bunaíodh grúpa comhtháthúcháin MEM na Cathrach/an Chontae idir na PRA-anna i gCathair agus i gContae na Gaillimhe faoi chathaoirleacht Stiúrthóra Seirbhísí ó Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun déileáil le saincheisteanna i gceantar na Cathrach/an Chontae agus, go háirithe, le himeachtaí a bhfreastalaíonn sluaite móra daoine orthu, agus leanann sé de bheith ag oibriú.

- Tá oiliúint réigiúnach ar fáil i gcónaí do dhaoine iomchuí den fhoireann sna hocht PRA atá ann i réigiún an iarthair.

- Cheannaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe dhá aonad soghluaiste stórála sealadaí corpán do Chontae na Gaillimhe chun acmhainn an réigiúin a fhorlíonadh agus rinneadh prótacal gníomhachtaithe agus eagraithe a fhorbairt i gcomhar le PRAnna eile san Chontae. Tagadh ar chomhaontú leis an 2 réigiún MEM eile (Iarthuaisceart agus Lártíre) go ndéanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe an tsaoráid stórála corpán atá á stóráil, á chothabháil agus á eagrú ag conraitheoir seachtrach a stóráil agus a chothabháil anois.

- Threoraigh an GFRS an t-athbhreithniú ar Phlean Éigeandála Seachtrach COLAS luath sa bhliain 2021 lena n-áirítear comhairliúchán poiblí. Ba mar thoradh ar an athbhreithniú ar an bPlean Éigeandála Seachtraí a raibh an cleachtadh idirghníomhaireachta ann ar an 12 Márta 2021.

- Tugadh faoi chleachtadh idirghníomhaireachta i gcomhar le Aer Arann chun aeraistriú phearsanra agus threalamh de chuid na seirbhísí éigeandála chuig ceann ar bith d'Oileáin Árann a chleachtadh i gcás móréigeandála. Tugadh faoin gcleachtadh ar an 14 Deireadh Fómhair, 2021.

- D'fhreastail pearsanra GFRS ar roinnt seimineár agus faisnéisiú maidir le drochaimsir. Chomh maith leis sin, d'fhreastail comhaltaí MEDC ar Sheimineár Gréasáin Náisiúnta MEM an 21 agus an 22 Deireadh Fómhair 2020.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Gheobhaidh daoine den fhoireann áitiúil agus den fhoireann réigiúnach tuilleadh oiliúna agus tástála maidir lena róil nua éagsúla mar atá leagtha amach i sa Phlean PRA maidir le Mór-Éigeandálaí a bhaineann leo.

- Leanfaidh an Coiste Forbartha Mór-Éigeandála (MEDC), arna bhunú ag an gComhairle mar chuid de Chreat Náisiúnta Nua don MEM, de theacht le chéile dhá uair sa mhí agus de bheith faoi chathaoirleacht Eileen Ruane (Stiúrthóir Seirbhísí). Cuirfear an bhéim ar an gcóras nua maidir le iarratais ar chúnamh le linn imeachtaí drochaimsire a mhapáil agus a bhainistiú agus cumarsáid foirne níos fearr a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear TETRA a chomhtháthú go hiomlán.

- Táthar ag súil go leanfaidh bailíochtú agus nuashonrú Phlean Mór-Éigeandála reatha na Comhairle Contae ar aghaidh in 2022.

- Leanfaidh pearsanra na Comhairle agus pearsanra GFRS de thacaíocht a thabhairt do Ghrúpaí Réigiúnacha Stiúrtha agus Meithle, MEDC áitiúil agus an Grúpa Comhtháthúcháin na Cathrach/an Chontae.

- Leanadh den obair ar Phlean Comhardaithe Áitiúil maidir le Mór-Éigeandálaí lena n-áirítear Plean Réigiúnach na Meán agus an Plean Réigiúnach Aslonnaithe.

- Leanfar den obair in 2022 maidir le gineadóir nua cúltaca a shuiteáil ag Halla na Cathrach.

- Thosaigh an t-athbhreithniú (de réir rialacháin COMAH) Phlean Éigeandála Seachtraí Circle K. Déanfar an plean a athbhreithniú, cuirfear ar aghaidh chuig comhairliúchán poiblí é chomh luath agus atá an t-athbhreithniú déanta agus tástáilte trí bhíthin cleachtas idirghníomhaireachta, ceadóidh na húdaráis chuí é.

## CLÁIR SÁBHÁILTEACHTA DÓITEÁIN POBAIL AGUS OIDEACHAIS

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Faraor, de bharr na paindéime, rinneadh go leor gníomhaíochtaí seirbhís dóiteáin aghaidh ar aghaidh a chiorrú. Cuireadh Clár Sábháilteachta Dóiteáin na Scoileanna ar athlá; táthar ag súil, áfach, go gcuirfear tús arís leis an gclár scoileanna i mbunscoileanna i Limistéir na Stáisiún Contae.

- Tá aláraim dheataigh neamhspleácha ina bhfuil cadhnraí fadsaoil á bhfáil ag Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe agus leanfar de na haláraim sin a eisiúint chuig teaghlaigh i gCathair agus i gContae na Gaillimhe lena suiteáil ag grúpaí pobail de réir mar a rinneadh i mblianta roimhe seo. Tugadh faoin tionscadal seo le cúnamh ó na hAonaid Pobail agus Fiontraíochta i gComhairle Cathrach na Gaillimhe agus i gComhairle Chontae na Gaillimhe araon mar chuid de Chlár leanúnach na Stiúrthóireachta Náisiúnta um Dhóiteáin agus Bainistíocht Éigeandála (NDFEM).

- Rinneadh feachtais feasachta meán maidir le sábháilteacht dóiteáin in 2021 do Seachtain Náisiúnta um Shábháilteacht Dóiteáin, sábháilteacht falscaí, sábháilteacht Oíche Shamhna agus sábháilteacht Nollag. Rinne roinnt oifigeach agallaimh raidió.

- Mar chuid den Chlár maidir le Daoine Leochaileacha in 2021, cuireadh san áireamh an athuair an Seicleabhrán um Shábháilteacht Dóiteáin Baile a sheol an tAire Stáit maidir le Forbairt Pobail, Acmhainní Nádúrtha agus Forbairt Dhigiteach, Sean Canney an 7 Deireadh Fómhair 2019 ag Stáisiún Dóiteáin Thuama. Tá síneadh curtha leis an tionscnamh maidir le Sábháilteacht Dóiteáin sa Bhaile anois agus seicliosta sábháilteachta dóiteáin ar líne ar fáil do gach duine sa den phobal. Tá an nasc ar fáil ar leathanach seirbhísí dóiteáin láithreán gréasáin Chomhairle Comhairle Chontae na Gaillimhe agus tá nasc freisin faoi shíniú ríomhphoist gach pearsanra de chuid na seirbhíse dóiteáin. Go dtí seo (thar tréimhse tuairim is 6 mí) tá 736 seiceálacha sábháilteachta dóiteáin déanta sa bhaile.
- Sa chuid dheiridh den bhliain 2021, rinneadh Seiceáil Sábháilteachta Dóiteáin nach seiceáil baile í a fhorbairt agus seoladh í. Táthar ar súil go méadóidh sábháilteacht ó dhóiteán in áitribh nach tithe iad de bharr an tionscnaimh seo.
- Leathadh amach tionscnamh maidir le Sábháilteacht Dóiteáin do Phobail na nOileán in 2021 lena chinntiú go raibh 2 aláram deataigh ar a laghad suiteáilte i ngach teach ar na hoileáin. Tá an tionscnamh curtha i gcrích ar Inis Meáin agus Inis Oírr. Tá an tionscnamh ag dul ar aghaidh fós ar Inis Mór agus cuireadh an tionscnamh siar ar Inis Bó Finne i ndiaidh iarraidh a bheith faighte, mar gheall ar an bpaindéim.

## TOGRAÍ DO 2022:

- Táthar ag súil go gcuirfear tús arís in 2022 le Clár Sábháilteachta Dóiteáin na Scoileanna in 2022 ina dtabharfaidh oifigigh dóiteáin cuairt ar Rang a 4 i mbunscoileanna i nGaillimh (ag brath ar chás COVID-19) faoi réir acmhainní airgeadais a bheith ar fáil.

- Leanfar d'aláraim dheataigh chuimsitheacha a eisiúint in 2022 i gcathair agus i gcontae na Gaillimhe ó leithdháiltí a fuarthas in 2021 agus ceannófar aláraim bhreise i lár na bliana 2022. Úsáidfear iad sin chun an tionscnamh maidir le Sábháilteacht Dóiteáin do Phobail na nOileán a chur i gcrích.

- Reáchtálfar clár go áitiúil arís in 2022 mar chuid de Sheachtain Náisiúnta um Shábháilteacht Dóiteáin mar a reáchtáladh i mblianta roimhe seo lena n-áirítear gach Stáisiún Dóiteáin a oscailt don phobal. Tá súil againn roinnt seimineár agus taispeántas a chur ar bun i mbailte.

- Déanfar feachtais feasachta meán maidir le sábháilteacht dóiteáin in 2022 mar chuid de Sheachtain Náisiúnta um Shábháilteacht Dóiteáin, sábháilteacht falscaí, sábháilteacht Oíche Shamhna agus sábháilteacht Nollag. Táthar ag súil go méadóidh líon na n-oifigeach a dhéanfaidh agallaimh raidió agus teilifíse in 2022.

- Leanfar den Chlár do Dhaoine Soghonta i ngach stáisiún in 2022 lena n-áirítear sa Chathair agus leanfar den Leabhrán Seiceála maidir le Sábháilteacht Dóiteáin sa Bhaile go mór chun cinn. Beidh baint ag an gclár leis an gclár maidir le pleanála réamh-eachtra.

- Cuirfear na teachtaireachtaí sábháilteachta dóiteáin ‘Stop Fire’ agus ‘Check Your Detector’ mar chuid den fheachtas fógraíochta maidir le sábháilteacht dóiteáin ar dhoirse na bá gléasanna i ngach stáisiún dóiteáin in 2022.

- Leanfar den obair in 2022 ar láithreán gréasáin nua an GFRS chun feasacht a ardú maidir le sábháilteacht dóiteáin.

## OIBRÍOCHTAÍ DÓITEÁIN - POBAIL A CHOINNEÁIL SÁBHÁILTE (KCS)
## CREAT MAIDIR LE SÁBHÁILTEACHT DÓITEÁIN IN ÉIRINN

Tá an tSeirbhís Dóiteáin faoi réir na srianta airgeadais agus an ghrinnscrúdaithe céanna ar chaiteachas agus atá gach seirbhís de chuid an Údaráis Áitiúil. Beidh infheistíocht bhreise i Seirbhísí Dóiteáin thar an méid sin atá cláraithe cheana féin dúshlánach, mar gheall ar mhaolú ar airgeadas an phobail agus an rialtais áitiúil. Is é an dúshlán - mar a léirítear sa doiciméid - "Pobail a Choinneáil Sábháilte" - ná na hacmhainní atá ar fáil a bhainistiú chun an toradh is fearr a bhaint amach don phobal i dtéarmaí a sábháilteachta aonair, agus chun caillteanas agus cur isteach ar an tsochaí a laghdú.

Chun príomhfhorálacha KCS a chur i bhfeidhm go rathúil, beidh gá le tiomantas leanúnach ar thaobh na Seirbhíse Dóiteáin agus Fhoirne Bainistíochta na Cathrach agus an Chontae, agus iad ag obair i gcomhar le hIonadaithe Tofa na Cathrach agus an Chontae. I ndiaidh na tuarascála maidir le cuairteanna a thug Grúpa Bailíochtaithe Seachtrach NDFEM (EVG) ar gach Seirbhís Dóiteáin in 2014 dar teideal “Fire Services in Ireland – Local Delivery – National Consistency”, bhí dara babhta cuairteanna sceidealaithe do dheireadh na bliana 2019 agus le linn na bliana 2020. Mar gheall ar phaindéim COVID-19, cuireadh moill leis na cuairteanna sin ó Ghrúpa Bailíochtaithe Seachtrach, mar sin féin, reáchtáladh cruinniú agus measúnú ar líne maidir le hAthbhreithniú Acmhainne NDFEM i mí Mheán Fómhair 2020 in ionad na cuairte ó EVG. Tá Dréachtphlean nua maidir le Soláthar Seirbhíse 2019 – 2024, Dréachtphlean nua maidir le hAlt 26

ullmhaithe ag Bainistíocht na Seirbhíse Dóiteáin agus curtha ar aghaidh chuig an Stiúrthóireacht Pleanála, Comhshaoil agus Seirbhísí Éigeandála. Táthar ag súil go gcuirfear na pleananna seo faoi bhráid Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin na Comhairle in R1 2022, faoi bhráid Chomhairle Pleanála, Comhshaoil agus Seirbhísí Éigeandála an SPC agus faoi bhráid na Comhairle Iomlánaigh in R2 2022. Leantar den obair maidir le Pleananna nua maidir le Sábháilteacht Dóiteáin Reachtúil agus Pobail.

Le linn an chruinnithe ar líne maidir le hAthbhreithniú Acmhainne NDFEM, tharraing tionscadal Oibriúcháin Faisnéise de chuid Sheirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe, bunaithe ar an ardán ArcGIS, aird an ghrúpa athbhreithnithe. Is luachmhar an tionscadal é ó thaobh anailíse de agus tá sé á úsáid anois chun gníomhaíochtaí na seirbhíse dóiteáin sa todhchaí a phleanáil agus díriú orthu.. Tá 2 oifigeach sinsearacha sa tseirbhís dóiteáin agus comhalta de rannóg FT Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag obair le comhaltaí den Stiúrthóireacht Náisiúnta Bainistíochta Dóiteáin agus Éigeandálaí (NDFEM) chun an tionscadal seo a fhorbairt agus a leathadh amach ar fud na tíre.

## OIBRÍOCHTAÍ DÓITEÁIN - POBAIL A CHOINNEÁIL SÁBHÁILTE (KCS)

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021 (BUNAITHE AR SHONRAÍ 2020):

- Tá 11 Stáisiún Dóiteáin i gCathair agus i gContae na Gaillimhe (féach Fíor 1) atá suite i mBaile Átha an Rí, Béal Átha na Sluaighe, An Clochán, Cathair na Gaillimhe, An Gort, Baile Locha Riach, An Creagán, Port Omna, Tuaim, Inis Mór agus An Cheathrú Rua. Tá foireann áirithinte ann sna stáisiúin go léir seachas stáisiún Chathair na Gaillimhe ina bhfuil meascán de dhaoine lánaimseartha, a oibríonn de réir sealaíochta, agus de dhaoine áirithinte ar glaoch.


- Bíonn tuairim is 156 chomhraiceoir dóiteáin ar fostú ag an gComhairle nuair a bhíonn an líon iomlán foirne ann agus iad ar fostú go díreach i Seirbhís Dóiteáin na Gaillimhe, lena n-áirítear comhraiceoirí dóiteáin lánaimseartha agus áirithinte sa Chathair agus sa Chontae. Áirítear ar an bhfigiúr sin comhaontú a rinneadh idirbheartaíocht air in 2021 chun líon na gcomhraiceoirí dóiteáin ar áirithíocht a mhéadú trí bheirt chomhraiceoirí dóiteáin a chur sa Chathair.

- Ina theannta sin, tá 11 duine a fheidhmíonn mar oifigigh shinsearacha maoirseachta agus coiscthe dóiteáin, lena n-áirítear an Príomh-Oifigeach Dóiteáin (CFO), 4 fhostaí tacaíochta shibhialtacha, Meicneoir Briogáide agus Oifigeach Cosanta Sibhialta (CDO), ag obair sa gCeanncheathrú i stáisiún dóiteáin Chathair na Gaillimhe.

- I rith na bliana 2020, d'fhreastail an tseirbhís dóiteáin ar 1,531 teagmhas éigeandála san iomlán, is é sin, 927 dteagmhas ar fhreastail Briogáidí Contae orthu agus 604 theagmhas ar fhreastail Briogáid Chathair na Gaillimhe orthu ina limistéar dóiteáin i gCathair agus i gContae na Gaillimhe. Léirítear

leis sin laghdú 6 ghlaoch amach amháin nuair a chuirtear i gcomparáid é le 2018. Bhí laghdú 5% sa Chathair agus méadú 7% sa Chontae. Léirítear i bhFigiúr 2 thíos leibhéal na nglaonna amach ó 2010. Is féidir a fheiceáil ó phointe in 2010, tháinig laghdú ar agus níor tháinig aon ardú ar ghlaonna amach ó 2013 go dtí 2017. Bhí méadú suntasach ar ghlaonna amach in 2018 agus léiríonn na tásca ar fad go bhfanfaidh glaonna amach don bhliain 2021 mar a chéile le 2019 agus 2020. Léirítear glaonna amach de réir stáisiún i bhFigiúr 3 thíos.

## FIGIÚR 1 LIMISTÉIR REATHA STÁISIÚN DÓITEÁIN





- €52.48 in aghaidh an duine den daonra an costas a bhain leis an tSeirbhís Dóiteáin a chur ar fáil i gCathair agus i gContae na Gaillimhe in 2020. 2.10 nóiméad agus 5.15 nóiméad na meán-amanna freagartha faoi seach a taifeadadh d'fheithiclí chéad freastail a bhíonn sa chathair go lánaimseartha agus do stáisiúin ar áirithíocht sa chontae.


- Léirítear amanna céatadáin freastail ar an láthair do dhóiteáin agus d'eachtraí eile do bhriogáidí Cathrach agus Contae i dTábla 1 thíos. Bhásaigh duine amháin mar gheall ar dhóiteáin in 2020 agus ar an drochuair bhí duine amháin básaithe in 2020 suas go dtí deireadh mhí Dheireadh Fómhair.

- Fuair oifigigh dhóiteáin shinsearacha agus shóisearacha oiliúint freisin leis an Stiúrthóireachta Náisiúnta um Dóiteáin & Bainistíocht Éigeandála (NDFEM). Fuair oifigigh dhóiteáin shinsearacha


agus shóisearacha oiliúint freisin leis an Stiúrthóireachta Náisiúnta um Dóiteáin & Bainistíocht Éigeandála (NDFEM). Fuair oifigigh dhóiteáin shinsearacha agus shóisearacha oiliúint freisin leis an Stiúrthóireachta Náisiúnta um Dóiteáin & Bainistíocht Éigeandála (NDFEM).Cuireadh oiliúint i gcrích de réir an Phlean Oiliúna / Clár Oiliúna Bliantúil do 2021 a mhéid is a bhí indéanta le réasún agus na srianta agus an riosca a bhaineann leis an bpaindéim á gcur san áireamh. Leanadh de chaighdeáin oiliúna a athrú chuig an gCreat QQI in 2021.

## FIGIÚR 2 STAIR GLAONNA AMACH 2010 - 2020



## FÍOR 3 BRISEADH SÍOS AR GHLAONNA AMACH DE RÉIR AN STÁISIÚIN IN 2020




## TÁBLA 1 CÉATADÁN AMANNA FREASTAIL CHATHAIR AGUS CONTAE NA GAILLIMHE 2020

| % Am Freastail | Dóiteáin % | Eachtraí Eile % |
|---|---|---|
| Níos lú ná 10 nóiméad | 42.16 | 45.69 |
| 11 go 20 nóiméad | 36.34 | 39.19 |
| Níos mó ná 20 nóiméad | 21.5 | 15.12 |

- Tá sé beartaithe ag an tSeirbhís Dóiteáin leanúint de phleananna réamhdhóiteáin a ullmhú i leith rioscaí sa Chathair agus sa Chontae; is dualgas reachtúil é sin faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin 1981 & 2003. Tá baint mhór ag an obair seo leis an gClár nua do Dhaoine Soghonta agus leis an gClár Sábháilteachta Dóiteáin Pobail a thosaigh in 2019.

- Lean Grúpa Stiúrtha Sláinte agus Sábháilteacht na Seirbhíse Dóiteáin teacht le chéile in 2020 trí chruinnithe míosúla chun an Plean Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta a bhainistiú agus a chur chun cinn ar fud na Seirbhíse Dóiteáin agus na Cosanta Sibhialta. An cuspóir a bhí leis, a chreidiúnú ISO 45001 a baineadh amach i nDeireadh Fómhair 2018 a choinneáil, a fuarthas i ndiaidh an creidiúnú OHSAS 18001 a bhaint amach roimhe sin i mí na Nollag 2017. Leanadh de chruinnithe an Ghrúpa Sábháilteachta Oibríochtúil ar bhonn míosúil in 2021. Rinne NSAI iniúchadh ar na Seirbhísí Dóiteáin i ndáil le ISO 45001 a chomhlíonadh an 10/11Samhain 2021.

## TOGRAÍ DO 2022:

## CÚRSAÍ OIBRÍOCHTÚLA

- Ba cheart go ndéanfar athbhreithniú ar agus go nglacfar le Plean Athbhreithnithe Dóiteáin agus Oibríochtaí (Alt 26) go luath sa bhliain 2022.

- Féachfaidh an Chomhairle lena chinntiú go leanfaidh na daoine go léir d’fhoireann a cuid Seirbhísí Dóiteáin agus Éigeandála oiliúint a fháil ag an leibhéal áitiúil de réir mar a tharla i mblianta roimhe seo. Leanfar den oiliúint Oifigeach / Teagascóirí Dóiteáin leis an Stiúrthóireacht Náisiúnta Bainistíochta Dóiteáin agus Éigeandálaí. Cuirfear oiliúint i gcrích i gcomhréir leis an bPlean Bliantúil Oiliúna don bhliain 2022 faoi réir fhorálacha buiséadacha. Sa bhliain 2022, leanfaidh SOG-anna Náisiúnta de bheith ina gcuid lárnach den pleananna oiliúna ar fud na Cathrach agus an Chontae i gcás gach duine den phearsanra dóiteáin. Cuirfear an chéad sraith eile SOGanna i bhfeidhm in 2022 agus tá Treoirlínte Oibríochta Caighdeánacha Náisiúnta ag leanúint de bheith ina mbonn taca do mheasúnuithe riosca cineálacha agus gníomhaíocht-bhunaithe mar chuid dár gCóras Bainistíochta Sábháilteachta.

- In 2022, leanfaidh muid de chaighdeáin oiliúna a ascnamh chuig an gCreat QQI i gcomhpháirt leis an NDFEM.
- Bhí ráta seasmhach ann maidir líon na ndaoine a chuaigh ar scor/a d’éirigh as ó Sheirbhís Dóiteáin ar áirithíocht agus lánaimseartha i nGaillimh in 2020 agus beidh ardú mór ar fholúntais a thiocfaidh chun cinn le linn na bliana 2022. Leanfaidh ionduchtúchán na n-earcach ar áirithíocht trí LASNTG chuig an gcaighdeán QQI nua in 2022.
- Leanfar de bhéim a chur ar phleananna réamh-eachtra in 2022 i gcomhpháirt leis an gClár do Dhaoine Soghonta a chuirfear i bhfeidhm i ngach stáisiún. Leanfaidh den bhéim a leathnú amach chuig foirgnimh ardstóracha agus meánstóracha agus foirgnimh ina bhfuil fadhbanna a bhaineanna leis an stair.

- In 2022, tá muid ag súil, le feabhsú inár mbonneagar, go mbeidh muid in ann leanúint d'fheabhas a chur lenár gcuid amanna agus freastail.
- Leanfar de thús áite a thabhairt do shábháilteacht le linn na bliana 2022 trínár gcruinnithe Grúpaí Stiúrtha Sábháilteachta agus Sábháilteachta Oibríochtúla a reáchtálfar ar bhonn míosúil. Déanfar iniúchadh ar GFRS arís gach sé mhí don chreidiúnú leanúnach ISO 45001.

## IONAD CUMARSÁIDE RÉIGIÚNACH AN IARTHAIR (WRCC)

Tá baint ag Údaráis Dóiteáin Chonnacht agus Dhún na nGall leis an tionscadal Lárnach glao amach agus cumarsáide trí Ionad Réigiúnach Cumarsáide an Iarthair (WRCC) i gCaisleán an Bharraigh, a reáchtálann Comhairle Contae Mhaigh Eo mar Údarás Conarthach. Tugann comhpháirtithe ar fad na nÚdarás Áitiúil ranníocaíocht i ndáil le costas na seirbhíse seo agus méadófar na costais in 2022 nuair a bheidh na córais reatha a reáchtáil in éineacht leis an seanchóras. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an NDFEM ar an trí Ionad Cumarsáide Réigiúnach mar chuid den tionscadal nua CTRI.

Athscanaíodh GFRS, chomh maith le gach seirbhís Údaráis Áitiúil eile, chuig ardán seirbhíse Náisiúnta Raidió Digiteach nua a thugtar TETRA air. Cuireadh suiteáil an trealaimh slógaidh agus raidió nua i gcrích i Stáisiúin Dóiteáin agus sna fearais eile i lár na bliana 2019 mar chuid den tionscadal leanúnach CTRI.

Bhí impleachtaí airgeadais ag an athrú chuig córas TETRA do na Seirbhísí Dóiteáin Údaráis Áitiúil go léir ón mbliain 2020 ós rud é go mbeidh táille bhliantúil ann i leith gach feiste Tetra ar leith a úsáidtear agus beidh an táille sin le híoc le Tetra Ireland a ghnóthaigh an tionscadal náisiúnta cumarsáide digití do na Seirbhísí Éigeandála go léir in Éirinn. D'íoc NDFEM an costas ioncaim i ndáil le feistí nua TETRA don chéad bhliain oibríochta in 2019. D'fhill an costas ar gach Seirbhís Dóiteáin Údaráis Áitiúil in 2020 agus léireofar leis sin costas suntasach méadaithe thart ar €90,000 in aghaidh na bliana.

Tuigtear go ndéanfar múnla maoiniúcháin náisiúnta nua a bhunú de réir mar a dhéanann Camp an t-athrú ó mhúnla réigiúnach chuig múnla náisiúnta. D'fhéadfadh toradh chun sochair a bheith aige seo ar bhuiséad an Údaráis Áitiúil ón mbliain 2020 ar aghaidh, níl sé le fios an uair a bheidh an tsamhail nua maoinithe le tabhairt isteach.

## TIONSCADAL RÉIGIÚNACH MAIDIR LE BAINISTÍOCHT AR AN STRUS A LEANANN TEAGMHAIS CHRITICIÚLA (CISM)

Is í Comhairle Chontae na Gaillimhe an tÚdarás Conartha maidir leis an gcóras CISM i sé Údarás Dóiteáin Chúige Chonnacht agus Dhún na nGall. Tá socrú á dhéanamh i mbuiséad 2022 chun leanúint den tionscadal seo, agus Comhairle Chontae na Gaillimhe ag gníomhú mar údarás conarthach ina leith. Bronnadh conradh maidir leis an na blianta 2017-2020 i réigiún an Iarthair ar Inspire Wellbeing as Tuaisceart Éireann. Bhain gach údarás conartha leas as an rogha an conradh a athnuachan ar feadh bliana eile. Tugadh faoi chomórtas nua tairisceana in 2021 don tréimhse 2021-2014 agus ós rud é nach bhfuarthas ach freagra amháin, ba iad Inspire Wellbeing an táirgeoir ar éirigh leis arís.

## SÁBHÁILTEACHT DÓITEÁIN / COSC DÓITEÁIN

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021 (BUNAITHE AR SHONRAÍ 2020):


- I rith na bliana 2020, rinne an Rannóg Coiscthe Dóiteáin 126 beart cigireachta ar áitribh mar chuid den fheidhm maidir le dóiteán a chosc, ísliú ó 309 in 2019, faoin Acht Seirbhísí Dóiteáin (FSA) 1981 & 2003, na hAchtanna Ceadúnúcháin, na hAchtanna Pleanála agus an tAcht um Shubstaintí Contúirteacha. Déantar scrúdú cigireachta freisin i ndáil le Deimhniú Sábháilteachta Dóiteáin (FSC) a eisiúint faoin Acht um Rialú Foirgníochta 1990 (arna leasú). Go dtí seo agus anall go dtí deireadh mhí Deireadh Fómhair 2021, tá 104 scrúdú cigireachta ar fad déanta ag an Rannóg Coiscthe Dóiteáin. Tharla an laghdú suntasach i gcigireachtaí le linn na chéad 9 mí de phaindéim COVID-19.

- Dhéileáil an Rannóg Coiscthe Dóiteáin le 285 Iarratas ar Dheimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin (FSC) – gach cineál - sa bhliain 2020 faoi na Rialacháin um Rialú Foirgníochta. Is ionann an líon foriomlán iarratas ar Dheimhnithe Sábháilteachta Dóiteáin agus laghdú 7% i gcomparáid leis an mbliain 2019. Léirítear an obair maidir leis an Deimhniú Sábháilteachta Dóiteáin i rith na mblianta ó 2008 go 2020 i Léaráid 4 thíos. Is léargas é an laghdú a tháinig ar iarratais FSC a fuarthas in 2020 ag tionchar na paindéime COVID-19 ar an sochaí agus go raibh go leor gnólachtaí san earnáil phríobháideach dúnta ar feadh tréimhse fhada in 2020.


- Go dtí seo agus anall go dtí deireadh mhí Deireadh Fómhair 2021, dhéileáil an Rannóg Coiscthe Dóiteáin leis an 238 iarratas ar Dheimhniú Sábháilteachta Dóiteáin de na cineálacha éagsúla a tháinig, ar aon dul a bheag nó a mhór le 2020, agus is dearfa dá réir sin go bhfuil tionchar na paindéime ag leanúint ar aghaidh. Mar gheall ar an méadú atá ag teacht ar an ualach oibre, beidh gá go gairid le hoifigigh coiscthe dóiteáin breise ionas gur féidir an dualgas a leagtar orainn faoin reachtaíocht a chomhlíonadh.

- Rinne an Rannóg Coiscthe Dóiteáin próiseáil ar 85 iarratas ar Dheimhniú maidir le hÁisiúlacht do Dhaoine faoi Mhíchumas (DAC) i rith na bliana 2018, ísliú 23% ar líon na bliana 2019. Léirítear an t-ualach oibre maidir leis an deimhniú DAC ón mbliain 2010 anall go dtí an bhliain 2020 i Léaráid 5 thíos. Go dtí seo agus anall go dtí deireadh mhí Deireadh Fómhair 2020, tá déileáil déanta ag an Rannóg Coiscthe Dóiteáin le 82 iarratas a tháinig ar Dheimhniú maidir le hÁisiúlacht do Dhaoine faoi Mhíchumas (DAC) faoi na Rialacháin maidir le Rialú Foirgníochta.

### LÉARÁID 4 AN OBAIR AR AN DEIMHNIÚ SÁBHÁILTEACHTA DÓITEÁIN (FSC) 2008-2019




## LÉARÁID 5 AN OBAIR AR AN DEIMHNIÚ MAIDIR LE HÁISIÚLACHT DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS 2010-2019




## TOGRAÍ DO 2022:

- Leanfaidh an Rannóg Coiscthe Dóiteáin den phróiseáil ar na hiarratais ar fad ar dheimhniú FSC thar ceann Chomhairle an Chontae agus Chomhairle na Cathrach agus ar na hiarratais ar dheimhniú DAC thar ceann na Comhairle Contae.

- Leanfaidh an Rannóg Coiscthe Dóiteáin den phróiseáil maidir le hiarratais ar cheadúnais agus iarratais ar chead pleanála.

- Leanfaidh an Rannóg Coiscthe Dóiteáin den chlár oibre maidir le scrúduithe cigireachta ar shiopaí miondíolacháin peitriliaim sa Chathair agus sa Chontae. Leanfar freisin den phróiseáil ar iarratais maidir le ceadúnais DSA na siopaí miondíolacháin peitriliaim sa Chathair agus sa Chontae de réir mar a thagann siad. Ba chóir a thabhairt chun aire go gcuirfidh na rialacháin nua atá beartaithe maidir leis an réimse seo go mór leis an ualach oibre ar an Rannóg agus go mbeidh acmhainní breise de dhíth san am atá romhainn.

- Leanfaidh an Rannóg Coiscthe Dóiteáin den chlár oibre maidir le scrúduithe cigireachta i ndáil le sábháilteacht dóiteáin, le béim faoi leith ar árais altranais, ar áiseanna cúraim, ar bhrúnna agus ar óstáin ar fud na Cathrach agus an Chontae. Beidh béim á leagan freisin ar fhoirgnimh meánairde agus ardstórach agus ar fhoirgnimh a bhfuil deacrachtaí ag baint leo ón ré atá caite.

- Leanfaidh an Rannóg Coiscthe Dóiteáin de scrúduithe cigireachta a dhéanamh sa Chathair agus ar fud an Chontae mar gheall ar ghearáin a dhéantar agus iad á gur in ord tábhachta. Déanfar bearta forfheidhmiúcháin de réir mar is gá.

## COSAINT SHIBHIALTA NA GAILLIMHE

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH NA BLIANA 2021:

- Feidhmíonn Cosaint Shibhialta na Gaillimhe as 5 ionad oiliúna, Cathair na Gaillimhe, Órán Mór, Baile Locha Riach, Béal Átha na Sluaighe agus Cluain Bheirn. Ar an drochuair, b'éigean cruinnithe agus oiliúint a chur ar fionraí i gcomhréir le treoir phoiblí. Níl ach athdheimhniú bunriachtanach curtha i gcrích. Chomh maith leis sin, cuireadh oiliúint lárnach ar fionraí ag Coláiste na Cosanta Sibhialta.

- Cuireadh Cosaint Shibhialta na Gaillimhe ar fáil do HSE chun cuidiú leis an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna agus le Rannóga de chuid Chúram Sláinte Pobail an Iarthair le linn phaindéim Covid-19. Chuidigh comhaltaí den Chosaint Shibhialta le hionaid tástála a shocrú suas sa chontae ar iarratas ón HSE.

- Chuidigh comhaltaí le Seirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann ag a gcuid clinicí a reáchtáladh i gcathair agus i gcontae na Gaillimhe i rith na bliana.

- Chuir Cosaint Shibhialta na Gaillimhe cuidiú ar fáil ag Ionad Ollvacsaínithe na Gaillimhe ag Ráschúrsa na Gaillimhe 3 lá na seachtaine ó Bhealtaine go dtí deireadh mhí Lúnasa.

- Forbraíodh láithreán nua ríomhfhoghlama d'oibrithe deonacha. Is féidir teacht ar na modúil agus ar an ábhar oiliúna ar fad ar an láithreán sin.

- Tá clár oiliúna faoi Chéad-Fhreagairt ar Chásanna Cairdiacha, faoi Fhreagróir Garchabhrach agus faoi Chéad-Fhreagairt Éigeandála ar siúl go leanúnach via ár láithreán nua ríomhfoghlama i rith na bliana 2021.

- Chuir Brainse na Cosanta Sibhialta sa Roinn Cosanta feithicil breise de chineál Ford Transit ar fáil do Ghaillimh i mBealtaine 2020 le hairgead ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.

- Fuair Cosaint Shibhialta na Gaillimhe €5903.86 ó Dheontas Náisiúnta i dtaca le Trealamh don bhliain 2021 ón Roinn Cosanta.

- Fuarthas ceadú cúnaimh deontais €9000 chun Trealamh Dordáin UAS a cheannach do Chosaint Shibhialta na Gaillimhe chun a bhfreagra ar na PRAnna ón Roinn Cosanta a neartú.

- Eisíodh €3000 i gceadú deontais i dtreo Réiteach Sonóra Soghluaiste a cheannach atá ag teastáil ó Oibríocht Chuardaigh um Dhaoine ar Iarraidh na Cosanta Sibhialta ón Roinn Cosanta.

- Thug 2 Theagascóirí maidir le Freagróirí Tuile faoi athdheimhniú a fháil ó Rescue-3 UK i mí na Nollag 2021. Roghnaíodh Gaillimh le bheith ar an láthair sa chéad chuid den chúrsa chun Teagascóirí a athdheimhniú go náisiúnta.

- Ghlacadh páirt i bhFóram Pobail Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus Chomhairle Cathrach na Gaillimhe agus cuireadh tascanna i gcrích do dhaoine leochaileacha a aithníodh sna grúpaí fóraim.
- Cuireadh oiliúint ar 1 duine breise Tacaíocht idir Piaraí sa bhliain 2021.

- Thug 12 Freagróir Bád agus Tuilte a dTraenáil Pearsanta chun Teacht Slán chun críche i gColáiste Náisiúnta Muirí na hÉireann i mí na Samhna 2021.

## TOGRAÍ DO 2022:

- Beidh cúrsaí oiliúna in 2022 dírithe ar an acmhainn Bainistíochta Cuardaigh a fhorbairt agus ar oiliúint Mhear-Tharrthála Uisce agus beidh na baill páirteach in oiliúint athdheimhnithe agus i mbun oiliúint go luath in 2022 faoi clár Tarrtháil 3.

- Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar ár láithreán ríomhfhoghlama do bhaill.

- Déanfar obair in Iarthar an Chontae in 2022 chun scóip na n-oibríochtaí a leathnú agus chun láithreacht Cosanta Sibhialta a sholáthar do cheantar Chonamara.

- A bheith páirteach i dtraenáil ath-dheimhniúcháin ag teacht le clár an Choláiste Cosanta Sibhialta le haghaidh 2022.

- Leanfaidh gach leibhéal cliniciúil de fhreagróirí ag forbairt a gcuid scileanna le linn na bliana oiliúna.

- Idirchaidreamh leanúnach leis na PRAanna chun Cosaint Shibhialta a fhorbairt agus a chur chun cinn mar eagraíocht tacaíochta.

- Bainfear leas as breis oiliúna maidir le Tacaíocht Comhchéime CISM faoi chlár oiliúna Bhrainse na Cosanta Sibhialta i rith na bliana 2022

- Leanfar de chúrsa ríomhfhoghlama ar líne Tusla, 'Tús Áite do Leanaí' a bheith á dhéanamh ag na baill uilig.

- Bíonn fáilte roimh bhaill nua ón bpobal i gcónaí agus déanfaidh ár lucht oiliúna oiliúint den chaighdeán is airde a thabhairt do gach ball. Táthar ag súil go mbeidh baill nua ábalta a bheith páirteach ag deireadh mhí Eanáir 2022.

- Cuidiú le gach LA i ndáil le clár na bliana 2022 de réir mar is féidir.

## GNÍOMHAÍOCHT ACMHAINNÍ DAONNA

### PLEANÁIL MAIDIR LE HEARCAÍOCHT AGUS LUCHT SAOTHAIR:

#### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH 2021:

**Mar seo a leanas a bhí líon Foirne Chomhairle Chontae na Gaillimhe amhail dheireadh Ráithe 3, 2021:**

| *Catagóir* | *Líon daoine* |
|---|---|
| ***Croífhoireann*** | *845* |
| ***Comhraiceoir Dóiteáin ar Áirithíocht*** | *112* |
| ***Baill Foirne nach bhfuil sa Rannóg Tithíochta, Pleanála agus RÁ*** | *79* |

**Gníomhaíocht Earcaíochta, suas go dtí Ráithe 3, 2021**:

Reáchtáil an Rannóg Acmhainní Daonna 38 gcomórtas earcaíochta sa tréimhse go dtí deireadh Ráithe 3, 2021 agus rinneadh na ceapacháin seo a leanas dá bharr.

| Ceapacháin/Daoine Nua | Ceapacháin Ghníomhacha | Ceapacháin Ardaithe Céime Bhuana |
|---|---|---|
| **157** | 60 | 31 |

Díríodh earcaíocht agus athlonnú foirne ar na réimsí tosaíochta Tithíocht, Forfheidhmiú Timpeallachta, Pleanáil agus Ceantair Bhardasacha.

### OILIÚINT AGUS FORBAIRT FOIRNE

- Soláthraíonn an Rannóg Oiliúna agus Forbartha réimse leathan clár oiliúna chun cur ar chumas na foirne agus an lucht bainistíochta a gcuid dualgas a chur i gcrích ar bhealach muiníneach agus inniúil agus i dtimpeallacht shábháilte oibre. Téann infheistíocht foirne i gcúrsaí oiliúna chun sochair na heagraíochta trí uas-sciliú na bhfostaithe agus éascaíonn sé forbairt phearsanta leanúnach chomh maith. Soláthraíodh thart ar 2025 lá oiliúna ó mhí Eanáir go dtí mí na Samhna 2021.

- Bhí Sláinte & Sábháilteacht ina chuid shuntasach de Phlean Oiliúna 2021 agus eagraíodh na cúrsaí seo a leanas: Pas Sábháilte, Láimhsiú Sábháilte, Athdheimhniúchán ar Gharchabhair ag an Obair, Oiliúint in úsáid Shábha Slabhracha, Oiliúint in Athoscailt Bóithre, Roithleáin Scríobacha, Oiliúint in Aslonnú Dóiteáin.

## LEAS FOIRNE

Tá líon Scéimeanna a Thacaíonn le Teaghlaigh á gcur ar fáil ag Comhairle Chontae na Gaillimhe d'fhostaithe agus, suas go dtí deireadh Ráithe 3, 2021 tá leas bainte as na scéimeanna éagsúla seo a leanas;

- **Scéim Saoire Atharthachta:**: Sa bhliain 2021, bhain 9 ball foirne leas as an scéim saoire atharthachta.
- **An Scéim um Shaoire do Chúramóirí:** Sa bhliain 2021, bhain 4 ball foirne leas as saoire thuismitheoireachta.
- **Sosanna Gairme:** Sa bhliain 2021, bhain 6 ball foirne leas as sosanna gairme.
- **An Scéim maidir le Saoire do Thuismitheoirí:** Sa bhliain 2021, bhain 13 ball foirne leas as an scéim maidir le saoire do thuismitheoirí.
- **An Scéim maidir le Comhroinnt Poist:** Sa bhliain 2021, bhain 60 ball foirne leas as socruithe comhroinnte poist.
- **An Scéim maidir le Saoire do Thuismitheoirí:** Sa bhliain 2021, bhain 43 ball foirne leas as saoire thuismitheoirí.
- **An Scéim maidir le Bliain Oibre Níos Giorra:** Sa bhliain 2021, bhain 32 ball foirne leas as saoire gan phá faoin Scéim maidir le Bliain Oibre Níos Giorra.

## SEIRBHÍSÍ EILE ATÁ AR FÁIL DON FHOIREANN:

- **Clár Cúnaimh d'Fhostaithe**: Is seirbhís chomhairle faoi rún é an "Clár Cúnaimh d'Fhostaithe", nó an "EAP", agus tá sé ar fáil ag gach fostaí de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá síneadh curtha leis an gClár Cúnaimh d'Fhostaithe anois le Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae na Gaillimhe a chlúdach. Cuireann Health Assured Ltd an tseirbhís seo ar fáil thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe.
- **An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre:** Mar chuid den Phlean an Rialtais chun Poist an Spreagadh, tháinig coinníollacha leasaithe i bhfeidhm ón 1 Lúnasa 2020, chuir sé seo leis an gcaiteachas incheadaithe faoin Scéim um Rothaíocht chun na hOibre. Tá dhá theorainn i gceist anois, ag brath ar an gcineál rothair a cheannaítear. Is €1,500 an teorainn anois do rothar leictreach agus don trealamh sábháilteachta gaolmhar. Is €1,250 an teorainn anois do rothair eile agus don trealamh sábháilteachta gaolmhar. Ba €1,000 an teorainn a bhí ann roimh an 1 Lúnasa 2020 don gach rothar agus don trealamh sábháilteachta gaolmhar. Go dtí seo sa bhliain 2021, tá próiseáil

déanta ar 32 iarratas ó fhostaithe de chuid na Comhairle ar rannpháirtíocht sa Scéim um Rothaíocht chun na hOibre.

- **Scéim an Phas Taistil**: Faoi láthair, tá leas á bhaint as Scéim Sábhála Cánach an Phas Taistil ag 5 ball foirne.
- **Measúnuithe VDU**: Rinneadh 45 scrúdú VDU amhail dheireadh Ráithe 3 de 2021, agus tá 14 measúnú eile ar feithimh go dtí seo.

## DUL AR SCOR

- De réir taifid seirbhíse, tá 4 ball foirne lánaimseartha le dul ar scor in 2022. 33 ball foirne a chuaigh ar scor in 2021.
- I ndiaidh thabhairt isteach an Achta um Aoisliúntas na Seirbhíse Poiblí (Aois Scoir) 2018, tá ardú curtha ar an aois scoir éigeantaigh d'fhormhór na mball foirne a earcaíodh roimh an 1 Aibreán 2004, ó 65 bliana d'aois go 70 bliain.
- Is 70 bliain an aois scoir éigeantaigh do bhaill foirne a earcaíodh i ndiaidh an 1 Eanáir 2013 agus ar comhaltaí iad sa Scéim Pinsean Aonair.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Daoine foirne a earcú agus a úsáid ar mhodh éifeachtúil gairmiúil agus de réir bheartas an Rialtais agus tosaíochtaí seirbhíse.
- Leanúint ar aghaidh laistigh de na hacmhainní atá ar fáil chun cláir oiliúna agus forbartha a sheachadadh. Díreoidh Plean Oiliúna 2022 ar sheachadadh riachtanas oiliúna agus deimhniúcháin sláinte & sábháilteachta éigeantach agus riachtanais aonair agus eagraíochta á gcur san áireamh.
- Beartais chuí acmhainní daonna a fhorbairt, a chur i bhfeidhm agus a chur in iúl i gcomhréir le reachtaíocht atá ann cheana féin agus reachtaíocht nua agus i gcomhréir leis an dea-chleachtas.
- Tacaíocht agus comhairle a thabhairt do Bhainisteoirí Líne maidir le beartais ionaid oibre a chur i bhfeidhm.
- Dínit san ionad oibre, éagsúlacht agus comhionannas d'fhostaithe na Comhairle ar fad a chur chun cinn.
- Leanúint de dhea-chaidrimh thionsclaíocha a chur chun cinn agus an cur chuige comhpháirtíochta maidir le comhréiteach ar fhadhbanna a láidriú, ar mhaithe le caidrimh fostaithe agus custaiméirí.

## CÓRAIS TEICNEOLAÍOCHTA FAISNÉISE

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH 2021:

Tá freagairt na paindéime fós ar bun agus dhá dhúshlán le sárú i ndáil le tacú leis an gcianobair agus a chinntiú go bhfuil Slándáil, Cosaint agus Fáil leordhóthanach ar fáil maidir le Córais Faisnéise. Mar ab amhlaidh leis an mbliain 2020, tá moill curtha ag srianta ar ghluaiseacht agus tacaíocht cianoibre ar roinnt gníomhaíochtaí agus cur i bhfeidhm clár. Anuas air sin, tá bac curtha ar an acmhainn go náisiúnta i ndáil le conraitheoirí seachtracha agus acmhainní díoltóra ar dhul chun cinn in éineacht le deacrachtaí le hacmhainn an tslabhra soláthair leictreonaí dhomhanda.

- Cuireadh tús le hathsholáthar iomlán inmheánach acmhainní ríomhaireachta le theacht in ionad seansuiteáil agus chun leanúnachas gnó agus gnéithe athshlánaithe ó thubaiste níos fearr a chur ar fáil.
- Tugadh bogadh chuig fearais slándála imlíne nua chun críche atá in oiriúint agus a oibríonn le néalchórais.
- Bogadh glaonna teileafónaíochta go Geata an Rialtais agus laghdóidh sé sin costais agus cuirfidh comhtháthú chuig córais glaonna néalóstáilte amach anseo ar fáil.
- Rinneadh soláthar do gach riachtanas chun clár píolótach a thabhairt chun críche do Thairseach Ríomh-Phleanála náisiúnta chun próiseas iarratais pleanála leictreonach iomlán a éascú.
- Leanúint de thacaíocht a chur ar fáil do chianobair agus tá cumas iomlán baint amach anois ag 400 ball foirne.
- Thug athsholáthar i ndáil le Windows 7 agus seanríomhairí deisce chun críche.
- Cur le cumas Endpoint Threat Prevention le gnéithe slándála breise agus oiliúint foirne níos mó
- Aistriú ó Bhogearra Chóras Faisnéise Geoghrafaí legacy don fhoireann chuig córais ar líne chomhtháite nua.
- Cuireadh Ríomhchlár Fíneálacha Tráchta a bhí feidhmiúil go hiomlán ar fáil do Mhaoir Phobail
- Tugadh forbairt ar Fheidhmchlár Néalríomhaireachta Tithíochta chun críche agus cuireadh i bhfeidhm é chun Measúnú ar Riachtanais Tithíochta agus Measúnú ar Riachtanais Daoine faoi Mhíchumais bliantúil a uathoibriú go hiomlán.

## TOGRAÍ DO 2022:

Beifear ag díriú in 2022 ar úsáid a bhaint as réitigh theicniúla níos nuálaí a laghdóidh tarlámhach tacaíochta an Chórais Faisnéise inmheánaigh agus a bheith ina chumasóir do sheirbhísí rannpháirtíochta poiblí agus bainistíocht slándála feabhsaithe ag am ar bith.

- Tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh le Córais Bogearraí Slándála Intleachta Saorga chun cosaint agus bearta coiscytheacha leanúnacha a chur ar fáil chun aon ionsaí a stopadh.
- Córas teileafónaíochta néalbhunaithe a chur i bhfeidhm chun éascú níos fearr a dhéanamh ar obair chumaisc agus feabhas a chur ar éispéiris an úsáideora seirbhíse agus ar anailís chúil do fheidhm bainistithe foirne

- Tuilleadh seirbhísí poiblí agus cliant a bhrú chun cinn ó na rannóga Tithíochta, Bóithre, Gníomhairí Dlí agus Pobail agus Fiontair don tairseach nua ar líne.
- Tús a chur arís le tionscadail feabhsúcháin Láithreán Gréasáin www.galway.ie.
- Soláthar i ndáil le huasghrádú líonra ceithre oifig ceantair bhardasaigh
- Leas a bhaint as Solathóir eile (Eir, SIRO) faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda nuair atá ar fáil, chun obair feabhsúcháin Líonra a dhéanamh ar shaoráidí na Comhairle le béim ar sheirbhísí idirlín a bhfuil teacht ag an bpobal orthu.
- Néaltairseach inlín inmheánach do Chomhairleoirí agus Baill Foirne ar mhaithe le cumarsáid agus próisis níos fearr.

## AIRGEADAS AGUS MÓTARCHÁIN

### AIRGEADAS

### LUACH AR AIRGEAD, SEIRBHÍSÍ COMHROINNTE AGUS SOLÁTHAR POIBLÍ:

#### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH 2021:

Baineann Comhairle Chontae na Gaillimhe úsáid as an ardán soláthair www.supplygov.ie atá á chur ar fáil ag Ionad Soláthair Oibríochta an Rialtais Áitiúil (LGOPC) maidir le hearraí, oibreacha agus seirbhísí a fháil ó sholáthróirí (lena n-áirítear, conraitheoirí agus soláthróirí seirbhíse). Tá forbairt déanta ag Ionad Soláthair Oibríochta an Rialtais Áitiúil (LGOPC) ar an láithreán gréasáin www.supplygov.ie chun an bpróiseas soláthair a dhéanamh níos éifeachtaí. Feidhmítear dhá mhodúl ar an láithreán gréasáin le hearraí, oibreacha agus seirbhísí a fháil trí Iarratais ar Thairiscintí (RFT) agus Iarratais ar Mheastacháin (RFQ). Chruthaigh Comhairle Chontae na Gaillimhe 144 Iarratas ar Thairiscint (RFT) agus 27 Iarratas ar Mheastachán (RFQ) ar www.supplygov.ie le linn na bliana 2021.

Is é www.etenders.gov.ie an t-ardán tairisceana leictreonach atá á riaradh ag Oifig um Sholáthair an Rialtais.Is saoráid lárnach atá san ardán seo do gach údarás conraitheoireachta de chuid na hearnála poiblí chun fógraíocht a dhéanamh ar dheiseanna soláthair agus le fógraí a bhronnadh. Tá 53 tairiscint próiseáilte ar an ardán seo go dtí seo i mbliana ag Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Cártaí Ceannaithe: Baineann an Chomhairle úsáid as Lighthouse Portal (Ascendas) le próiseáil a dhéanamh ar idirbhearta chuig Agresso agus tá 198 cárta gníomhach ann i láthair na huaire ar bhain caiteachas € 1,024,818.22 leo agus tá próiseáil déanta ag an gComhairle ar 8,080 idirbheart go dtí seo.

Cártaí Dochair Breosla: Tá 225 cárta gníomhach breosla ag an gComhairle i láthair na huaire ar bhain caiteachas €633,797.99 leo sa bhliain 2021.

Tá an dara cuid de leathadh amach an Chórais Rianaithe Caiteachais tugtha chun críche in am agus i gcomhar leis an LGMA.

Tá an láithreán gréasáin tugtha cothrom le dáta le tuilleadh faisnéise a thabhairt san áireamh do sholáthróirí le cur ar chumas gnólachtaí teacht a bheith acu ar naisc chuig gníomhaireachtaí soláthair náisiúnta.

Tá forbairt déanta ar Phlean Soláthair Chorparáidigh 2020 -2022, tá an plean ceadaithe agus foilsithe ar láithreán gréasáin na Comhairle. Tá athbhreithniú déanta ar Rialúcháin Airgeadais Inmheánaigh agus iad glacadh mar aon leis na teimpléid d'Airteagal 84 Tuairisciú agus Deimhnithe Coinbhleachta Leasa.

## TOGRAÍ DO 2022:

Tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as na hardáin www.supplygov.ie agus www.etenders.gov.ie ar fud na heagraíochta agus é mar aidhm an leas is mó a bhaint as digitiú an phróisis soláthair agus an úsáid a bhaintear as na creataí atá bunaithe ag LGOPC agus ag an OGP ar fud na heagraíochta a mhéadú.

An phróifíl soláthair a mhéadú le béim ar sholáthar Glas agus Sóisialta trí láithreán gréasáin agus oiliúint na Comhairle, i gcomhar le lámhleabhar soláthair a fhorbairt.

Monatóireacht a dhéanamh ar www.etenders.gov.ie agus ar www.supplygov.ie lena chinntiú go dtugtar próisis chomórtais chun críche ag teacht le Treoracha agus le Treoirlínte AE.

Anailís a dhéanamh ar phróifíl caiteachais 2021 le súil is tionscnaimh ionchasacha sábhála costais a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint ag teacht le Creataí agus Conarthaí LGOGP agus OGP.

Dul i dteagmháil leis an LGOPC agus leis an OGP agus a chinntiú go bhfuil gach Ciorclán agus Treoir á scaipeadh agus á gcur i bhfeidhm.

Rochtain níos fearr ar rannpháirtíocht Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide (SME) i soláthar maidir le Ciorclán 10/14 a spreagadh trí bheith rannpháirteach le soláthróirí.

Mionsonraí maidir leis na creataí agus conarthaí náisiúnta nua a thiomsú ar chóras logála tairiscintí níos simplí.

Leanúint de Chóras Anailíse ar Shonraí Caiteachais a chur chun feidhme agus feidhm an tSoláthair a leathnú trí Agresso MS4.

Leanúint de mhonatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcóras Cárta Ceannaigh.

## URSCAOILEADH ÍOCAÍOCHTAÍ

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH 2021:

- Leanadh de mhodhanna/uasghrádaithe íocaíochtaí leictreonacha a chur i bhfeidhm chun comhlíonadh Ríomh-Shonrascú a chinntiú. Tá tástáil dheireanach leis an LGMA agus AP in oiriúint anois chun ríomhShonraisc a fháil agus táthar ag leanúint i gcónaí leis an leathadh amach faoi threoir an LGMA.
- Rinneadh athbhreithniú agus leanadh le feidhmiú sárchleachtas laistigh d'fheidhmeanna Cuntais Iníoctha agus Párolla araon le feabhas leanúnach
- Leanadh le cur i bhfeidhm na dTreoracha a bhí eisithe ag na Coimisinéirí Ioncaim
- A chinntiú go gcomhlíonann feidhm na gCuntas ceanglais BPI.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Tá comhoibriú le feidhmiú beo ríomhShonrascú do phríomhsholáthróirí mar atá aitheanta ag an LGMA.
- Cur i bhfeidhm leanúnach tionscnaimh leictreonacha ar nós ríomh-Imréiteach Cánach

- Leanúint le ceanglais párolla "Fíor-ama" agus ePSWT a chomhlíonadh nuair a dhéantar iad a leathadh amach in 2021..

## CÓRAIS BAINISTÍOCHTA AIRGEADAIS

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH 2021:

- Éifeachtúlachtaí breise bainte amach i ndáil le: Córas buiséad a dhréachtú (Buiséadú / Réamhaisnéis / Tuairisciú) agus rannpháirtíocht iomlán le soláthróir bogearraí maidir le feidhmiúlacht mhéadaithe.
- Éifeachtúlachtaí breise bainte amach maidir le: córas éileamh ar thaisteal agus cothabháil agus laghdú déanta ar chórais éilimh/fóntais atá mall + smacht ar riaráistí.
- Nótaí beartais a forbraíodh do Chuntais Iníoctha lena n-áirítear ráitis soláthraithe/ cosc ar chalaois.
- Tionscnaimh pleanála foirne éifeachtacha curtha i bhfeidhm lena n-áirítear Róta trédhearcach, clúdach foirne d'oibríochtaí bunriachtanacha agus pleanáil AL.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Athbhreithniú leanúnach ar nós imeachta/sárchleachtas don fheidhm iníoctha Cuntais iomlán agus na doiciméid ghaolmhara.
- Fiosrú a dhéanamh ar mhodhanna feabhsaithe/malartacha uathoibríocha chun gnéithe de thimthriall an BHUISÉID a bhaint amach. Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar Mhodúil Bhuiséadacha CCAS agus cur i bhfeidhm iomlán feidhmiúlachta lena n-áirítear Buiséadú le haghaidh Pinsean.
- Úsáid MAKODATA a fhiosrú ar mhaithe le heolas Bainistíochta
- Athbhreithniú a dhéanamh ar shaineolas Cánach laistigh den Aonad Airgeadais agus feabhas a chur ar scileanna ó thaobh bearnaí eolais agus saineolais.

## BAILIÚ IONCAIM

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH 2021:

- Athbhreithniú leanúnach a dhéanamh ar an bhfeidhm bailithe Ioncaim – lena chinntiú go bhfuil sárchleachtas á bhaint amach agus go n-ionchorpraítear go héifeachtúil aon sruth nua ioncaim eile.
- Úsáid leanúnach a bhaint as an gcóras ASCENDAS i ndáil le bainistiú sruthanna ioncaim mar rátaí, cíosanna agus tobhaigh forbartha.
- Úsáid leanúnach a bhaint as próiseas MARPS i ndáil le hiasachtaí tithíochta.
- Úsáid a bhaint as an gcóras Rabhadh Tionóntachta de réir mar is gá faoi théarmaí Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2014.

- Leanúint de mhodhanna íocaíochta leictreonaí a chur i bhfeidhm e.g. Billpay, Buiséad Teaghlaigh, EFT, saoráid íocaíochta ar líne, srl., chun freastal ar chustaiméirí.

- Cúnamh leanúnach a chur ar fáil don Oifig Luachála i ndáil le REVAL 2021 - a dhéanfaidh soláthar d'athluacháil iomlán ar an réadmhaoin tráchtála agus tionsclaíoch go léir maidir le rátaí tráchtála i gContae na Gaillimhe chun timpeallacht gnó comhaimseartha a léiriú. Shínigh an Coimisinéir Luachála an tOrdú Luachála ar an 15-03-2021.
- Riarachán i gcomhar leis an LGMA agus leis an Scéim Cúnaimh do Ghnólachtaí Beaga maidir le Covid ar phróiseas Deontais Atosaithe ag teacht le Treoracha an Rialtais maidir le híocaíochtaí deontais do ghnólachtaí atá faoi thionchar ag srianta Covid-19.
- Cur i bhfeidhm na Scéime um Tharscaoileadh do rátaí tráchtála de réir Threoracha an Rialtais do ghnólachtaí atá faoi thionchar ag srianta Covid-19.

## TOGRAÍ DO 2022:

- Cuirfidh feidhmiú leanúnach REVAL 2021 i gcomhar leis an Oifig Luachála soláthar ar fáil d'athluacháil iomlán ar an réadmhaoin tráchtála agus tionsclaíoch go léir maidir le rátaí i gContae na Gaillimhe le timpeallacht gnó comhaimseartha a léiriú. Is é atá mar chuspóir leis an athluacháil, trédhearcacht agus cothromas a thabhairt chun an chórais rátála agus caidreamh níos dlúithe agus níos comhionainne a chur ar fáil idir na luachanna cíosa bliantúla reatha do réadmhaoin tráchtála agus a ndliteanas rátaí tráchtála. Cuid den Chlár Athluachála Náisiúnta atá anseo agus is é an 15-9-2022 an spriocdháta chun Liosta Luachála nua a chur ar fáil. Beidh éifeacht leis na luachálacha nua an 1-1-2023.
- Monatóireacht a dhéanamh ar an bhfeidhm bailithe Ioncaim agus an fheidhm sin a thabhairt cothrom le dáta ó thaobh sárchleachtais
- Leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar nósanna imeachta maidir le bailiú fiacha.
- Leanfaidh an t-aonad le rogha BillPay a chur ar fáil i leith Cíosanna, Iasachtaí, RAS agus Rátaí custaiméirí d'fhonn cuidiú le riachtanais buiséid teaghlaigh.
- Oiliúint chuí a chur ar fáil don fhoireann ar nósanna imeachta bailithe fiach.
- Cur i bhfeidhm leanúnach aon síneadh a chuirtear ar an Scéim um Tharscaoileadh do rátaí tráchtála de réir Threoracha an Rialtais do ghnólachtaí atá faoi thionchar ag srianta Covid-19.

## CÓRAIS MHÓTARCHÁNACH AGUS CEADÚNAIS TIOMÁNA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH 2021:

30,768 idirbheart mótarcháin ar thug oifigí mótarcháin Chomhairle Chontae na Gaillimhe fúthu go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair 2021. Ghlac oifigí mótarcháin Chomhairle Chontae na Gaillimhe os cionn €7.2M isteach sa tréimhse sin. Bhí an cuntar poiblí dúnta don phobal idir Eanáir agus Iúil 2021 mar gheall ar an bpaindéim Covid-19. Mar sin féin, cuireadh an tseirbhís ar fáil go hiomlán tríd an bpost agus ar an bhfón le linn na tréimhse sin.

- Is ar líne a tugadh faoi thart ar 88% d'idirbhearta mótarchánach ar fad do cheantar na Gaillimhe go deireadh mhí Meán Fómhair 2021. Tá an oifig mótarchánach fós ag déileáil le fiosruithe ar an bhfón maidir le cáin a chur ar fheithiclí ar líne agus tháinig ardú mór ar líon na nglaonna a fuarthas le linn na paindéime.
- Eisíonn na hoifigí mótarchánach dioscaí cánach d'fheithiclí príobháideacha agus tráchtála, do tharracóirí, hacnaithe, tacsaithe agus d'fheithiclí móra seirbhíse poiblí. Eisítear plátaí trádála, ceadúnais leantóirí agus doiciméid athsholáthair freisin agus déantar próiseáil ar fhiosrúcháin ó na Gardaí agus ó Údaráis Áitiúla eile, m.sh. S103'nna agus CT53'nna.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Leanfar leis an obair chun taifid mhótarchánach atá á stóráil go fadtéarmach a fháil ar ais agus a dhigitiú d'fhonn innéacs inrochtana gach taifead clárúcháin feithicle seanré a chruthú.
- Leanfaidh na hOifigí Mótarchánach ar an gCeathrú Rua, i mBéal Átha na Sluaighe agus i nGaillimh leis na polasaithe agus nósanna imeachta mótarchánach go léir a chur i bhfeidhm, agus cuirfidh siad comhairle agus tacaíocht ar fáil don phobail, lena n-áirítear custaiméirí na seirbhíse mótarchánach ar líne.

## RIALÚ RIOSCA

### GNÍOMHAÍOCHTAÍ TÁSCACHA I RITH 2021:

- Cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal maidir le héilimh a chuirtear ar aghaidh ag Comhairle Chontae na Gaillimhe.
- Dul i gcomhairle le IPB maidir le gach gné d'éilimh árachais a bhíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe ag déileáil leo lena n-áirítear Dliteanas Fostóra, Dliteanas Poiblí, Damáiste do Thithíocht, Mótar agus Ábhar.

- Teagmháil a dhéanamh lenár bhfoireann dlí agus le rannóga eile sa chomhairle i ndáil le cáipéisí a bheidh ag teastáil nuair a bheidh an fiosrúchán ar gach éileamh ar siúl a chur i dtoll a chéile.
- Eolas a chur ar fáil do rannóga sa chomhairle maidir le cúrsaí árachais lena n-áirítear gach gné a bhaineann le clúdach.

### TOGRAÍ DO 2022:

- Sonraí árachais a chur ar fáil don IPB i ndáil le gach rannóg maidir le heolas athnuachana agus clúdach polasaí.
- A chinntiú go ndéantar préimheanna polasaithe árachais a íoc le IPB
- Soláthar a dhéanamh don chomhordú pleanáilte i ndáil le cigireachtaí reachtúla maidir le trealamh ardaithe agus brú idir soláthróir IPB IES agus Comhairle Chontae na Gaillimhe.
- Obair i gcomhar leanúnach le gach páirtí leasmhar maidir le haon éileamh amach anseo a fhaigheann an oifig um Rialú Riosca.

## AN CLÁR CAIPITIL 3 BLIANA 2021 – 2023

## FORBAIRT EACNAMAÍOCHTA, TUAITHE AGUS POBAIL AGUS TITHÍOCHT

### RRDF BHAILE ÁTHA AN RÍ

Is é €3,554,000 an maoiniú atá ceadaithe do Bhaile Átha an Rí faoi Cat 1 & Cat 2 RRDF. Rinneadh an leithdháileadh ar líon tionscadal i mBaile Átha an Rí agus i gCampas Nuálaithe BIA. Cuideoidh na tionscadail seo le hathghiniúint agus forbairt Bhaile Átha an Rí le roinnt feabhsuithe le déanamh i Lár an Bhaile. Ceapadh sainchomhairleoirí ar na tionscadail Léirmhínitheacha agus Slí Bhealaigh agus Cearnóg an Mhargaidh araon; Tá an scéim sráid-dreacha ar siúl agus rinneadh 24 tairiscint; Tá Cuid 8 faoi athbhreithniú don Uasghrádú Tras-Sráide agus beidh sí ag brath ar thoradh dearaidh Chearnóg an Mhargaidh.

### SCÉIM SRÁID-DREACH BHÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

Fógraíodh Scéim Píolótach um Fheabhsú Sráide-dreach do Bhaile Átha an Rí agus Béal Átha na Sluaighe in 2020. Is é cuspóir na Scéime an chuma atá ar shráid-dreacha uirbeacha a fheabhsú, líon na gcustaiméirí a thugann cuairt i láthair na huaire a chothú agus custaiméirí nua a mhealladh agus tacú le líon na maoine tráchtála atá folamh a laghdú. Tacóidh sé seo, ar a uain, le dea-cháil ár mbailte mar áit

tharraingteach le maireachtáil, oibriú agus infheistíocht a dhéanamh ann. Cuireadh an Clár Sráid-dreacha i bhfeidhm i mBéal Átha na Sluaighe in 2021 agus rinneadh 87 tairiscint d'Iarratasóirí.

## RRDF AN CHLOCHÁIN

Is é €792,029 an maoiniú atá ceadaithe don Chlochán faoi Chatagóir 2 RRDF ina bhfuil riachtanas i ndáil le cistiú meaitseála €264,010 i gceist leis. Tá sé i gceist leis an tionscadal Ríocht Phoiblí an Chlocháin a fheabhsú agus a athbheochan, Páirc Chuan an Chlocháin a athdhearadh agus idirghabhálacha ríochta poiblí a dhéanamh ag Cé Bhóthar na Trá. Tá Anailís Tairisceana críochnaithe anois agus breathnaíodh an tréimhse neamhshuime. Ceapadh comhairleoirí agus tionóladh cruinniú tosaigh láithreáin i Meán Fómhair 2021.

## AN GORT

Chuir foireann Athghiniúna Chomhairle Chontae na Gaillimhe iarratas faoi bhráid na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail faoin nglao de Chatagóir 2 i mí Iúil 2021. Baineann an t-iarratas le 3 tionscadal sa bhaile. Baineann Tionscadal 1 le clochar Siúracha na Trócaire agus an bhunscoil ar Shráid an Droichid sa Ghort, baineann tionscadal 2 le Cearnóg an Mhargaidh sa Ghort agus leis na sráideanna a shíneann uaidh agus faoi dheireadh tá tionscadal 3, Páirc Canon Quinn ar Shráid na Banríona atá díreach istigh idir láithreán an Chlochair agus Cearnóg an Mhargaidh. Táimid ag fanacht le fógra Chatagóir 2 le fáil amach an n-éireoidh linn inár dtairiscint.

## CINN MHARA

Is €122,790.20 an maoiniú atá ceadaithe do Chinn Mhara faoi RRDF Catagóir 2 ina bhfuil riachtanas i ndáil le cistiú meaitseála €40,930.06 i gceist leis. Forbróidh an tionscadal dearaí mionsonraithe agus tabharfaidh sé cosán boird agus siúlbhealach chuig céim phleanála agus soláthróidh sé rochtain shábháilte do choisithe ón sráidbhaile chuig an láithreán oidhreachta náisiúnta seo agus ar na hoibreacha uasghrádaithe tairisceana ar an N67.

## BAILE LOCHA RIACH RRDF

Is €1,628,879an maoiniú atá ceadaithe do Bhaile Locha Riach faoi RRDF Chatagóir 1 ina bhfuil riachtanas i ndáil le cistiú meaitseála €542,960 i gceist leis. Cuideoidh an tionscadal le Baile Locha Riach a athbheochan agus go háirithe Halla Baile Bhaile Locha Riach agus Réimse Poiblí Shráid na Beairice tríd an bhfoirgneamh stairiúil agus tábhachtach seo a athúsáid. Ceapadh ailtirí i mí na Nollag 2020; tá dearadh mionsonraithe curtha chun cinn agus tá athbhreithniú á dhéanamh air leis an bhfoireann athghiniúna. Cuid 8 Athbhreithnithe 90% críochnaithe agus beagnach réidh le cur isteach.

## RRDF PHORT OMNA

Is é €1,192,855 an maoiniú atá ceadaithe do Phort Omna faoi RRDF ina bhfuil riachtanas i ndáil le cistiú meaitseála €397,618i gceist leis. Mar chuid den tionscadal, áirítear an Seanteach Cúirte a athnuachan, idirghabhálacha ríochta poiblí, páirc & conair dealbhóireachta/ealaíne poiblí a dhearadh,

treochomharthaíocht agus léirmhíniú, mar aon le athghiniúint shuíomhanna stairiúla lár an bhaile. Tá an próiseas tairisceana don Réimse Poiblí ar feitheamh le coinne réamh-mheasta go déanach i mí Dheireadh Fómhair 2021. Tabharfar ar aghaidh conair Pháirc Dealbhóireachta/Ealaín Phoiblí faoin % don Scéim Ealaíne agus cuireadh iarratas isteach faoi ORIS freisin. Tá an Léirmhínithe agus Slí Bhealaigh ag céim an choincheap faoi láthair. Ceapadh sainchomhairleoirí don Doiciméad Treorach um Dhearadh Uirbeach agus tá athbhreithniú ar siúl faoi láthair ar an dréachtcháipéis.

### RRDP THEACH CÚIRTE PHORT OMNA

Is €2,552,309 an maoiniú atá ceadaithe do Theach Cúirt Phort Omna faoi RRDF ina bhfuil riachtanas i ndáil le cistiú meaitseála €283,589.90 i gceist leis. Déanfaidh an tionscadal seo foirgneamh agus clós stairiúil na cúirte i bPort Omna a athfhorbairt chun ionad úrscothach a sholáthar do na healaíona agus don chultúr, spás oibre iargúlta d'fhiontraithe agus cruinniú nua agus spás sóisialta don phobal. Cuimsíonn an tionscadal athghiniúint fhisiciúil agus shóisialta phríomhshócmhainn oidhreachta áitiúil a bheidh ina acmhainn luachmhar don phobal áitiúil. Feabhsóidh an tionscadal turasóireacht agus gníomhaíocht phobail i rith an lae agus tráthnóna, ag mealladh cuairteoirí chun an bhaile agus ag soláthar spás oibre iargúlta riachtanach chun tacú le hoibrithe áitiúla agus le fiontair nua.

### TUAIM

Is €175,000 an maoiniú a ceadaíodh do Thuaim faoi RRDF ina bhfuil riachtanas i ndáil le cistiú meaitseála €43,750 i gceist leis. Áiríodh leis an maoiniú Máistirphlean Athghiniúna Lár an Bhaile a ullmhú, a bhfuil measúnú comhshaoil déanta anois air agus a d'fhormhuinigh Tuam M.D. ar an 12 Aibreán, 2021. Ceapadh comhairleoirí Anailíse Tráchta (OSC) freisin; Ceapadh sainchomhairleoirí freisin le haghaidh Anailís a dhéanamh ar Chás Gnó Shambles agus dréachtaíodh dréacht-tuarascáil ina bhfuil torthaí.

Chuir foireann Athghiniúna Chomhairle Chontae na Gaillimhe iarratas faoi bhráid na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail faoin nglao de Chatagóir 2 i mí Iúil 2021. Cuireadh an t-iarratas isteach le haghaidh 2 tionscadal sa bhaile a sainaithníodh i Máistirphlean Athghiniúna Thuama. Baineann Tionscadal 1 le cearnóg an mhargaidh agus le príomhshráideanna lár an bhaile a shíneann uaidh agus baineann tionscadal 2 le foirgnimh atá folamh agus tréigthe i lár an bhaile. Táimid ag fanacht le fógra Cat 2 le feiceáil an éireoidh linn inár dtairiscint.

## TITHÍOCHT

Seoladh Tithíocht do Chách - Plean nua Tithíochta d'Éirinn i Meán Fómhair 2021. Is é Tithíocht do Chách an plean atá ag an rialtas chun an soláthar tithíochta a mhéadú go dtí 33,000 ar an meán gach bliain sna deich mbliana amach romhainn. Déantar soláthar leis an bplean seo do mheascán níos fearr de

thithíocht shóisialta, inacmhainne agus phríobháideach le díol agus ar cíos. Tá an plean bunaithe ar cheithre chosán, a rachaidh i dtreo chóras tithíochta níos inbhuanaithe:

- tacú le húinéireacht tí agus inacmhainneacht a mhéadú
- deireadh a chur le easpa dídine, cur leis soláthar tithíocht shóisialta agus tacú le cuimsiú sóisialta
- an soláthar tithíochta nua a mhéadú
- dul i ngleic le tithe folmha agus úsáid éifeachtach a bhaint as an stoc atá ann cheana

Tá seachadadh an chláir tithíochta sóisialta agus inacmhainne is mó riamh faoi Thithíocht do Chách mar thosaíocht ag Comhairle Chontae na Gaillimhe le príomhfhócas ar fhoirgnimh nua chun tithe sóisialta a sholáthar. Soláthróidh soláthar tithíochta sóisialta agus inacmhainne ar ardchaighdeán sna suíomhanna cearta tithíocht inbhuanaithe fhadtéarmach do na glúnta atá ann faoi láthair agus do na glúnta atá le teacht.

Tá Plean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta á ullmhú le críochnú faoi Nollaig 2021 a thabharfaidh sonraí faoi cathain agus conas a bheartaíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe tithíocht inbhuanaithe a sholáthar sna háiteanna cearta le linn fhráma ama an chláir Tithíocht do Chách.

Tá an Chomhairle tiomanta do gach sruth maoinithe caipitil atá ar fáil a úsáid chun seachadadh tithíochta sóisialta agus inacmhainne a uasmhéadú lena n-áirítear tógáil, forbairtí lándéanta, Cuid V agus Scéimeanna Ceannaigh agus Athnuachana. Leanann an Chomhairle de thacaíocht ghníomhach a thabhairt do Chomhlachtaí Tithíochta Faomhaithe chun leas a bhaint as an Scéim Cúnaimh Chaipitiúil chun tithíocht shóisialta a sholáthar.

Tá an Chomhairle ag saothrú go gníomhach le talamh breise a cheannach le cur leis an mbanc talún atá ann cheana chun a chinntiú go mbeidh talamh ar fáil chun aonaid tithíochta a thógáil amach anseo.

Tá gach togra tionscadail faoi réir maoiniú a fháil ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus faoi réir ceaduithe céime agus reachtúla ar leith de réir tionscadail agus go bhfuil siad ag brath ar chómhaoiniú a fháil nuair is gá.

| Cur síos | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|
| **Príomhthógáil**<br>(an Clár maidir le Cóiríocht don Lucht Siúil san áireamh) | €40M | €70M | €105M |
| **Clár Fála** | | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| (Cuid V san áireamh) | €5M | €3M | €3M |
| **Scéim Cúnaimh Chaipitiúil** | €10M | €3M | €2M |

Leanfaidh an Chomhairle de bheith ag obair go gníomhach i gcomhar leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil maidir le moltaí breise do thionscadail tógála a bheidh le soláthar faoi Thithíocht do Chách. Is é fócas 2022 seachadadh 230 teach sóisialta a bhaint amach trí ghníomhaíochtaí na Comhairle agus na gComhlachtaí Tithíochta Ceadaithe.

Beidh clár suntasach tógála á thabhairt i gcrích sa bhliain 2022 agus tá a lorg sin ar an bpróifíl caiteachais. Athróidh an fócas in 2022 ó shocruithe léasaithe agus éadálacha agus i dtreo na tógála (seachadadh foirgneamh nua). Leanfaidh éadálacha Chuid V agus méadóidh siad go 20% ar fhorbairtí, lena n-áireofar leithdháileadh 10% ar a laghad do thithíocht shóisialta.

Laghdóidh na socruithe pleanála nua d'Fhorbairtí Cónaithe ar Scála Mór moilleanna i seachadadh gach cineál tithíochta, lena n-áirítear sóisialta agus inacmhainne.

Tá scéimeanna caipitil eile á gcur ar aghaidh ag an Aonad Tithíochta trí chéimeanna na dearthóireachta agus na pleanála a mbeadh i ndán leo go gcuirfí aonaid tithíochta ar fáil i rith na bliana 2022 agus amach go dtí an bhliain 2024.

| SCÉIMEANNA AR LÁITHREÁN (2021) | | |
|---|---|---|
| Cloch na Rón | Tógáil LA | 14 aonad críochnaithe |
| Sráid na Beairice, Baile Locha Riach | Tógáil LA | 5 aonad críochnaithe |
| Fána Bhuí, Tuaim | Tógáil LA | 49 aonad |
| Bóthar an Tobair | Lándéanta | 84 aonad |
| An Cartrún, Cinn Mhara | Tógáil LA | 10 aonad |

| | | |
|---|---|---|
| Hospital Rd an Clochán | Tógáil LA | 26 aonad |
| Leitir Fraic | Tógáil AHB | 11 aonad |

Is é 116 aonad an seachadadh iomlán a bhfuiltear ag súil leis ar fud na sruthanna tógála go léir do 2021.

Cuimsíonn forbairtí beartaithe na Comhairle go dtí 2026 seachadadh ar bhruacha talún atá ann cheana agus cinn nua ag Baile Chláir, Baile Locha Riach, Tuaim i measc áiteanna eile. Féadfar foirgnimh lándéanta nua a cheadú ó am go ham ag brath ar oiriúnacht.

Beidh tionchar ag oiread na talún a bhíonn ar fáil maidir le tionscadail féintógála na Comhairle ar an gclár tógála díreach ón mbliain 2022 ar aghaidh. Féachfaidh an tAonad Tithíochta leis an ráta críochnaithe maidir leis an obair thógála a choinneáil mar atá nó a bhrostú i ndáil leis an mbliain 2022 agus ina dhiaidh sin. Fágfaidh clár tréan tógála gur lú an gá a bheidh le ceannach ach amháin trí chóras Chuid V.

Is iad seo a leanas na spriocanna maidir le seachadadh tógála faoin bPlean Tithíocht do Chách:

2022 - 230 líon aonad
2023 – 351 líon aonad
2024 – 358 líon aonad
2025 – 385 líon aonad
2026 – 393 líon aonad

Beidh ról na AHBanna maidir le haonaid tógála nua a sheachadadh ina ghné ríthábhachtach de rath Chomhairle Chontae na Gaillimhe maidir lena spriocanna a bhaint amach. Faoin bPlean Tithíocht do Chách táthar ag súil go seachadfaidh AHBanna 40% d’aonaid in aghaidh na bliana suas go dtí 2026.

Gné chriticiúil eile de sheachadadh foirgneamh nua is ea talamh a fháil, láithreáin inlíonta, láithreáin athfhorbraíochta etc.

D'iarr an Chomhairle cistí breise ag tráthanna éagsúla i rith na bliana 2021 chun obair fheabhsúcháin breise ar chóiríocht an lucht siúil a thabhairt chun críche agus fuarthas sin. Is é tosaíocht reatha na Comhairle ná oibreacha feabhsúcháin a sheachadadh ar na Scéimeanna Cóiríochta Taistealaithe reatha agus ar thithe a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil. Tá pleananna ag céim luath agus déanfar iad a fhorbairt tuilleadh chun Cóiríocht Shonrach don Lucht Siúil a sholáthar trí na Scéimeanna reatha a leathnú agus trí shuíomhanna oiriúnacha breise a shainaithint d’fhorbairtí den sórt sin. Leanfar le moltaí maoinithe a chur faoi bhráid an Aonaid Cóiríochta Taistealaithe in 2022 de réir mar a chuirtear pleananna forbartha chun cinn.

## IASACHTAÍ CHUN TEACH A CHEANNACH:

Leanfar ag eisiúint Iasachtaí Ceannaigh Tí do cheannaitheoirí incháilithe agus leathnófar iad chun uasteorainn ioncaim méadaithe de €65,000 a áireamh do dhaoine aonair. Faightear an maoiniú trí iasachtaíocht Chomhairle agus déantar an fiachas a sheirbhísiú trí na haisíocaíochtaí a fhaightear ó na hiasachtaithe.

## INFHEISTÍOCHT CHAIPITIÚIL I STOC TITHÍOCHTA ÚDARÁIS ÁITIÚIL

| Cur síos | 2021 | 2022 | 2023 |
|---|---|---|---|
| **An Clár Athfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh & Cothabhála Coisctheach** | €6M | €5M | €5M |
| **Clár na Láithreán Tréigthe –** | €2M | €2M | €1M |

Tá clár infheistíochta caipitiúil suntasach ag teastáil le haghaidh stoc tithíochta údaráis áitiúil atá ann cheana féin chun comhlíonadh na gcaighdeán íosta a bhaint amach, cómhaoiniú a dhéanamh ar oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh, an láimhdeachas a bhaineann le haonaid tithíochta thréigthe agus clár cothabhála pleanáilte a sholáthar.

## CLÁR COTHABHÁLA PLEANÁILTE:

Tá cistí á gcur ar fáil le háis iasachta don Chlár Cothabhála Pleanáilte maidir leis an stoc reatha tithíochta ionas go sásaítear gach a n-éilítear faoin reachtaíocht, íoschaighdeáin san áireamh. Tá an tsuirbhéireacht maidir le riocht stoc Tithíochta na Comhairle nach mór críochnaithe.

Rinneadh tionscadal píolótach ar 54 teach i gCeantar Bardasach Chonamara nuair a críochnaíodh oibreacha leictreacha agus deisiúcháin chórais teasa iontu. Tar éis an tionscadal píolótach seo a sheachadadh go rathúil, cuireadh tús le hobair ar oibreacha leictreacha agus deisiúcháin chórais teasa a rolladh amach ar thithe an Údaráis Áitiúil ar fud na tíre le go leor tionscadail in aghaidh an Cheantair Bardasach. Cuireadh moill mhór ar chríochnú oibreacha leictreacha agus deisiúcháin an chórais teasa ar na 450 teach eile i Limistéar Chonamara mar gheall ar phaindéim Covid-19 ach tá siad beagnach

críochnaithe anois. Bronnadh conradh, agus tá tús curtha le hobair ar 700 teach i gCeantar Bardasach Bhaile Locha Riach. Tairgfear tuilleadh gabháltas do na Ceantair Bardasacha atá fágtha in 2022.

## CLÁR IARFHEISTITHE ÉIFEACHTÚLACHTA FUINNIMH:

Tá soláthar déanta maidir le hoibreacha faoin gClár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh (EERP) agus tá siad sin le déanamh ar an stoc tithíochta ina bhfuil cónaí Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá clár píolótach leis an Iarfheistiú Fuinnimh Dhomhain de 72 teach faoin gclár Iarfheistithe Éifeachtúlachta Fuinnimh Lár Tíre in Oirthear an Chontae beagnach críochnaithe.

Tar éis an treoirthionscadail rathúil seo, rinneadh iarfheistiú domhain ar 54 teach breise ar chostas €1.3m i gClár Iarfheistithe 2021.

Moltar faoi Chlár Iarfheistithe na bliana 2022 90 teach breise de chuid an Údaráis Áitiúil a iarfheistiú go domhain faoi réir cheadú na Roinne.

Socraíodh na hoibreacha cothabhála pleanáilte a áireamh leis an gClár Iarfheistithe chun éifeachtúlacht a fheabhsú, agus mar sin tá oibreacha aláraim leictreach agus dóiteáin cothabhála beartaithe ag 126 teach breise mar chuid den Chlár Iarfheistithe Fuinnimh le maoiniú a sholáthar ón gClár Cothabhála Pleanáilte.

In 2020 aithníodh cúig (5) áitreabh tréigthe a bheadh oiriúnach le haghaidh móroibreacha athchóirithe. Cuireadh iad seo chun cinn trí phróiseas dearaidh intí. Tar éis próiseas tairisceana rathúil, críochnaíodh dhá theach in 2020 agus tá na trí cinn eile á dtógáil faoi láthair agus iad le bheith críochnaithe faoi dheireadh 2021. Sainaithneofar tuilleadh réadmhaoine a dteastaíonn oibreacha atógála suntasacha uathu le dul chun cinn i 2022, ag brath ar an maoiniú a cuireadh ar fáil ón Roinn Tithíochta.

# BONNEAGAR AGUS IOMPAR

Tá mionsonraí thíos ar thionscadail chaipitil a bhaineann le Bóithre, Céanna agus Calafoirt, Scéimeanna Maolú Tuile, Gléasra a fháil agus Taisteal Níos Cliste (Glasbhealach).

Tagann críochnú na dtionscadal atá luaite thíos faoi réir ceaduithe cuí a fháil ón roinn, an maoiniú riachtanach a bheith ar fáil agus na forálacha rialála agus reachtaíochta cuí go léir a chomhlíonadh.

## BÓITHRE NÁISIÚNTA

De bhreis ar oibreacha ar Mhórbhealaí Idiruirbeacha, Leanfar de chlár iomlán Mionoibreacha Feabhsúcháin agus Pábhála, Beart Sábháilteachta agus Oibreacha Feabhsúcháin Droichid a chur i gcrích ar an nGréasán Príomhbhóithre agus Bóithre Tánaisteacha Náisiúnta. Tá an Clár seo ag brath ar leithroinntí bliantúla ó Bhonneagar Iompair Éireann agus, dá réir sin, déanfar clár na n-oibreacha a chur faoi bhráid na Comhairle ar bhonn bliantúil i gcomhthéacs an Chláir Bhliantúil Bóithre.

| Tionscadal: | Stádas: |
|---|---|
| **Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe** | Faoi réir chinneadh ABP, atá le déanamh i mí na Samhna 2021, - dúshláin dhlíthiúla agus maoiniú atá ar fáil, is féidir leis an tionscadal dul ar aghaidh go dtí na chéad chéimeanna eile - éadáil talún agus maoine, dearadh mionsonraithe agus oibreacha cumasúcháin. Soláthar conraitheora agus an phríomhchéim tógála le leanúint sna blianta ina dhiaidh sin. |
| **Seachbhóthar N59 Mhaigh Cuilinn** | Ceapadh conraitheoir chun an príomhchonradh tógála do Sheachbhóthar N59 Mhaigh Cuilinn a dhéanamh. Is éard a bheidh sa scéim 4.6km de thrasghearradh ar an gCarrbhealach Aonair. Tá an conraitheoir le láithreacht a bhunú ar an láithreán go déanach in 2021 agus is iad na chéad chúraimí a dhéanfar ná tús a chur le himréiteach láithreáin agus ansin rochtain ar struchtúir an droichid a sholáthar. Meastar go mbeidh obair thógála ar siúl go luath in 2022, lena mbainfidh clár tógála 2 bhliain.<br><br>I measc phríomhghnéithe na forbartha bóthair atá beartaithe tá 4.6 km de Bhóthar Tánaisteach Náisiúnta ina bhfuil Carrbhealach Aonair Cineál 1, Ailíniú bhóthar Chnoc an Iúir thar achar tuairim is 0.85km, 1.7km de bhóithre feirme/cóiríochta, 2 uimh. timpealláin ar ghrád, 8 struchtúr ina bhfuil 5 dhroichead, 2 íosbhealach agus 1 lintéar. |
| **Scéim Ailínithe N63 An Leasa go dtí An Mhainistir** | An N63 - Ailíniú an Leasa go dtí an Mhainistir – Leanfar leis an scéim a chur chun cinn trí Chéimeanna 3 agus 4 de Threoirlínte Bainistíochta Tionscadal an TII. |
| **N59 Bun an Choill go dtí an Clár Mór** | Dul chun cinn ráitis ar mhodhanna do ghnéithe eile de chuid Bhun an Choill go dtí an Clár Mór in éineacht leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta & Fiadhúlra (NWPS) agus Iascaigh Intíre Éireann (IFI) amhail réamhconarthaí d’obair fiosraithe talún agus suirbhéanna topagrafacha agus fiosruithe seandálaíochta in 2022. Táthar ag súil an |

| | |
|---|---|
| | dearadh mionsonraithe do Bhun an Choill go dtí an Clár Mór a bhrú chun cinn in 2022 bunaithe ar thoradh na suirbhéanna agus fiosrúcháin tosaigh. Leanfar le cainteanna leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) agus an IFI maidir le ráitis modha na céime tógála don phíosa atá fanta ó Bhun an Choill go dtí an Clár Mór ar feitheamh an dearadh mionsonraithe a fhorbairt. |

Tá an dul chun cinn a dhéanfar ar na tionscadail thuas ag brath ar mhaoiniúchán a bheith ar fáil agus, de réir mar is gá, ar acmhainní inmheánacha riachtanacha chun na tionscadail a chur ar aghaidh a bheith ar fáil.

## GLÉASRA A FHÁIL/A ATHNUACHAN & CLÁIR COTHABHÁLA GEIMHRIDH:

| Tionscadal: | Stádas: |
|---|---|
| **Athbhreithniú ar Oibriú an Fhlít Feithiclí agus an Chlós Innealra** | Teastaíonn infheistíocht shuntasach chun an flít atá ag dul in aois a athsholáthar. Tá dréacht d'athbhreithniú clós Innealra Chomhairle Chontae na Gaillimhe críochnaithe agus táthar ag súil go dtabharfar chun críche é i mí na Samhna 2021 d'fhonn feithiclí a athsholáthar de réir a chéile. |

## SCÉIMEANNA FAOISIMH / MAOLAITHE TUILE

Leanfaidh an Chomhairle de bheith ag obair le hOifig na nOibreacha Poiblí tríd an gComhghrúpa Oibre agus leis an nGrúpa Stiúrtha agus le páirtithe leasmhara eile chun scéimeanna faoisimh/maolú tuile cuí a chur chun cinn de réir na bhforálacha reachtúla agus rialála cuí agus laistigh de theorainneacha na n-acmhainní atá ar fáil.

| Tionscadal: | Stádas: |
|---|---|

| | |
|---|---|
| **Scéim Faoiseamh ó Thuilte Dhún Coillín/An Agaird** | Críochnaíodh gach obair ar an scéim i Meán Fómhair 2021. Tá sí ag feidhmiú go hiomlán anois. Beidh íocaíochtaí cúitimh úinéirí talún nach mór críochnaithe faoi dheireadh na bliana 2021. |
| **Scéim Faoiseamh ó Thuilte Dheisceart na Gaillimhe (Isealchríocha an Ghoirt)** | Cuireadh tús le suirbhéanna bunlíne don Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (EIAR) i Meán Fómhair 2021. Cuireadh tús le hoibreacha um Imscrúdú Suímh i mí na Samhna 2021.<br><br>Tá sé beartaithe go mbeidh próiseas EIAR críochnaithe i Meitheamh 2022 agus tá taispeántas sceidealaithe do R3 2022. |
| **Scéim Faoiseamh ó Thuilte Bhéal Átha na Sluaighe** | Ceapadh comhairleoirí innealtóireachta (ARUP) i mí Dheireadh Fómhair 2019. Ceapadh comhairleoirí comhshaoil (Ryan Hanley) i R4 2019.<br><br>An Dara Lá Comhairliúcháin Phoiblí cláraithe do R1 2022. Meastar go mbeidh Céim 1 críochnaithe i mí Eanáir 2023 |
| **Scéim Faoiseamh ó Thuilte an Chlocháin** | Tá an tionscadal seo á mhaoiniú le maoiniú OPW - CFRAM ó Thráinse 1.<br><br>Ceapadh Comhairleoirí JACOBS (Innealtóireacht & Comhshaol) go luath i mí na Samhna 2021 mar Chéim Dearaidh Maoirseoir Tionscadail (PSDP) agus Dearthóir.<br><br>Tá an scéim i gCéim 1 faoi láthair - a chuimsíonn measúnú, forbairt agus dearadh scéime<br><br>Meastar go gcuirfear Céim 1 i gcrích i R2 2022 |

## CLÁR NA gCÉANNA AGUS NA gCUANTA STRAITÉISEACHA

Tá maoiniú le haghaidh oibreacha ar chéanna straitéiseacha ar na hoileáin á sholáthar tríd an Roinn Forbartha Tuaithe & Pobail.

| Tionscadal: | Stádas: |
|---|---|

| | |
|---|---|
| **Feabhsuithe ar Ché Inis Oírr – tonnchosc a thógáil agus síneadh a chur leis an gcé, dreideáil a dhéanamh agus beartlann bhreise a chur ar fáil** | Fuarthas faomhadh cás gnó i mBealtaine 2021.<br>Réamh-iarratas ar cheadúnas urthrá a thaisceadh leis an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta i mí Iúil 2021. Tá Comhairle Contae na Gaillimhe le bualadh leis an Roinn chun tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh.<br>Tá próiseas Fála Talún/CPO á chur chun cinn, agus staidéir éiceolaíochta á gcur i gcrích.<br>Tá cáipéisí tairisceana beagnach críochnaithe agus d'fhéadfadh siad a bheith faoi réir leasuithe tar éis na coinníollacha ceadúnais urthrá a fháil.<br>Braithfidh amlíne soláthair ar cheadú an cheadúnais urthrá agus ar OCÉ a chríochnú. Faoi réir an cheadúnais urthrá, tá súil ag an gcomhairle dul chuig tairiscint go luath i 2022 d'fhonn conraitheoir a cheapadh i Ráithe 2, 2022. |
| **Feabhsuithe ar Ché Chaladh Mór, Inis Meáin** | Tugadh cuairt ar an gcoláiste Muirí ar an 7 Iúil 2021. D'fhreastail oibreoirí árthaigh, oileánaigh agus baill foirne ón Roinn agus ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Bhí sé mar aidhm ag an tsamhail dhigiteach a forbraíodh i gColáiste Muirí Náisiúnta na hÉireann insamhalta a dhéanamh den ché agus den limistéar farraige timpeall air agus breac-chuntas a thabhairt ar na heasnaimh/fadhbanna atá ann ag an gcé. Teastaíonn mionchoigeartú breise ar an tSamhail chun an ché agus an ceantar máguaird a léiriú go cruinn.<br><br>Fuarthas aiseolas ó NMCI chun suntais roinnt saincheisteanna atá á n-athbhreithniú ag an gComhairle faoi láthair d'fhonn dul chun cinn breise a dhéanamh. |

## CLÁR NA gCUANTA IASCAIREACHTA AGUS AN BONNEAGAR LE CÓSTA

| Tionscadal: | Stádas: |
|---|---|

| | |
|---|---|
| **An Crompán, Carna Droim Leitir Mór Ard Thoir, Carna** | Faoi réir ag aontú ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, tá i gceist obair feabhsúcháin a dhéanamh lena mbainfidh sleamhnáin nua sa Chrompán, sa Droim agus san Aird Thoir.<br><br>Tá Ráitis Tionchair Natura do Crompáin agus Droim críochnaithe. Tá an dearadh críochnaithe. Táimid ag fanacht le cruinniú leis an NPWS chun aon mhaolú a theastaíonn a phlé sula gcuirtear ar aghaidh le haghaidh pleanála é. Braithfidh oibreacha féideartha ag an gCrompán ar chomhaontú an úinéara talún in aice láimhe: tá plé ar siúl |
| **An Aird Thoir, Carna**<br><br>**Aille an Eachrais** | Tuarascálacha scáileáin AA don Ard Thoir agus Aille an Eachrais le comhlánú go déanach in 2021/go luath in 2022 |

## TAISTEAL NÍOS CLISTE:

| Tionscadal: | Stádas: |
|---|---|
| **Glasbhealach Chonamara** | An Clochán–Uachtar Ard– cead pleanála iomlán i leith 52km. Tá 4km ón gClochán agus 9.5km ag Baile na hInse curtha i gcrích. Tá stráice 2000m idir an Clochán agus Baile na hInse á thógáil.<br><br>Críochnófar an 6km atá fágtha ón gClochán go dtí an tSraith Salach in 2022. Fáil talún fós ar siúl.<br><br>Uachtar Ard – Gaillimh - céim na pleanála. Tá agranamaithe fostaithe ag CCG chun dul i mbun caidrimh le húinéirí talún agus an tionchar a bheidh ag an nGlasbhealach ar ghabháltais a dheimhniú. Tiocfaidh an próiseas pleanála maidir leis an gcuid seo den scéim faoi anáil thoradh na hoibre sin.<br><br>Beidh cothabháil a dhéanamh ar na bealaí atá curtha i gcrích riachtanach. |

| | |
|---|---|
| **Tionscadal Taistil Ghníomhaigh - An tÚdarás Náisiúnta Iompair** | Mar chuid den Chlár Rialtais a foilsíodh i mí an Mheithimh 2020, cuireadh €50 milliún ar fáil don Údarás Náisiúnta Iompair chun tionscadail siúlóide agus rothaíochta a mhaoiniú in údaráis áitiúla ar fud na tíre le linn 2021. Is é aidhm an mhaoinithe seo tacú leis an mbonneagar rothaíochta agus siúil uirbeach d'ardchaighdeán a fhorbairt lasmuigh dár gcathracha.<br><br>I measc na gcatagóirí tionscadal tá -<br><br>• Rochtain nua nó fheabhsaithe ar lár bhailte, scoileanna nó cinn scríbe móra eile le haghaidh siúil agus/nó rothaíochta;<br>• Áiseanna rothaíochta nua nó uasghrádaithe, ag soláthar deighilt ó thrácht mótair ar phríomhbhealaí i mbailte agus sráidbhailte agus ag druidim leo;<br>• Cosáin nua do naisc do choisithe nó d'uasghrádú / athnuachan na gcosán atá ann cheana;<br>• Scéimeanna tréscaoilteachta scagtha, a thugann buntáiste "aicearra " do choisithe agus/nó do rothaithe rochtain a fháil ar chinn scríbe áitiúla lárnacha;<br>• Glasbhealaí uirbeacha nua nó feabhsaithe, ag soláthar do nascacht comaitéirí chomh maith le húsáid áineasa/taitneamhachta, le naisc le líonra sráideanna an bhaile. *(Tabhair faoi deara le do thoil go leanfar ag maoiniú glasbhealaí tuaithe/taitneamhachta tríd an Roinn Iompair. Tá an ciste NTA seo beartaithe le haghaidh glasbhealaí i lár an bhaile, ag tabhairt aghaidh ar thurais úsáideacha / chomaitéireachta / uirbeacha áitiúla);*<br>• Idirghabhálacha sealadacha COVID a thiontú go leagan amach buan;<br>• Rochtain fheabhsaithe ar iompar poiblí, lena n-áirítear saoráidí feithimh feabhsaithe i lár na mbailte; agus<br>• Staidéar iompair dírithe ar bhailte móra a fhorbairt, chun líonraí agus tionscadail a shainaithint lena gcur i bhfeidhm níos déanaí sa chlár seo.<br><br>In 2021 fuair Comhairle Chontae na Gaillimhe €6.193m faoin gciste Taistil Ghníomhaigh le haghaidh oibreacha lena n-áirítear; feabhsúcháin chosáin, páirceáil rothar, scéimeanna rothaíochta deighilte éadroma, géarú acomhal ar chostas íseal/trasrianta do choisithe, bearta tréscaoilteachta ar chostas íseal, idirghabhálacha |

| | |
|---|---|
| | sábháilteachta, stadanna bus agus staidéir iompair. Tá oibreacha ar siúl ar na tionscadail go léir a ceadaíodh agus is féidir aon oibreacha neamhchríochnaithe ó 2021 a thabhairt ar aghaidh go 2022.<br><br>Tá Foireann Taistil Ghníomhaigh comhdhéanta de thriúr ball foirne teicniúla agus 1 bhall foirne riarachháin á gceapadh i láthar na huaire agus beidh siad freagrach go hiomlán as iarratais a ullmhú ar mhaoiniú sa todhchaí, monatóireacht agus seachadadh a dhéanamh ar thionscadail Taistil Ghníomhaigh.<br><br>Is clár caipitil rollach é an Clár Taistil Ghníomhaigh agus táthar ag súil go mbeidh deis ann i 2022 iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú do thionscadail bhreise. |

## AN PLEAN NÁISIÚNTA LEATHANBHANDA & STRAITÉIS DHIGITEACH

| Tionscadal: | Stádas: |
|---|---|
| **An Plean Náisiúnta Leathanbhanda** | Faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda cuirfear leathanbhanda snáithín ardluais ar fáil do bhreis is 38,000 áitreabh i gContae na Gaillimhe agus is ionann an infheistíocht réamh-mheasta i gContae na Gaillimhe agus €153 Milliún ar feadh shaolré an tionscadail.<br><br>In 2020 chuir NBI tús leis an líonra a thógáil i ndáil le leathadh amach an tsnáithín. Táthar ag súil go mairfidh an clár tógála 5-7 mbliana. Faoi dheireadh 2021 tá níos mó ná 6,000 réadmhaoin i limistéar idirghabhála an stáit i gContae na Gaillimhe “Réidh le nascadh” nó i stádas “réamh-ordú anois” don tseirbhís nua seo. (NBI.ie - 8/11/21)<br><br>In 2021 oibríonn NBI i 4 as na 5 Cheantar Bardasach i gContae na Gaillimhe.<br><br>Tá 22 Pointe Ceangail Leathanbhanda (BCP) ag contae na Gaillimhe atá cumasaithe faoi láthair le leathanbhanda ardluais gan sreang mar chuid de na hoibreacha seo chun tacú le pobail go dtí go ndéanfar leathanbhanda snáithín a rolladh amach ina gceantar féin.<br><br>Príomhphrionsabal de chuid an NBP is ea tacú le hinfheistíocht tráchtála agus í a spreagadh trí bhearta beartais agus rialála. Ghníomhaigh sé seo mar chatalaíoch d’infheistíocht tráchtála ag an |

| | |
|---|---|
| | earnáil teileachumarsáide.<br><br>Éascóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe rolladh amach teileachumarsáide trí infheistíocht stáit agus phríobháideach sa Chontae, le 4 bliana anuas fuair os cionn 40,000 áitreabh rochtain ar sheirbhís leathanbhanda ardluais (FTTH) i gContae na Gaillimhe trí infheistíocht tráchtála.<br><br>Tá Oifigeach Leathanbhanda agus Oifigeach Tacaíochta Leathanbhanda fostaithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun cuidiú le héascaíocht a dhéanamh ar na tionscadail seo. |
| **Straitéis Dhigiteach** | Foilsíodh Straitéis Dhigiteach Chontae na Gaillimhe i R1 2021, agus é mar aidhm láidreachtaí agus laigí an Chontae a aithint mar thoradh ar nascacht mhéadaithe ó infheistíocht stáit agus phríobháideach i dteileachumarsáid sa Chontae. Tabharfaidh sé misneach dár bpobail ár láidreachtaí a fhorbairt agus dul i ngleic leis na laigí a thugaimid faoi deara.<br><br>Tá Straitéis Dhigiteach Chontae na Gaillimhe ina léiriú intinne agus tacaíochta d'fhorbairt dhigiteach na tíre le linn tréimhse ina bhfuil méadú ag teacht ar nascacht agus ar an úsáid a bhaintear as seirbhís dhigiteach, teicneolaíochtaí agus bonneagar digiteach. Trí straitéis dhigiteach Chontae na Gaillimhe, cuirfear tacaíocht ar fáil do dhaonra Chontae na Gaillimhe leas a bhaint as na hathruithe seo.<br><br>In 2021 rinne Contae na Gaillimh rolladh amach ar na chéad 10 bpointe Rochtana Wi-Fi poiblí saor in aisce faoin scéim Wifi4eu, i rith 2022 cuirfear 30 pointe rochtana wi-fi breise i bhfeidhm ar fud an chontae. Beidh sé seo sa bhreis ar na 21 pointe rochtana Wi-fi Poiblí ó shuíomhanna BCP.<br><br>Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe ag tacú leis na BCPanna agus iad ag forbairt a dtairiscint seirbhíse don phobal, idir wi-fi poiblí, spásanna chun spásanna oibre ar líne agus iargúlta a fháil.<br><br>Tacóidh Comhairle Chontae na Gaillimhe le 4 chlár théamacha ón |

| | |
|---|---|
| | Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, a chuirfear chun cinn agus a sheachadfar tríd an líonra BCP, tá na cláir in r-shláinte, Scileanna, Cianobair agus Ealaín. |

## SEIRBHÍS DÓITEÁIN & TARRTHÁLA NA GAILLIMHE (GFRS)

Is í Seirbhís Dóiteáin agus Tarrthála na Gaillimhe an Príomhsheirbhís Éigeandála (PES) ag Comhairle Cathrach agus Comhairle Chontae na Gaillimhe. Leagtar amach mar seo a leanas an Clár Caipitil táscach maidir le GFRS i rith na mblianta 2022-2024.

Tabhair do d'aire, le do thoil, go bhfuil gach tionscadail ar leith faoi réir maoiniú a fháil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (DHLGH) agus faoi réir ceadú sonrach a fháil do gach tionscadal ar leith.

### FEARAIS DÓITEÁIN

- Leithdháil an DHLGH Fearas Aicme B nua ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe mar chuid de phlean náisiúnta Soláthair ó 2021-2025. Déanfar an fearas Aicme B seo a sholáthar go lárnach mar chuid de phróiseas soláthair náisiúnta ag OGP. Ba é Emergency One an soláthróir roghnaithe in Albain. D'fhreastail pearsanra ó GFRS ar ghléasra Emergency One in Albain in 2021 agus thug siad breac-chuntas ar shonraíocht mhionsonraithe an ordaithe. Ba cheart an fearas a sheachadadh go déanach in 2022.

- Tá iarrachtaí ar siúl i gcónaí chun roinnt fearais Aicme B a bhí faoi úinéireacht a fháil. Cuideoidh sin le meánaois na bhfearas éagsúil, atá ard faoi láthair, a ísliú. Faoi láthair is beag Fearais réamhúinéireachta oiriúnacha atá ar an margadh. Tá iarrachtaí fós ar bun chun tancaer uisce athláimhe a fháil do Stáisiún Dóiteáin Thuama.

### STÁISIÚIN DÓITEÁIN

Leagtar amach tionscadail nua maidir le stáisiúin dóiteáin i gClár Caipitil Náisiúnta 2021-2025 DHLGH.

## STÁISIÚN DÓITEÁIN THUAMA

- Tosaíodh i mbun oibre i Stáisiún Dóiteáin nua Thuama i ndeireadh mí Meán Fómhair 2018 agus d'oscail Seán Canney T.D., an tAire Stáit maidir le Forbairt Pobail, Acmhainní Nádúrtha agus Forbairt Dhigiteach an stáisiún go hoifigiúil an 15 Aibreán 2019.
  Carey Construction Ltd. a rinne an obair thógála ar an Stáisiún Dóiteáin ceithre bhá agus ar an Ionad Oiliúna.

## STÁISIÚN DÓITEÁIN BHAILE ÁTHA AN RÍ

- Tá láithreán do Stáisiún Dóiteáin nua i mBaile Átha an Rí aitheanta i gceantar Bhaile Átha an Rí. Ceapadh foireann deartha in 2020 agus críochnaíodh dearadh mionsonraithe in 2021. Iarradh cead ón Roinn dul chun tairisceana do chonraitheoir chun an stáisiún a thógáil.

## STÁISIÚN DÓITEÁIN BHAILE LOCHA RIACH

- Aithníodh roinnt suíomhanna oiriúnacha, agus fuarthas suíomh oiriúnach. Rinne Comhairle Chontae na Gaillimhe cás chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun cead a fháil dul ar aghaidh chuig céim an dearaidh agus Foireann Dearaidh a cheapadh. Fuarthas cead agus tá an comórtas tairisceana curtha i gcrích ag GFRS chun foireann deartha a cheapadh, a cheapfar roimh dheireadh R4 2021

## STÁISIÚN DÓITEÁIN BÉAL ÁTHA NA SLUAIGHE

- Cuireadh measúnacht caipitil leasaithe faoi bhráid na Roinne i mí na Samhna 2019 i ndáil le hathchóiriú ar Stáisiún Dóiteáin Bhéal Átha na Sluaighe ar an láthair reatha. A luaithe a thagann aontú i bprionsabal, leanfar ar aghaidh le céim na dearthóireachta agus le Foireann Dearthóireachta a cheapadh.

## STÁISIÚN DÓITEÁIN / CEANNCHEATHRÚ I GCATHAIR NA GAILLIMHE

- Tá obair ar siúl ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe maidir le láithreán oiriúnach a shainaithint agus a sholáthar. Tá léiriú tugtha ag DHLGH go gcuirfear maoiniú ar fáil i ndiaidh láithreán a bheith faighte.

- I bhfianaise mórscála an togra agus costas measta idir €7-9 milliún (ag brath ar an gcóras seirbhíse a roghnaítear (mar a leagtar amach i dtuarascáil GFRS na bliana 2017) is den mhórthábhacht go gcuirtear measúnacht caipitil faoi bhráid DHLGH a luaithe is féidir lena thabhairt san áireamh faoi Chlár Caipitil Náisiúnta. Tuigeann an dá Chomhairle an phráinn atá leis an togra seo.

## CEARDLANN MEICNEOIREACHTA NA BRIOGÁIDE

- Tá flít tuairim is seasca (60) feithicil á n-oibriú ag GFRS. Níl aon Cheardlann Meicneoireachta faoi leith ag an mBriogáid faoi láthair, rud a bhfuil riachtanas leis faoi Chóras Bainistíochta Sábháilteachta na Comhairle. Cuirfear cás faoi bhráid DHLGH i dtús na bliana 2022 maidir le ceardlann nua speisialta chuige sin a thógáil.

## TIONSCADAIL CHAIPITIÚLA BHEAGA EILE

- Aláraim dheataigh a fháil don bhliain 2022, mar chuid de Scéim Náisiúnta na nAláram Deataigh Pobail, de réir mar a rinneadh i mblianta roimhe seo. Rinneadh aighneacht chuig DHPLG chun 650 aláram deataigh a fháil in 2021 agus leanúint lena ndáileadh trí Scéimeanna Aláraim Deataigh Pobail Chontae agus na Cathrach in 2021 chuig teaghlaigh leochaileacha le fócas ar leith ar na hoileáin amach ón gcósta

- Leanfar i rith na bliana 2022 den obair leanúnach maidir le trealamh nua. Athraíodh trealamh BA a shroich deireadh a shaolré inúsáidte ar chostas thart ar €100k in 2020. Cuireadh cás rathúil faoi bhráid DHPLG chun an costas seo a chúiteamh.

- D'eagraigh GFRS próiseas tairisceana i rith na bliana 2019 maidir le trealamh cosanta pearsanta lucht comhraic dóiteáin a athsholáthar. Fuarthas an trealamh seo in 2020 ar chostas thart ar €320k.

- Tá an buiséad caipitiúil náisiúnta an-teoranta i dtaca le fearais/trealamh Seirbhíse Dóiteáin de. Chuir Comhairle Chontae na Gaillimhe roinnt iarratas faoi bhráid na Roinne Tithíochta Rialtas Áitiúil & Oidhreachta ar mhaoiniú caipitil/tacaíocht do na míreanna seo a leanas in 2021 agus fuair siad cead chun an méid seo a leanas a fháil ar luach thart ar €300,000 a thiocfaidh chun cinn ag deireadh 2021 agus tús 2022:
- 1 fheithicil 4 x 4 le feithicil deireadh a ré a athsholáthar
- Píosaí éagsúla de threalamh comhraic dóiteáin Comhroinnte
- Ceamaraí Íomhá Teirmeach
- Cuirtíní Deataigh
- Gaothrán aerála brú dearfach
- Gúnaí daingean Gáis Ábhair Ghuaiseacha
- Rothaí scríobacha éagsúla do gach stáisiún
- Comhbhrúiteoirí (chun sorcóirí gaireas análaithe a athluchtú)
- Fráma oiliúna ag obair ar airde fráma oiliúna

- Earraí éagsúla chun uasghrádú inmheánach a dhéanamh ar stáisiúin.

## PLEANÁIL & FORBAIRT INBHUANAITHE AGUS SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

### URDF AN GHARRÁIN (STÁISIÚN TRAENACH ÓRÁN MÓR)

Tá trí phríomhghné sa leithdháileadh maoinithe atá dírithe ar an stáisiún traenach atá ann cheana in Órán Mór i gceantar cathrach Chontae na Gaillimhe.

Bronnadh maoiniú ar:

1. Uasghrádú ar Bhonneagar Iarnróid chun lúb iarnróid 1KM a áireamh ag Stáisiún Traenach Órán Mór; lena n-áirítear ardán breise agus bonneagar gaolmhar (12 milliún).
2. Dearadh an ionaid áitiúil (féach ceangailte) agus na tailte ó dheas ón stáisiún traenach chun dearadh mionsonraithe a áireamh ar an ionad áitiúil, an carrchlós gaolmhar (atá ann cheana), (sonraí innealtóireachta ailtireachta/struchtúrtha) agus plean tírdhreachaithe (le húsáid ag an bpobal); (€300,000).
3. Staidéar ar Fhorbairt Dearaidh Tíopeolaíochtaí chun an Creatphlean Uirbeach (€75,000) a chur i bhfeidhm.

Tosóidh an tionscadal i 2021 i ndlúthchomhar le Iarnród Éireann.

### SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA, BAINISTIÚ SAORÁIDÍ & INFHEISTÍOCHTAÍ IN ÉIFEACHTÚLACHT FUINNIMH

Toisc go bhfuil Áras an Chontae ar oscailt anois le breis agus 20 bliain teastaíonn infheistíocht chaipitil san fhoirgneamh lena n-áirítear cóiríocht bhreise oifige a sholáthar, oibreacha éifeachtúlachta fuinnimh lena n-áirítear deisiú agus athsholáthar fuinneoga, feabhsúcháin ar rochtain míchumais don fhoireann agus do chuairteoirí agus Sláinte araon agus Oibreacha sábháilteachta ar an mballa teorann atá ann cheana ag Bóthar na mBan.

Teastaíonn infheistíocht chaipitil freisin ar fud phunann foirgneamh na Comhairle Contae, lena n-áirítear oifigí réigiúnacha agus ár líonra leabharlainne chun na sócmhainní seo a chothú agus chun fóilió maoine atá níos tíosaí ar fhuinneamh a chinntiú de réir ár bPlean Gníomhaíochta Aeráide reatha.

Le linn thréimhse an Chláir Chaipitil 3 bliana 2022-2024 seo, tá sé beartaithe roinnt tionscadal eile a chur chun cinn, faoi réir mhaoiniú na Roinne, ach d'fhéadfadh go mbeadh gá le roinnt oibreacha a theastaíonn chun críocha Sláinte & Sábháilteachta agus/nó caomhantais riachtanach a dhéanamh le maoiniú ón gcuntas caipitil.

## ÁINEAS AGUS TAITNEAMHACHT

Leanfaidh an Chomhairle ag tacú le hinfheistíocht in áiseanna áineasa agus taitneamhachta sa chontae ag giaráil maoiniú deontais nuair atá sé ar fáil chun tacú le huasghrádú na gclós súgartha atá ann cheana agus le forbairt áiseanna nua lena n-áirítear bealaí siúil agus taitneamhachtaí. Rachaidh an Chomhairle i dteagmháil léi ar bhonn tras-eagraíochta chun na deiseanna maoinithe atá ar fáil a uasmhéadú.